

An Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil

Tuarascáil Bhliantúil agus Cuntais

2020

AN GHNÍOMHAIREACTH UM CHAOMHNÚ COMHSHAOIL

Tá an GCC freagrach as an gcomhshaol a chosaint agus a fheabhsú, mar shócmhainn luachmhar do mhuintir na hÉireann. Táimid tiomanta do dhaoine agus don chomhshaol a chosaint ar thionchar díobhálach na radaíochta agus an truaillithe.

Is féidir obair na Gníomhaireachta a roinnt ina trí phríomhréimse:

Rialáil: *Rialáil agus córais chomhlíonta comhshaoil éifeachtacha a chur i bhfeidhm, chun dea-thorthaí comhshaoil a bhaint amach agus díriú orthu siúd nach mbíonn ag cloí leo.*

Eolas: *Sonraí, eolas agus measúnú ardchaighdeáin, spriocdhírthe agus tráthúil a chur ar fáil i leith an chomhshaoil chun bonn eolais a chur faoin gcinnteoireacht.*

Abhcóideacht: *Ag obair le daoine eile ar son timpeallachta glaine, táirgiúla agus dea-chosanta agus ar son cleachtas inbhuanaithe i dtaobh an chomhshaoil.*

I measc ár gcuid freagrachtaí tá:

Ceadúnú

- Gníomhaíochtaí tionscail, dramhaíola agus stórála peitрил ar scála mór;
- Sceitheadh fuíolluisce uirbigh;
- Úsáid shrianta agus scaoileadh rialaithe Orgánach Géimhódnaithe;
- Foinsí radaíochta ianúcháin;
- Astaíochtaí gás ceaptha teasa ó thionscal agus ón eitlíocht trí Scéim an AE um Thrádáil Astaíochtaí.

Forfheidhmiú Náisiúnta i leith Cúrsaí Comhshaoil

- Iníúchadh agus cigireacht ar shaoráidí a bhfuil ceadúnas acu ón GCC;
- Cur i bhfeidhm an dea-chleachtais a stiúradh i ngníomhaíochtaí agus i saoráidí rialáilte;
- Maoirseacht a dhéanamh ar fhreagrachtaí an údaráis áitiúil as cosaint an chomhshaoil;
- Caighdeán an uisce óil phoiblí a rialáil agus údaruithe um sceitheadh fuíolluisce uirbigh a fhorfheidhmiú
- Caighdeán an uisce óil phoiblí agus phríobháidigh a mheasúnú agus tuairisciú air;
- Comhordú a dhéanamh ar líonra d'eagraíochtaí seirbhíse poiblí chun tacú le gníomhú i gcoinne coireachta comhshaoil;
- An dlí a chur orthu siúd a bhriseann dlí an chomhshaoil agus a dhéanann dochar don chomhshaol.

Bainistíocht Dramhaíola agus Ceimiceáin sa Chomhshaol

- Rialacháin dramhaíola a chur i bhfeidhm agus a fhorfheidhmiú lena n-áirítear saincheistanna forfheidhmithe náisiúnta;

- Staitisticí dramhaíola náisiúnta a ullmhú agus a fhoilsiú chomh maith leis an bPlean Náisiúnta um Bainistíocht Dramhaíola Guaisí;
- An Clár Náisiúnta um Chosc Dramhaíola a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm;
- Reachtaíocht ar rialú ceimiceán sa timpeallacht a chur i bhfeidhm agus tuairisciú ar an reachtaíocht sin.

Bainistíocht Uisce

- Plé le struchtúir náisiúnta agus réigiúnacha rialachais agus oibriúcháin chun an Chreat-treoir Uisce a chur i bhfeidhm;
- Monatóireacht, measúnú agus tuairisciú a dhéanamh ar chaighdeán aibhneacha, lochanna, uiscí idirchreasa agus cósta, uiscí snámha agus screamhuisce chomh maith le tomhas ar leibhéil uisce agus sreabhadh abhann.

Eolaíocht Aeráide & Athrú Aeráide

- Fardail agus réamh-mheastacháin a fhoilsiú um astaíochtaí gás ceaptha teasa na hÉireann;
- Rúnaíocht a chur ar fáil don Chomhairle Chomhairleach ar Athrú Aeráide agus tacaíocht a thabhairt don Idirphlé Náisiúnta ar Gníomhú ar son na hAeráide;
- Tacú le gníomhaíochtaí forbartha Náisiúnta, AE agus NA um Eolaíocht agus Beartas Aeráide.

Monatóireacht & Measúnú ar an gComhshaol

- Córais náisiúnta um monatóireacht an chomhshaoil a cheapadh agus a chur i bhfeidhm: teicneolaíocht, bainistíocht sonraí, anailís agus réamhaisnéisiú;
- Tuairiscí ar Staid Timpeallacht na hÉireann agus ar Tháscairí a chur ar fáil;
- Monatóireacht a dhéanamh ar chaighdeán an aeir agus Treoir an AE i leith Aeir Ghlain don Eoraip a chur i bhfeidhm chomh maith leis an gCoinbhinsiún ar Aerthruailliú Fadraoin Trasteorann, agus an Treoir i leith na Teorann Náisiúnta Astaíochtaí;
- Maoirseacht a dhéanamh ar chur i bhfeidhm na Treorach i leith Torainn Timpeallachta;
- Measúnú a dhéanamh ar thionchar pleananna agus clár beartaithe ar chomhshaol na hÉireann.
- Taighde agus Forbairt Comhshaoil
- Comhordú a dhéanamh ar ghníomhaíochtaí taighde comhshaoil agus iad a mhaoiniú chun brú a aithint, bonn eolais a chur faoin mbeartas agus réitigh a chur ar fáil;
- Comhoibriú le gníomhaíocht náisiúnta agus AE um thaighde comhshaoil.

Cosaint Raideolaíoch

- Monatóireacht a dhéanamh ar leibhéil radaíochta agus nochtadh an phobail do radaíocht ianúcháin agus do réimsí leictreamaighnéadacha a mheas;
- Cabhrú le pleananna náisiúnta a fhorbairt le haghaidh éigeandálaí ag eascairt as tairmí núicléacha;
- Monatóireacht a dhéanamh ar fhorbairtí thar lear a bhaineann le saoráidí núicléacha agus leis an tsábháilteacht raideolaíochta;
- Sainseirbhísí um chosaint ar an radaíocht a sholáthar, nó maoirsiú a dhéanamh ar sholáthar na seirbhísí sin.

Treoir, Ardú Feasachta agus Faisnéis Inrochtana

- Tuairisciú, comhairle agus treoir neamhspleách, fianaise-bhunaithe a chur ar fáil don Rialtas, don tionscal agus don phobal ar ábhair maidir le cosaint comhshaoil agus raideolaíoch;
- An nasc idir sláinte agus folláine, an geilleagar agus timpeallacht ghlan a chur chun cinn;
- Feasacht comhshaoil a chur chun cinn lena n-áirítear tacú le hiompraíocht um éifeachtúlacht acmhainní agus aistriú aeráide;
- Tástáil radóin a chur chun cinn i dtithe agus in ionaid oibre agus feabhsúchán a mholadh áit is gá.

Comhpháirtíocht agus líonrú

- Oibriú le gníomhaireachtaí idirnáisiúnta agus náisiúnta, údaráis réigiúnacha agus áitiúla, eagraíochtaí neamhrialtais, comhlachtaí ionadaíochta agus ranna rialtais chun cosaint chomhshaoil agus raideolaíoch a chur ar fáil, chomh maith le taighde, comhordú agus cinnteoireacht bunaithe ar an eolaíocht.

Bainistíocht agus struchtúr na Gníomhaireachta um Chaomhnú Comhshaoil

Tá an GCC á bhainistiú ag Bord lánaimeartha, ar a bhfuil Ard-Stiúrthóir agus cúigear Stiúrthóir. Déantar an obair ar fud cúig cinn d'Oifigí:

- An Oifig um Inbhuanaitheacht i leith Cúrsaí Comhshaoil
- An Oifig Forfheidhmithe i leith Cúrsaí Comhshaoil
- An Oifig um Fhianaise agus Measúnú
- An Oifig um Chosaint ar Radaíocht agus Monatóireacht Comhshaoil
- An Oifig Cumarsáide agus Seirbhísí Corparáideacha

Tugann coistí comhairleacha cabhair don Gníomhaireacht agus tagann siad le chéile go rialta le plé a dhéanamh ar ábhair imní agus le comhairle a chur ar an mBord.

AN GHNÍOMHAIREACHT UM CHAOMHNÚ COMHSHAOIL

Tuarascáil Bhliantúil agus Cuntais 2020

© An Gníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil 2021

Cé go ndéantar gach iarracht chun cruinneas an ábhair atá san fhoilseachán seo a chinntiú, ní féidir cruinneas iomlán a dhearbhu. Ní ghlacann an Gníomhaireacht um Chosaint Comhshaoil ná an t-údar/ na húdair le freagracht ar bith as caillteanas ná as damáiste a tharla nó a mhaítear a tharla, go páirteach nó ina iomláine, de thoradh ar dhuine ar bith bheith ag gníomhú nó gan bheith ag gníomhú mar gheall ar aon ábhar atá san fhoilseachán seo. Féadfar an foilseachán seo a atáirgeadh go hiomlán nó go páirteach gan cead breise, ar choinníoll go ndéanfar an fhoinsé a admháil.

Arna fhoilsiú ag an nGníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil, Éire

Arna dhearadh ag Yellowstone

An Gníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil,
Bosca Oifig Phoist 3000,
Eastát Chaisleán Bhaile Sheáin,
Co. Loch Garman,
Éire

Íomhánna le caoinchead fhoireann GCC

Íomhá Clúdaigh - Cloch na Rón, Co. Mhaigh Eo
Grianghraf le Tadhg O'Mahony

ISBN: 978-1-84095-996-3

Rinneadh struchtúrú agus ailíniú ar leagan amach na tuarascála seo chun Plean Straitéiseach an GCC 2016–2020 a léiriú:
Ár gComhshaoil, Ár bhFolláine.

Príomhstraidreamh — 2020 i bhFigiúirí

ÚDARUITHE

131

údarú comhshaoil eisithe

69

leasú údaraithe déanta

2

Chritéar deireadh dramhaíola comhaontaithe do phlaisteach LDPE

305

údarú radaíochta agus 632 leasú teicniúil eisithe

494

Alt 27 Próiseáilte Trí Fhógra Táirge

FORFHEIDHMIÚ

127

cúairt ar láithreáin fuíolluisce uirbeach agus 51 cúairt ar láithreáin uisce óil

1,089

cúairt ar shaoráidí dumpála dramhaíola tionscail ar farraige agus ar shaoráidí VOC

13

ionchúiseamh tugtha chun críche i 2020

75

iniúchadh ar Shealbhoirí Ceadúnais Raideolaíocha

12

láithreán ar an liosta Láithreán Tosaíochta Náisiúnta um Fhorfheidhmiú i 2020; ba iad na hearnálacha agraibhia agus dramhaíola a chuimsigh formhór na suíomhanna ar an liosta

5

Threoir um Uisce Óil eisithe d'Uisce Éireann

MONATÓIREACHT

Rinneadh monatóireacht ar na nithe seo a leanas de réir paraiméadair cheimice:

1,761

Rinneadh monatóireacht ar 1179 Abhainn, 222 loch, 272 Screamhuiscé agus 88 Uisce Idirchriosach & Cósta do pharaiméadair bhitheolaíocha agus cheimiceacha

18

stáisiún monatóireachta cáilíochta aer curtha leis an líonra

119

soláthar uisce óil Phoiblí/Phríobháideach ar radaighníomhaíocht

88

stáisiún monatóireachta aer ag oibriú

GEILLEAGAR CIORCLACH

800

Beagnach 800 gnólacht a chláraigh ar an eolaire náisiúnta athchóirithe (repairmystuff.ie)

5

Shínigh 5 phríomh-mhiondíoltóir (a chuimsíonn 70% de mhargadh grósaeireachta na hÉireann) an Chairt um Chosc ar Chur Amú Bia

33

iarratas a fuarthas don chlár Fiontraíocht Ghlas: Nuálaíocht do Chlár Geilleagar Ciorclach, agus bronnadh maoiniú ar 6 thionscadal nua

29,000+

duine a ghlac páirt sa chlár Stop Food Waste trí chainéil meán sóisialta a leanúint

1,350+

cuideachta agus comhlacht poiblí a d'úsáid an uirlis TREE ar líne chun feidhmíocht éifeachtachta acmhainne a mheasúnú agus chun plean gníomhaíochta saincheaptha don fheabhas a ghiniúint

4.6m

Shroich feachtas náisiúnta Stop Food Waste 'Ith é nó Reoigh é' 4.6 milliún duine i mí na Samhna

FAISNÉIS

1,046,496

seisiún ar www.epa.ie

Twitter (EPA Ireland, Stopfoodwaste, EPA Catchments, EPA Beaches, EPA Research, EPA Air Quality, EPA Ecology): 42969
Instagram (EPA Ireland): 1,681
LinkedIn (EPA Ireland agus EPA Research): 18,477
YouTube: 1,593

10,300+

gearán comhshaoil tuairiscithe

Áirítear leo siúd:
5800 + trí See it? Say it? ar aip é; 2200+ tríd an Líne Náisiúnta Gearán; 2300 + go díreach chuig an GCC, lena n-áirítear 1300+ faoi ghníomhaíochtaí ceadúnaithe agus 30+ faoi sholáthairtí uisce óil)

2,410+

ceist faoin gcomhshaoil ón bpobal

310

tacar sonraí uaslódáilte chuig data.gov.ie (53,486 amharc san iomlán)

113

iarratas faisnéise (60 FOI and 53 AIE)

TAIGHDE

54

Tuarascáil Taighde, 25 faoin Aeráid, 22 faoin Inbhuanaitheacht agus 7 faoi Uisce

ULLMHAÍOCHTAÍ D'ÉIGEANDÁLAÍ

20

cleachtadh éigeandála inmheánach a réachtáladh

7

gcleachtadh éigeandála idirnáisiúnta ar glacadh páirt iontu

RADÓN

102,441

amharc leathanaigh ar ábhar a bhaineann le radón ar an suíomh gréasáin

Teastaíonn Fís agus Feidhmiú uainn chun Comhshaol na hÉireann agus ár Sláinte agus ár bhFolláine a chosaint



SOE 1: Staid Beartais Comhshaoil

Staid beartais náisiúnta maidir le comhshaol na hÉireann.



SOE 2: Feidhmiú Iomlán

Reachtaíocht chomhshaoil reatha a chur i bhfeidhm ina hiomláine agus athbhreithniú a dhéanamh ar an rialachas a bhaineann le cosaint an chomhshaoil thar chomhlachtaí poiblí a chomhordú.



SOE 3: Sláinte agus Folláine

Is Infheistíocht inár Sláinte agus Folláine é an Comhshaol a Chosaint.

Seasamh Suas chun an Comhshaol Mórthimpeall orainn a Chosaint mar go bhfuil sé i mBaol; agus tá an Baol seo ag Dul in Olcas



SOE 4: Aeráid

Tá athrú córasach ag teastáil má táthar chun sochaí agus geilleagar atá neodrach ó thaobh díobháil aeráide de agus atá seasmach i leith an athraithe aeráide de a dhéanamh d'Éirinn, arb é sin an aidhm atá ag an tír.



SOE 5: Cáilíocht an Aeir

Ba cheart go mbeadh an sprioc sa Straitéis um Aer Glan bearta a ghlacadh chun treoirluachanna na hEagraíochta Domhanda Sláinte a chomhlíonadh.



SOE 6: Dúlra

An dúlra agus áiteanna fiáine a chosaint mar thosaíocht náisiúnta agus oidhreacht a fhágáil do na glúnta atá le teacht.



SOE 7: Cáilíocht an Uisce

Feabhas a chur ar an timpeallacht uisce agus aghaidh a thabhairt ar thruailliú uisce go háitiúil ar leibhéal an dobharcheantair.



SOE 8: Muirí

Brúnna ar an timpeallacht mhuirí ar daoine is cúis leo a laghdú.

Athrú ar an gCóras – Caithfear Dlús a Chur le Baint Amach Torthaí Earnála agus Sochaíocha



SOE 9: Fuinneamh Glan

Ní mór d'Éirinn aistriú go tapa ó úsáid leathan breoslaí iontaise go córais fuinnimh ghlain a úsáid.



SOE 10: Talmhaíocht inbhuanaithe ó thaobh comhshaoil de

Earnáil talmhaíochta agus bhia a léiríonn feidhmiú deimhnithe maidir le bia a tháirgeadh ar bhealach a bhfuil lorg íseal aige ar an gcomhshaol.



SOE 11: Seirbhísí Uisce

Caithfidh bonneagar uisce óil agus fuíolluisce riachtanais ár sochaí a chomhlíonadh.



SOE 12: Geilleagar Ciorclach

Bogadh i dtreo geilleagar ciorclach nach gcuireann an méid céanna amú, geilleagar a thugann tús áite do chosc ar dhramhail, athúsáid, deisiú agus athchursáil.



SOE 13: Úsáid Talún

Cuir chuige chomhtháite i leith mapáil talún a chur chun cinn chun tacú le déanamh cinntí maidir le húsáid talún inbhuanaithe.



FÍS

Comhshaoil glan folláin dea-chosanta a thacaíonn le sochaí agus geilleagar inbhuanaithe.

MISEAN

An comhshaoil a chosaint agus a fheabhsú mar shócmhainn luachmhar do mhuintir na hÉireann. Ár ndaoine agus an comhshaoil a chosaint ar éifeachtaí díobhálacha radaíochta agus truaillithe.

LUACHANNA

Ár Maoirseacht

Guth iontaofa neamhspleách údarásach ar son an chomhshaoil is ea muid.

Déanaimid cinntí oibiachtúla agus iad bunaithe ar an bhfianaise agus an eolas eolaíoch is fearr atá ar fáil.

Bainistímid ár n-acmhainní go héifeachtach agus go héifeachtúil chun luach a chur ar fáil don phobal.

Ár nObair

Déanaimid rialáil ar bhealach cóir comhréireach trédhearcach, agus dírimid orthu siúd nach mbíonn comhlíontach.

Déanaimid difríocht trí obair a dhéanamh le dreamanna eile chun iontaobh, líonraí agus comhpháirtíochtaí a chruthú ar mhaithe le torthaí éifeachtacha a bhaint amach.

Déanfaimid ár ndícheall go leanúnach feabhsú agus feabhas a bhaint amach trí fhoghlaím agus forbairt.

Ár Seirbhís

Táimid nuálaíoch, oiriúnaitheach agus toilteanach bealaí nua agus solúbtha oibre a leanúint.

Déanaimid seirbhísí a dhearadh agus a sholáthar ó dhearcadh an tsaoránaigh.

Cuirimid ár seirbhísí ar fáil ar bhealach atá inniúil, cúirtéiseach agus sofhreagrach.

Ár gComhghleacaithe

Oibrímid le chéile chun torthaí éifeachtacha a chur ar fáil.

Tacaímid lenár gcomhghleacaithe, tá iontaobh againn astu agus is mór againn iad, agus bímid ag cumhachtú a chéile chun cinntí a dhéanamh.

Bímid oscailte agus macánta lena chéile.

Tugaimid dúshlán a chéile agus spreagaimid a chéile go cuiditheach chun obair níos fearr a dhéanamh.

AN MÉID A DHÉANAIMID

Eolas

Sonraí, measúnuithe agus fianaise ardchaighdeán spriocdhírithe thráthúil a chur ar fáil le cur le cinnteoireacht ag saoránaigh, gnóthaí agus an Rialtas.

Rialáil

Rialáil agus córais chloí comhshaoil éifeachtacha a chur i bhfeidhm, chun dea-thorthaí don chomhshaoil agus do dhaoine a bhaint amach, agus díriú orthu siúd nach mbíonn ag cloí leo.

Abhcóideacht

Obair a dhéanamh le dreamanna eile chun abhcóideacht a dhéanamh ar son comhshaoil atá glan, sláintiúil agus dea-chosanta agus ar son iompraíocht chomhshaoil inbhuanaithe.

MAR A DHÉANAIMID É

Monatóireacht
agus Measúnú

Taighde
agus
Saineolas

Eolas Tráthúil
agus
Inrochtana

Ceadúnú

Forfheidhmiú

Treoir

Comhpháirtíochtaí
agus Líonrú

Múscailt
Feasachta

Iompraíocht
Inbhuanaithe a
Chur Chun Cinn

Dréacht

Cuspóirí

Torthaí

An Méid a Bheidh Bainte Amach Againn faoi 2020

Rialtóir Iontaofa Comhshaoil

Cinntiú go ndéantar forbairt leanúnach ar chur chuige comhréireach éifeachtach rialaitheach.

Ailíniú a dhéanamh ar acmhainní an GCC chun idirghabhálacha a spriocdhírú agus an riosca comhshaoil a laghdú.

- Cur chuige sofheagrach rialaitheach atá bunaithe ar rioscaí agus a chuireann páirtithe leasmhara san áireamh agus a chosnaíonn an comhshaoil agus daoine.
- Rioscaí laghdaithe comhshaoil ag áiseanna rialáilte an GCC trí idirghabhálacha saincheaptha agus trí chinntiú go mbíonn forálacha cuí airgeadais i bhfeidhm.
- Baint amach soláthair agus bainistíochta feabhsaithe uisce agus bonneagar uisce.

Ceannaire Fianaise agus Eolas Comhshaoil

Baint Amach acmhainneacht iomlán eolas, scileanna, shaineolas agus láithreach réigiúnach an GCC mar phríomh-acmhainní náisiúnta i gcosaint an chomhshaoil agus sláinte an duine.

Luathú an tsoláthair eolais thráthúil shaincheaptha le freastal ar riachtanais ar leith na ngrúpaí páirtithe leasmhara.

- Measúnuithe comhshaoil níos tráthúla atá bunaithe ar fhianaise le cur le polasaithe agus cinnteoireacht go náisiúnta, go réigiúnach agus go háitiúil.
- Soláthar feabhsaithe eolais ar an gcomhshaoil do pháirtithe leasmhara, agus é ar líne, cothrom le dáta agus inrochtana.
- Clár taighde a dhíríonn ar bheirneáil eolais agus a chabhraíonn le réitigh ar fhadhbanna éiritheacha casta comhshaoil a aithint.

Abhcóide agus Comhpháirtí Éifeachtach

Neartú chumas agus acmhainn an GCC tionchar a imirt, abhcóideacht a dhéanamh agus dul i gcomhar le dreamanna eile le cabhrú le comhshaoil glan sláintiúil atá cosanta go cuí a bhaint amach.

Teagmháil a dhéanamh leis an bpobal i gcosaint agus feabhsú an chomhshaoil.

Cur Chun Cinn a dhéanamh ar fheasacht níos mó ar thionchar cháilíocht an chomhshaoil ar shláinte an duine.

- Deiseanna spriocdhírthe le tosaíochtaí comhshaoil agus inbhuanaitheacht a chomhtháthú le polasaithe earnála, eacnamaíocha agus sóisialta.
- Clár rannpháirtíochta pobail a fhorbairt chun feasacht ar cheisteanna comhshaoil a mhéadú agus tacú le rannpháirtíocht an phobail i gcosaint an chomhshaoil.
- Comhoibriú le gníomhaireachtaí stáit agus comhlachtaí eile chun tairbhí dea-chomhshaoil don tsláinte agus d'fholláine a bhaint amach.

Freagairt ar Phríomhdhúshláin Chomhshaoil

Dul i ngleic leis na dúshláin a bhaineann le cáilíocht fheabhsaithe uisce a chur ar fáil in Éirinn.

Teagmháil a dhéanamh le comhpháirtithe straitéiseacha eile chun forbairt freagartha iomlánaíche náisiúnta ar an athrú aeráide a chur chun cinn.

Feabhsú a dhéanamh ar chosaint aeir agus radaíochta in Éirinn.

- Struchtúir éifeachtacha agus láidre i bhfeidhm chun torthaí níos fearr a chur ar fáil i gcáilíocht an uisce.
- Rúnaíocht um an athrú aeráide a bhunú sa GCC mar ionad feabhais a thacaíonn leis an aistriú náisiúnta go geilleagar ísealcharbóin.
- Na creata um cháilíocht aeir agus cosaint ar radaíocht a neartú chun daoine agus an comhshaoil a chosaint tuilleadh.

Ar Fheabhas go hEagraíochtúil

Forbairt a dhéanamh ar ár bhfoireann agus ár n-eagraíocht a ailíniú chun na torthaí comhshaoil is fearr a bhaint amach.

Díriú ar fhorbairt agus cur chun cinn sláinte eagraíochtúla, folláine agus sábháilteachta ag an obair.

Cur chun cinn a dhéanamh ar chultúr ceannaireachta, athchóirithe agus nuálaíochta.

- Ár bhfeidhmeanna agus acmhainní a ailíniú ar mhaithe le bheith sofheagrach agus in ann dul in oiriúint do dhúshláin éiritheacha.
- Teagmháil leis an bhfoireann go léir chun timpeallacht thacúil ionad oibre a chruthú.
- Cumas feabhsaithe i réimse an athraithe eagraíochtúil agus in úsáid TFC le tacú le hathchóirithe agus nuálaíocht.

Liosta na ngiarrúchán

AIE	Rochtain ar Fhaisnéis faoin gComhshaol
AMR/FSFM	Frithsheasmhacht Fhrithmhiocróbach/ Antimicrobial Resistance
ARC	An Coiste um Iniúcháireacht & Riosca
AQIH	Innéacs Chaighdeán an Aeir don tSláinte
B2C	Gnó go Tomhaltóir
BAT	Na Teicnící is Fearr atá ar Fáil
BNÉC	Bord Náisiúnta na hÉireann um Chreidiúnú
BTS	An Bord Taighde Sláinte
CAFÉ	An Treoir um Aer Glan don Eoraip
CBT	An Comhbheartas Talmhaíochta
CCMA	Cumann na mBainisteoirí Contae agus Cathrach
CÉF/API	Comhéadain Fheidhmchláir/ Application Programming Interfaces
CFR	An Coiste Feidhmiúcháin Riosca
CNS	An Coinbhinsiún ar Shábháilteacht Núicléach
An CTFTA	An Coinbhinsiún ar Thruailliú Fadraoin Trasteorann an Aeir
An CTU	An Chreat-Treoir Uisce
ECFE	An Eagraíocht um Chomhar agus Fhorbairt Eacnamaíochta
EIONET	An Gréasán Eorpach um Fhaisnéis agus um Fhaire ar an gComhshaol
E-PRTR	An Clár Eorpach um Scaoileadh agus Aistriú Truailléan
ESD	Cinneadh maidir le Comhroinnt Díchill an AE
ESRI	An Institiúid Taighde Eacnamaíochta agus Sóisialta
EU ETS	Scéim an AE i ndáil le Trádáil Astaíochtaí
F-ghas	Gás fluairínithe
FOI	Saoráil Faisnéise
FSS (HSE)	Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte
GEC	An Ghníomhaireacht Eorpach Comhshaoil
An GLE	An Ghníomhaireacht Leigheasra Eorpach
HSA	An tÚdarás Sláinte & Sábháilteachta
IED	An Treoir maidir le hAstaíochtaí Tionsclaíocha
IEN	Líonra Comhshaoil na hÉireann
IMD	Ionad Meándóchain
IPC	Rialú Comhtháite ar Thruailliú
IPCC	An Painéal Idir-Rialtasach ar an Athrú Aeráide
JAI	Junior Achievement Ireland
JPI	Tionscnaimh Chomh-chláraithe
LAPN	Líonra Coiscthe na n-Údarás Áitiúil
MI	Foras na Mara
MoU	Meabhrán Tuisceana
mSv	millisíveart

NDCA	An t-Idirphlé Náisiúnta ar Ghníomhú ar son na hAeráide
NEC	An Treoir maidir le hUasteorainn Náisiúnta Astaíochtaí
NECP	An Plean Náisiúnta Fuinnimh & Aeráide
NIEA	Gníomhaireacht Comhshaoil Thuaisceart Éireann
NHEPA	An Líonra Ceannairí Ghníomhaireachta um Chaomhnú Comhshaoil
NHWMP	An Plean Náisiúnta um Bhainistiú Dramhaíola Guaisí
NIECE	An Líonra um Chomhlíonadh agus Forfheidhmiú Comhshaoil na hÉireann
NMP	Teicnící nua só-ghinis
NRCS	An Straitéis Náisiúnta um Rialú Radóin
NWPP	An Clár Náisiúnta um Chosc Dramhaíola
ODS	Substaintí ídithe ózón
OGManna	orgánach géinmhodhnaithe
OPW	Oifig na nOibreacha Poiblí
PAN	Réamhfhógraí Bliantúla
PCB	défhéinil pholaclóirínithe
PGT	Plean Ghníomhaíochta Torainn
POP	truailléain orgánacha mharthanacha
PRI	Tionscnamh um Fhreagracht Táirgeoirí
PRTR	An Clár um Scaoileadh agus Aistriú Truailléan
RAL	Liosta Beart Ceartaitheach
RBMP	Plean Bainistíochta Abhantraí
RCAC	An Roinn Comhshaoil, Aeráide agus Cumarsáide
REACH	Na rialacháin maidir le Clárú, Meastóireacht, Údarú agus Srianadh Ceimiceán
RoHS	Srian ar Shubstaintí Guaiseacha
RMO	Oifig um Bainistíocht Bhóithre
RTBM	An Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara
RTRÁO	An Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreacht
SEA	Measúnacht Straitéiseach Timpeallachta
SLA	Comhaontú Seirbhíse
SPNF	An tSeirbhís Páirceanna Náisiúnta agus Fiadhúlra
TFC	Teicneolaíocht na Faisnéise & na Cumarsáide
TFI	Bonneagar Iompair Éireann
ÚFIE	Údarás Fuinnimh Inmharthana na hÉireann
UNECE	Coimisiún Eacnamaíochta na Náisiún Aontaithe don Eoraip
UNFCCC	Creat-Choinbhinsiún na Náisiún Aontaithe maidir leis an Athrú Aeráide
WEEE	Dramhthrealamh Leictreach agus Leictreonach
WWTP	Ionad cóireála fuíolluisce



CLÁR NA NÁBHAR

RÁITEAS AN ARD-STIÚRTHÓRA	1
2. RIALÁIL	4
2.1 Ceadúnú	4
2.2 Forfheidhmiú	7
2.3 Treoir	14
3. EOLAS	18
3.1 Monatóireacht agus Measúnú	18
3.2 Taighde	28
3.3 Eolas Tráthúil agus Inrochtana	32
4. ABHCÓIDEACHT	38
4.1 Comhpháirtíochtaí agus Líonrú	38
4.2 Múscailt Feasachta	42
4.3 Iompraíocht Inbhuanaithe a Chur Chun Cinn	47
5. FEABHAS EAGRAÍOCHTA	50
5.1 Struchtúr na hEagraíochta	50
5.2 Coistí Boird agus Comhairliúcháin	51
5.3 Acmhainní Daonna	53
5.4 Teicneolaíocht Faisnéise agus Cumarsáide	55
5.5 Córas Bainistíochta Comhshaoil	56
5.6 Rialachas	57
6. AGUISÍNÍ	60
6.1 An tAcht um Íoc Pras Cuntas, 1997	60
6.2 Sainchomhairleoirí agus Comhairleoirí a Ceapadh	61
6.3 Foilseacháin 2020 an GCC	62
7. RÁITIS AIRGEADAIS	68



1. RÁITEAS AN ARD-STIÚRTHÓRA



Is comhlacht poiblí í an Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil (GCC) atá freagrach as caighdeán an chomhshaoil a chosaint agus a fheabhsú. Déanaimid cinnte go gcomhlíontar caighdeáin um chosaint chomhshaoil agus raideolaíoch agus gníomhaíochtaí rialáilte ar siúl. Déanaimid abhcóideacht ar son an chomhshaoil agus cuirimid chun cinn an nasc idir sláinte agus folláine, an geilleagar agus timpeallacht ghlan. Mar sholáthraí eolais, cuirimid an eolaíocht fhianaise-bhunaithe ar fáil chun gur féidir cinnteoireacht níos fearr a dhéanamh. Bhí drochthionchar ag an bpaindéim COVID-19 ar chuid mhaith d'earnálacha an gheilleagair le linn 2020. D'ainneoin dúshlán mhóra, lean obair riachtanach an GCC ar aghaidh le linn an ama seo, ar a n-áirítear freagairt ar ghearáin, ar theagmhais agus ar chásanna éigeandála, cigireachtaí a dhéanamh ar láithreáin agus ag plé le ceadúnaithe agus an pobal nuair ba gá.

Tá áthas orm Tuarascáil Bhliantúil agus Cuntais 2020 an GCC a thugann forbheathnú ar an dul chun cinn atá déanta ó thaobh chur i bhfeidhm ár straitéis reatha a chur os bhur gcomhair: *Ár gComhshaoil, Ár bhFolláine* agus tugtar sonraí ar ár gcuid gníomhaíochtaí i rith na bliana in éineacht lenár gcuid ráiteas airgeadais.

Paindéim Domhanda Covid-19

D'fhoilsigh an GCC 'Ireland in the Pandemic: Environmental Observations' i mí Iúil a rinne scrúdú ar threochta comhshaoil a bhí ag teacht chun cinn le linn na paindéime agus bhreathnaigh ar ghníomhaíochtaí feadh réimsí téamacha a chuimsíonn cáilíocht an aeir, dramhaíl, truaillithe agus astaíochtaí gás ceaptha teasa, comhshaoil uisce, forfheidhmiú agus comhlíonadh.

Fuair an tuarascáil amach go raibh leibhéal níos ísle astaíochtaí gás ceaptha teasa agus truaillithe aeir ann le linn na chéad chéime den phaindéim. Tháinig feabhas ar cháilíocht an aeir i gceantair uirbeacha agus tháinig laghdú suntasach ar thruailliú ó thrácht, mar sin féin ní raibh aon athrú ar thruailliú ó bheith ag dó breosla sholadaigh sna tithe. Bhí ardú gear i ndramhaíl tí agus tháinig laghdú ar dhramhaíl tráchtála agus miondiola. Leis an ardú i ndramhaíl tí, bhí fianaise ann gur tháinig ardú ar dhumpáil mhídhleathach agus cuireadh ceithre oiread fiosrúchán chuig an GCC maidir le dó mídhleathach ar chúl an tí. Ina iomláine, cé gur chuir an tuarascáil béim ar na nithe dearfacha a bhain le tionchar níos ísle na sochaí ar an gcomhshaoil le linn na chéad chéime den phaindéim, níor léirigh an staid gnáthghníomhaíocht eacnamaíche.

D'fhoilsigh an GCC 'The impact on 2020 greenhouse gas emissions of COVID-19 restrictions' i gcomhar le hÚdarás Fuinnimh Inmharthana na hÉireann. Thaispeáin an tuarascáil go meastar go raibh astaíochtaí gás ceaptha teasa in Éirinn i 2020 beagnach 6% níos ísle de bharr na paindéime. Is de bharr laghdú ar ghníomhaíocht eacnamaíochta agus taistil i 2020 a tharla an laghdú suntasach seo. Is in earnáil an iompair a tharla na hathruithe is mó agus meastar gur tháinig laghdú d'os cionn 2 Mt CO₂eq ar astaíochtaí i gcomparáid le 2019, titim de bheagnach 17%. Meastar gur tháinig ardú de 9% (0.6 Mt CO₂eq) ar astaíochtaí na hearnála cónaithigh (téamh baile den chuid is mó) i 2020 mar gur lean cuid mhaith daoine ar a bheith ag obair ón mbaile. Tá an laghdú ina iomláine inchomparáide leis an gcaoi a raibh sé tar éis na géarchéime airgeadais dhomhanda, mar sin féin meastar go dtabharfaidh an téarnamh eacnamaíochta ó ghéarchéim Covid-19 astaíochtaí ar ais chuig na leibhéil a bhí ann cheana, mura dtóghtar gníomhaíocht bhreise. Le díriú ar ghníomhú in aghaidh an athraithe aeráide mar chuid den spreagadh téarnaimh 'glais' tugann sé an deis chun ár ngeilleagar a atógáil, poist nua a ghiniúint agus freagra a thabhairt ar athrú aeráide.

Suirbhé ar Dhearcthaí Pobail

Thóg an GCC suirbhé le linn na bliana a raibh tionchar mór ag an bpaindéim Covid-19 uirthi, chun dearcthaí an phobail i leith an chomhshaoil a thomhais. Fuarthas amach sa suirbhé sin go bhfuil 89 faoin gcéad de dhaoine fásta ag teacht leis an tuairim gur acmhainn luachmhar do phobal na hÉireann é an comhshaoil. Leag an suirbhé béim ar obair an GCC le comhshaoil

na hÉireann a chosaint agus ceapann 84% den phobal go bhfuil sé tábhachtach don tsláinte mheabhrach agus fisiceach go mbeadh rochtain ag daoine ar an nádúr. Léiríodh chomh maith sa taighde nua gur ghlac ceathrar as cúigear céimeanna chun an comhshaoil a chosaint in 2020.

Tugadh le fios i dtorthaí shuirbhé freisin gur úsáid triúr aosach as cúigear níos lú breosla le haghaidh iompair le linn na paidéime, agus thosaigh tromlach phobal na hÉireann ag siúl nó ag rothaíocht, agus tá siad ag smaoineamh faoi earraí a tháirgtear go háitiúil a cheannach, agus tá méadú curtha acu ar an athchúrsáil. Ina theannta sin, chuir 54 faoin gcéad in iúl go bhfuil an t-athrú aeráide ar cheann de na trí ábhar imní is mó i ndáil leis an gcomhshaoil atá romhainn in Éirinn, agus thug duine as triúr le fios go n-imríonn sé tionchar orthu go pearsanta.

Tuarascáil ar Staid an Chomhshaoil 2020

D'fhoilsigh an GCC a Thuarascáil ar Staid an Chomhshaoil, *Ireland's Environment: Measúnú Comhtháite 2020* i Samhain 2020. Fuair an measúnú is déanaí amach go bhfuil na dúshláin leanúnacha agus córasacha ag cur brú ar an gcomhshaoil. Baineann na dúshláin seo le topaicí difriúla comhshaoil, amhail an aeráid, aer, ithir, uisce, an bhithéagsúlacht agus dramhaíl, agus baineann siad le heagraíochtaí agus le hearnálacha, le gnólaigh agus le gach leibhéal den tsochaí. Gineann breoslaí iontaise beagnach 90 faoin gcéad dár bhfuinneamh agus tá sé seo ina chúis le gáis ceaptha teasa; Ní bhaineann caighdeán an aeir i limistéir uirbeacha áirithe caighdeán na hEagraíochta Domhanda Sláinte (EDS) amach. Tá damáiste á dhéanamh ar an dúlra agus ar ghnáthóga agus tá drochbhail ar 85% de na gnáthóga atá liostaithe ag an AE. Tá éin bhogaigh, ar nós an chrotaigh, i mbaol mar speiceas pórúcháin. Tá camras amh á scaoileadh isteach in uisce ó 35 baile agus sráidbhaile agus tá an laghdú suntasach atá tagtha ar aibhneacha neamh-mhillte na hÉireann níos follasaí fós, tháinig laghdú ó 500 láithreán go dtí 20 láithreán le 30 bliain. Tá méadú ag teacht ar thiúchan chothaitheach in aibhneacha agus ar ionchuir chothaitheach sa mhuirthimpeallacht. Déantar ós cionn milliún tona de dhramhaíl bia a ghiniúint gach bliain in Éirinn agus tá fadhb le caitheamh bruscair an t-am ar fad.

Tá fadhbanna nua-aimseartha an chomhshaoil casta agus tá géarú ar luas fhreagairt sochaí riachtanach chun an t-aistriú a bhfuil gá leis a dhéanamh chuig todhchaí inbhuanaithe. Tá sé níos tábhachtaí ná riamh mar sin go dtugaimid aghaidh ar na fadhbanna sin ar bhealach comhtháite, agus go n-oibrímid le chéile chun ár gcomhshaoil nádúrtha a chosaint agus a fheabhsú. Ní féidir breathnú ar na dúshláin shuntasacha atá romhainn astu féin, tá ceangal eatarthu agus caithfear dul i ngleic leo ar bhealach comhtháite. Chuir an Tuarascáil béim ar an ngá le Seasamh uileghabhálach a ghlacadh ar Bheartais Chomhshaoil in Éirinn - le bheith soiléir maidir leis an uailmhian atá againn chun comhshaoil na hÉireann a chosaint sa ghearrthéarma, sa mheántéarma agus san fhadtéarma agus maidir lenár dtiomantas don íomhá d'Oileán Glan Glas a bhaint amach. Mar chuid den tiomantas foriomlán seo ar an gcomhshaoil agus lena cosaint ní mór dúinn deich mbliana gníomhaíochta a fheiceáil trí na 2020aidí.

Conclúid


I mo ról mar Ard-Stiúrthóir, is mian liom aitheantas a thabhairt d'obair chrua agus do ghealltanas fhoireann an GCC i rith 2020 agus buíochas a ghabháil le mo chuid comhstiúrthóirí as a dtiomantas agus an tacaíocht ó thaobh ár gcuid spriocanna straitéiseacha a chomhlíonadh. Tugaimid chun cuimhne ár gcara agus ár gcomhghleacaí an Dr Ciara McMahon ar bhain a bás, roimh am stangadh asainn ar fad. Tugaimid chun cuimhne freisin John Doheny a bhí bunaithe inár gCigireacht Réigiúnach i gCorcaigh agus a fuair bas tar éis tinneas fada.

Is mian liom gach rath a ghuí ar na comhghleacaithe seo a leanas ón GCC a chuaigh ar scor i rith 2020, tar éis na mblianta fada de sheirbhís thiomnaithe: Jack Madden, Matthew Crowe, Donal Quinn, Noeleen Roche agus Patrick Geoghegan. Sa deireadh, ba mhaith liom buíochas a ghabháil leis an Roinn Cumarsáide, Gníomhaithe ar son na hAeráide agus Comhshaoil agus leis an Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreacht as a dtacaíocht leanúnach.



Laura Burke

Ard-Stiúrthóir an GCC



2

Córais ghéilliúntais éifeachtacha a chur chun feidhme i dtaobh rialála agus comhshaoil, chun dea-thorthaí do dhaoine agus don chomhshaol a bhaint amach, agus chun díriú orthu siúd nach mbíonn ag cloí leo.

Bíonn an GCC ag ceadúnú údaruithe lena chinntiú nach mbíonn a n-astaíochtaí ó ghníomhaíochtaí ag cur sláinte daoine i mbaol ná ag déanamh dochair don chomhshaol.

2. RIALÁIL

2.1 CEADÚNÚ

Tá tarmligean leathan ag clár ceadúnaithe comhshaoil an GCC agus tá freagracht air as raon tascanna a bhaineann le húdarú gníomhaíochtaí a bhféadfadh tionchar a bheith acu ar an gcomhshaol nó ar shláinte dhaoine (Táblaí 1 agus 2). Cuimsítear leis an obair sin oibleagáidí na hÉireann a chur i bhfeidhm faoi Threoracha éagsúla AE trí mheasúnachtaí comhshaoil a dhéanamh sula ndéanfaítear údaruithe nó sula ndiúltaítear dóibh. Cuimsíonn sé Measúnú Tionchair Comhshaoil agus Measúnú Cuí.

Údarú Gníomhaíochtaí

Leis an Treoir maidir le hAstaíochtaí Tionsclaíocha (TAT), tá athruithe nua agus suntasacha tagtha ar an gcaoi ina rialaítear gníomhaíochtaí tionsclaíocha in Éirinn. Cinnteoidh na hathruithe seo go gcuimsíonn na ceadúnais na bearta ar fad ar gá leo chun leibhéal ard cosanta don timpeallacht a bhaint amach.

Faoi TAT ceanglaítear ar an GCC coinníollacha ár gceadúnas tionscail a athmheas agus iad a nuashonrú, más gá, laistigh de cheithre bliana ó fhoilsiú conclúidí i leith na dTeicnící is Fearr atá ar Fáil (Best Available Techniques/BAT).

Faoi dheireadh 2020, bhí 17 Cinneadh cur chun Feidhme de chuid an Choimisiúin ar chonclúidí BAT foilsithe, agus an ceann is deireanaí ag baint le Cóireáil Dromchla ag úsáid Tuaslagóirí Orgánacha, leis na hearnálacha bia agus dí, agus le hearnáil an loiscthe dramhaíola lena gceanglaítear go mbeidh gá leis na hearnálacha sin a athmheas agus a athmheasúnú faoi mhí na Nollag 2024.

I measc cinní ceadúnaithe agus ceada comhshaoil i 2020 a bhfuil achoimre orthu i dTábla 1 thíos, bhí cinní a bhain le méaduithe ar shaoráidí cáiliúla, feidhmeanna stairiúla atá ann le fada agus gníomhaíochtaí infheistíochta i láithreáin úrnua in earnálacha na dramhaíola, na cógaisíochta agus na gceimiceán agus na cumhachta. Ina theannta sin, ba in earnáil na diantalmhaíochta a bhí beagnach leath na n-iarratas nua ar cheadúnais don IE/IPC nó ceadúnais Dramhaíola a fuarthas i 2020.

Síníodh na rialacháin um Ionaid Meándóchana (IMD) isteach sa dlí i mí na Nollag 2017 agus tá siad á gcur i bhfeidhm bunaithe ar chur chuige riosca-bhunaithe faoi stiúir an GCC. Is é an cuspóir atá acu ná teorainn

a chur le hastaíochtaí chuig an atmaisféar ó choirí agus ionaid dócháin seasta sa raon 1-50 MWTH (ionchur teirmeach). Faoi dheireadh 2020, bhí iomlán de 201 MD cláraithe - agus ba ghineadóirí éigeandála ag ionaid sonraí ab ea a bhformhór.

Leanann an GCC de rialáil a dhéanamh ar mhaithe leis an ngeilleagar ciorclach trí fhógraí faoi fhotháirgí agus deireadh dramhaíola. Foilsíodh dréacht-threoir ar Fhotháirgí agus Deireadh Dramhaíola do chomhairliúchán i mí Meithimh 2020, chomh maith le foirm iarratais chaighdeánach Dheireadh Dramhaíola. Anuas air sin, bhí dul chun cinn déanta i 2020 maidir leis na hIonaid Stairiúla Líonta Talún agus eisiúint na dTeastas Údaraithe.

Bhain ceadanna a heisíodh maidir le gníomhaíochtaí OGM den chuid is mó le háiseanna taighde agus ní raibh aon riosca nó riosca beag ag baint leo. Ina theannta sin, d'eisigh an GCC ceithre Chead Dumpála san Fharraige agus dhá hÚdarú um Scaoileadh Fuíolluisce. Tá scrúdú déanta ag an GCC ar 513 ceadúnas freisin de réir Rialacháin (Údarú) Scaoileadh Fuíolluisce 2007 arna leasú. Tá an GCC rannpháirteach go gníomhach sa chéim 'iniúchta réamh-reachtaíochta' den Bhille Comhshaoil (Asbhaintí agus Gaibhniú) Uisce - Scéim Ginearálta Athmheasta. D'áirigh sé seo go mbeifí i láthair mar fhinné ag Comhchoiste an Oireachtais i mí na Samhna 2020.

Ar aon dul le gealltanais straitéiseacha lean an GCC ar aghaidh ag tacú lena seirbhís ghréasáin chun cur isteach leictreonach na n-iarratas ar cheadúnais a chuimsiú chomh maith le próiseáil leictreonach agus cumarsáid le gach páirtí leasmhar. Leis seo, tá seirbhís níos éifeachtúla ag ár gcustaiméirí agus éascóidh sé tuairisciú sonraí níos éifeachtúla agus níos cruinne chuig an gCoimisiún Eorpach.

Trádáil astaíochtaí

Is í an GCC Údarás forfheidhmithe agus feidhmithe Chóras an AE i ndáil le Trádáil Astaíochtaí (EU ETS) in Éirinn agus, dá bhrí sin, cuireann sí rialacha an AE i bhfeidhm chun go mbeidh cionroinnt chomhoiriúnaithe saor de liúntais astaíochtaí ann.

Le haghaidh na bliana tuairiscithe 2019, bhí 104 suiteáil sheasta (tionscail, stáisiúin chumhachta agus úsáideoirí ardhuinnimh eile) le hastaíochtaí CO₂ intuairiscithe. Chloígh gach suiteáil leis na spriocdhátaí um thuairisciú agus thabhairt suas i 2020. Léirigh an fhaisnéis ó na suiteálacha a chuimsigh an ETS i 2019 go raibh laghdú 8.7 % (1.3 milliún tona) ar astaíochtaí gás ceaptha teasa ó chuideachtaí Éireannacha. Tharla sé seo den chuid is mó de bharr an laghdaithe 12% in astaíochtaí ón earnáil ghiniúna cumhachta, a tháinig mar gheall ar láithreach láidir fhuinnimh athnuaite ar an eangach. Ar an taobh eile den scéal, níor léirigh earnálacha tionscail ach laghdú beag ar astaíochtaí.

Tháinig ardú de 2.8% ar astaíochtaí eitlíochta ó eitilt laistigh den Limistéar Eorpach Eacnamaíoch a tuairiscíodh d'Éire i gcomparáid le 2018, suas go 12.77 milliún tona. Tagann na hastaíochtaí sin ó eitiltí áit ar bith laistigh den Limistéar Eorpach Eacnamaíoch, áit a bhfuil ceadúnas oibriúcháin ó Údarás Eitlíochta na hÉireann laistigh den AE i ndáil le Trádáil Astaíochtaí. Bhí aon oibreoir aerárthaigh déag os cionn an tairsí le tuairisciú in Éirinn i 2019, de réir shonraí Eurocontrol, agus thuairiscigh gach ceann díobh in am agus ghéilleadar na liúntais de chuid an AE a bhí riachtanach le linn 2020.

Gníomhaíonn an GCC (mar aon leis an Roinn Iompair agus Údarás Eitlíochta na hÉireann) mar Údarás Inniúil don Scéim Fritháirithe agus Laghdaithe Carbóin don Eitlíocht Idirnáisiúnta (CORSIA). Ba é an 31 Lúnasa 2020 an chéad spriocam do thuairisciú CORSIA agus éilíodh ar gach Ballstát astaíochtaí bliantúla iomlán CO₂ den Stát tathagaithe do gach Oibrí Aerárthaigh sannta a chur isteach. Rinne an GCC na seiceálacha a raibh gá leo agus rinne sé sainscagadh ar an tuarascáil tathagaithe sular chuireadar ar aghaidh é chuig an Roinn Iompair lena sheoladh chuig an Eagraíocht Eitlíochta Sibhialta Idirnáisiúnta (ICAO) trí Chlárlann Lárnach CORSIA.

Cuirtear an liosta suiteálacha atá i dteideal liúntais áirithe carbóin saor sa chéad thréimhse liúntais eile (2021-2025) ar fáil i liosta na mBeart Forfheidhmithe Náisiúnta (NIMS) mar a cuireadh isteach chuig Coimisiún na hEorpa i Meán Fómhair 2019. Cuireadh isteach tuilleadh nuashonraí roimh na spriocdhátaí socraithe i 2020, tar éis comhairliúchán

a dhéanamh le oibreoirí a raibh éifeacht orthu dá bharr, chomh maith le freagraí mhionsonraithe ar cheisteanna a d'ardaigh an Coimisiún de réir Rialachán Leithdháilte Saor (AE) 2019/331.

Déantar ceantáil liúntais ETS ar ardán coiteann (EEX) a roinntear i measc 25 Bhallstáit an AE. Rianaíonn an GCC ceant chuóta lamháltas na hÉireann gach seachtain agus seiceálann sé go bhfaigheann an Banc Ceannais an t-ioncam ceart. B'ionann ioncaim a bhí dlite d'Éirinn i 2020 ó Cheantanna liúntais seasta (EUAnna) agus eitlíochta (EUAAnna) an AE agus €124 milliún (€124,540,385). Lean praghas an charbóin ar aghaidh ag dul i méid i 2020 agus shroich an praghas imréitigh ceantála ab airde €30.92 i mí na Nollag 2020. Cuireadh tús le Ciste Nuálaíochta an AE a chur ar ceant i mí Iúil 2020. Rinne Ballstáit, Éire ina measc, é sin a éascú i 2020, ach chuaigh an t-ioncam díreach chuig Banc Ceannais na hEorpa a bhfuil freagracht orthu faoin gciste a bhainistiú.

Úsáidtear Clárlann an Aontais mar uirlis chomhlíonta do shuiteálacha rialaithe agus d'oibreoirí faoi Scéim AE i ndáil le Trádáil Astaíochtaí. Tá sé d'obleagáid ar na hoibreoirí seo, ó thaobh an dlí de, cibé an oibreoirí do-aistrithe nó aerárthaigh iad, cuntas a oscailt le Clárlann an Aontais chun a gcuid oibleagáidí comhlíonta maidir le hastaíochtaí carbóin a chomhlíonadh. Bhí 522 úsáideoir ag fearann na hÉireann de chuid Chlárlann an Aontais, agus a bhí a bhainistiú ag an GCC, suas go deireadh 2020.

Cuimsíonn Clárlann an Aontais an chlárlann faoin gCinneadh maidir le Comhroinnt Díchill an AE (ESD). Rialaíonn an ESD spriocanna ceangailteacha astaíochta do gach Ballstát le haghaidh astaíochtaí nach bhfuil cuimsithe in ETS an AE i 2013-2020, mar iompar, téamh, talmhaíocht agus bainistíocht dramhaíola. Mar Riarthóir Náisiúnta, bhain an GCC amach cothrom idir astaíochtaí na hÉireann le haghaidh 2017 agus ár sprioc don bhliain sin mar a threoraigh an Roinn Comhshaoil, Aeráide agus Cumarsáide (DECC) ar 26 Márta 2020. D'úsáideamar ár leithdháileadh don bhliain 2017 agus cuid den leithdháileadh breise ó na blianta roimhe, le hastaíochtaí níos ísle, a bhí tugtha anonn. Tá sé sin ar cheann de na roghanna solúbtha a bhíonn ar fáil do Bhallstáit an AE faoin ESD. Tá níos mó eolais ar fáil ar láithreán gréasáin Choimisiún an AE.

Tábla 1. An Clár um Cheadúnú Comhshaoil (gníomhaíochtaí ceadúnaithe 2020)

Cineál ceadúnais	Líon iomlán na n-iaratas a fuarthas 2020	Líon iomlán na n-agóidí a fuarthas 2020	Líon iomlán na gCinntí Beartaithe a eisíodh 2020	Líon iomlán na gCinntí Críochnaitheacha a eisíodh 2020	Líon iomlán na gCinntí a Eisíodh 2020
Ceadúnais TAT/RCT (Dramhaíl AT san áireamh)	38	34	37	35	72
Ceadúnais Dramhaíola	2	1	6	4	10
Ceadúnais Dramhuisce	2	N/B	N/B	1	1
Teastais Údaraithe Dramhuisce	0	N/B	N/B	0	0
Ceadanna OGM (Úsáid shrianta)	34	N/B	N/B	35	35
Ceadanna OGM (Scaoileadh beartaithe)	1	N/B	N/B	1	1
Deimhnithe Ionaid Stairiúla Líonta Talún	10	2	6	5	11
Ceadanna do Dhumpáil ar Farraige	1	N/B	N/B	4	4
Deimhnithe Clárúcháin (Dramhaíl)	4	N/B	N/B	2	2
Ceadanna do Comhdhúile Orgánacha So-Ghalaithe (VOC)	0	N/B	7	7	14
Ceadanna um gháis ceaptha teasa	48	N/B	N/B	37	37
Iomlán	140	37	56	131	187

N/B, ní bhaineann le hábhar.

Tábla 2. An Clár um Cheadúnú Comhshaoil (gníomhaíochtaí rialála eile 2020)

Tascanna	Iomlán na dtascanna ar a ndearnadh measúnú in 2020
Iarratais faoi Airteagal 11	78
Leasuithe ar Astaíochtaí Tionsclaíocha(IE)/ Cosc Comhtháite ar Thruailliú (IPC)	46
Leasuithe IE/IPC (tionscanta ag an GCC)	6
Leasuithe i dtaca le dramhaíl	1
Leasuithe i dtaca le hionad cóireála Fuíolluisce (WWTP)	13
Leasuithe maidir le Dumpáil san Fharraige	0
Leasuithe OGM	3
Fógraí faoi Airteagal 27 (fotháirge)	494
Iarratais faoi Airteagal 28 (deireadh dramhaíola)	9
An Ghníomhaireacht Leigheasra Eorpach (OGM)	7
Treoir 2001/18/EC (GMO) (orgánaigh ghéinmhodhnaithe)	0
Aistriú	15
Achomhairc maidir le Truailliú Aeir	1
Comhfhreagras pleanála fiosraithe	91
Ionaid Mheándóchain a cláraíodh	123
Iomlán	887

Údaruithe um chosaint radaíochta

Le linn 2020, rinneadh údaruithe cosanta radaíochta (Tábla 3) a aistriú go hiomlán go dtí córas údaraithe grádaithe, mar a rinneadh foráil air i Rialacháin Radaíochta Ianúcháin 2019 (IRR19). Ceadáíonn an córas seo dhá fhoirm údaraithe: clárú agus ceadúnú. Foirm údaraithe níos simplí atá i gclárú agus tá níos lú dualgas trom riaracháin ag gabháil leis, agus é cuí le haghaidh cleachtas nach bhfuil chomh casta ó thaobh nádúir agus a bhfuil sé cruthaithe go bhfuil siad réasúnta sábháilte. Tá feidhm ag ceadúnú fós maidir le cleachtais ardriosca. Léiríonn táillí údaraithe leibhéal an riosca a bhaineann leis na cineálacha cleachtas atáthar ina mbun agus mar sin leibhéal na maoirseachta rialála a bhfuil gá leis.

Tábla 3. Údaruithe um chosaint radaíochta

Ceadúnais	253
Clárúcháin	1,355
Leasuithe Teicniúla	632
Ceadúnaithe Dúnta	27


Déanann an GCC reachtaíocht chosanta comhshaoil agus raideolaíoch a chur i bhfeidhm agus a fhorfheidhmiú in Éirinn.

2.2 FORFHEIDHMIÚ

Forfheidhmiú Ceadúnas Tionsclaíoch agus Ceadúnas Dramhaíola

Thug an GCC ceadúnas do agus rinne siad rialáil ar 830 saoráid tionscail agus dramhaíola i rith 2020. Is é cuspóir an GCC ná déanamh cinnte go ndéanann oibreoirí a gcuid gníomhaíochtaí i gcomhréir lena gcuid ceadúnas. Déantar na cuspóirí sin a chur chun cinn trí chomhcheangal idir na nithe seo, comhlíonadh, treoir agus cabhair a spreagadh, monatóireacht a dhéanamh ar chomhlíonadh, cigireachtaí agus samplálacha, agus gníomhaíochtaí fhorfheidhmithe a ghlacadh nuair is gá. Tá cur chuige forfheidhmithe an GCC tacaithe ag na prionsabail atá foilsithe sa Bheartas Comhlíonta agus Forfheidhmithe agus tá sé leagtha amach i bhFíor 1 thíos. Cuimsíonn Tábla 4 an líon cigireachtaí a rinneadh ar ghníomhaíochtaí ceadúnaithe tionscal agus dramhaíola. www.epa.ie/publications/compliance--enforcement/licensees/performance/oe-enforcement-policy.php

Fíor 1. Prionsabail fhorfheidhmithe an GCC




Tugann an GCC tosaíocht don iarracht forfheidhmithe i gcás na láithreán is mó atá ina mbaol don chomhshaoil bunaithe ar an gcineál gníomhaíochta atá ceadúnaithe, ionad na gníomhaíochta (i.e. gaireacht do dhaoine nó limistéir chosanta) agus stair fhorfheidhmithe an láithreáin (i.e. cibé acu ar tharla neamh-chomhlíonadh ar an láithreán roimhe sin). Dhírigh an GCC ar earnálacha a raibh tionchar níos mó ag an bpaindéim Covid-19 orthu le linn 2020, ná cinn eile ar nós earnáil na dramhaíola (stáisiúin aistrithe dramhaíola

guaiseacha agus neamhghuaiseacha, loisceoirí, comh-loisceoirí agus aiseanna cóireála dramhaíola cliniciúla), táirgeadh stroighín agus próiseáil feola. Rinne an GCC monatóireacht ghéar ar áiseanna dramhaíola a bhí faoi réir mhéaduithe ar an méid dramhaíola a bhíthas a fháil chun cóireáil a dhéanamh orthu ó thaobh dramhaíl chúram leighis tógálach de agus d'éirigh roinnt ionad díola (ar nós ionaid stroighne) as táirgeadh ar feadh tamaill i rith na bliana. Tugadh isteach Measúnuithe Comhlíontachta Cianda ar láithreáin cheadúnaithe mar uirlis fhorfheidhmithe le linn na paindéime chun leanúint le cigireachtaí agus gníomhaíochtaí forfheidhmithe an GCC.

Baintear úsáid as Liosta Náisiúnta na Láithreán Tosaíochta chun iarracht forfheidhmithe an GCC a dhíriú ar na láithreáin is measa ó thaobh feidhmíochta chun feabhsúcháin ar chomhlíonadh i leith an chomhshaoil a bhrú chun tosaigh. Sa liosta seo rangaithear láithreáin tionscail agus dramhaíola in ord tosaíochta um fhorfheidhmiú, bunaithe ar fhachtóirí mar: ghearáin (Tábla 4), teagmhais, cigireachtaí comhlíonta agus neamh-chomhlíonta ó thaobh an cheadúnais. Foilsíodh an liosta sin go ráithiúil agus bhí 12 láithreán ceadúnaithe ar an liosta uair amháin ar a laghad i rith 2020. Tá achoimre tugtha ar ghníomhaíochtaí forfheidhmithe san fhísghrafaic i bhFíor 2.

Fíor 2. Achoimre ar ghníomhaíochtaí forfheidhmithe an GCC



Tábla 4. Líon na gcigireachtaí a rinneadh de réir earnála i 2020

Gníomhaíocht	Líon na gcigireachtaí
Ceadúnais Thionsclaíoch agus Dhramhaíola	1,089
Ceadúnais um Sceitheadh Fuíolluisce Uirbigh	126
Ionaid cóireála uisce óil	51
Ceadanna do Dhumpáil ar Farraige	0
Ceadanna do Chomhdhúile Orgánacha So-Ghalaithe	0
Faireachán margaidh - ceimiceáin	152
Substaintí a Ídionn Ózón agus Gáis Fhlúairínithe	7

Tábla 5. Líon na ngearán a fuarthas in 2020 agus líon na saoráidí a bhí faoi réir na ngearán sin de réir earnála.

Gníomhaíocht	Líon na nGearán	Líon na saoráidí faoi réir na ngearán sin
Ceadúnais Thionsclaíoch agus Dhramhaíola	1,161	121
Fuíolluisce Uirbeach	133	47
Uisce óil	30	26
Substaintí a Ídionn Ózón agus Gáis Fhlúairínithe	11	N/B
Líon iomlán na ngearán	1,335	

Uisce Glan

Mar rialtóir comhshaoil do sheirbhísí uisce poiblí, dhírigh an GCC ar bhaint amach feabhsúchán bonneagair tosaíochta ag Uisce Éireann ó thaobh uisce óil agus fuíolluisce uirbigh i rith 2020.

Uisce óil

Bhí roinnt dul chun cinn le feiceáil ar líon na soláthar uisce poiblí a bhí ar Liosta Gníomhaíochta Leasúcháin an GCC (RAL) i 2020, agus bhí laghdú de shé sholáthraí ann ar deireadh. Tá 46 soláthraí ar an RAL faoi láthair a dhéanann freastal ar 1,004,997 duine.

Tugadh 51 iniúchadh uisce óil chun críche le linn 2020. D'fhoilsigh an GCC an Tuarascáil ar Uisce Óil na Soláthar Poiblí don bhliain 2019 i mí Iúil 2020. Eisíodh chúig Threoir d'Uisce Éireann i 2020, i gcomparáid le 20 Treoir i 2019. Thug an GCC cás dlí i gcoinne Uisce Éireann de bharr nár chomhlíon siad Treoir an GCC ar oibreacha chun comhlíonadh Trihalomeatáin a chinntiú (THM) ag dhá sholáthraí uisce i gCorcaigh (An Chaolchoill agus Droim Dhá Liag).

Bhí laghdú foriomlán ar an gcuid den daonra a raibh tionchar ag fógraí fiuchta uisce agus srianta uisce orthu i 2020, mar a thaispeántar i dTábla 6 thíos. Bhí an chuid is mó de na fógraí i bhfeidhm níos mó ná 30 lá, treocht ar údar imní é maidir le fógraí fiuchta uisce fadtéarmacha. Ní raibh ach 1,335 duine fós ar fhógraí fiuchta uisce ag deireadh na bliana agus ní raibh ach ocht nduine dhéag ar shrianta uisce.

Tábla 6. Srianta Uisce agus Fógraí Fiuchta

Fógraí Comhairliúcháin eisithe ag Uisce Éireann	2019	2020
Fógraí maidir le hUisce a Fhiuchadh	67 fógra a raibh tionchar acu ar 695,364* duine	44 fógra a raibh tionchar acu ar 79,030* duine
Srianta Uisce	8 bhfógra a raibh tionchar acu ar 8,136 duine	17 bhfógra a raibh tionchar acu ar 4,118 duine

*Ón bhfigiúr seo, bhí tionchar ag fógraí fiuchta uisce ar 615,539 duine a ndéanann ionad cóireála Léim an Bhradáin freastal orthu faoi dhó in 2019.

Tá an-imní ar an GCC mar gheall ar a laghad dul chun cinn atá déanta ag Uisce Éireann chun ceangail luaidhe a bhaint amach as an líonra poiblí i 2020. Níor cuireadh ach 3,025 ceann in ionad na gceann lochtach, sin titim shuntasach ó na 15,284 a rinneadh i 2019. Is é an líon iomlán a bhfuil cinn curtha ina n-ionad anois ná 35,666, as thart ar 180,000 ceangal luaidhe.

Tá an dul chun cinn atá Uisce Éireann a dhéanamh chun dáileoga ortafósfaite a suiteáil chun intuaslagthacht luaidhe ó phíobaireacha a laghdú ag dul go han-mhall, agus níor tugadh ach aon ionad amháin (Loch Tailt) chun críche i 2020. Tá deich gcinn d'ionaid eile ina bhfuil áiseanna chun dáileoga ortafósfaite a thabhairt suiteáilte ach níl siad ag obair, mar gheall ar shrianta buiséid Uisce Éireann. Tá sé seo an-mhíshásúil mar go bhfuil airgead caite ag Uisce Éireann chun fearas dáileoige a shuiteáil ach níl an toradh do shláinte an phobail a thiocfadh as luaidhe a laghdú in uisce óil bainte amach.

Tháinig ardú ar an líon soláthairtí uisce a raibh tionchar ag farasbarr lotnaidicídí orthu ó 26 soláthar i 2019 go dtí 37. Tugann sé seo le fios go bhfuil treocht i dtreo úsáid fhorleathan lotnaidicídí atá ag dul in olcas in uisce óil. Cé gurb é an lotnaidicíd MCPA is mó atá á úsáid i gcónaí, bhí ardú mór ar an líon a raibh farasbarr gliofosáite iontu i mbliana. Bhí corr scéal maith ann mar gur baineadh dhá sholáthar de liosta gníomhaíochta lotnaidicídí an GCC: (Coill an Treoigh) Cathair Chill Chainnigh agus Mainistir na Féile, tar éis an rath a bhain le bearta dobharcheantair le cosc a chur ar lotnaidicídí dul isteach i bhfoinsí uisce óil. Bhí 6 sholáthar ar an liosta gníomhaíochta lotnaidicídí ag deireadh na bliana, agus bhíothas ag déanamh monatóireacht ar 36 soláthar eile ar an liosta faire lotnaidicídí.

Sceití fuíolluisce bardasacha

Thug an GCC 127 cigireacht ar láithreán fuíolluisce chun críche le linn 2020, agus bhí siad ag díriú ar fheidhmíocht ionaid, ar mhonatóireacht chomhlíonadh scaoilte agus ag freagairt ar ghearáin agus teagmhais. Bhí comhlíonadh

níos fearr mar thoradh ar na cigireachtaí sin ag ionaid fuíolluisce, rud a laghdaíonn tionchar scaoilte fuíolluisce ar an gcomhshaol ina dtéann sé.


D'fhoilsigh an GCC Tuarascáil Fuíolluisce Uirbeach 2019 i 2020 agus d'aithin sé na ceisteanna tosaíochta seo a leanas ar gá aghaidh a thabhairt orthu leis an gcomhshaol a chosaint ó thionchair dhíobhálacha scaoileadh fuíolluisce.

- ▲ A chinntiú go gcloíonn cóireáil fuíolluisce sna limistéir uirbeacha móra ar fad caighdeáin an Aontais Eorpaigh.
- ▲ Fáil réidh le sceitheadh séarachais amh.
 - Cóireáil a fheabhsú áit gurb é fuíolluisce an príomhbhagairt amháin ar uiscí atá i mbaol an truaillithe nó áit a gcuireann fuíolluisce le droch-caighdeán in uiscí snámha.
- ▲ Cóireáil a fheabhsú áit is gá chun diúilicíní péarla fíor uisce atá i mbaol a chosaint.
- ▲ Uasghrádú a dhéanamh ar chórais camras nach bhfuil ag cloí le riachtanais an Aontais Eorpaigh.

Leag an Tuarascáil béim ar na feabhsúcháin seo a leanas:

- ▲ Laghdú déanta ar an líon réimsí tosaíochta ó 148 i 2017 go dtí 113 i 2020.
 - Tháinig feabhas ar an líon cathracha agus bailte móra nár chomhlíon Treoir an AE um Chóireáil Fuíolluisce ó 28 i 2017 go dtí 19 i 2019.
 - Tháinig réiteach i 2020 maidir le ceantar amháin (Cill Ala) le scaoileadh camrais amh ag tarlú agus naoi ndobharlach nach raibh ag baint amach a gcuspóirí comhshaoil de bharr brúna uisce.

D'ainneoin na bhfeabhsúcháin sin, ba chúis imní don GCC an mhoill agus an neamhchinnteacht a bhain le hUisce Éireann ó thaobh feabhsúcháin ríthábhachtacha a sholáthar ar bhonneagar, rud atá ag cur síneadh leis na rioscaí don chomhshaol agus don tsláinte phoiblí.

Fíor 3. Tosaíochtaí Comhshaoil do Chóireáil Uisce Uirbeach

Córais Chóireála Fuíolluisce Baile (Dabhcha Séarachais)

D'fhoilsigh an GCC an Tuarascáil maidir le cur i bhfeidhm an Phlean Náisiúnta Cigireachta don tréimhse tuairiscithe 2019, a tharraing aird nár shásaigh 51% de chórais chóireála fuíolluisce baile an chigireacht. Tá seachtó trí faoin gcéad de na córais ar theip orthu sa chigireacht ceartaithe agus tá laghdú déanta ag Údarás Áitiúla ar an líon fógraí comhairleacha oscailte (oscailte os cionn dhá bhliain) ó 621 go dtí 305. Tá rannpháirtíocht agus forfheidhmiú leanúnach na nÚdarás Áitiúil riachtanach chun fógraí comhairleacha a réiteach. Chuir an Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreacht leathnú ar an scéim deontais don chóras cóireála fuíolluisce baile i 2020.


Dochar don chomhshaol a chosc

Foráil airgeadais do dhliteanais chomhshaoil

Tosaíocht leanúnach don GCC atá i gcinntiú go ndéanann ceadúnaithe soláthar airgeadais imleor chun na dliteanais chomhshaoil a ghabhann le teagmhais fhéideartha nó le dúnadh agus iarchúram láithreán a chlúdach. Seasann costais dliteanais do dhúnadh agus athchóiriú/iarchúram (CRAMP) i gcomhcheangal le teagmhais fhéideartha (ELRA) atá comhaontaithe leis an GCC anois ag €919m. Shroich an tSoláthar Airgeadais (FP) iomlán atá aimsithe chun aghaidh a thabhairt ar na dliteanais chomhshaoil ag áiseanna tosaíochta €794M i 2020 – féach Fíor 4. Is ionann sin agus laghdú mór ar an mbaol don chomhshaol agus don Stát.

Rinne an GCC monatóireacht ar sholáthar airgeadais ag láithreáin ardriosca agus ag láithreáin a bhfuil leibhéal ghníomhaíochta laghdaithe iontu le linn na paindéime Covid-19.

Fíor 4. Foráil airgeadais aimsithe do Dhliteanais Chomhshaoil.



Faireachas margaidh agus Ceimiceáin sa Chomhshaol

Faireachas Margaidh (Rialacháin um Bhreosla Soladach san áireamh)

Ní mór do thomhaltóirí muinín a bheith acu nach mbeidh aon chontúirt dóibh féin, do dhaoine eile ná don chomhshaol ó earraí a cheannaíonn siad, nuair a úsáideann siad i gceart iad. Mar sin, is í an phríomhaidhm atá le faireachas margaidh ná margadh inmheánach na hEorpa a chur chun cinn trí leibhéal ard cosanta a chinntiú do thomhaltóirí an AE agus dá gcuid leasanna. Tá an GCC freagrach as gníomhaíochtaí faireachais maidir le raon leathan reachtaíochta margaidh. Tá i gceist leis an

bhfaireachas seo cláir a oibriú chun raon an-leathan d'earraí tomhaltóra a sheiceáil i gcomhair substaintí guaiseacha atá srianta agus leanúint suas ar neamhchomhlíontachtaí nuair a aimsítear iad. Cabhraíonn an GCC le húdaráis faireachais margaidh i mBallstáit eile an AE freisin, nuair is gá, agus bíonn sé rannpháirteach i roinnt tograí faireachais de chuid an AE. Tugann an GCC tuairisc ar thorthaí a chuid imscrúduithe do Choimisiún na hEorpa. Oibríonn an GCC freisin le tionscail, chomh maith leis sin, chun comhlíonadh a spreagadh agus treoir a chur ar fáil nuair is gá.

Thug an GCC faoi fheachtas monatóireachta d'fhonn comhlíontachta le riachtanais lipéadú péinte na Treorach Péinte le linn 2020. Bhí na seiceálacha teoranta d'earraí i

gCatagóir 1 (cótaí maisiúcháin baile). Rinneadh cigireacht ar iomlán de 102 lipéad earraí agus fuarthas ceann amháin nach raibh comhlíonta. Leanfar suas an cás neamhchomhlíonta le linn 2021.

Rinne an GCC coimisiúnú ar thástáil 50 sampla de lampaí dé-óid astaithe solais (LED) do shubstaintí guaiseacha coiscithe maidir le riachtanais Threoir um Shrianadh Substaintí Guaiseacha an AE (RoHS), go deireanach i 2020. Táthar ag súil le torthaí na tástála le linn 2021.

Tá cúram curtha ar an GCC freisin maidir le Clárlann Breosla a bhunú agus a chothabháil faoi na Rialacháin maidir le Breosla Soladach (S.I. Uimh. 326 of 2012) arna leasú. Bhí 21 saoráid ábhair málaí guail ar an gClárlann Breosla ag deireadh na bliana 2020.

Ceimiceáin sa Chomhshaol

Déanann an GCC cláir a dhearadh agus a chur i gcrích a dhéileálann le substaintí a bhfuil amhras go bhfuil siad guaiseach agus/nó substaintí atá dearbhaithe anois go bhfuil siad guaiseach sa chomhshaol. Cuimsíonn ceimiceáin mar sin Truailleáin Orgánacha Mharthanacha (POPanna) agus roinnt substaintí a dhéantar a mheas faoi na rialacháin maidir le Clárú, Meastóireacht, Údarú agus Srianadh Ceimiceán (REACH). Is iad na haidhmeanna atá leis na cláir sin ná tuiscint níos fearr a fháil ar na rioscaí féideartha a bhaineann leis na substaintí sin don chomhshaol agus do shláinte an duine. Ina theannta sin, beidh na torthaí a thagann ó na staidéir sin in ann bonn eolais a chur faoi imscrúduithe bainteacha amach anseo.

Freagracht Táirgeoirí

Tá freagrachtaí forfheidhmithe ag an GCC faoi na Rialacháin ar Dhramhthrealamh Leictreach agus Leictreonach (DTLL), Ceallraí agus Boinn. Dirítear iarrachtaí forfheidhmithe ar tháirgeoirí neamhchomhlíontacha. Is comhlachtaí iad táirgeoirí a dhéanann táirgí leictreonacha, ceallraí nó boinn nua nó a allmhairíonn iad agus a chuireann ar díol iad den chéad uair in Éirinn.

Dhírigh iniúchtaí ar tháirgeoirí Gnólacht le Gnólacht (B2B) a thuairisc nár ghlacadar aon DTLL ar ais i 2019 ná i 2020.

Bhí feachtas forfheidhmithe táirgeora saorthairbhí Gnólacht le Tomhaltóir (B2C) ar bun trínar oibrigh an GCC le 341 comhlacht sna hearnalacha painéil fótavoltacha (PV) agus soilsithe chun a chinntiú go rabhadar ag comhlíonadh lena ndualgas mar tháirgeoirí faoi rialacháin ceallraí agus an DTLL. Rinne an GCC 60 cigireacht ar láithreáin ghréasáin a dhíolann táirgí go díreach le teaghlach in Éirinn.

Dhírigh an GCC ar fhorfheidhmiú ar bhainistíocht an DTLL ag saoráidí athchúrsála miotail. Eisíodh litreacha chuig 65 comhlacht bainistíochta agus bailiúcháin dramhaíola a chuir béim ar an ngá le bainistíocht éifeachtach a dhéanamh ar DTLL ina gcuid saoráidí.

Ós rud é go gcuimsíonn carranna a allmhairítear boinn agus ceallraí, rinne an GCC teagmháil le 46 allmhairéoir cairr chun a ndualgas faoina rialacháin boinn agus ceallraí a fhorfheidhmiú. Tá staitisticí achoimre maidir leis na feachtais fhorfheidhmithe i 2020 ar fáil i dTábla 7 thíos.

Tábla 7. Staitisticí achoimre ar na feachtais fhorfheidhmithe um fhreagracht táirgeora i 2020

Tasc	Líon iomlán na ngníomhaíochtaí
Pleananna Bainistíochta Dramhaíola DTLL na dTáirgeoirí Gnólacht le Gnólacht athbheithnithe	208
Tuarascálacha Bainistíochta Dramhaíola DTLL na dTáirgeoirí Gnólacht le Gnólacht athbheithnithe	573
Iniúchtaí ar Tháirgeoirí Gnólacht le Gnólacht Threalamh Leictreach agus Leictreonach (EEE)	31
Cigireachtaí ar láithreáin ghréasáin de chuid Ciandíoltóirí TLL/Ceallraí Gnó le Tomhaltóir	60
Cigireachtaí ar tháirgeoir saorthairbhí (earnálacha painéil PV agus soilsithe)	5
Iniúchtaí ar tháirgeoirí féinchomhlíontacha ceallraí	1
Scrúduithe ar Tháirgeoirí Bonn	3
Neamhchomhlíonadh faoi rialacháin boinn a heisíodh chuig allmhairéoirí cairr	105
Neamhchomhlíonadh faoi rialacháin ceallraí a heisíodh chuig allmhairéoirí cairr	96

Substaintí a ídíonn ózón agus gáis cheaptha teasa fhluaírinthe

Mar chuid den obair chun laghdú suntasach a dhéanamh ar úsáid substaintí a ídíonn ózón (ODS) agus gáis fhluaírinthe (F-Ghás) a bhfuil ardchumas téimh dhomhanda acu, cuireann an GCC treoir ar fáil agus déanann sí cigireachtaí deisce agus ar an láthair ar úsáideoirí deiridh trealaimh, conraitheoirí innealtóireachta a sheirbhíonn an trealamh ábhartha agus dáileoirí gáis. Ullmhaíonn an GCC an Tuarascáil Náisiúnta ar Úsáid Chriticiúil Halóin agus Tuarascáil ar Thrádáil Neamhdhleathach Substaintí a Ídíonn Ózón le cur faoi bhráid an Choimisiúin Eorpaigh.

Próiseas Deimhniúcháin Nua do chonraitheoirí F-gháis

Chun earnáil an F-gháis a rialáil is gá go mbeadh deimhniú ag daoine agus cuideachtaí a thugann faoi ghníomhaíochtaí áirithe. Ní mór go mbeadh teastais/dearbhuith den sórt sin eisithe ag údarás dámhachtana faofa san AE. Tar éis na hidirthréimhse i ndiaidh tharraingt siar an RA ón AE (an Breatimeacht), ní aithneoidh an t-AE a

thuilleadh deimhnithe arna n-eisiúint ag eagraíochtaí sa RA. Go dtí seo, bhíodh conraitheoirí in Éirinn ag brath go mór ar dheimhniú ag eagraíochtaí RA.

Thug an DCCAE agus an Coimisiún Eorpach údarú don GCC chun deimhnithe a eisiúint chuig conraitheoirí ag a bhfuil deimhnithe bailí ón RA chun athoiliúint conraitheoirí, rud nach mbeadh gá léi, a sheachaint, agus seoladh iarratais ar líne i 2019. Eisíodh 830 teastas/fianú F-Gháis Éireannach do sholáthraithe seirbhíse a raibh teastais F-Gháis na RA acu i 2020, ionas go mbeidís in ann leanúint ag obair go dleathach laistigh den AE iar-Bhreiteimeacht. Tá síneadh curtha leis an scéim athdheimhnithe seo go deireadh mhí an Mheithimh 2021.

Ina theannta sin, rinneadh cigireacht ar 7 n-oibreoir fearais cuisneáin agus 9 n-allmhairiú mídhleathach d'fhearas ODS mar thoradh ar (i gcomhar leis na Coimisinéirí Ioncaim) allmhairiú/onnmhairiú fearais ODS agus F-Gháis.

Imscrúdú an GCC ar Líonraí BSL

D'eisigh an GCC tuarascáil deiridh tar éis imscrúdú a dhéanamh ar sceitheadh agus caillteanas gáis SF6 as cáblaí lán le leacht de chuid Líonraí an BSL. Tháinig an tuarascáil ar an gconclúid gur theip ar Líonraí an BSL maidir lena chuid dualgais reachtaíochta faoin Acht um Thruailliú Uisce. Rinne Líonraí BSL athchóiriú ar a chuid prótacail agus chuir sé tús le himscrúduithe i ngach sceitheadh ó chábla lán le leacht. Tá tús curtha ag an GCC le himeachtaí dlíthiúla maidir leis na caillteanais gáis SF6 ó fhearas ar láthair an BSL ag Gob na Muine a raibh ceadúnas ón GCC leis.

D'fhorbair an GCC straitéis chun imscrúdú a dhéanamh ar úsáid gáis Heicseafluairde Sulfair (SF6) feadh bhonneagar agus láithreáin cheadúnaithe an BSL, lena fhorfheidhmiú i 2021 agus ina dhiaidh sin.

Cigireachtaí maidir le cosaint ar radaíocht

Déanann an GCC clár bliantúil de chigireachtaí maidir le cosaint ar radaíocht chun measúnú a dhéanamh ar choinníollacha comhlíonta rialúcháin agus údaruithe. Leis na cigireachtaí sin, bíonn an GCC in ann caighdeán na cosanta radaíochta a mheas ag na láithreáin faoi iniúchadh, fadhbanna coitianta nó fadhbanna atá ag teacht chun cinn sna láithreáin a aithint agus cultúr cosanta radaíochta láidir a chur chun cinn.

Leagtar amach clár na gcigireachtaí gach bliain bunaithe ar go leor critéar oibiachtúil lena n-áirítear an riosca raideolaíoch a ghabhann leis na cleachtais údaraithe, an t-am atá imithe thart ón gcigireacht dheireanach, agus stair na saoráide ó thaobh comhlíonta. Freisin meastar teagmhais tuairiscithe san earnáil oibriúcháin chomh maith le haon fhaisnéis ábhartha a tháinig chun bheith ar fáil maidir leis na cleachtais údaraithe nó na hearnálacha i gcoitinne.

Rinneadh cigireachtaí cosanta radaíochta i roinnt earnálacha le linn 2020 (Tábla 8, cúig shuirbhé slándála san áireamh a rinneadh le cabhair ó Aonad Náisiúnta Coiscthe Coireachta an Gharda Síochána. Rinne an GCC suirbhé ar shampla fioclóirí freisin idir lár mhí na Mhárta go lár mhí na Bealtaine chun a gcomhlíontacht le coinníollacha údaraithe a dheimhniú.

Cé go raibh na leibhéil chomhlíontachta go maith go hiondúil, léiríonn na torthaí go bhféadfaí feabhas a chur ar na réimsí measúnú riosca, oiliúint sábháilteachta radaíochta agus pleanáil éigeandála/teagmhais. Is dúshlán fós é dóthain soláthar a dhéanamh ar sheirbhísí Comhairleach Cosanta Radaíochta agus fisice míochaine maidir le hoibreacha san earnáil mhíochaine agus fioclóra.

Maidir le gníomhaíochtaí forfheidhmithe, chuir an GCC cosc ar fhearas nua a fháil do ghrúpa amháin ospidéal, mar gheall ar an dteipheadh leanúnach a gcuid dualgas rialála a bhaint amach agus chuir sé srian sealadach ar fhearas x-gathach a úsáid in áis fioclóra amháin mar gheall ar imní shábháilteachta tar éis na cigireachta.

Tugadh fógra don GCC faoi 11 teagmhas intuairiscithe agus 7 ndáileog le linn 2020. Fiosraíodh na hábhair sin go léir de réir mar ba chuí.

Tábla 8. Catagóirí ceadúnai um chosaint radaíochta agus cigireachtaí ar tugadh fúthu i rith 2020

An earnáil ceadúnaithe	Líon na gcigireachtaí a cuireadh i gcrích
Áiseanna ospidéal agus míochaine	30
Tionscal agus gnó (a raibh ina measc dáileoirí foinse agus cuideachtaí iompair)	33
Oideachas agus taighde	3
Ceadúnaithe eile (tréidlianna ísealriosca agus meánriosca, fioclóirí, dáileoirí X-gha caibinéid agus X-gha)	9
Iomlán	75

Feidhmíocht Reachtúil na nÚdarás Áitiúil

Fuair feidhmíocht fhorfheidhmithe comhshaoil Údarás Áitiúil amach i 2018 go bhfuil fás tagtha go náisiúnta ar ghníomhaíochtaí forfheidhmithe. Cé gur bhain údaráis áitiúla amach a gcuid spriocanna feidhmíochta mar atá sainmhínithe ag creat feidhmíochta an údaráis áitiúil, tá dúshlán fós le cigireachtaí dramhaíola, feirme agus cáilíocht an aeir. Rinne an GCC athbhreithniú ar an gcreat feidhmíochta le linn 2020 chun díriú níos sonraithe ar thosaíochtaí náisiúnta forfheidhmithe. Déanfar piolótú ar chreat nua i 2021.

Ionchúisimh

Bhí 24 láithreas cúirte ann as ar éisteadh le trí ionchúiseamh déag agus tháinig sé chun críche sa Chúirt Dúiche, nuair a tháinig ocht gciontú as agus fuair cúigear ceadúnaí eile sochar an Achta Promhaidh (féach Tábla 9).

Ghearr na Cúirteanna fineálacha de €29,000 agus bhronn siad costais dlíthiúla de €122,602, tabhartais carthanachta de €18,000 agus €5,000 a bronnadh ar ghearánaí.

Cuireadh i gcoinne aon chás dramhaíola amháin ach ní raibh sé i bhfad gur socraíodh é trí chomhaontú. Tá aon chás amháin breise a éisteadh agus táthar ag fanacht le breith.

Tábla 9. Gníomhaíochtaí forfheidhmithe dlí a rinneadh i 2020

Gníomhaíocht forfheidhmithe dlí	Aschur
Ionchúisimh sa Chúirt Dúiche a fuair Éisteacht	13
Fíneálacha a gearradh i gCúirt Dúiche	€29,000
Costais a bronnadh sa Chúirt Dúiche	€122,602
Líon iomlán na bhfineálacha agus na gcostas	€151,602
Tabhartais charthanúla	€18,000



Cuireann an GCC comhairle agus treoir ar fáil do thionscal do chomhlachtaí poiblí agus do shaoránaigh faoi réimse leathan gníomhaíochtaí comhshaoil chun cloí leis an gcleachtas is fearr a chinntiú.

2.3 TREOIR

Suíomhanna tionsclaíocha agus dramhaíola ceadúnaithe

Tugann an GCC tacaíocht do cheadúnaithe trí threoir a thabhairt dóibh chun cabhrú leo lena gcuid ceanglas reachtúil a chomhlíonadh. D'fhoilsigh an GCC trí nóta treorach aeir nua le linn na bliana agus rinneadar athcheartú agus nuashonrú ar cheithre nóta threorach aeir a bhí ann cheana.

Dramhaíl

D'fhoilsigh an GCC 'Guidance on Waste Acceptance Criteria at Authorised Soil Recovery Facilities' i 2020 agus bhíodar i dteagmháil le saoráidí aisghabhála ithreach ceadúnaithe leis an treoir seo a fhorfheidhmiú chun feabhas a chur ar a gcuid cleachtais glactha dramhaíola.

Rinne an GCC nuashonrú ar na Fachtóirí Dramhaíola Bardasacha In-bhithmhílte (BMW) do oibreoirí líonta talún chun an méid dramhaíola in-bhithmhílte bardasach atáthar a ghlacadh a thuairisc.

Tá freagrachtaí éagsúla ag an GCC maidir le cur i bhfeidhm Rialachán DTLL, Ceallraí agus Bonn in Éirinn – go príomha, príomhról forfheidhmithe sa réimse sin. Tugann an GCC faoi réimse gníomhaíochtaí freisin, áfach, chun cinntiú go gclóitear leis na Tionscnaimh Freagrachta Táirgeora agus na hoibleagáidí éagsúla a bhaineann le hearnálacha éagsúla agus feasacht a ardú fúthu.

D'fhoilsigh an GCC dréacht-threoir deireadh úsáide, foirm iarratais agus cinntí caighdeánacha, faoi Airteagal 28 de Rialachán an Aontais Eorpaigh (Treoir Dramhaíola) 2011-2020. Is é atá i ndeireadh na dramhaíola chun críocha rialáil na dramhaíola, ná modh chun pointe a shocrú nuair nach gá a thuilleadh ábhar a aicmiú mar dhramhaíl tar éis go mbeidh aisghabháil déanta uirthi, lena n-áirítear oibriúchán athchúrsála, agus go gcomhlíonann sé critéir shonracha. Bhunaigh an Treoir critéir dheireadh na dramhaíola maidir le:

- ▲ Sulfáit Amóiniam aisghafa.
- ▲ Millíní poileitiléine agus polapróipiléine athchúrsáilte.

D'oibrigh an GCC go dlúth le baill den Líonra Eorpach i 2020 chun Dlí Comhshaoil a chur i bhfeidhm agus a fhorfheidhmiú (IMPEL) ar threoir ullmhúcháin tionscadail do tháirgeoirí nuair a cheaptar lonadaí Údaraithe i mBallstát. Cheadaigh Tionól Ginearálta IMPEL an treoir i mí na Nollag 2020.

Geilleagar Ciorclach

D'fhoilsigh an Clár náisiúnta um Chosc Dramhaíola Bileoga eolais agus Cásanna Staidéir do na hearnálacha tógála agus fáilteachais, chun tacú le húsáid uisce, dramhaíola, cur amú bia agus fuinneamh a laghdú, anois ó tá gnóilachtaí ag oscailt arís.

Uisce

Uisce óil

Leasaigh agus d'fhoilsigh an GCC lámhleabhar cóireála uisce ar scagachán a thugann comhairle agus eolas praiticiúil ar theicneolaíochtaí scagacháin do sholáthraithe uisce poiblí agus príobháideacha.

Dramhuisce

Tá tuairisciú bliantúil na faisnéise comhshaoil ina cheanglas dlíthiúil faoi gach Ceadúnas an GCC um Sceitheadh Fuíolluisce. D'fhoilsigh an GCC treoir i rith na bliana chun cabhrú le hUisce Éireann le tuairisc bhliantúil chomhshaoil a ullmhú agus a leagan isteach.

Rinne an GCC nuashonrú ar a threoir do shealbhóirí tí agus do thionscail ar chórais chóireála fuíolluisce tí a fheabhsú nó a athrú chun na scéimeanna deontas nua agus forbairtí eile a léiriú.

Measúnacht straitéiseach timpeallachta

Lean an GCC ar aghaidh ag nuashonrú a treorach um údarais a dhéanann pleananna maidir le measúnacht straitéiseach timpeallachta (MST) a chur i gcrích ar phleananna/cláir/straitéisí ábhartha. Foilsíodh cáipéisí

treoracha Náisiúnta ar Mheasúnú Éifeachtaí Carnacha in SEA agus i Ráitis agus Monatóireacht SEA. Rinneadh cuid mhór oibre freisin ar Nóta Cleachtais is Fearr ar Mheasúnú Straitéiseach Comhshaoil san Earnáil Fuinnimh agus foilseofar é go luath i 2021.

Radaíocht

D'fhorbair an GCC Creat Cóid Cleachtais, a thacaíonn le Rialacháin nua (IRR19) a chur i bhfeidhm, trí "Code of Practice on the Application of the Ionising Radiation Regulations (IRR19) in Veterinary Medicine" a fhoilsiú.

Ceimiceáin sa Chomhshaoil


Tugadh feachtas faisnéise chun críche a bhaineann le srianta ar mhiotail throma i gcarranna agus i gcomhbhaill mar a éilíonn rialacháin fheithiclí dheireadh saoil, agus ullmhaíodh treoir do gheallsealbhóirí i 2020.

Mapáil torainn

D'fhoilsigh an GCC treoir ar mhórbhóithre a mhapáil agus thug sé achoimre ar na céimeanna a theastaigh chun na tacair sonraí sin a bhailiú, a thiomsú agus a thuairisciú don GCC. Ina theannta sin, forbraíodh roinnt dréachtnótaí comhairleacha le linn 2020, ar a n-áirítear treoir ar an mbealach le 'sainmhíniú a thabhairt ar cheirtleán', agus 'cé na boithre sa cheirtleán ba chóir a mhappáil'. Ullmhaíodh dhá leagan luath de thuarascálacha freisin ar acomhail agus timpealláin, agus ar mhodheolaíocht nochta pobail







3

**"Sonraí, measúnuithe agus fianaise
ardchaighdeáin spriocdhírithe agus tráthúil
comhshaoil a chur ar fáil chun bonn eolais
a chur faoi phróiseas cinnteoireachta na
saoránach, na ngnóthas agus an Rialtais."**

Cuireann an GCC measúnú atá bunaithe ar fhianaise agus eolas tráthúil ar fáil do na páirtithe leasmhara go léir, le tacú le gníomhú chun an comhshaol a chosaint agus a bhainistiú.

3. EOLAS

3.1 MONATÓIREACHT AGUS MEASÚNÚ

Cáilíocht an aeir

I gcomhar le húdaráis áitiúla agus le comhlachtaí eile, oibríonn an GCC an Líonra Náisiúnta Monatóireachta ar Chaighdeán an Aeir Chomhthimpeallaigh (Fíor 5). Cuireadh sonraí ón líonra ar fáil don phobal trí dheis fheabhsaithe ar láithreán gréasáin an GCC le linn 2020 agus le feidhmíocht a bhfuil feabhas mór air agus tugadh tuairisc orthu i gcomhlíonadh cheanglais na Treorach maidir le hAer Glan don Eoraip (CAFÉ) agus na 4ú Treorach ar leith. Déantar sonraí a mheas i leith luachanna teoranta dlíthiúla Eorpacha agus luachanna threoirlínte na hEagraíochta Domhanda Sláinte (EDS).

Cuireadh tuilleadh leathnú ar an líonra le linn 2020 nuair a cuireadh 18 stáisiún monatóireachta nua leis. Tá an líonra níos mó ná trí huaire chomh mór is a bhí sé i 2017 - 88 stáisiún monatóireachta i gcomparáid le 29 stáisiún i 2017.


Ag an am céanna le Lá Náisiúnta na Scamhóg ar 25 Meán Fómhair 2020, d'fhoilsigh an GCC a tuarascáil bhliantúil ar chaighdeán an aeir in Éirinn le haghaidh 2019. Shocraigh an tuarascáil cé go raibh cáilíocht an aeir in Éirinn go maith den chuid is mó le linn 2019, tá ceisteanna áitiúla ar údar imní iad. Sáraíodh luach teorainn an AE ar an dé-ocsaíd nítrigine bliantúil ag stáisiún monatóireachta tráchta amháin i lár chathair Bhaile Átha Cliath agus bhí truaillithe aeir os cionn threoirlínte na EDS don tsláinte ag stáisiún mhonatóireachta ar fud na hÉireann.

Bíonn tionchar ag caighdeán an aeir ar shláinte daoine agus meastar go bhfaigheann 1,300 duine bás roimh am in Éirinn mar gheall ar thruailliú aeir. Thaispeáin taighde a rinne Feidhmeannas na Seirbhíse Sláinte (FSS) i gcomhar leis an GCC ceangal soiléir idir níos mó daoine a bheith á gcur chuig ospidéal i mBaile Átha Cliath agus stádas dona nó an-dona Innéacs Chaighdeán an Aeir don tsláinte. Ábhar imní atá ag éirí níos práinní ná leibhéil na n-ábhar cáithnínach (cáithníní míne) san aer. Bíonn leibhéil an truailléain sin ard ach go háirithe i rith mhíonna an gheimhridh nuair a bhíonn tionchar diúltach ag úsáid breosláí soladacha mar ghual, mhóin agus adhmaid úr ag


daoine ar chaighdeán an aeir, go háirithe i mbailte beaga agus i sráidbhailte. Má dhéantar gluaiseacht ar bith ar speictream na roghanna um théamh baile agus na roghanna breosla sholadaigh i dtreo modhanna níos glaine (Fíor 6) feabhsófar caighdeán an aeir. Ar an gcaoi chéanna, is féidir tionchar na n-astaíochtaí iompair ar an tsláinte a mhaolú tríd na roghanna cearta iompair a dhéanamh (Fíor 7).



Fíor 5. An Líonra Náisiúnta Monatóireachta ar Chaighdeán an Aeir Chomhthimpeallaigh



Fíor 6. Grafaic fhaisnéise ar cháilíocht an aeir agus gnéithe sláintiúla ar roghanna le tithe a théamh



Fíor 7. Grafaic fhaisnéise ar ghnéithe chaighdeán an aeir agus sláinte na roghanna iompair

Fardail agus réamh-mheastacháin na n-astaíochtaí truailléan aeir

Chuir an GCC sonraí fardail maidir le hastuithe truailléan aeir le haghaidh 2018 agus réamh-mheastacháin astaíochta go dtí 2040 faoi bhráid Choimisiún Eacnamaíochta na Náisiún Aontaithe don Eoraip (UNECE), faoin gCoinbhinsiún ar Thruailliú Aeir Fadraoin Trasteorann (CLRTAP), agus faoi bhráid an AE, de réir na Treorach maidir leis an Teorainn Náisiúnta Astuithe (TNA). Foilsíodh Tuarascáil Astaíochtaí Truaillithe Aeir athchóirithe freisin, ag ceangal sonraí fardail agus réamh-mheastacháin go 2030 agus a thugann roinnt léargais d'úsáideoirí ar na dúshláin maidir le comhlíonadh amach anseo.

Thaispeáin sonraí fardail astaíochtaí truaillithe aeir do 2018 go raibh Éire neamhchomhlíonta arís maidir le astaíochtaí amóinia, agus thug na réamh-mheastacháin le tuiscint gur mar sin a bheadh an scéal go dtí 2030 mura dtabharfaí isteach bearta nua. Is í earnáil na talmhaíochta den chuid is mó a ghineann na hastaíochtaí sin agus cuirfidh an Clár Náisiúnta Sriantha Thruailliú Aeir deiridh, a bhfuiltear ag súil go mbeidh sé foilsithe go luath i 2021, in iúl cén chaoi le hastaíochtaí a mhaolú chun go mbeidh Éire comhlíontach arís.

Cuireann na Réamh-mheastacháin in iúl freisin gur féidir cloí le síleálacha astaíochtaí Ocsaíde Nítrigine NO_x faoin Treoir NEC amach anseo le feidhmiú iomlán an Phlean Gníomhaithe in aghaidh na hAthrú Aeráide, ar a n-áirítear spriocanna uailmhianacha ar fheithiclí leictreachais a scaoileadh amach. Táthar ag tuar go mbeidh beagán neamhchomhlíontachta ann d'astaíochtaí Comhdhúile Orgánaigh So-ghalaithe gan Mheatán (NMVOC) faoi 2030, a thiocfaidh den chuid is mó ó fhoinsí teifeacha agus ó tháirgeadh bia agus dí. Tá seans go mbeidh bearta breise ag teastáil freisin chun astaíochtaí na dtruaillithe sin a mhaolú.

Thug ár bpiaráí san Ionad Clár Measúnaithe agus Monatóireachta Eorpach (EMEP) ar Fhardail agus Réamh-mheastacháin aitheantas do chaighdeán tuairisciú Réamh-mheastacháin agus Fhardail Thruailliú Aeir an GCC i 2020, agus measadh go raibh tuairisciú na hÉireann ar an gceann 'b'iomláine' i 2020.

Comhshaoil Uisceach

Is iad cuspóirí an Chreat-Treoir Uisce (CTU) ná na huiscí go léir a chosaint ag a bhfuil stádas maith nó ard, meath breise na n-uiscí go léir a chosc, agus uiscí dromchla agus screamhuiscí díghrádaithe a thógáil ar ais go stádas maith. Tá freagracht ar an GCC an clár náisiúnta monatóireachta (CTU) a chomhordú agus a chur i bhfeidhm, agus tabhairt faoi mheasúnuithe teicniúla agus eolaíochta atá riachtanach chun cáilíocht an uisce a chosaint agus a fheabhsú, agus tuairisc a thabhairt do AE ar CTU agus gníomhaíochtaí eile a bhaineann le huisce.

Tugann an GCC ceannaireacht teicniúil trína ról mar chathaoirleach ar an nGrúpa Náisiúnta um chur Feidhme Teicniúil (GNFT). Rinne an GCC agus Oifig na nOibreacha Poiblí comhchathaoirleacht i 2020 ar fhoghrúpa de GNFT, a rinne athbhreithniú ar chur i bhfeidhm bearta coinnithe uisce nádúrtha (ar a dtugtar réitigh bunaithe ar an nádúr freisin) in Éirinn, agus thugadar moltaí ina leith. Thug an GCC comhairle theicniúil agus tacaíocht do Chlár Uisce na nÚdarás Áitiúil freisin.

Tá baint ghníomhach ag an GCC le roinnt sainghrúpaí oibre atá faoi cheannas na Roinne Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreacht (RTRÁO). Tá forbairt an chlár beart don tríú timthriall de Phlean Bainistíochta Abhantraí a fhorbairt, an fhéidearthacht a bhaineann le feabhas a chur ar phasáiste éisc in abhainn na Sionainne a mheas, uisce óil a chosaint ag an bhfoinse, agus treoirilnte a fhorbairt leis an CTU a ionchorprú sa chreat pleanála ina measc sin.

Bíonn cruinnithe ag an GCC le Gníomhaireacht Comhshaoil Thuaisceart Éireann (NIEA) le faisnéis a phlé agus a chomhroinnt maidir le monatóireacht, aicmiú agus tuairisciú WFD lena n-áirítear stádas comhlachtaí uisce trasteorann agus úsáid modhanna mearmheasúnaithe.

Tá an GCC rannpháirteach le Coiste Comhairliúcháin Chomhbheartas Talmhaíochta (CAP) na Roinne Talmhaíochta, Bia agus Mara (RTBM) agus le sainghrúpa Níotráite na Roinne agus leanann sé ag obair ar bhealach dearfach leis an Roinn tríothu sin agus trí mheicníochtaí eile. Is é príomhtheachtaireacht an GCC ná go gcaithfear astaíochtaí a théann san uisce ón talmhaíocht a laghdú agus go gcaithfear bearta a chomhtháthú go hidéalach i gcur chuige pleanála uile-fheirm, chun spriocanna cáilíochta uisce, bithéagsúlachta, aeráide, aeir agus comhshaoil eile a bhaint amach.

Cé go raibh roinnt tionchair ag impleachtaí de bharr shrianta Covid-19 ar ghnóthaí, tugadh an clár náisiúnta monatóireachta ar uisce dromchla agus screamhuisce chun críche den chuid is mó le linn 2020. Thug foirne a bhí ag obair de réir threoirilnte sláinte phoiblí fúthu seo a leanas:

- ▲ Suirbhéanna éiceolaíochta ar 1,179 dobharlach abhann, 59 loch agus 88 dobharlach idirchreasa agus cósta.
- ▲ 1,368 sampla bitheolaíochta a bhailiú ó aibhneacha, locha, inbhir agus uiscí cósta agus measúnú a dhéanamh orthu.
- ▲ Anailís cheimiceach ar 12,661 sampla uisce ó aibhneacha, locha, inbhir agus uiscí cósta.
- ▲ Sampláil agus anailís ar thrí bhabhta de shamplaí screamhuisce ó 272 tobar agus fuarán.


D'fhoilsigh an GCC an tuarascáil táscaire ar Cháilíocht an Uisce do 2019, i mí na Nollag 2020. Tugann sé nuashonrú ar cháilíocht an uisce in aibhneacha, locha, uiscí idirchreasa

agus cósta agus screamhuisce ag baint úsáid as eolas a bhailigh siad i 2019. Tugann Fíor 8 achoimre ar thorthaí na Tuarascála Táscaire ar Cháilíocht an Uisce do 2019.

Léiríonn an tuarascáil sin gurb é an phríomhbhagairt do cháilíocht an uisce ná go bhfuil an iomarca cothaitheach ann, cosúil le fosfar agus nítrigin. Den chuid is mó, is as talmhaíocht agus fuíolluisce a thagann na cothaitheach sin. Níl os cionn aon trian dár n-aibhneacha agus aon cheathrú dár lochanna ag baint amach caighdeáin cáilíochta comhshaoil maidir le cothaitheach. Cúis eile imní,

ná go bhfuil tiúchan níotráite inár n-aibhneacha agus screamhuisce ag dul i méid, go háirithe i ndeisceart agus in oirdheisceart na tíre.

Níl ach go díreach os cionn leath de na haibhneacha agus locha ar chaighdeán ard nó caighdeán maith ó thaobh bitheolaíochta de. Léirigh na haibhneacha a ndearnadh suirbhé orthu i 2019 níos mó feabhais ná meath, rud a gcuirimid fáilte roimhe, ach tá gníomhaíocht sprioctha breise ag teastáil chun go mbeadh uiscí ar staid shásúil.



Fíor 8. Táscairí Cáilíochta Uisce 2019

Sa Phlean Bainistíochta Abhantraí 2018–2021 (PBA), a d'fhoilsigh an Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreacht (DHPLG), leagadh amach na bearta a ghlacfaidh Éire chun 'dea-stádas' uisce a chosaint agus a fheabhsú i ndobharlaigh. Tá an PBA dara timthrialla le haghaidh na tréimhse 2018–2021 á chur i bhfeidhm, agus táthar ag ullmhú leis an bplean tríú timthrialla a ullmhú le haghaidh 2022–2027. Thug an GCC measúnú ar na brúnna a bhfuil tionchar acu ar uiscí chun críche le linn 2020 agus cuireadh an t-eolas seo ar fáil go forleathan trí acmhainní ar líne an GCC. Neartaigh an GCC an bonn fianaise freisin i 2020 chun tionchair na talmhaíochta ar cháilíocht an uisce a léiriú agus a chainníochtú agus chuir sé forbairt léarscáileanna chun cinn ar na ceantair is measa chun díriú ar bhearta talmhaíochta.

Mar chuid den mheasúnú ar thionchar na talmhaíochta ar screamhuisce, chuir an GCC Tuarascáil Bhliantúil ar Cháilíocht an Uisce chuig an Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara, agus chuir sé tuarascáil Airteagal 10 den Treoir Níotráite chuig an gCoimisiún Eorpach.

Ligeann an CTU de Bhallstáit aonair a gcuid Caighdeáin Cáilíochta Comhshaoil (CCC) feín a shocrú chun cosaint a thabhairt i gcoinne substaintí a bhfuil imní fúthu ag an leibhéal náisiúnta. Baintear úsáid as na substaintí sin, ar a dtugtar Truailithe Saintréitheacha Abhantraí (RSBP), chun stádas éiceolaíochta dhobharlaigh ar fud na hÉireann a dheimhniú. Thug an Grúpa Náisiúnta um Cheimiceáin Comhshaoil Uisce (NAECG), faoi chathaoirleacht an GCC, athbhreithniú ar liosta Truailithe Saintréitheacha Abhantraí, a socraíodh ar dtús i 2010, chun críche, chomh maith le

staidéar deisce chun iarrthóirí BRSPanna féideartha nua a aithint. Bainfear úsáid as an obair seo, chomh maith le cláir mhonatóireachta i 2021 agus 2022 chun liosta nuashonraithe de RBPanna a fhorbairt d'Éirinn.

D'fhoilsigh an GCC roinnt ailt a bhí athbhreithnithe ag piaraí i 2020, ar ábhair ar nós forbairt innéacsanna measúnaithe nua d'uiscí inbhir: bithéagsúlacht fíoruisce agus an chéad taifeadadh de speiceas chuil Bhealtaine nua in Éirinn. Ina theannta sin, foilsíodh an tacar sonraí náisiúnta ar mhaicrinveirteabraigh san iris eolaíochta 'Nature Scientific Data' chun cur le feachtas agus infhionntacht an tacair sonraí tábhachtach náisiúnta seo.

An Clár Hidriméadrachta

Leanann an GCC de shonraí hidriméadracha a chur ar fáil le tacú le hoibleagáidí náisiúnta agus idirnáisiúnta tuairiscithe, le pleanáil agus bainistíocht acmhainní uisce, bainistíocht rioscaí tuilte, dearadh bonneagair agus réimse leathan gníomhaíochtaí eile.

Rinne an GCC 2,065 measúnacht ar leibhéil screamhuisce agus ar leibhéil uisce dromchla agus/nó sreabhadh i láithreáin ar fud na tíre i rith 2020. Sna measúnachtaí sin díriodh go príomha ar líonra láithreáin an GCC/na n-údarás áitiúil, ach freisin cuimsíodh tomhais spriocdhírthe ar shreabhadh áit a raibh gá le sonraí le haghaidh cuspóirí sonracha. Cuireadh minicíocht na gcuariteanna láithreáin in oiriúint do riachtanais an láithreáin agus d'ínathraitheacht nádúrtha an chainéil abhann. Tá na sonraí ar fáil le híoslódáil trí leathanaigh ghréasáin HydroNet an GCC: www.epa.ie/hydronet/.

Choimeád an GCC an tairseach Clárúcháin Náisiúnta Astarraingthe faoi na rialacháin cláraithe astarraingthe agus rinne na sonraí astarraingthe a chomhtháthú isteach i bpróiseas tréithrithe an CTU. Baineadh úsáid as samhail

"Qube" Hidreathuaslagadh Wallingford chun measúnú a dhéanamh ar bhrú ó astarraingt ar acmhainní uisce ar fud na tíre. Leanann an GCC uirthi ag plé le hionadaithe eanála agus le húdaráis phoiblí chun clárú breise na n-astarraingtí uisce a spreagadh.

Le linn 2020, rinne an GCC na rudaí seo a leanas freisin:


- ▲ d'fhoilsigh sé feachtas hidreaméadrach míosúil chun sonraí leibhéil agus srutha uisce a chur ar fáil don phobal agus do pháirtithe leasmhara.
- ▲ chuir sé rochtain ar fáil d'eolas achoimre ar shruth uisce (sruth peircintíle) i dTairseach Léarscáileanna Uisce an GCC.
- ▲ d'fhoilsigh sé an clárlann is nuashonraithe ar na stáisiúin hidreaméadracha ar fad atá in Éirinn.
- ▲ comhordú ar thomhais sreafa ísle ar fud na tíre le linn an triomaigh i 2020 - úsáideadh na sonraí a bailíodh mar eolas ag an nGrúpa Náisiúnta Comhordaithe Éigeandála i mbainistíocht thionchar an triomaigh;.
- ▲ rinne sé measúnú cóimheá uisce ar an gCanáil Rioga d'Uiscebhealaí Éireann.

Cáilíocht an Uisce Snámha

I rith 2020, d'fhoilsigh an GCC an tuarascáil bhliantúil ar uisce snámha ina ndearnadh measúnú ar thorthaí le haghaidh shéasúr na snámha 2019. Tá sonraí faoi mheasúnuithe ar chaighdeán an uisce snámha do 2019 léirithe i bhFóir 9. Fuair an tuarascáil amach gur chomhlíon 95% de na huiscí snámha (140 as 147) na híoschaighdeán a bhí riachtanach i 2019, nó gur sháraigh siad iad. Is ardú é sin ó 94% i 2018.

D'oibrigh an GCC le húdaráis áitiúla chun a chinntiú go ndéanfaí bainistíocht rathúil ar shéasúr snámha 2020 d'ainneoin na srianta de bharr Covid-19.





Fíor 9. Caighdeán an uisce snámha in 2019

Athrú aeráide

Fardail astaíochta

D'fhoilsigh an GCC sonraí sealadacha ar astaíochtaí gáis ceaptha teasa (GHG do 2019 i mí na Samhna 2020 i dtuarascáil athchóirithe chomh maith le nuashonruithe maidir le rochtain fhorleathan ar acmhainn gréasáin ghás ceaptha teasa an GCC. Thaispeáin na sonraí gur tháinig laghdú de 4.5% ar astaíochtaí gáis ceaptha teasa in Éirinn i 2019, an laghdú bliantúil astaíochta ba mhó ó 2011. Taifeadh laghduithe astaíochta suntasacha do na tionscail fhuinnimh, agus do na hearnálacha talmhaíochta agus cónaitheacha, agus is de bharr laghdú 69% ar an méid guail agus 8% ar an méid móna a úsáideadh i nginniúint leictreachais ba chúis leis. Beidh an leibhéal laghdaithe astaíochta sin, ar a laghad, ag teastáil gach bliain trí na 2020aidí chun Éire a chur ar an mbóthar le todhchaí a bheidh neodrach ó thaobh na haeráide a bhaint amach. D'ainneoin na laghduithe, sháraigh Éire a teorainn bliantúil do 2019 faoi Chinneadh Iarracht Roinnte an AE le beagnach 7 milliún tona coibhése dé-ocsaíd carbóin

(Mt CO₂e), rud a fhágann nach mórán seans go ndéanfar comhlíonadh le linn shaol ré na scéime (2013-2020), fiú le laghduithe suntasacha astaíochta le linn na paindéime.

Réamh-mheastacháin ar astaíochtaí

D'fhoilsigh an GCC réamh-mheastacháin astaíochtaí ghás ceaptha teasa suas go 2040 i mí Iúil 2020. Thug na réamh-mheastacháin le fios gur féidir spriocanna aeráide na hÉireann suas go 2030 faoi Rialacháin Roinnte Iarrachta an AE (ERS) a bhaint amach ach na bearta a bhfuil achoimre orthu i bPlean Gníomhaithe ar son na hAeráide 2019 a chur i bhfeidhm go hiomlán. Ar na bearta tá 1 mhilliún feithiclí leictreacha a bheith ar bhóithre na hÉireann faoi 2030, 70% de ghinniúint leictreachais a fháil ó fhoinsí athnuaite faoi 2030 agus maolú de 16.5 Mt CO₂e in astuithe ó earnáil na talmhaíochta ó 2021 go 2030. Tá gá le bainistíocht talún ábhartha freisin chun an méid is mó bainte is féidir a chur i leith sprioc an AE.

An Clár Eorpach um Scaoileadh agus Aistriú Truailleán

Má tá astaíochtaí nó aistriú dramhaíola saoráide os cionn na dtairseach sonrach ag oibreoir atá i mbun gníomhaíochta PRTR, cuireann an t-oibreoir faisnéis ar fáil don GCC maidir le méid an scaoileadh truailleán chuig an aer, an uisce agus chuig an bhfuíolluisce chomh maith le haistriú dramhaíola lasmuigh den láithreán.

Seoladh na sonraí PRTR don bhliain 2018 chuig an gCoimisiún Eorpach i Márta 2020 agus tá sé foilsithe ar láithreán gréasáin náisiúnta an PRTR. Bailíodh na sonraí do 2019 le linn 2020 agus rinneadh iad a dhearbhu, agus tugadh tuairisc fúthu don Choimisiún Eorpach i mí na Samhna 2020. Seoladh clárann náisiúnta nua PRTR bunaithe ar GIS i 2020: www.gis.epa.ie/EPAMaps/PRTR.

Léiríonn anailís ar shonraí 2019 go raibh méadú tagtha ar líon na saoráidí a bhí ag tuairisciú faoi PRTR. Ar an iomlán bhí laghdú i scaoileadh chuig an aer ó na hoibreoirí sin maidir le truailithe ar nós dé-ocsaíd charbóin, ocsaíd nítrigine, ocsaíd sulfair, ocsaíd nítriúil, amóinia agus ábhar cáithnéach ach tháinig ardú ar scaoileadh meatáin, clóirín, nicil, sárfhluaracarbóin agus hidreaclórafhuaracarbóin. Tháinig méadú ar scaoileadh fosfair, nítrigin, clóiríd, fluairide, lotnaidicíd agus carbón orgánach go huisce – ó ionaid chóireála fuíolluisce móra i gceantair uirbeacha ach go háirithe. Bhí ardú ar aistrithe dramhaíola guaiseach, ar dhramhaíl ghuaiseach a cuireadh thar lear agus a aistríodh laistigh d'Éirinn. Tháinig ardú ar an méid dramhaíola neamhghuaiseach a aistríodh freisin i 2019.

Dramhaíl

Bíonn na sonraí dramhaíola is úire d'Éirinn á gcur ar acmhainn ghréasáin Staitisticí Náisiúnta Dramhaíola an GCC (www.epa.ie/nationalwastestatistics/) le hamharc orthu agus lena n-íoslódáil. Le linn 2020, foilsíodh eisiúintí sonraí ar líne le haghaidh réimse sruthanna dramhaíola, lena n-áirítear dramhaíl bardais, líonta tí, pacáistiú, guaiseach, múiríní, dramhaíl leictreach agus trealamh leictreonach (WEEE), feithiclí ag deireadh a ré chomh maith le dramhaíl tógála agus scartála.

Foilsíodh an *Tuarascáil Achomair na Staitisticí Náisiúnta Dramhaíola do 2018* i Meán Fómhair 2020, agus thug sé achoimre ar na sonraí dramhaíola is deireanaí, agus chuir sé béim ar phríomhthreochta agus ar dhul chun cinn na hÉireann i leith spriocanna an AE.

Ceimiceáin sa chomhshaol

Is é an GCC an foras in Éirinn a bhfuil freagracht air chun réimse reachtaíochta a bhaineann le ceimiceáin sa chomhshaol a chur i bhfeidhm agus ar na tionchair a d'fhéadfadh a bheith leo. Cuimsíonn sé seo Rialachán um Thruailliú Seasmhach Orgánach (POPanna) (Rialachán 2019/1021 an AE) agus Coinbhinsiún Stócólm ar POPanna,

An Rialachán Mearcair Rialachán 2017/852 an AE) an Treoir Péinte (Treoir 2004/42/CE an AE), Treoir an AE um Shrianadh Substaintí Guaiseacha (RoHS, Treoir 2011/65/ AE) agus Rialachán um Fheithiclí ag Deireadh a Ré an AE (Treoir 2000/53/CE).

Cuireadh tús le bailiú eolais agus ardú feasachta le linn 2020 i measc na bpáirtithe leasmhara ábhartha maidir le riachtanais tuairiscithe nua agus feabhsaithe ar POPanna don tréimhse 2019-2020, chomh maith leis an srian le gairid ar PFOA (aigéad sárfhluarochtánóch), faoi Rialachán POPanna an AE agus Coinbhinsiún Stócólm ar POPanna. Tabharfar na dualgais tuairiscithe sin chun críche i 2021.

Tugadh cigireachtaí monatóireachta chun críche maidir le RoHS agus an Treoir Péinte chun a chinntiú go raibh táirgí ábhartha ag cloí le riachtanais na rialachán sin.

Seirbhísí saotharlainne don chomhshaol

Tugann saotharlanna an GCC i gCaisleán an Bharraigh, i mBaile Átha Cliath, i gCill Chainnigh agus i Muineachán faoi anailís saotharlainne chun tacú le cur i bhfeidhm clár monatóireachta, ceadúnú, forfheidhmiú agus an Chreat-treoir Uisce.


Déanann na saotharlanna sin, chomh maith leis an bhfoireann samplála i gCorcaigh monatóireacht, anailís agus tuairisciú ar shamplaí a thógtar chun forfheidhmiú a dhéanamh ag saoráidí ceadúnaithe, chomh maith le hiniúchadh ag láithreáin éanlaith chlóis agus cóireála fuíolluisce. Déanann na saotharlanna anailís freisin ar shamplaí ó aibhneacha, lochanna, screamhuisce agus uiscí idirchreasa & cósta faoi na Cláir Náisiúnta Monatóireachta don CTU. I rith 2020, rinne na saotharlanna raon d'anailís ar 13,866 sampla. Tá líon na samplaí níos ísle na cinn i 2019 (15,976 sampla) rud a léiríonn na dúshláin a bhain le bheith ag obair faoi shrianta Covid-19. Tá briseadh síos ar uimhreacha na samplacha a ndearnadh anailís orthu i 2020 ar fáil i bhFíor 10.

Bhí sé riachtanach roinnt leasuithe a dhéanamh ar an gclár samplála de bharr na srianta a bhain le Covid-19. Cuireadh laghdú de cheann amháin ar mhinicíocht na samplála faoi CTU sna cásanna ar fad (ach amháin i lochanna áit a raibh gá le sampláil a dhéanamh ceithre huaire in aghaidh na bliana). Déantar caighdeán na samplála a dhéanann Údarás Áitiúla a chinntiú go hiondúil trí chlár iniúchta a dhéanann an GCC, ach níorbh fhéidir aon iniúchadh a dhéanamh le linn 2020. Rinneadh athbhreithniú ar chlár monatóireachta fhorfheidhmiú an GCC freisin, agus aithníodh láithreáin tosaíochta, rud a raibh clár le laghdú suntasach déanta air sa réimse seo mar thoradh air.

Rinneadh iniúchadh fíorúil ar na saotharlanna aeir, radaíochta agus uisce i mí Dheireadh Fómhair 2020 de réir cheanglais an chaighdeáin nua ISO 17025:2017 ag Bord

Náisiúnta Creidiúnaithe na hÉireann (INAB). D'aithin an t-íniúchadh rathúil obair an GCC i bhforbairt, cothabháil agus tacaíocht don chóras cáilíochta thar roinnt láithreán.

Lean an obair le clár feabhsúcháin leanúnach na saotharlainne, Lean, i 2020. Tugadh tionscadail Lean, Ceart ar an gCéad Iarraidh (Right First Time) agus Próiseas Fála Tomhaltáin Saotharlainne agus Bainistíocht Fardail, chun críche, agus thugadar tairbhí cinnte maidir le am agus costas a shábháil.



Fíor 10. Líon na samplaí, de réir cineáil, a ndearna saotharlanna uisce GCC anailís orthu i 2020

Monatóireacht ar radaíocht

Seirbhís calabrúcháin uirlisí

Cuireann Seirbhís Chalabrúcháin Ionstraime an GCC seirbhís chreidiúnaithe chalabrúcháin ar fáil le haghaidh réimse uirlisí cosanta ar radaíocht, lena n-áirítear méadair shuirbhéireachta, méadair éillithe agus dáileogmhéadair leictreonacha phearsanta. Tacaíonn sé seo le monatóireacht a dhéanamh ar leibhéil radaíochta agus ar shábháilteacht radaíochta in ionaid oibre do cheadúnaithe agus páirtithe leasmhara i dtionscal, leigheas, cosaint, taighde, rialachán agus freagairt éigeandála.

D'fhan an tseirbhís ar oscailt le linn an fhreagairt phaindéime, agus thug sí faoi 246 calabrú.

Tá an fhoireann ag feabhsú cumas teicniúil na seirbhíse, trí thaighde iarchéime ag an gColáiste Ollscoile, Baile Átha Cliath, ag samhaltú na réimsí radaíochta sa tsaotharlann.

Ghlac an tseirbhís páirt in idirchomparáid méadreolaíochta idirnáisiúnta chomh maith le Líonra SSDL (Saotharlanna Dáileogmhéadrachta Caighdeánacha Tánaisteacha) na Gníomhaireachta Idirnáisiúnta Fuinnimh Adamhaigh.

Seirbhísí radanailíseacha

Tomhaiseann an GCC radaighníomhaíocht i réimse leathan bia-ábhar agus samplaí comhshaoil. Tugtar faoin obair mar thacaíocht do chlár an GCC um monatóireacht ar radaighníomhaíocht chomhshaoil agus ar bhonn conartha do chliaint sheachtracha.

Chuimsigh na seirbhísí radanailíseacha ar conradh don bhliain 2020 na gnéithe seo a leanas:

- ▲ Tástáil ar tháirgí na hÉireann um chomhlíonadh le ceanglais na dtíortha allmhairithe.
- ▲ Tástáil ar uisce óil um chloí le ceanglais Rialacháin na gComhphobal Eorpach.
- ▲ Tástáil ar scrúduithe cuimilte ar tugadh fúthu ar fhoinsí radaighníomhacha chun sceitheadh a aithint.
- ▲ Tástáil ar shamplaí dreideáilte um chloí le ceanglais an Achta ar Dhumpáil san Fharraige 1996, mar atá leasaithe.

Tástáladh 531 sampla ar an iomlán le linn 2020.

Ba é a bhí i gceist leis an gclár monatóireachta radaíochta i 2020 ná sampláil agus tástáil i gcomhair radaighníomhaíochta san aer, in uisce óil, ithir, uisce farraige, feamainn, dríodair, iasc, sliogiasc, cothú measctha agus bia-ábhair eile chomh maith le tomhas leanúnach ar ráta comhthimpeallach na dáileoige gáma i stáisiúin monatóireachta seasta ar fud na tíre.

Lean clár faireachais náisiúnta do radaighníomhaíocht 2017-2022 in uisce óil ar aghaidh i 2020, cé go raibh tionchar ag Covid-19 air (cur isteach ar shampláil údarais áitiúla) agus ag an riachtanas chun an modh Gross Alpha/Beta a úsáid san anailís. Déanfar roinnt soláthairtí/foinsí Uisce Óil Príobháideacha nach ndearnadh tástáil orthu i 2020 a ionchorprú isteach sna blianta atá fanta den chlár.

Rinneadh anailís ar 418 sampla comhshaoil san iomlán le haghaidh clár monatóireachta éagsúil i rith na bliana. Léirigh torthaí na monatóireachta sin cé go bhfuil leibhéil na radaighníomhaíochta i dtimpeallacht na hÉireann inbhraite fós, tá siad íseal agus ní mór an baol iad do shláinte an duine.

Freisin tacaíonn an GCC le tionscal an bhia agus na talmhaíochta in Éirinn trí mheasúnacht ar stádas na radaighníomhaíochta i mbianna Éireannacha. Tá an mheasúnacht sin mar bhonn chun radaighníomhaíocht a dheimhniú i dtáirgí le honnmhairiú tar éis thimpiste Chernobyl i 1986. Ba é an líon teastas táirge a eisíodh i 2020 ná 3,727.

An Líonra Náisiúnta Monatóireachta Radaíochta

Déantar an Líonra Náisiúnta Monatóireachta Radaíochta (NRMN) a choimeád mar chuid de fhreagrachtaí an GCC faoin bPlean Náisiúnta Éigeandála do Nochtadh Núicléach agus Raideolaíoch. Tá cúig mhonatóir déag ar an ráta dáileoige sa líonra faoi láthair a sheolann sonraí gníomhacha chuig suíomh gréasáin an GCC, an Coimisiún Eorpach agus an Ghníomhaireacht Idirnáisiúnta don Fhuinneamh Adamhach. Déanann cúig ghléas réimse an radaighníomhaíocht a ghabhann scagairí aeradóil a thomhas agus sonraí gníomhacha a sheoladh chuig an GCC. Bhainfí úsáid as na sonraí sin i gcás teagmhais núicléach nó raideolaíochta thar lear. Tá seacht samplóir aeradóil agus deich samplóir báistí sa bhreis ann a dhéanann samplaí a bhailiú i rith an ama le go ndéanfar anailís as líne orthu i saotharlanna an GCC.

Leanadh le athfhorbairt an NRMN i 2020, leis an gcéad bhaisc de shamplóirí aeradóil ísealtoirte. Déanfar tóireadóirí ráta dáileoige Gáma a sheachadadh chun iad a úsáid i 2021. Cuireadh samplóir aeradóil nua ard-toirte isteach in Institiúid Teicneolaíochta Phort Láirge mar chuid de thionscadal NRMN - cuireann sé sin le samplóir atá socraithe sa Cholaíste Ollscoile, Baile Átha Cliath cheana féin. Rinneadh dul chun cinn freisin ar na comhaontuithe le húinéirí na láithreán a bhfuil gá leo a chur i bhfeidhm do 23 láithreán NRMN.



Samplóir aeradóil nua ard-toirte socraithe isteach in Institiúid Teicneolaíochta Phort Láirge



Tóireadóir ráta dáileoige gáma grianchumhachtaithe glúin nua ar thástáil ag GCC Baile Átha Cliath

Radaíocht neamhianúcháin

D'fhorbair an GCC clár Náisiúnta Monatóireachta tar éis comhairliúcháin poiblí, do Radaíocht Neamhianúcháin (NIR) laistigh den réimse 0 Hz go 300 GHz, le linn 2020. Tugtar Réimsí Leictreamaighnéadacha (RLM) ar an raon minicíochta sin go coitianta. Tacaíonn an clár monatóireachta le ról comhairleach an GCC maidir le nochtadh poiblí do EMF atá sannta dó faoi SI Uimh 190 de 2019. Déanfaidh an clár nochtadh an phobail do EMF a mheas trí na gnáthleibhéil nocht a fhaightear sa timpeallacht gach lá in Éirinn a dheimhniú, go háirithe sna ceantair sin le daonra agus/nó líon na gcustaiméirí ard. Is é an cuspóir atá leis ná bonnlíne a bhunú do leibhéil EMF in Éirinn agus go ndéanfaidh sé tionchar shocrú na dteicneolaíochtaí teileachumarsáide nó an bhonneagair leictreachais nua a mheas thar am.

Níor cruthaíodh éifeachtaí díobhálacha sláinte ar bith mar gheall ar theacht faoi EMF ar leibhéil níos lú ná iad a thugtar i dtreoirínte idirnáisiúnta, faoi mar atá leagtha amach ag an gCoimisiún Idirnáisiúnta um Chosaint ar Radaíocht Neamhianúcháin (ICNIRP). Tá tacaíocht á tabhairt ag an Eagraíocht Dhomhanda Sláinte agus an Coimisiún Eorpach do threoirínte an ICNIRP. D'fhoilsigh ICNIRP moltaí nuashonraithe ar EMF radaimhinicíochta (RF EMF) a chlúdaíonn an réimse minicíochta a samhlaítear do 5G, le linn 2020.

Níltear ag súil le go dtiocfaidh méadú ar theacht an phobail faoi réimsí leictreamaighnéadacha ar leibhéil atá gar do na luachanna atá tugtha ag an gCoimisiún Idirnáisiúnta um Chosaint ar Radaíocht Neamhianúcháin de thoradh ar an bhfeidhm atá á baint as teicneolaíochtaí 5G ar fud na hÉireann. Is iad sásanna láimhe fóin soghluaiste an fhoinsé is suntasaí do nochtadh poiblí ar réimsí leictreamaighnéadacha radaimhinicíochta (RF-EMF) mar go mbíonn an nochtadh i bhfad níos airde go hiondúil seachas mar a thagann ó fhoinsí eile RF-EMF ar nós stáisiúin bunáite nó crann fóin soghluaiste. Chuir an GCC ábhar faoi

shásanna láimhe fóin soghluaiste agus sláinte lena láithreán gréasáin, agus ar 5G le linn 2020. <http://www.epa.ie/radiation/emf/health/>

Monatóireacht agus Tuairisciú ar Éiceachórais

Sa Treoir athbheithnithe um Uasteorainneacha Astaíochtaí Náisiúnta (NEC) (2016/2284), ceanglaítear ar na Ballstáit a áirithiú go ndéanfar monatóireacht ar na hiarmhairtí diúltacha ar éiceachórais de thoradh ar aerthruailliú. Caithfear an mmonatóireacht sin a bhunú ar líonra suíomhanna atá ionadaíoch do ghnáthóga úruisce, nádúrtha agus leath-nádúrtha agus do chineálacha éiceachórais foraoise, agus cur chuige a chur i bhfeidhm a bheidh cost-éifeachtúil agus bunaithe ar riosca. Aithníodh go raibh líonra foirmiúil in easnamh sa Treoir athbheithnithe um Uasteorainneacha Astaíochtaí Náisiúnta ar fud na hEorpa, agus gur gá líonra fadtéarmach a chur ar bun d'fhonn measúnú díreach a sholáthar ar iarmhairtí an aerthruaillithe ar éiceachórais.

Tugadh faoi staidreamh scóipe cuimsitheach i 2020 chun an fhairsinge a bhfuil gá leis ar líonra monatóireachta a aithint a thabharfaidh sonraí daingne ar thionchar thruailliú aeir ar ghnáthóga leochaileacha in Éirinn, ar nós portaigh ardaithe agus bratphortaigh, tailte féaraigh agus fraochmhánna. Tá an líonra atá molta bunaithe ar na sineirgí atá ann a úsáid le gníomhaíochtaí monatóireachta éiceachórais a dhéanann an GCC agus eagraíochtaí eile ar nós an tSeirbhís Páirceanna Náisiúnta agus Fiadhúlra, an Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara agus lucht acadúil. Díreoidh an líonra atá molta ar mmonatóireacht a dhéanamh ar thionchair shil-leagan nítrigine (ó thalmhaíocht den chuid is mó) ar ghnáthóga nádúrtha leochaileacha, mar go meastar go bhfuil tionchar ag sil-leagan nítrigine ar ós cionn 20% de ghnáthóga cosanta i láthair na huaire, rud atá os cionn na rátaí sil-leagan chriticiúla atá sonraithe.

Torann

Cuirtear an Treoir um Thorann Timpeallachta (END) i bhfeidhm trí S.I. Uimh. 549 de Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Torann Timpeallachta) 2018. Is í an aidhm atá

leis na rialacháin sin ná na héifeachtaí díobhálacha atá ag torann timpeallachta a sheachaint, a chosc nó a laghdú trí léarscáileanna torainn straitéiseacha a ullmhú agus pleananna gníomhaíochta torainn a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm. Déanann na rialacháin sin feidhmeanna maoirseachta, comhairleach agus comhordaithe a shannadh don GCC maidir le mapáil torainn agus gníomhaíocht a phleanáil ar thorann.

Tugann an GCC an Grúpa Stiúrtha Cuir Deireadh le Torann (END Noise Steering Group) le chéile, a chuimsíonn páirtithe leasmhara ábhartha ar a bhfuil NMBanna. Bhí trí chruinniú ag an nGrúpa seo i 2020. Is fóram tábhachtach é an Grúpa seo le comhordú a dhéanamh ar fheidhmiú rialacháin END. Ina theannta sin, bhunaigh an DECC an grúpa Mapála Straitéisigh Torainn (SNM) agus cuimsíonn sé an GCC, Cumann Bainisteoirí Contae agus Cathrach (CCMA), An Ghníomhaireacht Bainistíochta Rialtais Áitiúil, Bonneagar Iompair Éireann agus An Oifig um Bainistiú Bóithre chun forbairt na riachtanais conartha éagsúla a bhfuil gá leo a bhrú chun cinn chun a chinntiú gur féidir bailiú agus samhlú sonraí do Bhabhta 4 a chur i bhfeidhm i 2021 chun tuairisciú ar léarscáileanna a chinntiú faoi mhí na Nollag 2022.

Éilítear ar údarais áitiúla tuairisc a thabhairt ar dhul chun cinn gach bliain maidir le cur i bhfeidhm na bpleananna gníomhaíochta torainn (NAPanna) (ó Bhabhta 3). Rinne an GCC athbheithniú ar na tuarascálacha bliantúla NAP ar fad a cuireadh isteach chuige i 2020 agus thug sé aiseolas d'údarais áitiúla éagsúla ar roinnt réimsí a raibh gá iad a fheabhsú. Mar sin féin, eisíodh fógraí faoin Acht fán GCC, 1992, arna leasú, chuig trí údarás áitiúil faoi gur theip orthu NAP a chur isteach, d'ainneoin é a mheabharrú dóibh.


Is é an GCC an tIonad Tagartha Náisiúnta (NRC) ar Thorann in Éirinn agus ghlac sé páirt ag an gcrúinniú NRC a bhí ag an nGníomhaireacht Eorpach Comhshaoil (EEA) i 2020, áit ar tuairiscíodh an dul chun cinn ar NAPanna in Éirinn. Tá an GCC ag glacadh páirt i dtionscadal faoin 'Treoir Spreag' ('Inspire Directive') agus ó éilimh ón EEA (grúpa NRC) leanúint le feabhas a chur ar thuairisciú Inspire feadh na dtacar sonraí ar fad.

In 2018 d'fhoilsigh an Eagraíocht Dhomhanda Sláinte (EDS) Treoirínte Torainn Comhshaoil do Réigiún na hEorpa i 2018. Leagann sé amach an chaoi a bhfuil truailliú ó thorann ag méadú inár gcathracha agus bailte móra, go háirithe ó fhoinsí iompair amhail trácht bóthair, iarnróid, agus aerárthaí.



World Health Organization

Éilíonn reachtaíocht in Éirinn go ndéanfaí léarscáileanna torainn straitéiseacha a fhorbairt gach 5 bhliana. Leagann na léarscáileanna amach an nochtadh torainn i gceantar áirithe ó fhoinsí torainn ar leith. Ar na foinsí sin tá mórghóithre, iarnróid mhóra, aerfoirt mhóra & ceirtleáin mhóra.



Tá Pleananna Gníomhaíochta Torainn deartha chun na ceisteanna agus tionchair thorainn sin a bhainistiú (réimse tosaíochta chun gnímh), agus torann comhshaoil a chosc agus a laghdú.

Tá bainistíocht éifeachtach an chomhshaoil á stiúradh ag an eolaíocht go méadaitheach. Tá an GCC ag cruthú an eolais agus an tsaineolais le brúnna a aithint, bonn eolais a chur faoi bheartas agus réitigh ar dhúshláin chomhshaoil a fhorbairt trína chlár taighde.

3.2 TAIGHDE

Tá bainistíocht éifeachtach an chomhshaoil á stiúradh ag an eolaíocht go méadaitheach. Tá an GCC ag cruthú an eolais agus an tsaineolais le brúnna a aithint, bonn eolais a chur faoi bheartas agus réitigh ar dhúshláin chomhshaoil a fhorbairt trína chlár taighde.

Tá freagracht reachtúil ar an GCC as taighde comhshaoil in Éirinn a chomhordú. Is mór an cuidiú é an taighde seo ionas go ndéanfaidh Éire na hoibleagáidí idirnáisiúnta atá ar an tír ag leibhéal an AE agus na Náisiún Aontaithe a shásamh, agus chun dul i ngleic leo, sna réimsí seo: an t-athrú aeráide, cáilíocht an uisce, cáilíocht an aeir, an inbhuanaitheacht, sláinte agus an comhshaoil, agus an bhithéagsúlacht.

Dámhachtainí nua i 2020

Bronnadh dámhachtainí ar thrí mholadh i 2020. Chuimsigh siad sin dhá dhámhachtain Aeráide (gealltanais iomlán de €798k) agus dámhachtain amháin Uisce (gealltanais iomlán de €1.5 milliún). Rinneadh an tSeirbhís Páirceanna Náisiúnta agus Fíadhúlra (SPNF) agus an Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara (RTBM) cómhaoiniú air.

Ina theannta sin:

- ▲ Bronnadh seacht ndámhachtain maidir le tacaíocht an GCC don mheasúnú Cúig bliana ar Thaighde Aeráide (gealltanais iomlán de € 1.4 milliún).
- ▲ Bronnadh seacht ndámhachtain i 2020 maidir le Glao Fiontair Ghlais 2020 an GCC (gealltanais iomlán de € 381k), agus bronnfar péire breise go luath i 2021.
- ▲ Bronnadh 15 deontas tacaíochta comhthionóil d'imeachtaí a chuireann taighde comhshaoil de chuid na hÉireann os comhair an phobail.

Bainistíocht agus cumarsáid taighde

Bhainistigh an GCC 230 tionscadal taighde leanúnach i 2020 (ag mí na Nollag 2020) agus d'fhoilsigh sé 54 tuarascáil taighde nua, chomh maith le tacar le cur le Tuarascáil Taighde GCC 358 agus Tuarascáil 2019 CRCG ar Ghníomhaíochtaí. Tá siad sin liostáilte in Aguisín 6.3 agus tá siad ar fáil le híoslódáil ar láithreán gréasáin an GCC:

www.epa.ie/publications/research/



Tugadh isteach na nuálaíochta seo a leanas i 2020:

- Nuachtlitir Foilseacháin Míosúil a eisiúint; agus
- Físeáin ghearra dhá nóiméad le roinnt tuarascálacha roghnaithe eisithe (eisiódh 28 i 2020).

D'eagraigh An GCC comhsheimineár GCC-FSS (Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte) chun a gcuid torthaí a thabhairt amach (féach: www.epa.ie/publications/research/environment--health/Final_Brochure_Protecting-and-developing-Ireland's-GB-spaces.pdf) de na tionscadail cómhaoinithe ag an GCC-FSS ar an gcomhshaol agus sláinte (bhí thart ar 180 duine i láthair ar an lá).

Tá taifeadadh den seimineár le fáil ag: www.youtube.com/watch?v=BbWwcp4nlzE.

Ullmhúchán ar Chreat Taighde nua 2030 an GCC

Rinneadh dul chun cinn ar an ullmhúchán ar Chreat Taighde nua an GCC le linn 2020. Tugadh faoi phróiseas comhairliúcháin fhorleathan, a chuimsigh: (i) suirbhé ar líne in Eanáir 2020 le 295 aighneacht; (ii) comhairliúchán le na Grúpaí náisiúnta Comhordaithe Taighde, (iii) ceardlann fhíorúil Taighde GCC i dTreo 2030 - Creat do Chláir Taighde ar an gCéadaoin 28 Deireadh Fómhair 2020 le os cionn 200 duine i láthair, chomh maith le (iv) Comhairliúchán Poiblí ocht seachtaine (www.epa.ie/publications/research/communicating-research/draft-epa-research-2030-framework.php).



Protecting and developing Ireland's green and blue spaces to benefit our health and wellbeing

Human health protection is a fundamental aspect of environmental protection. Our health is impacted by the air we breathe, the water we drink, the noise levels we experience, the food we eat, the spaces we spend time in, and our sense of wellbeing.

Research can provide the evidence needed to help government and others in making decisions and investments to protect and develop our green and blue spaces for the health and wellbeing of Ireland's citizens. Green and blue spaces include, for example, urban parks, coasts, lakes and rivers, forests and bogs.

In 2015 the Environmental Protection Agency (EPA) and the Health Service Executive (HSE) jointly funded a research call to support the implementation and goals of Healthy Ireland, the national framework for action to improve the health and wellbeing of the people of Ireland. These goals are to:

- increase the proportion of people who are healthy at all stages of life.
- reduce health inequalities.

- protect the public from threats to health and wellbeing.
- create an environment where every individual and sector of society can play their part in achieving a healthy Ireland.

Three research projects were funded:

- **GBI-Health:** Green and Blue Spaces and Health: A Health-led Approach, led by Maynooth University.
- **Eco-Health:** Ecosystem Benefits of Green Space for Health, led by University College Dublin.
- **NEAR Health:** Nature and Environment to Attain and Restore Health, led by National University of Ireland, Galway.

Their findings build an evidence base on the environmental determinants of health and wellbeing and provide novel toolkits to build capacity, develop and transform knowledge for communities, policy-makers and practitioners. The three projects examined the inextricable link between planetary health and human health. They investigated in different ways the value of green and blue spaces as part of Ireland's essential health infrastructure.

Access to nature, specifically to green and blue spaces, contributes significantly to our physical health (playful places), our mental wellbeing (as restorative or restorative places) and reconnects us with nature while helping to future-proof society in the face of wider environmental risks. These benefits emphasise the need for a multidimensional policy response for green and blue space creation, maintenance, restoration and protection.


Protecting and developing Ireland's green and blue spaces to benefit our health and wellbeing p1

Tá ceithre Mhol Taighde atá Ceangailte le Chéile molta faoi Chreat nua Taighde 2030 an GCC:

- Aghaidh a thabhairt ar Riachtanais Fhianaise an Athrú Aeráide.
- Comhshaol Sláintiúil a Sheachadadh.
- Ár gComhshaol Nádúrtha a Chosaint agus a Athchóiriú.
- Geilleagar Ciorclach agus Glas a Éascú.

Naisíúnta

Bhí Taighde GCC gníomhach i ngníomhaíochtaí náisiúnta maidir le Nuálaíocht 2020 – straitéis chúig bliana na hÉireann faoi thaighde agus forbairt, eolaíocht agus teicneolaíocht. Leagtar amach plean oibre i Nuálaíocht 2020 don dul chun cinn leanúnach ionas go mbainfear amach an sprioc go mbeidh Éire ina ceannaire nuálaíochta domhanda, ag cur eacnamaíocht inbhuanaithe agus sochaí níos fearr chun cinn.



Comhordú taighde

Tá trí ghrúpa náisiúnta ag an GCC le taighde a chomhordú a bhíonn ag díriú isteach ar inbhuanaitheacht, uisce agus aeráid. Déanann na líonraí sin: comhordú agus sineirgí idir eagraíochtaí ábhartha trasearnála maoinithe a éascú agus a chur chun cinn, bearnaí eolais a shainaithint, chomh maith le deighilt agus/nó dúbláil a laghdú sa taighde comhshaoil in Éirinn. Tháinig na grúpaí comhordaithe taighde le chéile trí huair le linn 2020, agus bhí cruinniú breise ag an nGrúpa Comhordaithe Taighde Aeráide.

D'fhoilsigh an GCC an dara tuarascáil bhliantúil ar ghníomhaíochtaí (2019) i mí an Mheithimh 2020 don Ghrúpa Comhordaithe Taighde Aeráide: www.epa.ie/publications/research/climate-change/climate-research-coordination-group-second-report-on-activities.php



Tuarascáil ar an Measúnú Cúig Bliana ar Thaighde Athrú Aeráide

Tá an GCC ag brú sheachadadh an chéad thuarascáil mheasúnaithe cúig bliana (5YAR) chun tosaigh. Cuirfidh sé sin (i) measúnú údarásach ar ár dtuiscint ar athrú aeráide bunaithe ar thaighde eolaíochta agus breathnóireacht chórasach in Éirinn, agus ar anailís nasctha de chuid an AE agus domhanda, mar a chuireann an Painéal Idir-rialtas ar Athrú Aeráide (IPCC) ar fáil agus (ii) eolas achomair ar féidir leis bonn eolais a chur faoi chinnteoireacht ar ghníomhaíochtaí ar son na haeráide. Tabharfaidh sé an bealach freisin chun easnaimh taighde agus tosaíochtaí maidir le ceistanna a aithint agus bonn eolais a chur faoi infheistíocht náisiúnta i dtaighde.

Rinneadh dul chun cinn suntasach i 2020 chun soláthar na tuarascála seo a bhrú chun tosaigh agus cuirfear ar fáil é i sraith imleabhar téamacha le tuarascáil sintéise uileghabhálach. Tabharfaidh siad sin aghaidh ar; tuiscint bhunúsach eolaíochta, baint amach neodracht aeráide, Éire a bheidh seasmhach ó thaobh na haeráide, agus deiseanna a thagann ón aistriú agus ón mbunathrú a theastaíonn.

Comhpháirtíochtaí straitéiseacha

Bronnadh seacht scoláireacht i 2020 mar chuid de Scéim larchéime na Comhairle um Thaighde in Éirinn-GCC 2019/2020. Bronnadh dhá dhámhachtain i 2020 mar chuid de dhámhachtainí Fullbright-GCC 2019/2020. Rinne an GCC cómhaoiniú ar ceithre dhámhachtain faoi Ghlaio na Roinne Talmhaíochta, Bia agus Mara 2019 agus cúig cinn faoi Chlár FSI Teorainneacha don Todhchaí.

Eisíodh an tuarascáil dheireanach ó Chéim 2 de Chreatlach Thaighde an GCC agus na Institiúide Taighde Eacnamaíochta agus Sóisialta i 2020. (www.epa.ie/publications/research/environment-health/research-358-research-on-the-environment-health-consumer.php).



Faomhadh Céim 3 den Chomhpháirtíocht Straitéiseach idir an GCC agus an Institiúid Taighde Eacnamaíochta agus Sóisialta (ESRI), agus cuireadh deich dtionscadal bhreise nua léi.

Cuireadh Creat Taighde nua idir an GCC agus an Foras Riaracháin Phoiblí ar bun go déanach sa bhliain 2019, agus áiríodh leis tionscadal atá dírithe ar Rialachas Trialach maidir le Struchtúir agus Próisis Rialachas Uisce Éireann.

Naisc idirnáisiúnta

Tá an GCC go fóill ina ról mar Thoscaire Náisiúnta agus Pointe Teagmhála le tacaíocht a thabhairt do thaighdeoirí agus iad ag ullmhú tograí faoi chlár an AE 'Fís 2020 Dúshlán Sochaíoch 5'. Tugann torthaí Chlár Oibre 2020 le fios gur tarraingíodh anuas níos mó ná €4.8 mhilliún le haghaidh taighdeoirí Éireannacha in 2020, rud a fhágann gur €31 milliún a tarraingíodh anuas san iomlán ó cuireadh tús le Fís 2020.

In 2020, lean an GCC dá rannpháirtíocht sna Tionscnaimh Cláir Nasctha um Aeráid agus Uisce, sa chlár taighde radaíochta CONCERT agus sa líonra BiodivERsA.

Chomh maith leis sin, ghlac an GCC páirt sa chlár cúig ghníomhaireacht, ShARE 5. Is creat solúbtha é ShARE le haghaidh taighde agus comhoibriú fianaise idir an cúig ghníomhaireacht comhshaoil in Éirinn agus sa Ríocht Aontaithe.




Eolas saincheaptha a chur ar fáil go tráthúil chun freastal ar shainriachtanais grúpaí páirtithe leasmhara.

3.3 EOLAS TRÁTHÚIL AGUS INROCHTANA

An bailiú sonraí agus an bhainistíocht agus anailís ar shonraí a dhéanann an GCC, tugann siad sin éifeachtúlacht don GCC agus dóibh siúd atá á rialáil aige. Déanann an GCC monatóireacht agus tuairisciú ar chomhshaol na nÉireann agus ar eintitis rialáilte, a chuireann leis na feidhmeanna bailithe sonraí atá aige. Cuireann an GCC faisnéis neamhspleách ar fáil atá bunaithe ar thaighde, agus déanann siad amhlaidh ar bhealach oscailte follasach, a chuireann bonn eolais faoin gcinnteoireacht a dhéanann réimse leathan páirtithe leasmhara, lena n-áirítear an rialtas, eagraíochtaí neamhrialtasacha, gníomhaireachtaí stáit, earnáil na tionsclaíochta, agus an pobal. Cuirtear faisnéis ar fáil go tráthúil ar bhealach tráthúil agus sothuigthe, áiseanna ar líne den chuid is mó.

Tuairisc ar Staid an Chomhshaoil

Tugadh an seachtú tuairisc de chuid an GCC ar Staid an Chomhshaoil chun críche nuair a foilsíodh www.epa.ie/publications/monitoring--assessment/assessment/state-of-the-environment/irelands-environment-2020---an-assessment.php i Samhain 2020. Thug torthaí na tuairisce le fios nach bhfuil caighdeán foriomlán chomhshaoil na hÉireann san áit ar chóir dó a bheith, agus nach bhfuil cuma dhearfach ar a bhfuil i ndán dó mura gcuirimid dlús le feidhmiú réiteach i ngach earnáil agus sa tsochaí i gcoitinne.



Áiseanna ar líne

Comhshaol na hÉireann

Cuireann acmhainn
Chomhshaol na
hÉireann (www.epa.ie/irelandsenvironment) sonraí
comhshaoil ar fáil ar ardán

soláimhsithe. Rinneadh an acmhainn ghréasáin sin a nuashonrú go rialta i rith 2020. Soláthraíodh sonraí nua ó thuairiscí foilsithe, lena áiríodh an tuairisc Staid an Chomhshaoil a fhoilsítear gach ceithre bliana, ar na táscairí comhshaoil agus na leathanaigh faisnéise. Tá faisnéis ar fáil i bhformáidí sothuigthe, físeáin, cairteacha, grafaicí faisnéise agus bileoga eolais san áireamh, iad curtha le chéile faoi ocht dtéama i réimse an chomhshaoil: aer, aeráid, uisce, dramhaíl, dúlra, talamh agus ithir, comhshaol agus folláine, agus eacnamaíocht inbhuanaithe.

Cáilíocht an aeir


Rinneadh uasdátú ar leathanaigh ghréasáin an GCC a bhaineann le cáilíocht an aeir (www.epa.ie/air/quality) in 2020 chun tuilleadh faisnéise maidir le cáilíocht an aeir san fhíor-am a thaispeáint, an fhaisnéis sin faighte ón líonra náisiúnta monatóireachta, atá leathnaithe go mór. Áirítear ar an acmhainn ghréasáin seo Innéacs Cáilíocht Aeir don tSláinte (AQIH), a aistríonn sonraí tomhaiste chuig scála a chuireann in iúl chomh maith nó chomh holc is atá cáilíocht an aeir. Tá an scála nasctha le comhairle sláinte don phobal agus dóibh siúd atá leochaileach maidir le droch-cháilíocht aeir. Anuas ar an láithreán gréasáin, chuir an fotha @ EPAirQuality faisnéis suas chun dáta ar fáil don phobal go leanúnach maidir le cáilíocht an aeir ina réigiún AQIH.

Leanadh de shonraí fíor-ama a chur ar fáil le haghaidh truailléin aeir roghnaithe don Ghníomhaireacht Eorpach Comhshaoil (EEA) lena dtaispeáint ar léarscáileanna cáilíochta aeir na hEorpa.

Fardail agus meastacháin ar astaíochtaí

Mar leathnú ar an obair a rinneadh in 2019, nuair a sheol an GCC acmhainn ghréasáin nua maidir le hastaíochtaí gás ceaptha teasa (www.epa.ie/ghg), rinneadh na príomhthuairiscí achoimre a athchóiriú in 2020 chun iad a dhéanamh níos éasca le fáil agus le léamh. Rinneadh amhlaidh don tuairisc faoi astaíochtaí Truailléin Aeir i mí an Mheithimh, agus ina dhiaidh sin, do na Meastacháin Ghás Ceaptha Teasa i mí Iúil, agus ar deireadh, don Fhardal Ghás Ceaptha Teasa i mí na Samhna. Mar thoradh ar an athchóiriú sin, tá stíl leanúnach stuama sna trí fhoilseachán ina n-iomláine. Rinneadh an acmhainn ghréasáin gás ceaptha teasa a nuashonrú tuilleadh ar mhaithe le rochtain, is é sin, rinne saineolaithe inrochtaineachta measúnú uirthi agus athscríobhadh í bunaithe ar an aiseolas sin. Ar deireadh, cruthaíodh roinnt beochaintí gearra lena gcur in

éineacht leis na tuairiscí ar gháis ceaptha teasa; cuimsíodh buaisphointí agus teachtaireachtaí tábhachtacha sna beochaintí sin agus ba shaineolaithe ar an ábhar a rinne



Staitisticí náisiúnta ar dhramhaíl

I Meán Fómhair 2020,

foilsíodh *Tuarascáil*

Achomhair Staitisticí Náisiúnta

Dramhaíola 2018, ina

ndearnadh achoimre ar na sonraí dramhaíola is déanaí agus inar díriodh aird ar na príomhthreochtaí agus ar dhul chun cinn na hÉireann i dtreo spriocanna an AE a bhaint amach. Bíonn na sonraí dramhaíola is úire d'Éirinn á gcur ar acmhainn ghréasáin Staitisticí Náisiúnta Dramhaíola an GCC (www.epa.ie/nationalwastestatistics/) le hamharc orthu agus lena n-íoslódáil. Le linn 2020, foilsíodh eisiúintí sonraí ar líne le haghaidh réimse sruthanna dramhaíola, lena n-áirítear dramhaíl bardais, líonta tí, pacáistíú, guaiseach, múiríníú, dramhaíl leictreach agus trealamh leictreonach (WEEE), feithiclí ag deireadh a ré chomh maith le dramhaíl tógála agus scartála.



Radón

Is é an GCC go príomha a thugann eolas agus treorú do pháirtithe leasmhara maidir le gás radóin. Le linn 2020, bhí comhairle chuiditheach chuntach phraiticiúil ar fáil ar an acmhainn ghréasáin i dtaca le radón (www.epa.ie/radon) a bhain le tástáil agus leasúchán radóin do shealbhóirí tí, gnólachtaí agus gairmithe tógála. Breathnaíodh ar leathanaigh a bhaineann le radón níos mó ná 100,000 uair le linn 2020. Lena chois sin, tá uimhir shaorghlao le comhairle a fháil faoi radón á cur ar fáil ag an GCC 24 uair an chloig sa lá, seacht lá sa tseachtain.



Comhshaol Uisceach

Tá foinse aonair sonraí agus faisnéise maidir le cáilíocht an uisce in Éirinn á cur ar fáil fós ar an suíomh gréasáin poiblí atá ag an gCreat-Treoir Uisce (WFD) (www.catchments.ie). Tá léarscáileanna, deaiseanna, treochtaí agus cairteacha ar fáil go poiblí i dtaca le beagnach 5,000 comhlacht uisce. Seolann an GCC an nuachtlitir 'Catchments Newsletter' chuig breis agus 3,000 síntiúsóir ríomhphoist, grúpaí áitiúla agus daoine aonair. Cuirtear ailt on nuachtlitir chun cinn freisin trínár gcainéil mhéan sóisialta. Tá na sonraí is déanaí faoi cháilíocht an uisce fós á soláthar ag an GCC, lena n-áirítear cáilíocht an screamhuisce in Éirinn. Is féidir na sonraí a íoslódáil trí Geothairseach an GCC: www.gis.epa.ie/GetData/Download



Leibhéil agus Sreabhadh Uisce

Cuireann an GCC sonraí hidriméadracha ar fáil maidir le sreafaí abhann agus leibhéil lochanna agus screamhuisce chun tacú le hacmhainní uisce, bainistíocht riosca i gcás tuilte agus roinnt gníomhaíochtaí eile. Tá na sonraí ar fáil le léamh agus le híoslódáil ar leathanaigh ghréasáin HydroNet an GCC: www.epa.ie/hydronet/. Ina theannta sin, sa bhliain 2020, sholáthar an GCC meastacháin ar shreabhadh aibhneacha i ndáil le dobharcheantair neamhthomhaiste. Tá staitisticí achoimre ar fáil le hamharc orthu agus lena n-íoslódáil trí Thairseach Mapaí Uisce an GCC: www.gis.epa.ie/EPAMaps/



I mí na Bealtaine 2020, chuir an GCC tús le Feasachán Hidriméadrach Náisiúnta míosúil a fhoilsiú. Is achoimre fhíorasach é an feasachán ar shreafaí aibhneacha, leibhéil

lochanna agus leibhéil screamhuisce le haghaidh sampla de stáisiúin hidriméadracha uisce dromchla agus screamhuisce ar fud na hÉireann. Tá mapaí san fheasachán freisin ina léirítear comparáid idir sreafaí agus leibhéil na stáisiún ar fud na tíre agus na meánluachanna don mhí: www.epa.ie/our-services/monitoring--assessment/freshwater--marine/rivers/monthly-hydrology-bulletin/

Uisce óil

Is éard atá i Liosta Gníomhartha Feabhsúcháin (RAL) an GCC ná liosta de na soláthairtí uisce phoiblí a mbaineann na fadhbanna is measa leo. Ní mór gníomhaíocht a dhéanamh ag na soláthairtí chun an baol a d'fhéadfadh a bheith ann ar cháilíocht an uisce a laghdú. Déantar uasdátú ar an RAL gach ráithe (www.epa.ie/publications/compliance--enforcement/drinking-water/epa-drinking-water-remedial-action.php) agus tugtar suíomh gach soláthair, an chúis a bhfuil an soláthar sin ar an RAL agus an dáta beartaithe faoina mbeidh na hoibreacha feabhsúcháin curtha i gcrích.

Dramhuisce

Is é atá i Liosta Ceantar Uirbeach Tosaíochta an GCC ná liosta na gceantar ina bhfuil bearta ag teastáil chun an timpeallacht agus an tsláinte phoiblí a chosaint ar iarmhairtí díobhálacha an doirte fuíolluisce. Tá eolas maidir le Liosta Uirbeach Tosaíochta an GCC ar fáil ar Léarscáileanna Cóireála Camrais an GCC: gis.epa.ie/EPAMaps/SewageTreatment.


Tránna

Cuireann an acmhainn ghréasáin maidir le tránna (www.beaches.ie) faisnéis ar fáil faoi cháilíocht an uisce snámha cois trá agus i lochanna na hÉireann. Tugann an suíomh réimse faisnéise snámha, lena n-áirítear an cháilíocht uisce is déanaí ag gach trá, aon srianta snámha atá i bhfeidhm, agus faisnéis aimsire agus taoide. Déantar uasdátú go rialta ar an suíomh le linn an tsamhraidh de réir mar a chuirtear torthaí monatóireachta ó údaráis áitiúla ar fáil. Cuirtear mionsonraí ar theagmhais truaillithe agus bearta feabhsúcháin ar fáil fosta ar fhotha tiomnaithe Twitter ([@EPABeaches](https://twitter.com/EPABeaches)).



An Líonra Náisiúnta Monatóireachta Radaíochta


Tá an GCC i mbun Líonra Náisiúnta Monatóireachta Radaíochta a bhfuil trealamh ann atá lonnaithe ar fud na tíre. Má tharlaíonn teagmhas tromchúiseach i ngléasra núicléach thar lear, dearadh an trealamh sin d'fhonn radaighníomhaíocht in Éirinn a bhrath, má bhíonn a leithéid ann. Tá sonraí gníomhacha ar fáil ar shuíomh gréasáin an GCC agus ar shuíomh ghréasáin Eorpacha.



Fíor 11. Monatóireacht ar Ráta Dáileoige na Gámaradaíochta Comhthimpeallaí ar Eastát Chaisleán Bhaile Sheáin, Co. Loch Garman

Radaíocht neamhianúcháin

In 2020, lean an GCC dá ábhar gréasáin maidir le réimsí leictreamaighnéadacha a nuashonrú chun ceistanna a fhreagairt faoin teicneolaíocht 5G agus faoi shásanna láimhe fóin póca. <http://www.epa.ie/radiation/emf/health/>. Anuas air sin, forbraíodh ábhar gréasáin nua faoi Chlár Náisiúnta Monatóireachta Réimsí Leictreamaighnéadacha an GCC. <http://www.epa.ie/radiation/emf/emfmonitoringprogramme/>



Acmhainní Mapála GeoPortal agus Tionscnaimh Shonraí Oscailte

Tá Geothairseach an GCC: <https://GIS.EPA.ie> ceaptha é a dhéanamh níos éasca sonraí faoin gcomhshaol a aimsiú, a úsáid, a bhrabhsáil agus a thuiscint. Tá roinnt mhaith feidhmiúlachtaí éagsúla le fáil ar an Geothairseach; Cuireann 'See Maps' (féach mapai) ar chumas an phobail rochtain a fháil ar na feidhmchláir ghréasáin ar fad a bhaineann le córais faisnéise geografai (GIS); cuireann 'Get Data' (faigh sonraí) ar chumas úsáideoirí sonraí GCC a bhrabhsáil, a uaslódáil agus a úsáid ina bhfeidhmchláir

GIS féin; ligeann Ask and Learn (cuir ceist agus foghlaim) d'úsáideoirí foghlaim faoinár sonraí agus iad a thuiscint níos fearr.

Cuireann Straitéis Sonraí Oscailte 2017-2022 le héachtaí an Tionscnaimh Sonraí Oscailte, agus leagtar amach inti treochar do dhul chun cinn agus d'fhorbairt an Tionscnaimh sna chéad chúig bliana eile atá romhainn amach. Tá 52 beart le tabhairt chun críche, agus go dtí seo, tá an GCC tar éis na bearta uile a chur i bhfeidhm de réir mar a bhfuil sonraithe sa phlean go dtí seo.

Leanadh de Chlár Sonraí Oscailte an GCC le linn 2020. Go dtí seo, tá 319 tacar sonraí GCC foilsithe, agus rinneadh níos mó ná 55,043 amharc. Is léir go bhfuil spéis nach beag ag daoine i Sonraí Oscailte, ós rud é go bhfuil méadú 17,000 tagtha ar líon na n-amharc i gcomparáid le 11,159 amharc in 2018. Is é atá i gceist le coincheap na Sonraí Oscailte ná sonraí atá ag comhlachtaí poiblí a bheith ar fáil ar bhealach a bhfuil teacht orthu go héasca ar líne agus gur féidir iad a athúsáid agus a athdháileadh.

An Clár um Scaoileadh agus Aistriú Truailleán

Soláthraíonn Clár Scaoilte agus Aistrithe Truailleán (PRTR) Éireann (www.gis.epa.ie/EPAMaps/PRTR) bunachar inchuadaithe don phobal, ar féidir leo leas a bhaint as chun saoráidí a chuardach ina mbíonn gníomhaíochtaí tionsclaíocha ar leith ar siúl, agus óna scaoiltear trualleáin nó óna n-aistrítear dramhaíl ag leibhéal níos airde ná na tairseacha sonraithe. Déanann an clár ceanglais Choinbhinsiún Aarhus a chomhlíonadh fosta, mar gur bealach simplí atá ann eolas a chur ar fáil maidir le hastaíochtaí agus aistrithe comhshaoil. Seoladh an leagan GIS reatha de PRTR Éireann i mí na Samhna 2020 chun an inrochtaineacht a fheabhsú.

Ceadúnú agus Ceadú

Mar pháirt de pholasaí an GCC i leith na hoscailteachta agus na follasachta, agus i gcomhréir leis an Rochtain ar Fhaisnéis maidir leis na Rialacháin Chomhshaoil agus rialacháin éagsúla a cheadúnaíthe/cheada, tá comhaid cheadúnaíthe ar fáil don phobal ar mhaithe lena n-iniúchadh. D'fhonn rochtain níos fearr a chur ar fáil do na páirtithe leasmhara ar fad, cuireann an GCC comhaid iarratais agus doiciméid ábhartha ar taispeáint gur féidir leis an bpobal féachaint orthu.

Tá faisnéis ar iarratais maidir le Rialú Comhtháite ar Thruailliú (IPC) agus Astaíochtaí Tionsclaíochta (IE) a fuarthas ó Nollaig 2004, chomh maith le gach tuairisc de chuid na gcigirí agus na ceadúnais a eisíodh go dtí seo, ar fáil ar shuíomh gréasáin an GCC: www.epa.ie/terminal/four/ippc/index.jsp. Ó Nollaig 2017 ar aghaidh, glactar leis na hiarratais ar fad ar líne agus déantar mórchuid den idirghníomhú leis na hiarratasóirí agus leis an bpobal go leictreonach, agus foilsítear ar shuíomh gréasáin an GCC é, admháil na n-aighneachtaí agus na n-agóidí san áireamh.


Le linn 2020, bhí beagnach 400,000 amharc leathanaigh uathúil ar na leathanaigh ghréasáin um chuardach ceadúnas IE/IPC. Faoi dheireadh 2020, bhí breis is 5,000 aighneacht ón bpobal inar baineadh úsáid as an gcomhéadan úsáideora.

Faisnéis ar fhorfheidhmiú

In 2020, lean an GCC de rochtain an phobail ar fhaisnéis fhorfheidhmithe a fheabhsú, agus chuige sin, d'fhoilsigh siad achoimre faoi na príomhshonraí forfheidhmithe le haghaidh láithreáin tionsclaíochta agus dramhaíola cheadúnaíthe ar shuíomh gréasáin an GCC, chomh maith le liosta nuashonraithe na Láithreán Náisiúnta Tosaíochta lena bhForfheidhmiú. Déantar an fhaisnéis sin a nuashonrú gach ráithe. Saináithnítear sa liosta Láithreán Náisiúnta Tosaíochta na láithreáin tionsclaíochta agus dramhaíola cheadúnaíthe a raibh na taifid comhlíonta is measa acu le sé mhí anuas. Soláthraíonn na sonraí forfheidhmithe achoimre ar chuairoteanna láithreáin, gearáin, iniúchtaí comhlíonta, forálacha airgeadais, neamhchomhlíonadh agus teagmhais.

Leanadh de na príomhcháipeisí forfheidhmithe a fhoilsiú ar líne, mar shampla, tuarascálacha iniúchta agus monatóireachta do láithreacha ceadúnaíthe.



A scenic photograph of a river flowing over mossy rocks in a lush forest. The water is clear and fast-moving, creating white rapids as it cascades over dark, moss-covered stones. The surrounding forest is dense with green foliage, and some red berries are visible on the branches hanging over the water.

4

“Obair a dhéanamh le dreamanna eile chun gníomhú ar son comhshaol glan sláintiúil dea-chosanta agus ar son iompraíocht inbhuanaithe i dtaca leis an gcomhshaol.”

Chun ár gcuid oibleagáidí agus cuspóirí straitéiseacha a chur i gcrích, leanfaimid d'obair a dhéanamh i gcomhpháirt le daoine agus le cabhair ó dhaoine chun torthaí dearfacha a bhaint amach ar mhaithe leis an gcomhshaol.

4. ABHCÓIDEACHT

4.1 COMHPHÁIRTÍOCHTAÍ AGUS LÍONRÚ

Coistí Oireachtais

Cuireann an GCC fáilte roimh an deis teagmháil a dhéanamh le Comhchoistí agus Roghchoistí an Oireachtais agus eolas a thabhairt dóibh maidir lena bhfeidhmeanna maoirseachta reachtúla agus riaracháin. I rith 2020, d'fhreastail an GCC ar an gComhchoiste Oireachtais um Thithíocht, Rialtas Áitiúil agus Oidhreacht i ndáil le Scéim Ghinearálta Bhille na Timpeallachta Uisce (Astarraingtí).

An Comhaontú Maoirseachta

I gcomhréir leis na ceanglais sa Chód Cleachtais um Rialachas Comhlachtaí Stáit, tá Comhaontú Maoirseachta a thugann sainmhíniú soiléir ar an gcaidreamh idir an Mháthair-Roinn agus an GCC i bhfeidhm leis an Roinn Cumarsáide, Gníomhaithe ar son na hAeráide agus Comhshaoil (DCCAE). Tugtar aitheantas sa Chomhaontú Maoirseachta go bhfuil freagracht ar an Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreacht (DHPLG) as roinnt mhaith réimsí a bhfuil baint dhíreach acu le sainchúram an GCC, agus tugtar sainmhíniú ann ar chaidreamh an GCC leis an Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreacht.

Tá Comhaontú Seirbhíse Feidhmiúcháin ina chuid den Chomhaontú Maoirseachta agus díronn sé ar phríomhthosaíochtaí agus aidhmeanna an GCC. Tugtar sainmhíniú sa chomhaontú ar úinéireacht agus cuntasacht seirbhísí shoiléir i ndáil le ról agus freagrachtaí gach comhpháirtí lena chinntiú go ndéanfar feidhmeanna reachtúla an GCC a chomhlíonadh ar bhealach éifeachtach éifeachtúil.

Meabhráin Tuisceana/Comhaontuithe Seirbhíse

Tá an GCC tar éis glacadh le Meabhrán Tuisceana agus Comhaontuithe Seirbhíse le heagraíochtaí éagsúla a bhfuil baint acu le cúrsaí a bhaineann leis an gcomhshaol, nó atá páirteach sna cúrsaí sin. Foilsítear Meabhráin Tuisceana ar shuíomh gréasáin an GCC nuair a dhéantar comhaontú faoi seo leis an bpáirtí eile.

An Ghníomhaireacht Eorpach Comhshaoil

Soláthraíonn an Ghníomhaireacht Eorpach Comhshaoil (EEA) faisnéis thráthúil, spriocdhírthe, ábhartha agus iontaofa do ghníomhairí ceaptha beartas agus don phobal maidir le réimse leathan topaicí a bhaineann leis an

gcomhshaol. I rith 2020, lean an GCC de pháirt a ghlacadh i ngníomhaíochtaí an EEA agus ina ról comhordaithe maidir le rannpháirtíocht na hÉireann san EEA agus i Líonra Fhaisnéis agus Bhreathnóireacht Comhshaoil na hEorpa (Eionet), líonra comhpháirtíochta an EEA agus a bhaill agus na tíortha a bhíonn ag comhoibriú leis.

Chun an dul chun cinn a léiriú i gcoinne critéir chomhaontaithe maidir le tuairisciú sonraí comhshaoil (tráthúlacht agus cáilíocht sonraí), d'eisigh an EEA a rangú príomhshreafaí sonraí le haghaidh 2019 i rith 2020. D'éirigh le seacht dtír (an líon céanna a bhí ann in 2019) scór sreafa sonraí de 100 faoin gcéad a bhaint amach. Bhí Éire ar na tíortha sin. Luann an EEA go dtugann scór 100 faoin gcéad le fios gur soláthraíodh sonraí tráthúla ar ardchaighdeán i ngach ceann de na sreafaí sonraí a clúdaiodh.

Tá Laura Burke, Ard-Stiúthróir an GCC, ina Cathaoirleach reatha fós ar Bhord Bainistíochta an EEA. Déanann Bord Bainistíochta an EEA ionadaíocht ar gach tír atá ina bhall den EEA, ar an gCoimisiún Eorpach agus ar Pharlaimint na hEorpa chomh maith. Ghlac sé le Straitéis nua EEA-Eionet i gcomhair 2021-2030 i Nollaig 2020. Ina ról mar Phointe Comhtheagmhála, tá an GCC tar éis cur le forbairt na straitéise EEA-Eionet agus le próiseas nuachóirithe Eionet – d'fhonn beocht a chur sa straitéis ag leibhéal praiticiúil.

Tá an GCC páirteach go gníomhach freisin sa Líonra Eorpach Ceannairí Gníomhaireachtaí um Chosaint Comhshaoil (NHEPA). Is líonra neamhfhoirmiúil é seo, a áiríonn ceannairí agus stiúthóirí gníomhaireachtaí um chosaint comhshaoil agus comhlachtaí cosúla ar fud na hEorpa, agus bíonn siad ag dréim le tuairimí agus eispéiris a roinnt maidir le ceisteanna ar díol spéise dóibh uile iad i dtaca le cur i bhfeidhm praiticiúil laethúil beartas comhshaoil.

Athrú aeráide

D'oibrigh an GCC ar roinnt mhaith ceisteanna aeráide idirnáisiúnta i rith 2020, lena áiríodh ionadaíocht a dhéanamh ar Éirinn ag trí chruinniú de chuid an Phainéil Idir-Rialtasaigh um Athrú Aeráide, a réachtáladh roimh na srianta COVID-19, agus páirt ghníomhach a ghlacadh i gcruinnithe fóirúla Chreat-Choibhinsí na Náisiún Aontaithe ar an Athrú Aeráide i Meitheamh agus Samhain. Bhí fócas láidir eolaíochta acu sin agus áiríodh leo:

- ▲ An Dialóg Struchtúrtha Saineolaithe ar leorthóthanacht spriocanna agus dul chun cinn fadtéarmach maidir le cur i bhfeidhm, a dhírigh ar ábhar nua ón IPCC.
- ▲ Plé ar Thaighde Aigéin agus Talún
- ▲ An dara Lá Faisnéise faoin Domhan

Soláthraíonn an GCC tacaíocht Rúnaíochta don Roinn Comhshaoil, Gníomhaithe ar son na hAeráide agus Cumarsáide maidir le seoladh agus cur i bhfeidhm na Dialóige Náisiúnta ar Ghníomhú ar son na hAeráide (NDCA). Tá próiseas leanúnach don NDCA á chur ar bun faoi láthair, agus béim faoi leith á cur ar chomhráite comhshaoil pobail agus óige, agus ar Fhóram Náisiúnta Aeráide d'fhonn feasacht, rannpháirtíocht agus gníomhú a spreagadh. I rith 2020, rinne an GCC a ról laistigh de struchtúr an NDCA a aistriú ar mhaithe le 'mol saineolais' a fhorbairt agus a chur ar bun i ndáil le gníomhú ar son na haeráide. Ba é an aidhm leis sin ná tuiscint dhomhain a fhorbairt ar thuairimí agus iompraíocht phobal na hÉireann i leith an athraithe aeráide ag an leibhéal náisiúnta, earnála agus áitiúil. Táthar tar éis Clár Cumarsáide um an Athrú Aeráide Ollscoil Yale a choimisiúnú chun taighde a dhéanamh sa réimse seo, agus a modheolaíocht ar leith siúd á húsáid acu chun tuairisc a chur ar fáil ar 'An tAthrú Aeráide i Meon an Éireannaigh.' Ba cheart go mbeadh torthaí na hoibre sin ina bpríomhacmhainn náisiúnta le haghaidh forbairt feachtas rannpháirtíochta agus gníomhaithe, arna gcur i bhfeidhm ag leibhéal éagsúla. Tá taighde fós idir lámha ar mhodhanna pléghrúpa i dtreo rannpháirtíocht pobail tríd an tionscadal IMAGINING 2020 agus an tionscadal C-Change i gColáiste na hOllscoile, Corcaigh.

Eolaíocht saoránach

Lean an GCC ar aghaidh ag obair le heagraíochtaí comhpháirtíochta ar thionscadail éagsúla a bhain leis an eolaíocht saoránach.

Mar chuid den Chlár GLOBE a cuireadh i bhfeidhm i gcomhpháirtíocht le An Taisce, rinneadh dé-ocsaíd nítrigine (NO₂) a thomhas in áiteanna éagsúla thart ar scoileanna. In 2020, ghlac daltaí agus múinteoirí ó 100 scoil ar fud na tíre páirt sa tionscadal sin.

Mar leathnú ar a fheabhas a d'éirigh le GLOBE, tá an GCC agus An Taisce ag obair i gcomhar le chéile chun tionscadal monatóirithe dé-ocsaíd nítrigine ar mhórscaála a fhorbairt, agus í bunaithe ar shaoránaigh, agus táthar ag súil go n-ardóidh an tionscadal sin feasacht an phobail ar an gcáilíocht aeir agus go méadóidh sé a rannpháirtíocht sa téama sin. Glaoitear: "Clean Air Together" (Aer Glan le Chéile) ar an tionscadal. Reáchtáladh an tionscadal ar bhonn píolótach i rith Fhómhar 2020 i mBaile Átha Cliath, agus ghlac thart ar 70 duine páirt ann. Tá seoladh chéim Bhaile Átha Cliath den tionscadal le bheith ar siúl go déanach in 2021, agus tá céim eile de le reáchtáil i gCorcaigh in 2022.

D'oibrigh an GCC i ndlúthpháirt le Seirbhís Leabharlainne Chomhairle Contae Loch Garman chun infhaighteacht monatóirí radóin digiteacha do bhaill na leabharlainne i Ros Mhic Thriúin a leathnú, anuas ar na cinn a bhí ar fáil cheana i Leabharlann Bhun Clóidí. Seoladh é sin i rith imeacht fíorúil a reáchtáladh mar chuid d'Fhéile Eolaíochta Loch Garman 2020.

Lean an GCC dá chomhoibriú leis an Ionad Náisiúnta le Sonraí Bithéagsúlachta (NBDC) ar an suirbhé 'Dragonfly Ireland', a bhfuil d'aidhm aige atlas nuashonraithe snáthaide móire agus béchuile d'Éirinn a chur ar fáil. I rith 2020, bhí méadú 50% ar na taifid snáthaide móire agus béchuile i gcomparáid le 2019. Eagraíodh roinnt mhaith cainteanna agus ceardlanna ar líne chun tacú le heolaithe saoránaigh le linn do na srianta Covid-19 a bheith i bhfeidhm.

D'oibrigh an GCC i gcomhpháirtíocht leis an NBDC freisin ar an suirbhé 'Explore Your Shore' (Taiscéalaíocht Trá), agus é mar chuspóir sa suirbhé cumhacht agus tacaíocht a thabhairt d'eolaithe deonacha saoránaigh suirbhéireacht a dhéanamh ar speicis mhara idirthaoideacha agus chósta, agus taifead a dhéanamh díobh. Beidh na taifid a bhaileofar ina gcuidiú an t-eolas ar dháileadh speiceas mara a fheabhsú agus ar úsáid astu a fhiosrú mar bhitascáirí ar cháilíocht uisce agus ar an athrú aeráide. Bhí méadú 107% ar an líon speiceas a taifeadadh in 2020 i gcomparáid le 2019, agus rinneadh 429 speiceas muirí éagsúla a thaifeadadh in 2020.



Ceardlann 'Explore Your Shore', Oileán an Bhulla, Co Bhaile Átha Cliath

Measúnacht Straitéiseach Timpeallachta

Déanann an GCC rannpháirtíocht earnála a chur chun cinn maidir le Measúnacht Straitéiseach Comhshaoil (SEA) agus dea-chleachtas i leith SEAnna a chur i bhfeidhm i ngach údarás poiblí. Rinne an GCC athbhreithniú ar phleananna, cláir, straitéisí tábhachtacha réigiúnacha agus náisiúnta, agus SEAnna gaolmhara, chomh maith le haighneachtaí a dhéanamh ina leith siúd. Rinneadh athbhreithniú ar líon suntasach pleananna i dtaca leis an turasóireacht, chomh maith le pleananna le haghaidh na n-earnálacha pleanáil muirí, uisce agus úsáid talún réigiúnaí.

Tháinig an Fóram Náisiúnta SEA le chéile in 2020 le comhoibriú agus comhroinnt faisnéise níos fearr idir údaráis SEA a éascú. Déanann an GCC liosta 'beo' de na comhairliúcháin SEA oscailte a chomhroinnt le baill an Fhórait SEA.

Foilsíodh an dara athbhreithniú ar Éifeachtúlacht na Measúnachta Straitéisí Comhshaoil in Eanáir 2020. Bunaithe ar na príomhthorthaí agus moltaí, agus i gcomhar le húdaráis chomhshaoil SEA, forbraíodh Plean Gníomhaíochta SEA 2021-2025. Áirítear sa Phlean bearta a shanntar do gach ceann de na cúig údarás comhshaoil.

NIECE

Tá an GCC ag leanúint dá ról maidir le gníomhaíochtaí an Líonra um Chomhlíonadh agus Forfheidhmiú Comhshaoil na hÉireann (NIECE) a chomhordú. Cuireann an Líonra fóram ar fáil a thugann spreagadh agus tacaíocht d'eagraíochtaí agus do dhaoine aonair a bheith ag obair le chéile le feabhsúcháin a chur ar bun sna réimsí comhshaoil sin atá i dtús áite. I measc bhallraíocht an Líonra tá, den chuid is mó, údaráis áitiúla, gníomhaireachtaí stáit agus ranna rialtais a bhfuil baint acu le reachtaíocht chomhshaoil a fhorfheidhmiú agus a chur chun cinn, agus le rannpháirtíocht maidir leis an reachtaíocht sin.

In 2020, reáchtáil an Líonra NIECE ceithre imeacht náisiúnta ar líne, agus d'fhreastail thart ar 2,300 duine orthu san iomlán. I gcás trí cinn de na himeachtaí sin, chlúdaigh siad uisce, dramhaíl, an geilleagar ciorclach agus an t-aer. Reáchtáladh an ceathrú imeacht go sainiúil do na hÚdaráis Áitiúla chun cabhrú leo a bpleananna forfheidhmithe comhshaoil a réiteach. Baineadh leas as na meáin shóisialta chun tuairisciú ar na himeachtaí sin, agus foilsíodh na cuir i láthair ar shuíomh gréasáin an GCC agus ar chainéal YouTube an GCC.

Chomh maith leis sin, rinne an Líonra comhaontú agus cumarsáid a éascú do na Tosaíochtaí Náisiúnta Comhshaoil d'Údaráis Áitiúla, d'fhonn pleanáil agus soláthar don fhorfheidhmiú comhshaoil a fheabhsú. Éascaíodh imeachtaí oiliúna, ceardlanna, treoir, agus roinnt eolais trí na grúpaí oibre agus líonra éagsúla a bhíonn ag obair mar chuid de NIECE.

Colún Comhshaoil

Tá 26 eagraíocht neamhrialtasach náisiúnta comhshaoil sa Cholún Comhshaoil a bhíonn ag obair le chéile chun ionadaíocht a dhéanamh ar na dearcachaí in earnáil comhshaoil na hÉireann. Bíonn cruinniú ag an GCC le Líonra Comhshaoil na hÉireann (IEN) ar a laghad uair amháin sa bhliain. Thug na cruinnithe sin achoimre agus malartú dearcachaí ar shaincheisteanna comhshaoil na hÉireann. I bhfianaise shrianta Covid-19, tharla aon chruinniú fíorúil amháin in 2020.

Plean Gníomhaíochta Náisiúnta na hÉireann (iNAP) um Fhrithsheasmhacht in Aghaidh Ábhar Frithmhiocróbach (AMR) 2017-2020

Lean an GCC dá rannpháirtíocht sa ghrúpa plean gníomhaíochta Sainchomhairleoireachta Náisiúnta/AMR, agus chuige sin, d'fhreastail siad ar 10 gcrúinniú a bhain le iNAP i gcomhar leis an Roinn Sláinte agus an Roinn Talmhaíochta, Bia agus Muirí, agus ranna eile ar cuid iad den ghrúpa cur i bhfeidhm náisiúnta. Ionchur an GCC sna tosaíochtaí don chéad phlean gníomhaíochta eile le haghaidh AMR (iNAP2). Áiríodh leis an gcomhdháil náisiúnta Comhshaoil, Sláinte & Folláine i Samhain 2020 (a thionóil an GCC i gcomhar le FSS agus an ESRI) seisiún speisialta ar an bplean gníomhaíochta um fhrithsheasmhacht in aghaidh ábhar frithmhiocróbach. Lean an GCC de ghníomhaíochtaí taighde náisiúnta AMR a stiúradh, agus sholáthair siad maoiniú taighde de €500,000 chun tacú le hinstiúidí Éireannacha a bhíonn ag plé le taighde Eorpach i dtaca le AMR. Choimisiúnaigh an GCC staidéar deisce freisin, ina ndéantar anailís ar an mbearna taighde/saineolais sa réimse AMR. Tá an staidéar le foilsiú in 2021 agus beidh sé mar bhonn agus thaca ag na riachtanais todhchaí sa réimse seo.

Cáilíocht an aeir

I rith 2020, sholáthair an grúpa oibre Faisnéise um Cháilíocht agus Shláinte an Aeir fóram chun tacú le cur ar fáil feabhsaithe faisnéise inrochtana san fhíor-am i dtaca le cáilíocht agus sláinte an aeir, agus baint aige freisin le fairsingiú an Líonra monatóirithe, samhaltú agus gníomhaíochtaí eolaíocht saoránaigh. Ba é an GCC a bhí ina chathaoirleach ar an ngrúpa oibre agus a d'éascaigh é. Tá páirtithe leasmhara i réimsí an chomhshaoil agus na sláinte sa ghrúpa seo, Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte (FSS) san áireamh, inar féidir plé a dhéanamh ar thopaicí sláinte a bhaineann le cáilíocht an aeir.

Sábháilteacht núicléach

Tá ról gníomhach ag an GCC i gcoistí náisiúnta agus idirnáisiúnta a bhíonn ag plé le sábháilteacht núicléach, a fhágann gur féidir leis an GCC a chuid freagrachtaí a chomhlíonadh maidir le monatóireacht a dhéanamh ar fhorbairtí thar lear i dtaca le suiteálacha núicléacha agus sábháilteacht raideolaíoch agus comhairle a chur ar an Rialtas faoi impleachtaí forbairtí den chineál sin d'Éirinn. In 2020, áiríodh leis sin aighneacht a réiteach don chomhairliúchán poiblí (Measúnacht Tionchair Timpeallachta Trasteorann) ar an stáisiún núicléach beartaithe nua Sizewell C in Suffolk (Sasana), agus athbhreithniú a dhéanamh ar fhógraí maidir le síneadh saolré beartaithe don stáisiún núicléach Doel sa Bheilg agus don stáisiún núicléach Loviisa san Fhionlainn.

Ceannairí na nÚdarás Inniúil Eorpach um Chosaint ar Radaíocht

Is cumann de na húdaráis sábháilteachta radaíochta san Eoraip é Ceannairí na nÚdarás Inniúil Eorpach um Chosaint ar Radaíocht (HERCA) a dhíríonn ar fhuascailtí praiticiúla comhoiriúnaithe a éascú i gcás fadhbanna tábhachtacha rialúcháin a bhaineann leis an gcosaint ar radaíocht. Tugann HERCA fóram tábhachtach d'údaráis náisiúnta inar féidir leo eolas agus taithí a roinnt maidir le reachtaíocht Eorpach agus caighdeán idirnáisiúnta a chur i bhfeidhm.

Tá ról gníomhach ag an GCC san obair sin, agus tá ionadaithe aige ar Bhord Ceannairí HERCA, mar aon leis na Grúpaí Oibre maidir leis an radaighníomhaíocht nádúrtha, éigeandálaí, feidhmeanna leighis, foinsí agus cleachtais neamhliachta, agus oideachas agus oiliúint. Is leaschathaoirleach é an GCC ar an nGrúpa Oibre d'Éigeandálaí.

Grúpa Rialtóirí Sábháilteachta Núicléiche na hEorpa

Déanann an GCC ionadaíocht ar son na hÉireann i bhfóraim Eorpacha agus idirnáisiúnta ar cheisteanna maidir le sábháilteacht núicléach. Glacann an GCC páirt ghníomhach i nGrúpa Rialtóirí na hEorpa um Shábháilteacht Núicléach (ENSREG), agus sna grúpaí oibre bainteacha ar Shábháilteacht Núicléach & Comhar Idirnáisiúnta agus Trédhearcacht & Cumarsáid. Le linn 2020, áiríodh leis sin críochnú tuairisce maidir le conas a chuir na hEagraíochtaí Rialála Náisiúnta ENSREG na prionsabail ENSREG maidir le hoscailteacht agus trédhearcacht i bhfeidhm, rud a stiúir an GCC.

Comhaontú déthaobhach leis an Ríocht Aontaithe (RA) maidir le saincheisteanna raideolaíocha agus núicléacha

Bíonn cruinnithe rialta ag an GCC leis an nGníomhaireacht Comhshaoil agus an Oifig um Rialú Núicléach san RA chun ceisteanna raideolaíocha agus núicléacha a phlé. In 2020, dhírigh na cainteanna sin ar shocruithe um shábháilteacht núicléach na Ríochta Aontaithe tar éis dóibh an AE agus an Conradh Euratom a fhágáil, Sellafield, tógáil núicléach nua, forbairt Saoráide um Dhiúscairt Gheolaíoch agus forbairtí idirnáisiúnta maidir le sábháilteacht radaíochta agus pleanáil núicléach éigeandála.

Anuas air sin, tacaíonn an GCC leis an RCGAC maidir le cruinnithe an Ghrúpa Teagmhála ar Chúrsaí Radaíochta RA–Éireann, a thionóltar faoi dhó sa bhliain. Ag cruinniú mhí Dheireadh Fómhair 2020, rinneadh plé freisin ar thionchar shrianta COVID-19 ar láithreacha, tionscadail agus socruithe núicléacha.

Dualgais idirnáisiúnta maidir le Sábháilteacht Núicléach agus Bainistíocht Dramhaíola Radaighníomhaí

Coinbhinsiún idirnáisiúnta is ea an Coinbhinsiún ar Shábháilteacht Núicléach (CNS) a cheanglaíonn ar gach tír a shíniú le cloí le hardleibhéal sábháilteachta i dtaca le

himoibreoirí cumhachta núicléacha, socruithe pleanála éigeandála a chaomhnú, agus tuairisciú ar na bearta a ghlactar ina leith sin. Caithfidh gach páirtí conarthach don CNS, Éire san áireamh, a léiriú gach trí bliana go bhfuiltear ag cloí leis an gcoinbhinsiún, agus ní mór dóibh dul faoi athbhreithniú píaraí déanta ag páirtithe conarthacha eile. Bhí an 8ú cruinniú athbhreithnithe de na páirtithe uile atá sa chonradh CNS sceidealaithe le bheith ar siúl ag deireadh Mhárta 2020, ach rinneadh é a iarchur go dtí 2023 mar gheall ar na srianta COVID-19.

Is coinbhinsiún idirnáisiúnta é an Comhchoinbhinsiún ar Shábháilteacht Breosla Núicléach Chaite agus ar Shábháilteacht Bainistíocht Dramhaíola Radaighníomhaí, agus téann sé i ngleic le saincheist an bhreosla chaite agus le sábháilteacht bainistíocht dramhaíola radaighníomhaí ar bhonn domhanda. Déanann sé é sin trí bhunphrionsabail sábháilteachta a bhunú agus próiseas athbhreithnithe a chruthú. Gach trí bliana, ní mór do na tíortha ar fad a shíniú an Coinbhinsiún, Éire san áireamh, a léiriú go bhfuil an coinbhinsiún á chomhlíonadh acu, agus ní mór dóibh dul faoi athbhreithniú píaraí arna chur i bhfeidhm ag na páirtithe eile a shíniú an conradh. Mar chuid den phróiseas sin, chabhraigh an GCC leis an RCGAC maidir leis an seachtú tuarascáil náisiúnta de chuid na hÉireann ullmhú, a cuireadh faoi bhráid na Gníomhaireachta Idirnáisiúnta d'Fhuinneamh Adamhach (IAEA) in 2020; bunaithe air sin, is dócháil go réachtálfar an seachtú cruinniú athbhreithnithe de chuid pháirtithe an chonartha in 2022.

Lena hais sin, in 2020, thacaigh an GCC leis an RCGAC agus iad ag iarraidh an dara tuarascáil náisiúnta de chuid na hÉireann a ullmhú, a éilítear de réir Airteagal 9.1 de Threoir 2009/71/Euratom ón gComhairle, ina gcuirtear creat pobail ar bun le haghaidh sábháilteacht núicléach suiteálacha núicléacha, arna leasú ag Treoir ón gComhairle 2014/87/Euratom de 2014.

Pleanáil éigeandála

Ghlac an GCC páirt in ocht mbeart éigeandála idirnáisiúnta in 2020, a d'eagraigh an Coimisiún Eorpach agus an IAEA. Anuas air sin, ghlac an GCC páirt i gcleachtadh a d'eagraigh an Roinn Gnó, Fuinnimh agus Straitéise Tionsclaíche sa Ríocht Aontaithe chun tástáil a dhéanamh ar shocruithe praiticiúla chun tacú le comhaontú déthaobhach an Ríochta Aontaithe agus na hÉireann maidir le fógra luath dá dtarlódh timpiste núicléach nó teagmhas a mbeadh tábhacht raideolaíoch ag baint leis. D'eagraigh an GCC cleachtaí éigeandála fíorúla chomh maith i gcomhar le réamhaisnéiseoirí aimsire ó Met Éireann.

Lean an GCC dá rannpháirtíocht sa Tascfhórsa Rialtais ar Phleanáil Éigeandála agus i bhfoghrúpaí an tascfhórsa, agus rinne sé a chion féin ar mhaithe le hathbhreithniú 2020 ar an Measúnú Riosca Náisiúnta d'Éirinn, arna stiúradh ag an Oifig Pleanála Éigeandála. Thacaigh an GCC leis an IAEA fós trí bheith páirteach i ngrúpaí oibre teicniúla a raibh de chuspóir acu treoir a dhréachtú.

Má chuirimid eolas inrochtana ar fáil go tráthuile dár bpáirtithe leasmhara, feabhsóidh sin rannpháirtíocht an phobail i gcinnteoireacht maidir leis an gcomhshaol, agus beidh an t-eolas riachtanach ar a dtail ag daoine le gur féidir leo roghanna fiúntacha a dhéanamh i dtaca leis an gcomhshaol.

4.2 MÚSCAILT FEASACHTA

Ár bpríomhtheachtaireachtaí a chur in iúl

Is é suíomh gréasáin an GCC an phríomhuirlis chumarsáide chun faisnéis a scaipeadh i measc an phobail, agus bhí breis agus 1,046,000 seisiún ar an suíomh gréasáin le linn 2020. Tharla buaiceanna gníomhaíochta le linn na bliana a bhíodh ag teacht le clúdach sna meáin ar shaincheisteanna comhshaoil agus le foilsiú tuarascálacha. Rinneadh go leor cuairteanna ar an láithreán gréasáin i ndáil le haisghabháil eolais ar láithreáin ghréasáin arna gceadúnú ag an GCC; foilseacháin a íoslódáil; teacht ar eolas faoi cheadúnú agus fhorfheidhmiú; gairmeacha beatha sa GCC agus teacht ar eolas faoi réimsí téamacha comhshaoil, lena n-áirítear an t-athrú aeráide, aer, uisce, dramhaíl, radón, srl.

Forbairt ar an suíomh gréasáin

I rith 2020, chuir an GCC clár i bhfeidhm chun a shuíomh gréasáin a athfhorbairt, agus é de chuspóir aige suíomh gréasáin inrochtana le dearadh úr a sheoladh in 2021. Tá ailtireacht faisnéise nua forbartha, chomh maith le dearadh agus inneachar nua a éascóidh eispéreas úsáideora níos fearr. Lena hais sin, cuireadh tús leis an bpróiseas chun an bonneagar TF bunaidh a atógáil.

Mar chuid d'fhorbairt an tsuímh gréasáin a bhí ann cheana in 2020, rinneadh uasdátú ar na leathanaigh ghréasáin GCC a bhaineann le cáilíocht an aeir (www.epa.ie/air/quality) agus cruthaíodh córas taispeána nua a chuimsigh feidhmíocht fheabhsaithe le go bhféadfaí tuilleadh faisnéise maidir le cáilíocht an aeir san fhíor-am a thaispeáint, an fhaisnéis sin faighte ón líonra náisiúnta monatóireachta, atá leathnaithe go suntasach.

Caidreamh leis na meáin

Cuireann an GCC seirbhís 24 uair an chloig ar fáil do na meáin agus i rith 2020, rinne sé 614 fiosrú ó na meáin a láimhseáil agus 44 preaseisiúint a fhógairt. Bhí scéalta nuachta i réimse an chomhshaoil mar pháirt de 17,000 alt nuachtáin ó cheann ceann na bliana.

Na meáin shóisialta

Dhírigh an GCC sa bhliain 2020 ar a fheiceálacht ar na meáin shóisialta a mhéadú, agus d'fhorbair sé inneachar mealltach a raibh teachtaireachtaí spriocdhírthe ina mbunchloch de. Bhí borradh fós faoi na cuntais @EPAIreland Twitter, Linked-In agus

You Tube. Seoladh cuntas Instagram i mí Fheabhra, a dhírigh ar an aoisghrúpa 18–35 mar spriocghrúpa speise an GCC.

Gníomhaíochtaí for-rochtana

Tá ról tábhachtach ag an GCC i gcónaí leibhéil feasachta a ardú agus tacaíocht a thabhairt do thionscnaimh a dhéanann rannpháirtíocht an phobail le cúrsaí comhshaoil a mhéadú.

Mar chuid de Sheachtain na hEolaíochta, déantar daoine ar gach aois agus ó gach cúlra a ghríosú le go gcuirfí ar an eolas iad, go spreagfaí iad agus go mbeidís páirteach in imeachtaí STEM. Ghlac an GCC páirt in imeachtaí éagsúla in 2020, lena n-áiríodh cur i bhfeidhm scéime chun monatóirí radóin a ligean ar cíos, agus ceacht ar an athrú aeráide a thabhairt mar chuid de chomhpháirtíocht an GCC le hÉachtaí na hÓige Éireann.

I rith 2020, d'oibrigh an GCC i gcomhpháirt le go leor eagraíochtaí ar thionscadail éagsúla um eolaíocht saoránaigh, a thacaigh le tosaíochtaí GCC, mar atá, uisce agus aer glan, agus iompraíocht inbhuanaithe. Áiríodh leo sin obair i gcomhpháirt le An Taisce ar na tionscadail GLOBE agus 'Clean Air Together' (Aer Glan le Chéile), agus comhoibriú freisin leis an Ionad Náisiúnta Bithéagsúlachta ar na tionscadail 'Snáthaid Mhór Éireann' agus 'Taiscéalaíocht Trá'.

Mar pháirt de ghealltanais urraíochta corparáidí an GCC, tugadh tacaíocht do thionscnaimh áitiúla a ardaíonn feasacht ar shaincheisteanna comhshaoil nó ar obair an GCC. In 2020, thacaigh an GCC arís

leis an nGradam Comhshaoil Óg EcoUNESCO agus le cur chun cinn teachtaireachtaí comhshaoil ar fud Fhéile Cheoldrámaíochta Loch Garman, mar aon le roinnt mhaith tionscnamh áitiúil eile a raibh d'aidhm acu foghlaim agus gníomhaíochtaí comhshaoil a bhrú chun tosaigh.

Rinne an GCC urraíocht ar an Dúshlán 'Upcycle' (Uaschúrsáil), comórtas a bhí á stiúradh ag na Réigiúin Phleanála um Bainistíocht Dramhaíola chun gníomhaíochtaí geilleagair chiorclaigh amhail athúsáid, deisiú agus uaschúrsáil a spreagadh i measc an phobail. Bhí 259 iontráil sa chomórtas agus fógraíodh buaiteoirí le haghaidh na naoi gcatagóir go luath i mí na Nollag.

Tháinig deireadh leis an gceathrú comórtas **'Story of Your Stuff'** (Scéal do Chuid Stuif) do mheánscoileanna i Meitheamh 2020. D'ainneoin na srianta COVID-19, d'éirigh

go geal leis, agus cuireadh breis is 120 iontráil scoileanna ar fud na tíre. Tharraing na hiontrál: an tionchar comhshaoil a bhíonn ag earraí nó gníomhaíochtaí laethúla, agus d'inis na daltaí a gcuid scéalta go cruthaitheach agus úsáid á baint acu as meáin amhairc. Cuireann an comórtas an fhaisnéis faoin gcomhshaoil chun tosaigh, atá ar fáil ar an tairseach Comhshaoil na hÉireann ar shuíomh gréasáin an GCC. Gnóthaigh daltaí ó Choláiste San Aindrias, Baile an Bhóthair, Baile Átha Cliath, an chéad duais as físeán inar inis siad scéal na gallúnaí, agus ghnóthaigh iontráil ó Phobalscoil Chúil Mhín, Cluain Saileach, Baile Átha Cliath 15 an chéad duais riamh ar an Téama Aeráide as scéal an pháipéir a insint. Is féidir an fhaisnéis uile faoi na físeáin a bhuaigh a aimsiú ar shuíomh gréasáin [The Story of Your Stuff](#).



Sa phictiúr ó chlé – An tOllamh Emma Teeling, Leas-Stiúrthóir, Earth Institute (Institiúid an Domhain) UCD, Aldiana Hoxha, Tomi Ayibiowu agus Shurooq Azam (Meánscoil Ag Foghlaim le Chéile Pháirc Hans, Buaiteoirí 2019), an Dr Jonathan Derham, GCC.

Craoladh teilifíse

Aris eile thug an GCC maoiniú tacaíochta don chlár Eco Eye agus craoladh an 18ú sraith ar RTÉ a hAon go luath sa bhliain. Ar an meán, d'fhéach 508,000 duine ar gach clár. Leanann an tsraith seo d'fheasacht chomhshaoil a ardú agus eolas cuimsitheach a chur ar fáil don phobal i ndáil le saincheistanna comhshaoil sna réimsí athrú aeráide, dramhaíl, bithéagsúlacht agus cáilíocht an aeir. In 2020, thacaigh an GCC arís leis an tsraith teilifíse "10 Things to Know About...", a craoladh ar RTÉ. Diríodh aird sa tsraith ar an obair atá idir lámha ag taighdeoirí eolaíochta in Éirinn i réimsí amhail Bithéagsúlacht, Bithlonracht, Iompar Saor ó Astaíochtaí agus Fuinneamh Inbhuanaithe, Féineolaíocht agus Cúram Sláinte, Tuilte agus Triomach, Fótónaic,

Aireachtáil Chéadfach agus Eolaíocht Bia, agus cuireadh an taighde is déanaí ar phaindeim Covid-19 ar taispeáint sa tsraith freisin.

Ceisteanna faoin gcomhshaoil

Cuireann an GCC Seirbhís Fiosruithe Comhshaoil ar fáil dár bpáirtithe leasmhara lena n-áirítear an pobal, mic léinn, údarais áitiúla agus ranna rialtais. Feidhmíonn an tseirbhís i gcomhréir leis na gealltanais atá leagtha amach i gCairt Custaiméirí an GCC agus in 2020, thug an GCC freagra ar 2,410 ceist den sórt sin. Ar na príomhábhair spéise, bhí fuíolluisce (feabhsúchán dabhcha séarachais agus deontais, aer (dó breoslaí), dramhaíl, uisce (tástáil toibreacha príobháideacha). Ach mar thoradh ar an dianghlaisáil

Covid-19, bhí méadú ar fhiosruithe ón bpobal, go háirithe maidir le dramhaíl tí (dumpáil mhídhleathach), torann agus tionchar táirgí glantacháin ar an gcomhshaol.

Comhdhálacha agus taispeántais

Reáchtáladh mórchuid na n-imeachtaí GCC ar líne i rith 2020 de bharr COVID-19. Áiríodh leis na himeachtaí tábhachtacha náisiúnta agus áitiúla Taispeántas Eolaí Óig & Teicneolaíochta BT (ina ndearna an GCC urraíocht ar an nGradam Comhshaoil Speisialta). Ba dheis ar dóigh a bhí sna himeachtaí sinfeasacht a ardú i measc an phobail faoi chúrsaí comhshaoil agus a dtacaíocht a fháil ina leith.

Seo thíos roinnt de na comhdhálacha agus imeachtaí ba thábhachtaí a bhí ar siúl le linn 2020.

Comhdháil Náisiúnta Aeráide an GCC

Níor reáchtáladh an Chomhdháil Náisiúnta Aeráide in 2020 mar gheall ar na srianta luatha a cuireadh i bhfeidhm don phaindéim. Mar ullmhúchán don phróiseas forbartha i ndáil leis an Tuarascáil Athbhreithniú 5 Bliana (5YAR), reáchtáladh trí cheardlann fhíorúla chun iniúchadh a dhéanamh ar eilimintí de na Saintuarascálacha IPCC is déanaí ar théamh 1.5°C, Talamh & Aigéin, agus Crióisféar. Bhí freastal maith orthu sin, agus díriodh aird lena linn ar réimsí spéise don tuarascáil, mar shampla, ardú leibhéil na farraige agus neodracht aeráide. Cuirfidh torthaí na gceardlann sin leis an tuarascáil athbhreithniú 5 bliana (Cuid 3.2)

I rith 2020, chuir an GCC sraith Comhráite Aeráide ag am lóin ar siúl i gcomhar le hAcadamh Ríoga na hÉireann. Áiríodh leo sin na torthaí a cuireadh ar fáil i dtíthí thuarascáil taighde ar sholáthar an GCC maoiniú dóibh, faoi na hábhair seo a leanas Gaibhniú Carbóin, riachtanais aeráide Éireann amach anseo le haghaidh Astaíochtaí Diúltacha. Reáchtáladh na Comhráite Aeráide go fíorúil agus d'éirigh go geal leo. Tá tuilleadh imeachtaí pleanáilte le haghaidh 2021.

Sraith léachtaí ar an athrú aeráide



An Dr Artur Runge-Metzger

Eagraíodh dhá léacht in 2020. Bhí an chéad cheann ar siúl ar an 6 Feabhra i dTeach an Ardmhéara i mBaile Átha Cliath. Ba é an Dr Artur Runge-Metzger, Stiúrthóir, an Ard-Stiúrthóireacht um Athrú Aeráide, an Coimisiún Eorpach, a thug léacht uaidh an oíche sin, agus ba é teideal a léachta ná 'The European Green Deal: Striving to be the First Climate-Neutral Continent by 2050' (Margadh Glas na hEorpa: Ag Dréim le bheith mar an Chéad Ilchríoch ag a bhfuil Neodracht Aeráide faoi 2050). D'fhreastail breis is 300 duine ar an imeacht agus an Dr John Bowman a bhí ina mhodhnóir air.

Rinneadh é a chraoladh san am céanna ar shuíomh gréasáin an GCC. Is féidir taifeadadh den léacht a fheiceáil ar

www.youtube.com/watch?v=uqKMcgglMFU&list=PLCDE951EB77E87100&index=2



An Dr Pep Canadel

Imeacht ar líne a bhí sa dara léacht, agus reáchtáladh é ar an 11ú Samhain. An Dr Pep Canadell, Príomheolaí Taighde in Ionad Eolaíocht na hAeráide CSIRO agus Stiúthóir Feidhmiúcháin ar an Tionscadal Carbóin Domhanda, a thug an léacht uaidh. Ba é teideal a chuir i láthair ná 'Covid-19 agus Astaíochtaí Carbóin Domhanda: Sracfhéachaint ar na dúshláin agus deiseanna a bhaineann le gealltanais aeráide Pháras a bhaint amach. Cuireadh an t-imeacht i láthair ar ardán a bhí inrochtana dóibh siúd uile a chláraigh lena. D'fhreastail breis is 500 duine ar an imeacht agus an Dr John Bowman a bhí ina mhodhnóir air, mar is gnáth. Is féidir amharc ar an léacht ag www.youtube.com/watch?v=cU_ZqDBPTmQ&list=PLCDE951EB77E87100&index=1

Imeacht Dramhaíola Náisiúnta

D'óstáil an Clár Náisiúnta um Chosc ar Dhramhaíl an chéad Chomhdháil Geilleagair Chiorclaigh GCC, agus d'éirigh go han-mhaith léi. Reáchtáladh an t-imeacht sna seachtainí díreach tar éis sheoladh an Phlean Gníomhaíochta Dramhaíola le haghaidh Geilleagar Ciorclach, agus bhí réimse leathan cainteoirí i láthair. Mhair an t-imeacht dhá lá; díriodh ar an ngeilleagar ciorclach ar an gcéad lá, agus thug Wesley Spindler, an Ceann Geilleagair Chiorclaigh Dhomhanda ag Accenture, an spreagaitheasc uaidh. Ar an dara lá, bhí an fócas ar cheisteanna forfheidhmithe agus bhí cainteoirí i láthair ón GCC agus ó údarais áitiúla.

An Ócáid Náisiúnta Uisce

Ar an 17 agus 18 Meitheamh 2020, reáctáil an GCC a Imeacht Uisce Náisiúnta mar chomhdháil ar líne saor in aisce. Ba é téama na comhdhála ná "Restoring Our Waters" (Athchóiriú ár nUisce), agus bhí slua maith cainteoirí ann ón earnáil uisce, a roinn a saineolas maidir le dul i ngleic leis na fadhbanna agus na dúshláin a bhaineann le hathchóiriú ár n-uisce. Áiríodh leis na topaicí cáilíocht na uisce, athchóiriú agus pobail ag gníomhú. Ba é seo an t-imeacht uisce is mó a reáctáil an GCC riamh, agus d'fhreastail breis is 1,250 duine ar an imeacht ar líne. Is féidir na cuir i láthair a fheiceáil an suíomh gréasáin do bharcheantar: www.catchments.ie/2020-epa-water-conference-watch-online-now/

Ócáid Náisiúnta Aeir

Reáchtáladh an tImeacht Náisiúnta Aeir "The Air we Breathe" (An tAer lena Líonaimid ár Scamhóga) in 2020 i bhformáid ar líne, agus rinneadh é a shruthú trí aip gréasánbhunaithe ar maidin ar an 14 agus 15 Deireadh Fómhair. Fóram a bhí san ócáid le heolas praiticiúil a sholáthar agus a roinnt maidir le cáilíocht an aeir agus forfheidhmiú. D'fhreastail líon méadaithe ionadaithe air ón GCC, Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte (FSS), na húdarais áitiúla, an earnáil tionsclaíochta, sainchomhairleoirí, grúpaí taighde tríú leibhéal, NGOanna, agus daoine ón bpobal. Mheall an fóram ar líne 311 duine i gcomparáid le 150 in 2019.

An Chomhdháil um Sláinte agus Folláine Comhshaoil

D'óstáil an GCC, FSS agus an ESRI (an Institiúid Taighde Eacnamaíochta agus Sóisialta) i dteannta a chéile an chomhdháil bhlíantúil ar an tsláinte agus folláine comhshaoil i mí na Samhna. Chláraigh beagnach 500 toscaire chun freastal ar an imeacht fíorúil, agus d'fhreastail suas le 224 díobh ar chainteanna ag am ar leith i rith an lae. Bhain cuid na toscairí le FSS, ESRI agus GCC, agus bhí toscairí eile i láthair a oibríonn sa réimse sláinte, folláine agus rannpháirtíocht saoránach, chomh maith le hionadaithe ó eagraíochtaí neamhrialtasacha agus an lucht léinn. Tá léirithe agus taifeadtaí físeáin ón gcomhdháil ar fáil ar chainéal YouTube an GCC: www.youtube.com/playlist?list=PLFesobjWT1FhV74QBHfMJvL8_aBkG_CRa

An Chomhdháil um Chomhshaoil agus Dlí

Reáchtáladh comhdháil chomhpháirteach fhíorúil GCC/ ICEL ar an 11 Samhain 2020, a thionóil Ionad na hÉireann um an Dlí Comhshaoil i gcomhar leis an GCC. Thug Laura Burke, Ard-Stiúthóir an GCC agus an tOnórach an tUasal Frank Clarke, an Príomh-Bhreitheamh, aithisc thosaigh uathu, a réitigh an bealach don chomhdháil. Phléigh saineolaithe dlí roinnt mhaith téamaí comhaimseartha i dtaca leis an dlí comhshaoil, ina measc an Timeallacht Nádúrtha a Chosaint; Ról an Dlí i nGníomhú ar son na hAeráide; Measúnú Tionchair Comhshaoil; Treoir um Dhliteanas Comhshaoil; agus an smaoineamh go mbeadh Cúirt Pleanála agus Chomhshaoil ann. D'fhreastail 730 duine ar an gcomhdháil, lena áiríodh líon suntasach mac léinn tríú leibhéal. Tá fáil ar na cuir i láthair ag an nasc seo a leanas: www.youtube.com/playlist?list=PLFesobjWT1FgaEN2j4vGBK3k20hHS07Ds

An Straitéis Náisiúnta um Rialú Radóin

Straitéis trasrialtais ceithre bliana is ea an Straitéis Náisiúnta um Rialú Radóin (NRCS) arb é is aidhm di líon cásanna na hailse scamhóige atá bainteach le radón a laghdú in Éirinn. Chuir an GCC, i gcomhar le páirtithe leasmhara eile, na tosaíochtaí le haghaidh 2020 i bhfeidhm, mar atá leagtha amach sa straitéis.

Tugadh faoi thrialacha allamuigh ar éifeachtacht umar éighníomhach mar bheart chun cosc a chur ar radón, rud a chuir leis an taighde a bhí maoinithe ag an GCC roimhe seo ar na bearta coiscthe radóin optamacha i dtógáil tithe in Éirinn. Cuireadh an obair seo i gcrích i gcomhpháirt le conraitheoir radóin, Comhairle Contae Loch Garman, an Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreacht, agus UCD. Tugann an anailís sonraí tosaigh le fios go soláthraíonn córais éighníomhacha deis chun beart coiscthe inbhuanaithe ar chostas íseal a chuimsiú i bhfoirgnimh nua.

I gcomhar le taighdeoirí i gColáiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath, agus le Suirbhéireacht Gheolaíochta na hÉireann, lean an GCC de mhapa riosca radóin beachtaithe a fhorbairt i rith

2020. Áiríodh leis an obair sin plé ar chur in iúl riosca, agus ina dhiaidh sin, beidh tástáil úsáideora ar siúl i gcomhpháirt leis an Institiúid Taighde Eacnamaíochta agus Sóisialta.

Seoladh tionscadal AE, RadoNorm, in 2020, ina ndéanfaidh an GCC ról na heolaíochta saoránaigh a thástáil i dtaca le rátaí leasúcháin radóin a ardú, agus ina bhforbróidh sé samhail eolaíochta saoránaigh ar féidir leas a bhaint aisti ar fud na hEorpa.

Comóradh Lá Radóin na hEorpa 2020 ar an 7 Samhain nuair a ritheadh feachtas chun feasacht ar an radón a ardú, a dhírigh aird ar an tábhacht a bhain le tástáil in 2020 ós rud é go rabhamar ar fad ag caitheamh níos mó ama sa bhaile de bharr na freagartha don phaindéim. Mar chuid den fheachtas, bhí preaseisiúintí áitiúla agus náisiúnta ann, mar aon le sraith fógraí raidió agus feachtas meáin shóisialta.

Ceardlann Torainn

Reachtáladh 'Ceardlann Torainn le haghaidh Údaráis Áitiúla' i Samhain 2020. Baineadh leas as an gceardlann chianda seo chun na hÚdaráis Áitiúla a chur ar an eolas faoi Bhabhta 4 den phróiseas mapála torainn, agus chun a chinntiú go mbeidís feasach go hiomlán ar a ról, a bhfreagrachtaí agus na riachtanais tuairiscithe ina leith seo.

Fóram Samhaltaithe Náisiúnta

Cuireadh an dara Fóram Samhaltaithe Náisiúnta ar siúl ar líne i Nollaig 2020. Is seans é an fóram ar líne seo dóibh siúd in Éirinn a bhíonn ag plé le samhaltú cháilíocht an aeir chomhthimpeallaigh chun éisteacht le cainteoirí agus an dea-chleachtas idirnáisiúnta a phlé leo, agus chun a saineolas féin a roinnt agus foghlaim ó shaineolas a gcomhghleacaithe in Éirinn.

Sraith Léachtaí GCC/IIEA

D'oibrigh an GCC i gcomhar leis an Institiúid Gnóthaí Idirnáisiúnta agus Eorpacha (IIEA) ar shraith léachtaí nua dar teideal 'Teacht Aniar Chomhshaoil'. Sa tsraith seo,

rachaidh saineolaithe idirnáisiúnta i ngleic leis na ceisteanna comhshaoil is práinní dá bhfuil ann dúinn sa lá atá inniu ann, lena n-áirítear: an geilleagar ciorclach, cáilíocht an aeir, rialachas comhshaoil, bainistíocht dramhaíola inbhuanaithe, cáilíocht an uisce, agus an t-athrú aeráide. Tharla an chéad léacht i Nollaig 2020, agus labhair an Dr John Bell, Stiúrthóir, 'Pláinéad Sláintiúil', Ard-Stiúrthóireacht Taighde & Nuálaíochta, an Coimisiún Eorpach, ar an téama 'Innovation Driving a Green and Just Transition: Mission 2050' (Aistriú Glas Cóir á Spreagadh ag an Nuálaíocht: Misean 2050).

Oideachas

Rinne an EPA urraíocht ar cheacht faoi '5G/EMF in Science and Technology in Action', acmhainn ilmheáin do scoileanna dara leibhéal. Lean an GCC dá chuid ábhar oideachais agus acmhainní eile ar líne a chur chun cinn in 2020 trí fhoilsiú spriocdhírithí alt in irisí comhshaoil agus oideachais, agus trí thionscnaimh fhor-rochtana.

Clár Junior Achievement Ireland

Lean an GCC dá chomhpháirtíocht le Junior Achievement Ireland (JAI) (Éachtaí na hÓige Éireann) in 2020 nuair a sheol sé an ceacht maidir le hathrú aeráide i rith Sheachtain na hEolaíochta. Sholáthair 26 saorálaí GCC an cheardlann do 709 dalta ó 19 scoil in 9 gcontae. Thug 85 dalta (agus a múinteoirí) faoin gceacht píolótach le JAI freisin, rud a d'fhág gur bhain 794 dalta san iomlán tairbhe as sa deireadh thiar.

Is é is aidhm JAI scoláirí a spreagadh fanacht ar scoil agus a oiread leasa agus is féidir a bhaint as na deiseanna ata á soláthar ag an oideachas dóibh. Leis sin a bhaint amach, cuirtear clár ar fáil ina bhfuil scileanna oideachas fiontraíochta agus STEM (eolaíocht, teicneolaíocht, innealtóireacht agus matamaitic), mar aon le scileanna gnó agus saoil.



Bímid ag dréim le cláir straitéiseacha a chur ar fáil ag leibhéal náisiúnta chun an dramhaíl a sheachaint agus chun an geilleagar ciorclach a spreagadh in Éirinn.

4.3 IOMPRAÍOCHT INBHUANAITHE A CHUR CHUN CINN

An Clár Náisiúnta um Chosc Dramhaíola

Cuireadh Clár Náisiúnta um Chosc ar Dhramhaíl (NWPP) na hÉireann ar bun in 2004. Is é an Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil a stiúirann é, agus tá aitheantas gnóthaithe aige mar chlár den scoth san Aontas Eorpach. Sa chlár reatha, tá an fócas aistrithe ó thaispeáint agus scála áitiúil ar an bhformhór chuig cláir straitéiseacha ar bhonn náisiúnta a choisceann dramhaíl agus a ghríosáíonn an geilleagar ciorclach in Éirinn. Is é ár n-aidhm ná uirlisí agus faisnéis a sholáthar do ghnóthais, daoine aonair agus an earnáil phoiblí le go n-imreofaí tionchar ar iompraíocht daoine, le go dtacófaí le roghanna inbhuanaithe agus le go mbeadh bonn stuama le beartais.

Is é an NWPP príomhthionscnamh na hÉireann i ndáil leis an ngeilleagar ciorclach a fhorbairt. Féachann an tsamhail eacnamaíoch seo le saolré táirgí agus ábhair a shíneadh níos faide chun ídiú acmhainní agus fuinnimh a laghdú. Tá sí bunaithe ar an ordlathas dramhaíola, ina sainaithear cosc ar dhramhaíl mar an cur chuige is tábhachtaí; agus ina dhiaidh, athúsáid; deisiú agus uaschúrsáil.

Na rudaí is mó a spreagann an clár chun tosaigh ná pacáiste Geilleagair Chiorclaigh an AE agus na hathruithe reachtacha bainteacha, lena n-áirítear an Treoir um Phlaistigh Aon Úsaíde. Ag leibhéal náisiúnta, tá ionchur tábhachtach déanta ag beartais agus tuairisciú dramhaíola agus ag an bPlean Gníomhaithe ar son na hAeráide, a foilsíodh le déanaí. Tá Tuairisc ar Staid an Chomhshaoil an GCC agus an Plean Forbartha Náisiúnta ina mbonn freisin leis an gclár. Na gnéithe a bhrúnn sruthanna dramhaíola tosaíochta ar aghaidh laistigh den chlár, tá siad bunaithe ar staitisticí dramhaíola náisiúnta agus ghealltanais reachtúla.

Is é 'Rediscovery Centre' Lárionad Náisiúnta Éireann don Gheilleagar Ciorclach. Sa lárionad seo, tugtar le chéile in aon ionad amháin scileanna agus saineolas ealaíontóirí, eolaithe, dearthóirí, agus ceardaithe, agus iad ceangailte le chéile ag cuspóir comhchoiteann na hinbhuanaitheachta. Is eagraíocht é seo atá dírithe ar an bpobal agus an ceantar, ach ba dhúshlán dóibh iad na srianta COVID. D'aistrigh siad ar líne chun aghaidh a thabhairt air sin, agus réachtáil siad imeachtaí le haghaidh 6,465 rannpháirtí, mar aon le 28 ceardlann ar líne a d'eagraigh a bhfiontair shóisialta (Rediscover Furniture, Rediscover Fashion, Rediscover Cycling, Rediscover Paint).



CIRCULÉIRE: Is é atá san Ardán Náisiúnta um Dhéantúsaíocht Chiorclach ná comhpháirtíocht phoiblí-phríobháideach arna stiúradh ag an earnáil tionsclaíochta, a oibríonn le déantúsóirí na hÉireann chun a múnlaí gnó a fhorbairt nó go ndéanfar múnlaí ciorclacha seachas múnlaí líneacha díobh trí thagarmharcáil, iniúcháireacht agus tionscadail nuála. Sholáthair scéim maoinithe nuála an ardáin gradaim le haghaidh dhá thionscadal geilleagair chiorclaigh in 2020. D'oibrigh baill na hearnála tionsclaíochta i gcomhar le chéile chun páipéir bhána a fhorbairt ar i) sholáthar ciorclach; ii) siombóis tionsclaíoch; agus iii) an bithgheilleagar ciorclach.

Lean Lónra Coiscithe na nÚdarás Áitiúil (LAPN) de chabhair theicniúil a chur ar fáil, chomh maith le maoiniú le haghaidh éifeachtúlacht acmhainne agus cosc dramhaíola a chur chun cinn ag leibhéal na gcontaetha. Tugadh tuairisc faoi rannpháirtíocht shóisialta chun críche ar bhonn thionscadail 2019, agus sainaitníodh inti go raibh breis is 1.1 mhilliún saoránach páirteach trí na 42 tionscadal. Bhí trí réimse téamúla ina bpríomhghnéithe den ghairm bhlíantúil ar chúnamh deontais: athúsáid péinte; cultúr deisithe a chothú; agus nuáil ó thaobh cosc ar dhramhaíl de. Tar éis líon ard iarratas agus iarrataí ar chúnamh deontais a bheith faighte, tacaíodh le ceithre thionscadal déag ar luach €84,000. Chuir LAPN fiseán ar fáil ar www.repairmystuff.ie, agus é saincheaptha do na húdaráis áitiúla aonair, chun an Lá Deisiúcháin Idirnáisiúnta a chur chun cinn, agus rinneadh bolscaireacht leathan air sin ar na meáin shóisialta. Rinneadh athbhreithniú seachtrach ar LAPN in 2020 chun go bhféadfaí iarmhairtí an chlár go dtí sin agus a thodhchaí a phlé.



Soláthar Glas Poiblí

Is éard is Soláthar Glas Poiblí (GPP) ann ná próiseas ina bhféachann na húdaráis áitiúla le hearraí, seirbhísí nó oibreacha a fhoinsíú, a bhfuil tionchar laghdaithe ar an gcomhshaol ag baint leo. Is ionann an ceannachán bliantúil in earnáil phoiblí na hÉireann agus 10% go dtí 12% den olltáirgeacht intíre (OTI), rud a chuireann ar chumas na hearnála poiblí tionchar suntasach a imirt ar an soláthar d'earraí, seirbhísí agus oibreacha sa mhargadh, atá níos tíosaí ar acmhainní agus/nó nach bhfuil an leibhéal céanna truaillithe ag baint leo. Tá ról lárnach ag an Soláthar Glas Poiblí freisin maidir le cuspóirí agus spriocanna na haeráide náisiúnta a bhaint amach, agus tá sé de dhualgas ar gach comhlacht poibí a bheith rannpháirteach. Faoi Chlár an Rialtais, is gá, i gcás aon soláthar a bhaineann leas as cistí poiblí, go mbeadh critéir ghlasa san áireamh ann faoi 2023. Baineann reachtaíocht nua anois le soláthar an-chuid earraí agus seirbhísí, lena n-áirítear feithiclí; oibreacha tógála; agus táirgí a úsáideann fuinneamh.

D'oibrigh an GCC ar thrí shnáithe den Soláthar Glas Poiblí in 2020: (i) leasú ar Threoir 2014 um Sholáthar Glas don Earnáil Phoiblí (ii) forbairt agus seoladh clár oiliúna don earnáil phoiblí; agus (iii) tús a chur le Soláthar Glas Poiblí a mhonatóiriú agus a thuairisciú le haghaidh ranna rialtais. Faoi dheireadh na bliana, bhí an treoir leasaithe dréachtaithe agus eisithe le haghaidh comhairliúcháin do

75 páirtí leasmhar; agus bhí an oiliúint nua curtha ar fáil do 76 ceannaitheoir earnála poiblí ó ranna rialtais, údaráis áitiúla agus gníomhaireachtaí stáit.



Deireadh a Chur le Cur Amú Bia

Is fadhb mhór ar fud na tíre agus an AE é an Cur Amú Bia – i dtéarmaí cosc ar dhramhaíl agus athrú aeráide araon. Is é an GCC atá i gceannas ar iarrachtaí Éireann maidir le cosc ar chur amú bia, agus bíonn siad ag díriú ar ghealltanais Éireann a chomhlíonadh chun an cur amú bia a laghdú faoina leath faoi 2030. Chun é sin a bhaint amach, beidh athrú meoin ag teastáil i measc an phobail, chomh maith le hathrú ar ár n-iompraíocht i dtaca le bia; agus beidh freagairt láidir de dhíth freisin feadh gach céim den slabhra soláthair bia.


Rinneadh suirbhé (a bhí ionadaíocht go náisiúnta) ar 1,000 aosach ar aois 16+ maidir le dearchtaí ar iompraíocht i leith dramhaíl bia agus bainistíocht bia sa bhaile. Léiríodh gur tosaíocht faoi leith é an dramhaíl bia i dteaghlaigh Éireannacha, agus gurbh iad na príomhchúiseanna le dramhaíl ná gan bia a ithe faoin dáta molta agus dearmad a dhéanamh, fuílleach bia a ithe in am. Bhí an suirbhé ar dhearchtaí i leith dramhaíl bia ina bhonn le feachtas náisiúnta chun deireadh a chur le Cur Amú Bia, 'Eat It or Freeze It' (Ith É nó Reoigh É), a reáchtáladh i Samhain. Ba shuntasach an clúdach meáin a bhí ag an bhfeachtas, agus cuireadh ar a súile é do 4.6 milliún duine; anuas air sin, bhí freastal 769,000 aige, agus 3.6 milliún taispeáint, agus dá bharr sin, bhí méadú mór ar an trácht chuig StopFoodWaste.ie.

5

Forbróimid ár mbaill foirne agus déanfaimid ár n-eagraíocht a chuíchóiriú chun torthaí den scoth don chomhshaol a sheachadadh, agus chuige sin, díreoimid ar fhorbairt agus ar chur chun cinn sláinte, folláine agus sábháilteacha ag an obair, agus cothóimid cultúr ceannaireachta, leasúcháin agus nuálaíochta.

5. FEABHAS EAGRAÍOCHTA

5.1 STRUCHTÚR NA HEAGRAÍOCHTA



5.2 COISTÍ BOIRD AGUS COMHAIRLIÚCHÁIN

Bord Stiúrthóirí an GCC



Sa phictiúr (ó chlér): An Dr Tom Ryan (Stiúrthóir, an Oifig Forfheidhmithe Comhshaoil), an Dr Eimear Cotter (Stiúrthóir, an Oifig Inbhuanaitheacht Comhshaoil), an tUas. Gerard O'Leary (Stiúrthóir, an Oifig Cumarsáide agus Seirbhísí Corparáideacha), Laura Burke, Uas. (Ard-Stiúrthóir), an Dr Ciara McMahon, nach maireann (Stiúrthóir, an Oifig Cosanta ar Radaíocht agus Monatóireacht Comhshaoil, agus an Dr Micheal Lehane (Stiúrthóir, an Oifig Fianaise agus Athbhreithnithe).

Cruinnithe boird

Tá seisear Stiúrthóirí Feidhmiúcháin lánaimseartha ar Bhord an GCC. Tionóladh 61 cruinniú den Bhord in 2020 ar an iomlán: 13 cruinniú ginearálta inar pléadh saincheistanna a bhain le beartas corparáideach, rialachas, straitéis, airgeadas agus pleanáil, chomh maith le 48 cruinniú teicniúil inar pléadh iarratais ar cheadúnais, ionchúisimh agus ceistanna oibríochta.

Coiste Comhairleach an GCC

Cabhraíonn Coiste Comhairleach leis an GCC, ag a bhfuil téarma oifige trí bliana. Is eagraíochtaí forordaithe a dhéanann an 12 comhalta a ainmniú, agus is é an tAire Comhshaoil, Aeráide agus Cumarsáide a cheapann iad. Tá Ard-Stiúrthóir an GCC ina chomhalta agus ina Chathaoirleach ar an gCoiste de bhrí oifige. Ceapadh beirt chomhaltaí nua ar an gCoiste i mí Iúil 2019. Tá réimse leathan feidhmeanna comhairleacha ag an gCoiste Comhairleach, lena n-áirítear moltaí a dhéanamh don GCC agus/nó don Aire.

Comhaltaí ceaptha ó chomhlachtaí forordaithe

An Dr Laure Marignol (ainmnithe ag Coláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath) a ceapadh ar an 1 Iúil 2019

Baill Ceaptha ag an Aire

Aebhin Cawley Uasal, a ceapadh ar an 1 Iúil 2019

Cathaoirleach

Laura Burke Uasal, Ard-Stiúrthóir, GCC

Coistí Comhairleacha Eile

Coiste Comhairleach maidir le Dumpáil ar Farraige

Cuireadh Coiste Comhairleach nua maidir le Dumpáil ar Farraige ar bun in 2020. Tugadh cuireadh do 9 n-eagraíocht a bheith ar an gCoiste Comhairleach, lena áiríodh saineolaí idirnáisiúnta. Maireann an téarma oifige don Choiste Comhairleach maidir le Dumpáil ar Farraige don tréimhse ó Shamhain 2020 go dtí Samhain 2023. Reáchtáladh cruinniú amháin in 2020, agus cuireadh na comhaltaí Coiste ar an eolas faoin bhfeidhm cheadaithe maidir le Dumpáil ar Farraige, faoi na próisis reachtaíochta agus ceadúnaithe atá i bhfeidhm chun rannpháirtíocht an phobail a éascú, chomh maith le comhlacht sonraithe agus comhairliúchán reachtúil. Iarradh ar na comhaltaí ráitis nó tuairimí a chur isteach maidir le hiarratais ar cheadúnais agus maidir leis na hiarratais reatha ar leasú.

An Coiste Comhairleach ar Orgánaigh Ghéinmhodhnaithe

Chuaigh an GCC i gcomhairle leis an 8^ú Coiste Comhairleach ar Orgánaigh Ghéinmhodhnaithe (2017-2020) i ndáil le hathbhreithniú ar:

- ▲ Fógra a fuarthas i ndáil le riar táirge géinteiripe faoi chlár rochtain bainistithe i dtimpeallacht ospidéal faoi na Rialacháin Orgánach Géinmhodhnaithe (OGM) (Scaoileadh Amach d'Aon Ghnó), 2003 agus
- ▲ dhá fhógra um údarú margaíochta a fuarthas ón nGníomhaireacht Leigheasra Eorpach (EMA) maidir le táirgí leigheasacha daonna ina bhfuil OGManna nó atá déanta as OGManna.

Chuaigh an 8^ú Coiste Comhairleach OGM in éag ar an 30 Meitheamh 2020 agus cuireadh coiste nua (9^ú) ar bun, a bheidh i bhfeidhm go dtí 2023. Tionóladh cruinniú den Choiste nua i Nollaig 2020. Chuaigh an GCC i gcomhairle leis an gcoiste i ndáil le trí fhógra um údarú margaíochta a fuarthas ón EMA maidir le táirgí leigheasacha daonna ina bhfuil OGManna nó atá déanta as OGManna.

An Coiste Comhairleach um Shláinte

Bunaíodh an Coiste Comhairleach Sláinte in 2011 chun comhairle a chur ar an GCC agus cabhrú leo i ndáil le himpleachtaí sláinte poiblí aon chúrsaí a bhaineann le cosaint an chomhshaoil. Tá ionadaithe ar an gcoiste ó chomhlachtaí poiblí a bhíonn ag obair ar cheisteanna comhshaoil agus sláinte, lena n-áirítear Feidhmeannacht

na Seirbhíse Sláinte (FSS), an tÚdarás Sláinte agus Sábháilteachta (HSA), an Bord Taighde Sláinte (HRB), an Roinn Comhshaoil, Aeráide agus Cumarsáide (DCCAE), an Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara, An Roinn Sláinte, An Bord Pleanála, Údarás Sábháilteachta Bia na hÉireann, an tÚdarás Rialála Táirgí Sláinte, An Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreacht (DHPLG) agus Cumann na mBainisteoirí Cathrach agus Contae (CCMA). Tháinig an coiste le chéile uair amháin i rith 2020 agus pléadh, i measc rudaí eile, topaicí amhail na dúshlán reatha agus todhchaí sna réimsí sláinte agus comhshaoil i dtaca le huisce, aer, aeráid, rialáil, sonraí agus taighde.

An Coiste Comhairleach um Chosaint Raideolaíoch

Bunaíodh an dara Coiste Comhairleach um Chosaint Raideolaíoch in 2019. Beidh téarma oifige trí bliana ag an gcoiste sin. Tá seisear chomhaltaí déag ar an gcoiste, iad ainmnithe ag eagraíochtaí, agus tá saineolas acu a bhaineann le feidhmeanna an GCC um chosaint raideolaíoch. Mar thoradh ar Covid-19, níorbh fhéidir leis an gcoiste teacht le chéile i mbliana ach aon uair amháin, agus phléigh siad fachtóirí an Choimisiúin Idirnáisiúnta um Chosaint Raideolaíoch maidir le tiontú dáileoige le haghaidh radóin, forbairt Cód Cleachtais nua chun Rialacháin 2019 maidir le radaíocht núicléach i gcomhair ceadúnaithe a chomhlíonadh, agus scéim ceadaithe Comhairleora um Chosaint ar Radaíocht (RPA) an GCC.



5.3 ACMHAINNÍ DAONNA

Tá sé d'aidhm ag an GCC a bheith ina eiseamláir faoi choinne mhaoirseacht agus fhorbairt ár ndaoine agus ár n-acmhainní eagraíochtúla.

I rith 2020, rinneadh dul chun cinn suntasach maidir le bearta tosaíochta Straitéis Forbartha Acmhainní Daonna an GCC a chur i bhfeidhm, lena áiríodh:

- ▲ Athbhreithniú ar an gCreat Inniúlachta agus an Próiseas Earcaíochta.
- ▲ Bronnadh an creidiúnú IBEC KeepWell Mark ar an GCC.
- ▲ Reáchtáladh comhdháil Líonra Bainistíochta & Ceannaireachta maidir le 'Ceannaireacht Dhearfach'.
- ▲ Seoladh Chomhpháirtíocht Ghnó na nAcmhainní Daonna.
- ▲ Méadracht fheabhsaithe maidir le torthaí.
- ▲ Feabhsú leanúnach próiseas gnó na Straitéise Forbartha Acmhainní Daonna, lena n-áirítear an córas sin a nuashonrú.
- ▲ Córas bainistithe foghlama a chur i bhfeidhm chun oiliúint ar líne a éascú.

Earcaíocht

Tugtar aitheantas don GCC mar rogha fostóra san earnáil phoiblí agus bíonn an-suim i gcónaí i bpoist a fhógraítear. Le linn 2020, d'fhógair an GCC 12 chomórtas oscailte earcaíochta ina bhfuarthas beagnach 400 iarratas. Rinneadh athbhreithniú ar an gCreat Inniúlachta agus Próiseas Earcaíochta chun díriú ar bhaill fhoirne a tharraingt agus a choinneáil, a bhfuil na scileanna agus an saineolas cuí acu.

Bhí dúshlán shuntasacha ann in 2020 mar gheall ar an bpaindéim COVID-19, agus dá bhrí sin, reáchtáladh agallaimh fhíorúla agus rinneadh baill foirne nua a ionduchtú ó chian.

Faoi dheireadh na bliana, bhí líon faofa ball foirne de 420 ag an GCC, a raibh 168 díobh lonnaithe sa Cheannoifig i Loch Garman, agus 125 sa Chigireacht Réigiúnach i mBaile Átha Cliath. Tá gach duine eile lonnaithe i gceithre Chigireacht Réigiúnacha eile agus in dá hOifig Hidriméadrachta ar fud na tíre.



Baill foirne an GCC ar Lá na Gníomhaireachta, 2019.

Socrúcháin do Mhic Léinn

Lean an GCC dá rannpháirtíocht i réimse leathan institiúidí oideachais tríú leibhéal faoi chlár intéirneachta le go mbeidh deis ag mic léinn oibriú leis an GCC agus taithí agus saineolas a fháil. Tugadh naoi intéirneacht íoctha chun críche i rith 2020.

Scileanna agus cumais

Chun teacht le straitéis forbartha na n-acmhainní daonna, cuireann an GCC réimse leathan tacaíochtaí oiliúna ar fáil do gach ball foirne le doimhneacht na scileanna agus an eolais atá ann ar fud na heagraíochta a fheabhsú agus chun tacú le sainordú

agus cuspóirí straitéiseacha an GCC. Tá an tiomantas sin le feiceáil sa chaiteachas don fhoghlaím agus forbairt, arb ionann é agus thart ar thrí faoin gcéad den chaiteachas ar an bpárolla. Dar leis an GCC, is fóram suntasach don fhoghlaím neamhfhoirmiúil é freastal ar imeachtaí, mar shampla, cúrsaí oiliúna, ceardlanna agus seimineáir. I rith 2020, rinne an GCC athrú ó bhonn ar an gcaoi a sholáthair sé oiliúint, agus leasaíodh an-chuid cúrsaí le go bhféadfaí iad a sholáthar ar líne. Cé nach raibh an méid céanna imeachtaí seachtracha ar fáil do bhaill foirne, bhí freastal ar 1,870 lá oiliúna san iomlán – thart ar 4.5 lá an duine ar an meán.

Ceannaireacht láidir

Tá an Líonra Bainistíochta Sinsearaí (SMN), a chuimsíonn gach Stiúrthóir agus Clárghainisteoir, i bhfeidhm ó bhí 2014 ann, agus tagann siad le chéile sé huaire in aghaidh na bliana ar a laghad. Tá ról maoirseachta ag an SMN i ndáil le cur i bhfeidhm Spriocanna Straitéiseacha an GCC, agus chun go mbeidís ina n-eiseamláir, taispeánann siad go gníomhach cén chaoi a gcuireann siad tréithe cultúrtha an GCC i bhfeidhm sa saol laethúil, mar atá, “Comhoibríoch”, “Tacúil” agus “Diongbháilte” i ngach ceann dá mbearta agus ina bplé le baill foirne. I rith 2020, phléigh an SMN topaici amhail conas a fhorbraíonn an GCC fianaise agus saineolas, ról na ceannaireachta nuair a bhíonn athruithe móra ag tarlú sa saol, agus forbairt an chéad straitéis chorparáideach eile.

Bhí comhdháil bhliantúil ag an Líonra Bainistíochta Sinsearaí a bhí dírithe ar mheánghainisteoirí, agus an príomhthéama a bhí á phlé ná ‘Ceannaireacht Dhearfach’; roinn bainisteoirí a gcleachtais agus léirigh siad samplaí de cheannaireacht dhearfach laistigh den GCC.

Comhpháirtíocht

Tá Coiste Comhpháirtíochta GCC, Meitheal, ar bun ó 1999 i leith. Le linn 2020, lean Meitheal dá ról comhairliúcháin do bhaill foirne maidir le Plean Straitéiseach an GCC agus an Straitéis Forbartha Acmhainní Daonna a chur i bhfeidhm, agus tionscnaimh na Foirne Glaise a fhorbairt agus a chur chun cinn. Thug Meitheal tacaíocht ar bhonn leanúnach do rannpháirtíocht an GCC in Junior Achievement Ireland agus tionscnaimh fo-rochtana eile, chomh maith le ceannaireacht a thabhairt do rannpháirtíocht an GCC i Lá Náisiúnta na Folláine sa Láthair Oibre.

Folláine Láthair Oibre ag an GCC

Ag tús na bliana, bronnadh an gradam IBEC KeepWell Mark ar an GCC, a sholáthraíonn tagarmharc dó i ndáil leis na tacaíochtaí atá i bhfeidhm d'fhostaithe. I rith 2020, ba thosaíocht é folláine na foirne, agus cuireadh roinnt mhaith tionscnamh i bhfeidhm chun tacú le fostaithe. Áiríodh leo sin óstáil sraith seimineár gréasáin i gcomhar lenár soláthraí seirbhísí um Chúnamh d'Fhostaithe -

Spectrum.Life; seirbhísí ar líne agus taifeadtaí seachtainiúla d'imeachtaí beoshruthaithe a chur chun cinn agus obair i ndlúthpháirt le cumainn Spóirt & Shóisialta chun imeachtaí a rith. Bhí na cláir fholláine ag teacht go mór le hobair na Foirne Freagartha don Phaindéim lena chinntiú go mbeadh teachtaireacht leanúnach á scaipeadh.

Sábháilteacht, sláinte agus leas ag an Obair

Tuigeann an GCC go bhfuil sábháilteacht, sláinte agus leas ina riachtanais bhunúsacha ina cuid oibríochtaí. I ndáil leis sin, is é polasaí an GCC a ghnó a dhéanamh ar bhealach a dhéanann sábháilteacht, sláinte agus leas a chosaint do bhaill foirne, cuairteoirí, conraitheoirí agus baill den phobal a mbeadh baint acu le gníomhaíochtaí an GCC. Soláthraíonn an GCC áit oibre shábháilte agus córas oibre sábháilte dá cuid ball foirne, chomh fada agus is féidir go praiticiúil, i gcomhréir leis an Acht um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair, 2005 agus na rialacháin ghaolmhara.

An Fhoireann Freagartha don Phaindéim

Leanamar dár n-obair i rith 2020, ós rud é go mbíonn seirbhísí riachtanacha á gcur ar fáil ag an GCC. Cé gur oibrigh mórchuid na foirne ón mbaile, thugamar faoi obair riachtanach allamuigh agus iniúchtaí láithreacha. Chun freagairt an GCC do COVID-19 a chomhordú, bunaíodh Fhoireann Freagartha don Phaindéim (PRT) agus tháinig siad le chéile go minic i rith 2020. Ba iad seo a leanas na trí chuspóir a bhí ag an bhFoireann:

- ▲ Sábháilteacht, sláinte agus leas fostaithe agus conraitheoirí an GCC agus a dteaghlach a chosaint, mar aon lenár ngaolta gnó,
- ▲ Sainroil agus freagrachtaí na foirne roimh agus i rith paindéime a chur ar a súile dóibh, lena n-áirítear cumarsáid lenár máthair-roinn, leis na meáin agus le páirtithe leasmhara a bhainistiú, agus
- ▲ Oibríochtaí gnó a choinneáil ar siúl a oiread agus is féidir i rith agus i ndiaidh paindéime.

De réir na comhairle sláinte poiblí, stiúir an PRT forbairt sraith prótacal, a nuashonraíodh tar éis aon athruithe ar an gcomhairle sláinte poiblí.



Prótacail do Covid-19

- Tinreamh ag Foirgnimh Ceadú an Phrotacail
- Protacail Cursaíochta Foirgnimh
- Ceaintíní & Cistinéid Protacail
- Protacail Cúiréirí agus Poist
- Protacail Logála Teagmhála
- Físeáin Oilúna agus Ionduchtúcháin maidir le Covid 19
- Ionadaithe Covid 19

- Protacail Freagróra Garchabhrach
- Protacail Thiomáint mar Obair
- Innealtóirí Cothabhála agus Seirbhíse Protocol
- Treoir do Láithreán Gealltanais Foirne Cuairteanna
- Seomraí Cruinnithe agus Cruinnithe Protacail
- Protacail maidir le Uimhreacha sna Foirgnimh a Bhainistiú
- Protacail maidir le Fáiltiú
- Nós Imeachta um Rialú Oibríocháin 28 - Covid 19

5.4 TEICNEOLAÍOCHT FAISNÉISE AGUS CUMARSÁIDE

Leagtar amach i straitéis chorparáideach an GCC an mhian atá san eagraíocht an acmhainn agus an úsáid a bhaintear as Teicneolaíocht Faisnéise agus Cumarsáide (TFC) a fheabhsú chun tacú le leasúchán agus nuálaíocht. Maoirsíonn fochoiste an Bhoird rialail agus treoir straitéiseach an athraithe TFC a chumasaíonn TFC. Ó thaobh infheistíocht TFC de, tá tús áite ag réimsí amhail soláthar faisnéise, bainistíocht sonraí, seirbhísí ar líne agus roinnte, teicneolaíochtaí ar thús cadhnaíochta, agus cumais TFC inmheánacha a fhorbairt.

Slándáil faisnéise

Tá faisnéis ina sócmhainn lárnach ag an GCC. Tá sé rithábhachtach go ndéanfar faisnéis, teicneolaíochtaí agus feidhmchláir an GCC a chosaint le go ndéanfaidh an GCC a chuid feidhmeanna a chomhlíonadh go héifeachtach. Clúdaíonn na cleachtais um shlándáil eolais sa GCC trí phríomhchuid: rúndacht, ionracas agus infhaighteacht. Dá réir sin, tá beartais agus teicneolaíochtaí tugtha isteach ag an GCC le cúpla bliain anuas chun sócmhainní an GCC a chosaint agus chun freastal ar na héilimh sa réimse slándála faisnéise, atá ag síorfhás. Déantar athbhreithniú orthu siúd go tráthrialta.

In 2020, rinneadh iniúchadh inmheánach ar Shlándáil Faisnéise TFC an GCC os coinne dianchaighdeán idirnáisiúnta ISO 27001. Mórchuid na dtorthaí iniúchta, déileáladh leo in 2020, agus tabharfar aghaidh ar na cinn atá fágtha roimh dheireadh 2021.

D'aistrigh an oiliúint um shlándáil faisnéise ar líne in 2020, rud a d'fhág go rabhthas in ann leanúint di sa timpeallacht oibre athraithe ina bhfuilimid ag feidhmiú. Rinne an tOifigeach Slándála Faisnéise athbhreithniú ar na beartais TFC agus rinneadh físeáin ar bhealach sothuigthe ar na beartais is tábhachtaí mar chuid de chlár feasachta an GCC.

Córais agus teicneolaíochtaí nua TFC

Tá athrú agus feabhas ag teacht ar theicneolaíochtaí faisnéise agus cumarsáide an t-am ar fad. Déanann an GCC iarracht a bheith cothrom le dáta leis an

gleachtas is fearr in TFC; le cinntiú go roghnófar na roghanna teicniúla is fearr, leis an leas is mó a bhaint as an teicneolaíocht nua, agus le cinntiú go mbainfear luach ar airgead amach in infheistíochtaí TFC.

Cuireadh obair shuntasach i gcrích in 2020 le teicneolaíochtaí cumarsáide nua a chur in ionad na sean-teicneolaíochtaí cumarsáide a d'úsáideadh baill foirne agus conraitheoirí GCC. Tá córais cumarsáide ann anois atá níos fearr, níos gasta, níos comhtháite agus níos saoire, san áit a raibh córais éagsúla níos sine a úsáideadh do ghlaonna fóin, físchomhdháil agus chun teachtaireachtaí meandracha a sheoladh. Cuireann uirlisí físchomhdhála níos fearr ar chumas fhoirne an GCC a bheith ag obair le chéile ar bhonn níos éifeachtaí agus taisteal idir oifigí a ísliú. Ba léir a fheabhas a bhí ag éirí leis na tionscnaimh sin i rith 2020 nuair a cumasaíodh ár n-uirlisí nua le go mbeidís réidh le haistriú leanúnach, nach mór, a éascú chuig obair ón mbaile le haghaidh ár bhfoirne agus conraitheoirí, mar ba ghá toisc chur isteach Covid-19.

Chun freastal ar na riachtanais ghnó le haghaidh uirlisí níos fearr chun go mbeifí in ann ról chomhshaoil agus bhainistíochta an GCC a dhéanamh, tá gá le huirlisí agus córais nua TFC atá níos cumhachtaí. Tugtar táirgí agus feidhmchláir nua TFC d'fhoirne an GCC nuair atá an gá aitheanta ag teacht le Straitéis Chorparáideach an GCC, nuair atá cás soiléir gnó ann agus nuair atá buiséad leordhóthanach ar fáil.

5.5 CÓRAS BAINISTÍOCHTA COMHSHAOIL

Ó bunaíodh an Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil (GCC) in 1992, táimid tiomanta do chosaint agus d'fheabhsú an chomhshaoil mar shócmhainn luachmhar do mhuintir na hÉireann trí rialú, forfheidhmiú, monatóiriú, measúnú agus tuairisciú maidir leis an gcomhshaoil. De réir ár dtiomantas chun a bheith mar eiseamláir, tá Córas Bainistíocht Comhshaoil (EMS) curtha i bhfeidhm agus cothabháilte againn ó bhí 2010 ann, agus é creidiúnaithe de réir chaighdeán idirnáisiúnta ISO14001:2015. Tá an GCC tiomanta don dea-shampla a thabhairt le ceannaireacht a léiriú, agus tá bainistíocht agus cleachtas maith comhshaoil fite fuaite inár ngníomhaíochtaí coitianta.

Forléargas fuinnimh


Tá éacht bainte amach ag an GCC i ndáil leis na riachtanais atá leagtha amach sa Phlean Gníomhaíochta Náisiúnta um Éifeachtúlacht Fuinnimh, is é sin, ár n-éileamh ar fhuinneamh laghdaithe againn faoi níos mó ná 50% ó 2006. Ba bhuaicphointe dúinn é sprioc um éifeachtúlacht fuinnimh 2020 an Rialtais de 33% a bhaint amach roimh an spriocdháta. Bhí ríthábhacht ag baint le monatóireacht a dhéanamh ar an idiú fuinnimh sna suíomhanna go léir leis na spriocanna sin a bhaint amach go dtí seo. I rith na tréimhse, d'fheabhsaigh an GCC éifeachtúlacht fuinnimh a fhoirgneamh trí infheistiú i réitigh téimh inathnuaite (bithmhais agus teaschaidéil leictreacha) agus córais tógála éifeachtúla amhail soilsiú LED agus féinghiniúint leictreachais ar bhonn fuinneamh gréine fótavoltach. Lena hais sin, d'fheabhsaigh an GCC an flít iompair nuair a d'aistrigh siad chuig feithiclí hibrídeacha agus feithiclí iomlán leictreach, a d'áirigh pointí luchtaithe leictreacha ag gach láthair oifige GCC.

Baineann an GCC leas as foinsí fuinnimh éagsúla chun a fhoirgnimh a chumhachtú agus a théamh. Ar na foinsí a úsáidtear, tá bithmhais, gás nádúrtha, fuinneamh gréine teirmeach, fuinneamh fótavoltach (PV), gás bithpheitiriliam (Bio-LPG), ceirisín agus leictreachas (teaschaidéil aer go huisce). Ceannaítear leictreachas anois ó fhoinsí atá céad faoin gcéad inathnuaite. Baintear leas as díosal chun gineadóirí cúltaca a chumhachtú. Áirítear le Plean Gníomhaithe ar son na hAeráide Éireann laghduithe agus athruithe uailmhianacha maidir le húsáid fuinnimh trí chonair dhícharbónaithe, agus dáiríre tá GCC iomlán réidh le leanúint de charbón agus d'fhuinneamh a laghdú trí thuilleadh feabhsúchán a dhéanamh, mar shampla, nuashonrú soilsithe trí LED a úsáid atá tíosach ar fhuinneamh, úsáid fuinneamh gréine fhótavoltaigh a mhéadú, agus fócas leantach ar a astaíochtaí carbóin.

Úsáid fuinnimh

An chuid is mó d'éileamh fuinnimh an GCC, baineann sé le téamh spáis, soilsiú, cumhacht, uisce te agus iompar. In 2020, ba é 2622 meigeavatuair (MWh) ídiú iomlán fuinnimh an GCC (Fíor 11), a léiríonn laghdú 12.5 MWh san iomlán i rith na tréimhse 2019 go dtí 2020.

Tháinig laghdú 2.2% ar ár bhfoinse fuinnimh is mó, an leictreachas, i rith na tréimhse sin, laghduithe a tharla tar éis feabhsúcháin foirgnimh amhail uasghrádú an tsoilsithe. Rud eile a raibh tionchar aige ar chúrsaí ná níos lú daoine a bheith in oifigí in 2020 mar gheall ar Covid-19. Laghdaigh ár bhfuinneamh teirmeach faoi 19.8%, mar thoradh go príomha ar áitiúch laghdaithe inár bhfoirgnimh. Suiteáladh teaschaidéil i gceann dár bhfoirgnimh, agus dá bharr sin, bhí laghdú ar ár n-úsáid gáis nádúrtha agus méadú dá réir ar an éileamh ar leictreachas. Bhí laghdú 30% ar ár nIompar Flít, mar thoradh go príomha ar ghníomhaíocht laghdaithe mar gheall ar na srianta COVID-19 i rith 2020.



Fíor 16. Úsáid fuinnimh an GCC (MW h) 2020

5.6 RIALACHAS

Rialachas corparáideach

Tá ríthábhacht ag baint leis an rialachas corparáideach don GCC i dtaobh a shainchúram reachtúil a chomhlíonadh go héifeachtach. Déanann an rialachas corparáideach a áirithiú go bhfuil creatlach struchtúr agus próiseas ann a fhágann gur féidir le comhaltaí Boird measúnú a dhéanamh ar an mbainistíocht agus ar fheidhmíocht corparáideach, agus san am céanna a áirithiú go gcomhlíonann na comhaltaí a gcuid freagrachtaí rialachais féin go hoibiachtúil éifeachtach. Is é polasaí an GCC oibleagáidí rialachais agus freagrachta a chomhlíonadh ina n-iomláine agus féachaint chuig sampla an dea-chleachtais agus é sin á dhéanamh.

Tá an Cód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú 2016 (an Cód) riachtanach do gach comhlacht Stáit agus tháinig sé i bhfeidhm ar an 1 Meán Fómhair 2016. Le linn 2020, lean an GCC de cheanglais rialachais a chur i bhfeidhm agus den Chód a chomhlíonadh. Tá Aonad Rialachais Chorporáidigh i bhfeidhm agus tá sé freagrach as maoirseacht agus tuairisciú a dhéanamh ar chur i bhfeidhm agus chomhlíonadh an Chóid.

De réir na riachtanas a eascraíonn as larscríbhinn an Chóid maidir le Cothromaíocht Inscne, Éagsúlacht agus Ionchuimsiú, moltar go léireofaí ionadaíocht 40% de mhná agus fhir ar Bhoird Stáit. Ar an 31 Nollaig 2020, bhí cothromaíocht inscne de 50% baineann agus 50% fireann ar Bhord an GCC.


Bainistíocht Riosca

Tá an GCC tiomanta dá rioscaí a bhainistiú agus tá creat bainistíochta ar rioscaí i bhfeidhm a dhéanann na forálacha atá sa Chód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú a chomhlíonadh.

Cheadaigh an Bord Beartas Bainistíocht Riosca an GCC in 2018.

Tá Coiste Feidhmiúcháin Riosca (ERC) ann (a ndéanann an Príomhoifigeach Riosca cathaoirleacht air) ar a bhfuil beirt stiúrthóirí agus triúr clárghainisteoirí. Chomh maith leis sin, tá Coiste Iniúcháireachta agus Riosca (ARC) ann ar a bhfuil seisear comhaltaí seachtracha agus bainisteoir sinsearach amháin ón GCC. Tá freagracht ar an ERC agus an ARC i dteannta a chéile as dearbhú a thabhairt do Bhord ann GCC agus comhairle a chur air faoi bhainistíocht riosca (féach fíor 17). Bíonn cruinnithe rialta ag an ERC agus tháinig na comhaltaí le chéile ceithre huair in 2020. Bíonn cruinnithe rialta ag an ARC agus tháinig na comhaltaí le chéile cúig huair in 2020. Is ábhar plé leanúnach é an riosca ag cruinnithe ARC.

Aithníonn an Clár Rioscaí Corparáideacha na rioscaí lárnacha atá os comhair an GCC agus tugtar sonraí ann faoi na rialuithe agus na gníomhartha is gá chun rioscaí a mhaolú nuair a thugtar freagracht do bhaill foirne sonracha as oibriú rialuithe dá leithéid. Déanann an ERC an Clár Rioscaí Corparáideacha a fhorbairt agus a bhainistiú; déanann an ARC é a athbhreithniú agus a chur faoi bhráid Bhord an GCC lena fhaomhadh.



Fíor 17. Caidreamh idir an Coiste Feidhmiúcháin Riosca, an Coiste Iniúcháireachta agus Riosca agus Bord an GCC

Rinne an GCC measúnú ar rioscaí an GCC trí úsáid a bhaint as na próisis leagtha amach sa Pholasáí Bainistíochta Riosca. Déantar achoimre ar phríomhrioscaí an GCC sa tábla thíos:

Tábla 10. Achoimre ar Rioscaí

Líon	Riosca	Rialuithe
1	Gan a bheith in ann feidhmeanna agus gníomhaíochtaí an GCC a chur i bhfeidhm mar gheall ar chur isteach amhail teagmhais drochaimsire, teagmhas mór i bhfoirgneamh GCC, ráig ghalair / paindéim (COVID-19), tubaiste nádúrtha srl. An príomhriosca a sainaithníodh in 2020 ná ár bhfreagairt don phaindéim Covid-19, agus is amhlaidh atá fós	Chun freagairt an GCC do COVID-19 a chomhordú, bhunaigh an tArd-Stiúrthóir Foireann Freagartha don Phaindéim (PRT) in GCC i Márta 2020. Mar thoradh ar chomhairle sláinte poiblí agus bhearta sábháilteachta, bhí an chuid is mó d'fhoireann an GCC ag obair ón mbaile. Tugadh faoi athbhreithnithe sábháilteachta réamhghníomhacha i réimsí ina raibh rioscaí féideartha, agus sainaithníodh bearta le cur i gcrích ina dhiaidh sin. Forbraíodh prótacail chun sábháilteacht, sláinte agus leas fhoireann, chonraitheoirí, cheadúnaithe, chustaiméirí agus pháirtithe leasmhara an GCC a chosaint, agus san am céanna, bhíodhas ag féachaint le cur isteach ar obair an GCC a theorannú.
2	Loiceadh ar rialuithe slándála na teicneolaíochta faisnéise agus cumarsáide i gcoinne cibirionsaithe, agus caillteanas feidhmiúlachta.	Bíonn an GCC ag plé i gcónaí leis an Lárionad Náisiúnta Cibearshlándála sa Roinn Comhshaoil, Aeráide agus Cumarsáide maidir le nithe a bhaineann leis an gcibearshlándáil. Thug an Ghníomhaireacht faoi Athbhreithniú ar Shlándáil Faisnéise TFC in 2020 agus tá siad tar éis na moltaí a chur i bhfeidhm. Lena hais sin, cuireann an Ghníomhaireacht Beartas agus Nósanna Imeachta Slándála na Teicneolaíochta Faisnéise agus Cumarsáide (TFC) i bhfeidhm agus déanann siad infheistíocht i rith an ama in oiliúint agus i gcosaint slándála a nuashonrú.

Iniúcháireacht Inmheánach

Le linn 2020, cuireadh an clár inmheánach iniúcháireachta chun cinn go gníomhach agus cuireadh moltaí ó iniúchtaí roimhe sin i bhfeidhm. I gcomhréir leis an gCód, rinneadh athbhreithniú ar éifeachtacht an Choiste Iniúcháireachta agus Riosca in 2020.

Críochnaíodh na hiniúchtaí seo a leanas in 2020:

- ▲ Athbhreithniú ar Shlándáil Faisnéise Ghnó an GCC, lenar áiríodh Cibearshlándáil
- ▲ Athbhreithniú ar Chomhlíonadh Cánach san GCC
- ▲ Athbhreithniú ar Sholáthar Airgeadais agus Dhliteanais Chomhshaoil
- ▲ Athbhreithniú ar Rialuithe Airgeadais Inmheánacha 2020.

Plean Straitéiseach


Tugadh Plean Straitéiseach cúig bliana an GCC, a seoladh in 2016, chun críche faoi dheireadh na bliana. Sholáthair an Plean treo agus fócas soiléir le haghaidh roinnt mhaith d'éachtaí an GCC le linn a shaolré, mar atá tuairiscithe sa tuarascáil bhliantúil seo agus i gcinn roimhe seo. I gcoirlár an Phlean, cuimsíodh cúig Sprioc Straitéiseacha, agus ba iad bearta i gclár oibre bhliantúla a bhí mar bhonn agus thaca acu. Is é an aidhm a bhí ag na spriocanna sin ná a chinntiú go mbeifí in ann na rudaí seo a leanas a rá fós faoin GCC: -

- ▲ Gur Rialtóir Iontaofa Comhshaoil é
 - ▲ Gur Ceannaire sa Réimse Fianaise agus Eolas Comhshaoil é
 - ▲ Gur Urlabhraí agus Comhpháirtí Éifeachtach é
 - ▲ Go mbeadh sé in ann Freagairt do Príomhcheisteanna Comhshaoil
 - ▲ Feabhas Eagraíochta
- Tugadh faoi athbhreithniú lárthearma ar an bplean in 2018, inar pléadh athruithe ar thimpeallacht sheachtrach an GCC, mar aon leis na rudaí suntasacha a bhí bainte amach ó foilsíodh an plean den chéad uair. Sainaithníodh tosaíochtaí nua, agus dá bhrí sin, cuimsíodh bearta nua sna réimsí Geilleagair Chiorclaigh agus na Dialóige Náisiúnta maidir leis an Athrú Aeráide. Díríodh ar bhonn leanúnach ar dhul chun cinn maidir leis na gníomhaíochtaí straitéiseacha le linn na bliana, agus tugadh nuashonruithe rialta ar ghníomhaíochtaí éagsúla do bhainistíocht shinsearach an GCC gach dara mí.
- I mí Iúil, tosaíodh ag obair ar an gcéad Phlean Straitéiseach eile a fhorbairt, agus cé go ndearnadh dul chun cinn éigin go luath sa phróiseas i ndáil le cuid de thosaíochtaí inmheánacha agus seachtracha an GCC don chéad chúig bhliain eile a shainaithint, cuireadh moill shuntasach leis an tionscadal mar thoradh ar Covid-19. Táthar ag súil go dtosóidh ar an obair sin arís in 2021 agus go bhfoilseofar plean cúig bliana nua sa dara leath den bhliain.

Rochtain ar eolas

Tá an GCC tiomanta do bheith ina eagraíocht oscailte agus inrochtana. Tá dhá mhodh ar fáil do bhaill den phobal nach bhfuil ábalta teacht ar an eolas atá de dhíth orthu ar bhealaí eile go dtí seo: an tAcht um Shaoráil Faisnéise (SF), 2014, arna leasú, agus na rialacháin maidir le Rochtain ar Fhaisnéis ar an gComhshaol (AIE). Foilsíonn an GCC an méid eolais agus is féidir ar bhealach oscailte agus inrochtana ar bhonn rialta lasmuigh den SF, ar mhaithe le hoscailteacht, trédhearcacht agus freagracht. Dá réir sin, ceadaítear taifid a fhoilsiú nó a thabhairt lasmuigh den phróiseas saorála faisnéise chomh fada is nach bhfuil cosc air sin de réir dlí ar fhoilseachán nó ar bhronnadh rochtana.

Le linn 2020, fuair an GCC 60 iarratas SF agus bhí trí cinn eile a tugadh anonn ó 2019. Faoi na Rialacháin AIE, fuair an GCC 53 iarratas agus tugadh 5 eile anonn ó 2019. I bhFíor 18, léirítear na Cinntí, bunaithe ar na hiarratais a próiseáladh le linn 2020. I gcás gur diúltaíodh d'iarratais, bhí ceann de na cúinsí seo amhlaidh: faisnéis phearsanta nó rúnda a bhí san fhaisnéis a iarradh, ní raibh an fhaisnéis ann, nó bhí na hiarratais iomarcach ná míréasúnta go follasach.



Fíor 18. Cinntí SF & AIE Eanáir go Nollaig 2020

Nochtuithe cosanta

De réir Alt 22 den Acht um Nochtadh Cosanta 2014 tá sé ina cheangal tuarascáil bhlíantúil a fhoilsiú maidir le líon na nochtuithe cosanta a rinneadh sa bhliain roimhe agus aon bhearta a glacadh mar fhreagra ar nochtuithe.

Dearbhaíonn an GCC nach ndearnadh aon nochtadh faisnéise don GCC mar fhostóir, faoi Alt 6 den Acht, in 2020.

Fuair Ard-Stiúrthóir an GCC aon nochtadh amháin ó pháirtithe seachtracha le linn na bliana, i gcomhthéacs an róil atá aici mar Dhuine Forordaithe maidir le héagóracha ábhartha a nochtadh i ngach ní a bhaineann le cosaint an chomhshaoil sa Stát.

6. AGUISÍNÍ

6.1 AN TACHT UM ÍOC PRAS CUNTAS, 1997

Ní mór don Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil (GCC) cloí le téarmaí an Achta um Íoc Pras Cuntas, 1997, a tháinig i bhfeidhm ar an 2 Eanáir 1998, agus Rialachán na gComhphobal Eorpach (íocaíocht Dhéanach in Idirbhearta Tráchtála), 2002, a tháinig i bhfeidhm ar an 7 Lúnasa 2002.

Is é polasaí an GCC féachaint chuige go n-íoctar gach sonrasc go pras. Tá córais agus nósanna imeachta ar leith curtha i bhfeidhm le go bhféadtar sonraisc a rianú agus lena chinntiú go ndéanfar íocaíochtaí roimh an dáta dlite. Déantar sonraisc cheannaigh a thaifeadadh ar bhonn laethúil i Rannóg na gCuntas, agus fiosraítear iad go córasach lena chinntiú go ndeimhnítear lena n-íoc iad gan mhoill.

Eisítear íocaíochtaí de réir mar is gá chun íoc pras a chinntiú. Ceapadh na rialuithe seo chun dearbhú réasúnta a chur ar fáil nach bhfuill neamhchomhlíonadh ábhartha an Achta agus na Rialachán ann, cé nach féidir dearbhú iomlán a thabhairt.

Ní raibh aon íocaíocht mhall in 2020, a raibh luach níos mó ná €317 uirthi.



Laura Burke

Ard-Stiúrthóir an GCC

30 Meitheamh 2021

6.2 SAINCHOMHAIRLEOIRÍ AGUS COMHAIRLEOIRÍ A CEAPADH

Acustica Teo.	Geosyntec Consultants Teo.
Aether Teo.	Greenville Procurement Partners Teo.
Ash Glebe Informatics Teo.	HKS Environment
AWN Consulting Teo.	An Foras Riaracháin
Bureau Veritas (Euro) Teo.	Réitigh Comhtháite Riosca
ByrneWallace	LCMS
Camp Dresser & McKee (Ireland) Teo.	Levett-Therivel
Carr Communications Teo.	Mason, Hayes & Curran
An Lárionad Éiceolaíochta agus Hidreolaíochta, Ríocht Aontaithe	Mazars
CERC (GBP)	Michelle Halloran
Certification Europe Teo.	Patrick Tracey SC
Cerena Consulting Teoranta	Remy Farrell, Abhcóide Sinsearach
Ionad na Teicneolaíochta Glaine	Ricardo-AEA
Conscia (Branda de chuid Connexus Recruit)	RPS Group
An Dr Robbie Meehan	Scott Crawley Teo.
Enviroguide Consulting	Smith and Williamson
Fieldfisher Ireland	SureLeaf Systems
Fintan Valentine	SWECO UK
Gartner Ireland Teo.	Think HR
Gavin and Doherty Geosolutions Teo.	Ollscoil Yale
	Wrap

FOILSEACHÁIN 2020 AN GCC

Tá foilseacháin an GCC ar fáil le híoslódáil ó shuíomh gréasáin an GCC: www.epa.ie/publications/

Aer

Tá na tuarascálacha aer seo a leanas ar fáil ar shuíomh gréasáin an GCC ar: www.epa.ie/publications/research/air/

- ▲ Caighdeán Aer in Éirinn, 2019
- ▲ Réamh-mheastacháin shealadacha astaíochtaí gás ceaptha teasa na hÉireann 1990 - 2019
- ▲ Réamh-mheastacháin astaíochtaí gáis ceaptha teasa na hÉireann 2019-2040
- ▲ Astaíochtaí truaileán aer na hÉireann 1990-2030
- ▲ Astaíochtaí deiridh gás ceaptha teasa na hÉireann 1990-2018
- ▲ Fachtóirí Astaíochta Dé-ocsaíd Charbóin an GCC 2020
- ▲ Aighneachtaí Fhardal Náisiúnta na hÉireann 2020
- ▲ Aighneachtaí CLRTAP / NECD Éireann 2020
- ▲ Táscairí Comhshaoil Uirbeacha: Leibhéil dé-ocsaíde nítrigine i mBaile Átha Cliath
- ▲ Tuarascáil Theicniúil 1: Measúnú Feadáin Idirleata Dé-ocsaíde Nítrigine Bhaile Átha Cliath
- ▲ Tuarascáil Theicniúil 2: Measúnú samhaltaithe ar Cháilíocht an Aer i mBaile Átha Cliath

Corparáideach

Tá na tuarascálacha corparáideacha seo a leanas ar fáil ar shuíomh gréasáin an GCC ar: www.epa.ie/publications/corporate/

- ▲ Creat Fianaise an GCC
- ▲ Tuarascáil Bhliantúil & Cuntais an GCC 2019
- ▲ Tuarascáil Bhliantúil agus Cuntais 2019
- ▲ Éire sa Phaindéim: Breathnóireachtaí Comhshaoil
- ▲ Athbhreithniú ar Fheidhmíocht Comhshaoil an GCC 2018
- ▲ Súil Siar ar an mBliain – Buaicphointí 2019
- ▲ Grafaic faisnéise maidir le dearchtaí ar cheisteanna comhshaoil

Radaíocht

Tá na tuarascálacha seo a leanas maidir le radaíocht ar fáil ar shuíomh gréasáin an GCC ar: www.epa.ie/publications/compliance--enforcement/radiation/

- ▲ Réimsí Leictreamaighnéadacha, 5G agus Sláinte
- ▲ Cód Cleachtais maidir leis na Rialacháin ar Radaíocht Ionúcháin (IRR19) sa Tréidliacht a chur i bhfeidhm

Forfheidhmiú

Tá na tuarascálacha seo a leanas maidir le forfheidhmiú ar fáil ar shuíomh gréasáin an GCC ar: www.epa.ie/publications/compliance--enforcement/

- ▲ Treoir maidir leis an bpróiseas a bhaineann le plean athshlánaithe portaigh a réiteach agus a chur i bhfeidhm
- ▲ Treoir maidir le Toirmeasc ar Mhiotail Throma i bhFeithiclí
- ▲ Beartas Gearrtha Táillí maidir le Ceadúnú agus Forfheidhmiú 2020
- ▲ Iniúchadh na Gníomhaireachta um Chaomhnú Comhshaoil ar Sceitheadh Cáblaí Leictreachais faoi Thalamh ESB Networks atá lán le Sreabhán
- ▲ Conas ballraíocht an Líonra NIECE a bhaint amach
- ▲ Díriú ar Fhorfheidhmiú Comhshaoil Údaráis Áitiúil – Tuarascáil Feidhmíochta 2018
- ▲ Táscairí Feidhmíochta Údaráis Áitiúil um Fhorfheidhmiú Comhshaoil 2016-2018

Dramhaíl

Tá na tuarascálacha seo a leanas maidir le dramhaíl ar fáil ar shuíomh gréasáin an GCC ar: www.epa.ie/publications/compliance--enforcement/waste/

- ▲ Tuarascáil Achomair na Staitisticí Náisiúnta Dramhaíola le haghaidh 2018
- ▲ Tuarascáil Bhliantúil NWPP 2019
- ▲ Tuarascáil Bhliantúil NWPP 2018
- ▲ Bailiúchán Dramhaíola Guaise Feirme 2013-2017

Uisce

Tá na tuarascálacha seo a leanas maidir le huisce ar fáil ar shuíomh gréasáin an GCC ar: www.epa.ie/pubs/reports/water/

- ▲ Cáilíocht Uisce in 2019 – tuarascáil táscaire
- ▲ Cáilíocht Uisce Óil i Soláthairtí Poiblí 2019
- ▲ Fócas ar Sholáthairtí Uisce Príobháideacha 2018
- ▲ Cáilíocht an Uisce Snámha in Éirinn 2019
- ▲ Cóireáil Fuíolluisce Uirbigh in 2019
- ▲ Iniúchtaí agus Forfheidhmiú Córas Cóireála Fuíolluisce Tí 2019
- ▲ Grafaic Faisnéise maidir le Cáilíocht Uisce in Éirinn 2019
- ▲ Monatóireacht Abhann – Bileog Eolais
- ▲ Monatóireacht Locha – Bileog Eolais
- ▲ Monatóireacht locha plandaí uisceacha – Bileog Eolais
- ▲ Monatóireacht Muirí – Bileog Eolais
- ▲ Tuarascáil faoi Airteagal 10 den Treoir maidir le Niotráití (curtha faoi bhráid an Choimisiúin Eorpaigh)

- ▲ Tuarascáil bhlíantúil maidir le cáilíocht uisce i ndáil le maolú níotráití Éireann (curtha faoi bhráid na Roinne Talmhaíochta, Bia agus Mara)
- ▲ Grafaic Faisnéise maidir le Cáilíocht Uisce Snámha in Éirinn 2019
- ▲ Léarscáil Cáilíochta Uisce Snámha 2019
- ▲ Meastacháin um Shreabhadh Abhann HydroTool – Léighmé
- ▲ FDC agus Sreabhadh Meánach le haghaidh Dobharcheantair Neamhthomhaiste
- ▲ Clár Stáisiún Hidriméadrach in Éirinn 2020
- ▲ Feasachán Achomair Hidreolaíochta - Nollaig 2020
- ▲ Feasachán Achomair Hidreolaíochta - Samhain 2020
- ▲ Feasachán Achomair Hidreolaíochta - Deireadh Fómhair 2020
- ▲ Feasachán Achomair Hidreolaíochta - Meán Fómhair 2020
- ▲ Feasachán Achomair Hidreolaíochta - Lúnasa 2020
- ▲ Feasachán Achomair Hidreolaíochta - Iúil 2020
- ▲ Feasachán Achomair Hidreolaíochta - Meitheamh 2020
- ▲ Feasachán Achomair Hidreolaíochta - Bealtaine 2020

Doiciméid treoraithe

Tá na nótaí treoracha seo a leanas maidir le huisce ar fáil ar shuíomh gréasáin an GCC

- ▲ An chéad Sceideal leis an Acht GCC 1992, arna leasú
- ▲ Léaráid Sreabhphróisis maidir le Ceadúnas Dramhaíola
- ▲ Treoir Clárúcháin maidir le Tionscail Eastóscacha
- ▲ Treoir Dréachta maidir le Fotháirgí
- ▲ Treoir Dréachta Deireadh Dramhaíola Cuid 1
- ▲ Treoir Dréachta Deireadh Dramhaíola Cuid 2
- ▲ Treoir do Phleanálaithe
- ▲ Treoir maidir le Critéir um Ghlacadh le Dramhaíl i Saoráidí Údaraithe Athshlánaithe Ithreach
- ▲ Innéacs Modhanna Roghnaithe (IOPM)
- ▲ Nóta treorach ar riachtanais an GCC i dtaca le monatóireacht mhalartach i gcás córais astaíochta leanúnacha a bheith as líne (AG12)
- ▲ Nóta treorach ar Astaíochtaí Gáis Simléir ó Ghléasraí Meán-Dócháin: Treoir Aer Uimh. 11 (AG11)
- ▲ Nóta Treorach ar riachtanais an GCC maidir le ráta sreabhaidh thoirt an gháis múcháin ó idiú fuinnimh trí leas a bhaint as larscríbhinn E de ISO EN 16911-1
- ▲ Nóta Treorach ar na Riachtanais um Shábháilteacht Láithreach le haghaidh Monatóireacht Astaíochtaí Aer (AG1)
- ▲ Nóta Treorach ar Shamhaltú Easraithe Aer ó Shuiteálacha Tionsclaíocha (AG4)

- ▲ Athchóiriú Feithicle - Cad is gá a bheith ar an eolas faoi?
- ▲ Treoir agus Teimpléid maidir leis an Tuarascáil Comhshaoil Bhliantúil (AER)
- ▲ Lámhleabhair um Chóireáil Uisce – Scagachán
- ▲ Leasúchán agus Athchur Córas Tí um Chóireáil Fuilluisce (DWWTS)
- ▲ Treoir Dea-Chleachtais maidir le hAthbhreithniú Iarmhairtí Carnacha in SEA
- ▲ An Dara Athbhreithniú ar Éifeactúlacht an SEA in Éirinn
- ▲ Achoimre ar an Imeacht Oiliúna maidir leis an Dara Athbhreithniú ar Éifeactúlacht an SEA
- ▲ Treoir maidir le Ráitis agus Monatóireacht SEA
- ▲ Nóta faisnéise an GCC le haghaidh Mapáil Torainn Straitéiseach na bPríomhbhóithre faoi choinne Rialacháin Torainn Comhshaoil 2018 (Samhain 2020) leagan1

TUARASCÁLACHA AR THAIGHDE COMHSHAOIL

Tá foilseacháin taighde GCC ar fáil lena n-íoslódáil ón suíomh gréasáin ag www.epa.ie/publications/research/

Cáilíocht an aeir

- ▲ Taighde 357: Lónra um Chomhdhéanamh Atmaisféarach agus Athrú Aeráide Éireann
- ▲ Taighde 325: Sonraí Gníomhaíocht Talmhaíochta a Fhoinsíú agus a Athbhreithniú le haghaidh Samhaltaithe agus Meastacháin Náisiúnta Gás Ceaptha Teasa agus Truailleán Aer
- ▲ Taighde 319: Cianbhraiteacht Aeráid, Scamall agus Gaoithe ag Stáisiún Taighde Atmaisféaraigh Cheann Mhása
- ▲ Taighde 318: Cionroinnt Foinsí Ábhair Cháithnínigh i gCeantair Chónaitheacha Uirbeacha agus Tuaithe in Éirinn (SAPPHIRE)
- ▲ Taighde 317: MapElre: Tionscadal um Mhapáil Náisiúnta Foinsí Astaíochtaí Gás Ceaptha Teasa agus Astaíochtaí Neamh-Ghás Ceaptha Teasa.

Athrú aeráide

- ▲ Taighde 309: Oiriúnacht LPIS a mheas le haghaidh úsáid talún a bhreith, mar aon le hastaíochtaí gás ceaptha teasa a bhaineann le húsáid talún
- ▲ Taighde 310: Ionsamhlúcháin Aeráide Dhomhanda EC-Earth – Cion na hÉireann ar mhaithe le CMIP6
- ▲ Taighde 314: Rannpháirtíocht pobail níos doimhne maidir leis an Athrú Aeráide: Ceachtanna ó Thionól na Saoránach
- ▲ Taighde 315: Sonraí Gníomhaíochta le haghaidh Comhdhúile Soghalaithe Orgánacha

- ▲ Taighde 317: *MapElre: Tionscadal um Mhapáil Náisiúnta Foinsí Astaíochtaí Gás Ceaptha Teasa agus Astaíochtaí Neamh-Ghás Ceaptha Teasa*
- ▲ CRCG: *Grúpa Comhordaithe ar Thaighde Aeráide: An Dara Tuarascáil ar Ghníomhaíochtaí: Eanáir – Nollaig 2019*
- ▲ Taighde 319: *Cianbhraiteacht Aerasól, Scamall agus Gaoithe ag Stáisiún Taighde Atmaisféaraigh Cheann Mhása*
- ▲ Taighde 320: *Neamhchosaint ar an Athrú Aeráide a Mheas: Cur Chuige atá Léirithe tríd an Tionscadal Mór-oiriúnú ar Scála Uirbeach (Urb-ADAPT)*
- ▲ Taighde 321: *Deiseanna chun Earnáil Iompair na hÉireann a Dhíchabónú*
- ▲ Taighde 323: *Ualaí Criticiúla agus Samhaltú Dinimiciúil Ithreach-Fásra*
- ▲ Taighde 324: *Fachtóirí Astaithe le haghaidh Gléasanna Tí Breosla Sholadaigh (EFDOSOF)*
- ▲ Taighde 325: *Sonraí Gníomhaíocht Talmhaíochta a Fhoinsíú agus a Athbhreithniú le haghaidh Samhaltaithe agus Meastacháin Náisiúnta Gás Ceaptha Teasa agus Truailléan Aeir*
- ▲ Taighde 326: *Ról na Teicneolaíochta Fuinnimh sa Mhaolú Aeráide in Éirinn: Irish TIMES Céim 3*
- ▲ Taighde 327: *Féidearthacht Grúpaí Pobail um Ghníomhú ar son na hAeráide a Fhorbairt san Aistriú chuig Sochaí Ísealcharbóin*
- ▲ Taighde 329: *Léargais ó Eacnamaíocht Iompraíochta chun Iompar atá Neamhdhiobhálach don Chomhshaol a Spreagadh*
- ▲ Taighde 331: *IMPLiCt: Cumas na Samhla Inbhéartaithe in Éirinn a Fheabhsú*
- ▲ Taighde 337: *Ag Freagairt don Aistriú Fuinnimh in Éirinn: Eispéireas agus Cumas Pobal*
- ▲ Taighde 338: *An tIompar a Ghlasú: Tuarascáil Deiridh*
- ▲ Taighde 339: *Meastacháin Aeráide Ardtairigh d'Éirinn – Cur Chuige Ensemble II-Samhla*
- ▲ Taighde 344: *Tuairimí na Saoránach faoin Athrú Aeráide in Éirinn: Léargais ar Úsáid na Meán, Foinsí Iontaofa agus Dearcthaí*
- ▲ Taighde 346: *Measúnú Náisiúnta Rioscaí ar Iarmhairtí an Athraithe Aeráide: An Bhearna maidir le Gníomhaíocht Oiriúnaithe a Shárú*
- ▲ Taighde 349: *Uirlis Anailíseach LEAP GHG Éireann a Fhorbairt le haghaidh 2050*
- ▲ Taighde 350: *I dTreo Tacar Sonraí Deifnídeach Stairiúil Ardtairigh d'Éirinn um an Aeráid – Taighde Aeráide a Chur Chun Cinn in Éirinn*

- ▲ Taighde 352: *Sintéis Litríochta agus Réamh-shamhaltú a Bhaineann le Cásanna sa tSochaí maidir le Maolú an Athraithe Aeráide in Éirinn*
- ▲ Taighde 354: *IE-NETs: Féidearthacht Teicneolaíochtaí Saor Ó Astaíochtaí in Éirinn a Fhiosrú*
- ▲ Taighde 357: *Líonra um Chomhdhéanamh Atmaisféarach agus Athrú Aeráide Éireann*

Bithéagsúlacht

- ▲ Taighde 342: *Eicihidreolaíocht, Dinimic Gás Ceaptha Teasa agus Treoirlínte Athchóirithe do Phortaigh Ardaithe Díghrádaithe*
- ▲ Taighde 335: *Pointe Claochlaithe an Éiceachórais: Foghlaim ón Am atá Thart chun Bainistiú don Todhchaí*
- ▲ Taighde 322: *Cuntasaíocht Caipitil Nádúrtha Éireann do Chomhshaoil Inmharthana: Staid 1 Tuarascáil Indéantachta*

Teicneolaíochtaí comhshaoil

- ▲ Taighde 310: *Ionsamhlúcháin Aeráide Dhomhanda EG-Earth: Cion na hÉireann ar mhaithe le CMIP6*
- ▲ Taighde 308: *Foinse AI*
- ▲ Taighde 306: *An Dara Athbhreithniú ar Éifeachtacht Mheasúnú Comhshaoil Straitéiseach in Éirinn*
- ▲ Taighde 306: *Treoir maidir le Ráitis agus Monatóireacht maidir le Measúnacht Straitéiseach Comhshaoil (SEA)*

An Comhshaol agus an tSláinte

- ▲ Taighde 358: *Taighde ar an gComhshaol, Sláinte, Iompar Tomhaltóra agus an Geilleagar: Clár Taighde Comhshaoil an ESRI 2018–2020*
- ▲ Spásanna glasa agus gorma Éireann a chosaint agus a fhorbairt chun leasa ár sláinte agus folláine
- ▲ Taighde 348: *Sraith Uirlisí: Bheith i dTiúin leis an Dúlra chun Leasa ár Sláinte agus Folláine*
- ▲ Taighde 348: *An Nádúr agus Comhshaol chun Sláinte a Bhaint Amach agus Sláinte a Athchóiriú (Sláinte NEAR)*
- ▲ Taighde 347: *Measúnú ar Thionchar Astuithe Amóinia ó Suiteálacha Diantalmhaíochta ar Limistéir Chaomhnaithe Speisialta agus Limistéir Chosanta Speisialta*
- ▲ Taighde 345: *Tuiscint ar Astuithe ó Dhramhaíl Líonta Talún a Chuimsíonn POPBFRanna agus PFASanna (BREOSLA) a Chur Chun Cinn*
- ▲ Taighde 343: *Leibhéil agus Conairí Nochtadh Daonna in Éirinn ar Lasairmhoillitheach Bróimínithe agus Substaintí Sárfluara-aicile a Shoiléiriú*
- ▲ Taighde 332: *Imscrúdú ar Shonraíocht Bharrmhaith Chórais Díbhrúite Ithreach (Gníomhach agus Éighníomhach) a Chuireann Cleachtais Fhoirgníochta na hÉireann san Áireamh*

- ▲ Taighde 328: *Éicea-Shláinte: Tairbhí Éiceachórais do Spás Glas don tSláinte*
- ▲ Taighde 318: *Cionroinnt Foinsí Ábhair Cháithnínigh i gCeantair Chónaitheacha Uirbeacha agus Tuaithe in Éirinn (SAPPHIRE)*

Uisce

- ▲ Taighde 359: *Córais Idirthréimhseacha agus Chósta a Shamhaltú chun Bearta Laghdaithe Cothaitheach a Dheimhniú le gur féidir Stádas Maith a Bhaint amach*
- ▲ Taighde 356: *Forbairt Braiteoirí Iniompartha le Cruthúnas Coincheapa chun Miotail Throma agus Lotnaidicídí Orgánacha a Bhrath agus chun Ábhair Fhrith-bhithsmálaithe a Iniúchadh*
- ▲ Taighde 353: *Iniúchadh ar Chúiseanna, Iarmhairtí agus Bearta chun Déileáil le Blás Algach i dTaiscumar Fheartraí*
- ▲ Taighde 341: *An Fhéidearthacht a Mheas go bhféadfadh Dróin Samplaí Uisce agus Sonraí Fisiceimiceacha a Thógáil ó Lochanna Oscailte*
- ▲ Taighde 330: *COSAINTE: Eisiámh Eallaigh ó Shruthchúrsaí: Impleachtaí Comhshaoil agus Socheacnamaíocha*
- ▲ Taighde 313: *Feidhm Riasc Goirt agus Iarmhairtí Daonna i ndáil leis an Stádas Éiceolaíoch (SAMFHIREs)*
- ▲ Taighde 312: *Ionchuimsiú Luachanna Seirbhísí Éiceachórais i mBainistíocht Comhtháite Acmhainní Úrúisce na hÉireann: ESMaage*

Bainistíocht Dramhaíola agus Acmhainní

- ▲ Taighde 340: *Luachshocrú Mhínbhrus Orgánach Múirínithe agus Sluda Camrais ag Úsáid Pirealú (OF-PYR)*
- ▲ Taighde 333: *TriREUSE – Trial a Bhaint as Réiteach le haghaidh Athúsáid Riomhairí Glúine Tomhaltóra, Tábléid agus Fóin Chliste*
- ▲ Taighde 307: *Staidéar ar Úsáid agus Bainistíocht Dramhaíola a bhaineann le Líonadh Malgaim Fiaclóra agus Roghanna Malartacha Saor ó Mhearcair*

Socheacnamaíocht

- ▲ Taighde 355: *Braiteach Ár nDomhan: An Chaoi ar Féidir le Cleachtais Cultúrtha Digiteacha Cabhrú le Noirm Shóisialta a Athrú Maidir le Ídiú*

- ▲ Taighde 351: *"An Rud atá Tábhachtach" d'Fholláine an Phobail le Líonraí Rannpháirteachais Phobal na hÉireann a Aithint*
- ▲ Taighde 336: *Todhchaí Inbhuanaithe na hÉireann a Rianú: Cur Chuige Nuálach chun Spriocanna Fhorbraíocht Inbhuanaithe na Náisiúin Aontaithe d'Fhiontair a Bhaint Amach*
- ▲ Taighde 334: *Pobail Dheonacha Inbhuanaithe: Tacaíocht d'Fhorbraíocht Inbhuanaithe Comhshaoil, Sóisialta agus Eacnamaíoch*
- ▲ Taighde 316: *Torthaí Comhshaoil ó Ghníomhaíocht Fhorfheidhmithe Ceadúnas*
- ▲ Taighde 311: *Uirlisí um Athruithe ar Iompraíocht chun Comhlíonadh agus Níos Mó a Chur Chun Cinn sa Phobal Rialaithe*

Inbhuanaitheacht

- ▲ Taighde 306: *An Dara Athbhreithniú ar Éifeachtacht Mheasúnú Comhshaoil Straitéiseach in Éirinn*
- ▲ Taighde 307: *Staidéar ar Úsáid agus Bainistíocht Dramhaíola a bhaineann le Líonadh Malgaim Fiaclóra agus Roghanna Malartacha Saor ó Mhearcair*
- ▲ Taighde 308: *Foinse AI*
- ▲ Taighde 316: *Torthaí Comhshaoil ó Ghníomhaíocht Fhorfheidhmithe Ceadúnas*
- ▲ Taighde 318: *Cionroinnt Foinsí Ábhair Cháithnínigh i gCeantair Chónaitheacha Uirbeacha agus Tuaithe in Éirinn (SAPPHIRE)*
- ▲ Taighde 322: *Cuntasaíocht Caipitil Nádurtha Éireann do Chomhshaoil Inmharthana: Staid 1 Tuarscáil Indéantachta*
- ▲ Taighde 328: *Éicea-Shláinte: Tairbhí Éiceachórais do Spás Glas don tSláinte*
- ▲ Taighde 332: *Imscrúdú ar Shonraíocht Bharrmhaith Chórais Díbhrúite Ithreach (Gníomhach agus Éighníomhach) a Chuireann Cleachtais Fhoirgníochta na hÉireann san Áireamh*
- ▲ Taighde 333: *TriREUSE – Trial a Bhaint as Réiteach le haghaidh Athúsáid Riomhairí Glúine Tomhaltóra, Tábléid agus Fóin Chliste*
- ▲ Taighde 334: *Pobail Dheonacha Inbhuanaithe: Tacaíocht d'Fhorbraíocht Inbhuanaithe Comhshaoil, Sóisialta agus Eacnamaíoch*
- ▲ Taighde 335: *Pointe Claochlaithe an Éiceachórais: Foghlaim ón Am atá Thart chun Bainistiú don Todhchaí*
- ▲ Taighde 336: *Todhchaí Inbhuanaithe na hÉireann a Rianú: Cur Chuige Nuálach chun Spriocanna Fhorbraíocht Inbhuanaithe na Náisiúin Aontaithe d'Fhiontair a Bhaint Amach*

- ▲ Taighde 340: *Luachshocrú Mhínbhrus Orgánach Múirínithe agus Sluda Camrais ag Úsáid Pirealú (OF-PYR)*
- ▲ Taighde 342: *Eicihidreolaíocht, Dinimic Gás Ceaptha Teasa agus Treoirínte Athchóirithe do Phortaigh Ardaithe Díghrádaithe*
- ▲ Taighde 343: *Leibhéil agus Conairí Nochtadh Daonna in Éirinn ar Lasairmhoillitheach Bróimínithe agus Substaintí Sárfhlua-aile a Shoiléiriú*
- ▲ Taighde 345: *Tuiscint ar Astuithe ó Dhramhail Líonta Talún a Chuimsíonn POPBFRanna agus PFASanna (BREOSLA) a Chur Chun Cinn*
- ▲ Taighde 347: *Measúnú ar Thionchar Astuithe Amóinia ó Suiteálacha Diantalmhaíochta ar Limistéir Chaomhnaithe Speisialta agus Limistéir Chosanta Speisialta*
- ▲ Taighde 348: *An Nádúr agus Comhshaol chun Sláinte a Bhaint Amach agus Sláinte a Athchóiriú(Sláinte NEAR)*
- ▲ Sraith Uirlisí Sláinte NEAR: *An Nádúr agus Comhshaol chun Sláinte a Bhaint Amach agus Sláinte a Athchóiriú(Sláinte NEAR)*
- ▲ Taighde 351: *"An Rud atá Tábhachtach" d'Fholláine an Phobail le Líonraí Rannpháirteachais Phobal na hÉireann a Aithint*
- ▲ Taighde 355: *Braiteach Ár nDomhan: An Chaoi ar Féidir le Cleachtais Cultúrtha Digiteacha Cabhrú le Noirm Shóisialta a Athrú Maidir le Ídiú*
- ▲ Taighde 358: *Taighde ar an gComhshaol, Sláinte, Iompar Tomhaltóra agus an Geilleagar: Clár Taighde Comhshaoil an ESRI 2018–2020*

7

Ráiteas Rialachais agus Tuarascáil na Stiúrthóirí

Ráiteas ar Rialú Inmheánach

Tuarascáil an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste

Ráiteas Ioncaim agus Caiteachais agus faoi na Cúlchistí Ioncaim Coinnithe

Ráiteas ar Ioncam Cuimsitheach

Ráitis ar an Staid Airgeadais

Ráiteas ar Shreabhadh Airgid

Nótaí ag gabháil leis na Ráitis Airgeadais

7. RÁITIS AIRGEADAIS

7.1 RÁITEAS RIALACHAIS AGUS TUARASCÁIL NA STIÚRTHÓIRÍ 2020

Rialachas

Bunaíodh an Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil (an Ghníomhaireacht/GCC) faoin Acht fán nGníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil, 1992, arna leasú (an tAcht). De réir Alt 19 den Acht tá an Ghníomhaireacht comhdhéanta d'Ard-Stiúrthóir agus de chúigear Stiúrthóirí.

Ceaptar an tArd-Stiúrthóir agus na Stiúrthóirí eile ag an Rialtas i gcomhréir le hAilt 21 agus 24 den Acht. Tá feidhmeanna GCC leagtha amach i gCuid III den Acht. Tá an tArd-Stiúrthóir agus na Stiúrthóirí freagrach don Aire Comhshaoil, Aeráide agus Cumarsáide agus don Aire Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta. Tá an tArd-Stiúrthóir agus na Stiúrthóirí freagrach as dea-rialachas a chinntiú agus comhlíonann siad an cúram sin trí chuspóirí agus spriocanna straitéiseacha a shocrú agus cinntí straitéiseacha a ghlacadh maidir le gach príomh-shaincheist gnó. Tá an tArd-Stiúrthóir agus na Stiúrthóirí freagrach as bainistiú agus rialú rialta laethúil an GCC.

Ní bhaintear úsáid as an téarma 'Bord' san Acht chun comhlacht rialaithe na heagraíochta a ainmniú; seachas sin, tagraítear don 'Ghníomhaireacht' san Acht agus do 'Stiúrthóirí na Gníomhaireachta' mar atá ainmnithe. Tugtar 'Comhaltaí an Bhoird Fheidhmiúcháin ar Stiúrthóirí na Gníomhaireachta' agus tugtar Bord Feidhmiúcháin ar chomhlacht rialachais na Gníomhaireachta.

Comhlíonann an Bord Feidhmiúcháin ról rialachais agus bhainistíochta araon. Tá ár gcuid gníomhaíochtaí eagraithe i gcúig Oifig, agus tá freagracht oibríochtúil ag gach Stiúrthóir as Oifig.

Seirbheálann an tArd-Stiúrthóir mar Chathaoirleach an Bhoird Fheidhmiúcháin agus mar phríomhfheidhmeannach oibriúcháin GCC, agus iad ag comhlíonadh ról rialachais agus bhainistíochta araon, agus tá siad freagrach as an nGníomhaireacht a rith. Tá an tArd-Stiúrthóir freagrach don Oireachtas tríd an gCoiste um Chuntais Phoiblí.

Freagrachtaí an Bhoird Fheidhmiúcháin

Tá raon leathan cumhachtaí agus dualgas deonaithe don GCC faoin Acht don Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil, 1992, mar atá leasaithe agus reachtaíocht ábhartha eile i leith an chomhshaoil agus chosaint radaíochta.

Is é ról an Bhoird i gcomhlacht poiblí ar bith ná ceannaireacht straitéiseach, stiúradh, tacaíocht agus treoir a thabhairt don chomhlacht agus tiomantas dá chuid luachanna, beartas agus cuspóirí lárnacha a chur chun cinn. I dteannta le freagrachtaí speisialta an Bhoird atá leagtha amach sa Chód Cleachtais um Rialachas Comhlachtaí Stáit

(an Cód) agus san Acht GCC, tá freagrachtaí sonracha rialachais agus bainistíochta ar Bhord Feidhmiúcháin GCC mar Bhord Comhlachta Stáit, lena n-áirítear:

- ▲ a áirithiú go ndéanann an comhlacht a chuid freagrachtaí a chur i gcrích mar a leagtar amach le reacht nó le hordú ón Aire,
- ▲ ceannasaíocht, fíis agus treoir a chur ar fáil don chomhlacht,
- ▲ bunchuspóir an chomhlachta a shainmhíniú, cuspóirí straitéiseacha a shocrú agus na polasaithe atá riachtanach chun na cuspóirí sin a bhaint amach a fhorbairt,
- ▲ dea-bhainistiú a áirithiú, monatóireacht a dhéanamh ar an méid atá bainte amach ag an lucht bainistíochta agus a áirithiú go bhfuil cothromaíocht cheart idir na ról faoi leith atá ag an mbord agus atá ag an lucht bainistíochta,
- ▲ spriocanna feidhmíochta a shocrú, lena n-áirítear príomhspríocanna airgeadais agus, go háirithe, aontú ar an mbuiséad agus dlúthmhonatóireacht a dhéanamh air,
- ▲ a áirithiú go bhfeidhmíonn an comhlacht go heiticiúil agus ar bhealach atá ag teacht le bunluachanna an chomhlachta,
- ▲ ról an chomhlachta sa phobal a shainiú agus a chur chun cinn trí mheicníochtaí a fhorbairt chun tuairimí custaiméirí agus páirtithe leasmhara a bhailiú agus trí dhaoine a choimeád ar an eolas ar bhealach oscailte, feagrúlach agus freagrach.

Ó thaobh na reachtaíochta, tá freagracht ar an mBord Feidhmiúcháin as bainistíocht GCC, ach le haghaidh cuspóirí praiticiúla tá cumhacht aige freagracht a tharmligean do chomhaltaí foirne eile le haghaidh cuspóirí oibriúcháin. Faoi réir alt 25(6) den Acht féadfaidh an Ghníomhaireacht aon cheann dá feidhmeanna a chomhlíonadh nó a fheidhmiú trí aon stiúrthóir nó trí aon duine eile nó aon chomhlacht a bheidh údaraithe go cuí ag an nGníomhaireacht chun na críche sin.

Ó bunaíodh an GCC, tá cumhachtaí roghnacha tarmligthe ag an mBord Feidhmiúcháin do leibhéil éagsúla sa GCC. Leantar tarmligean na gcumhachtaí ar aghaidh ag méadú agus an Ghníomhaireacht ag sealbhú feidhmeanna reachtaíochta breise le himeacht ama.

I bPlean reatha Straitéiseach an GCC, "Ár gComhshaoil, Ár bhFolláine" leagtar amach na gníomhaíochtaí tosaíochta a dtógfaidh an GCC chun ár mbunchuspóir a bhaint amach, is é sin ár gcomhshaoil a chosaint agus a fheabhsú mar bhua luachmhar do mhuintir na hÉireann agus ár muintir agus ár gcomhshaoil a chosaint ar iarmhairtí dochracha na

radaíochta agus an truaillithe. Léirítear an tábhacht atá ag baint le comhshaol glan cosanta dár sláinte, dár bhfolláine agus dár gcaighdeán beatha. Tá cúig sprioc straitéiseacha aitheanta ag an GCC dá Straitéis:

- ▲ Rialtóir Iontaofa Comhshaoil
- ▲ Ceannaire Fianaise agus Eolas Comhshaoil
- ▲ Abhcóide agus Comhpháirtí Éifeachtach
- ▲ Freagairt ar Phríomhdhúshlái Chomhshaoil
- ▲ Ar Fheabhas go hEagraíochtúil

Tosaíodh ag obair ag an gcéad Phlean Straitéiseach eile an GCC in 2020 agus tá dul chun cinn maith déanta ag an GCC chun ár gcéad Phlean Straitéiseach eile a fhoilsiú in 2021.

Tá obair agus freagrachtaí GCC leagtha amach: i bPlean Straitéiseach an GCC; i gClár Oibre an GCC; agus sa Chomhaontú Maoirseachta leis an Roinn Comhshaoil, Aeráide agus Cumarsáide agus leis an Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreacht.

Gach mí, bíonn cruinniú tiomnaithe ag an mBord Feidhmiúcháin faoi shaincheisteanna rialachais agus bainistíochta a chuimsíonn:

- ▲ Dearbhú leasa,
- ▲ Tuairiscí ar an dul chun cinn maidir le saincheisteanna oibríochta ó Oifigí ar leith,
- ▲ Bainistíocht airgeadais,
- ▲ Pleanáil straitéiseach,
- ▲ Bainistíocht cumarsáide,
- ▲ Saincheisteanna rialachais chorpáidigh (iniúchadh inmheánach san áireamh)
- ▲ Acmhainní daonna agus saincheisteanna soláthair foirne,
- ▲ Bainistiú Riosca.

Ceanglaítear le hAlt 50 den Acht um Chaomhnú Comhshaoil, 1992, arna leasú, go gcoimeádfaidh an GCC, i gcibé foirm a cheadódh an tAire Comhshaoil, Aeráide agus Cumarsáide le cead ón Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe, na cuntais go léir is cuí agus is gnách ar an airgead a gheobhaidh agus a chaithfidh an GCC.

Agus an GCC ag ullmhú na ráiteas airgeadais sin, ní foláir dó:

- ▲ beartais oiriúnacha chuntasaíochta a roghnú agus iad a chur i bhfeidhm go seasta;
- ▲ breithiúnais a thabhairt agus meastacháin a dhéanamh atá réasúnta agus ciallmhar;
- ▲ na ráitis airgeadais a ullmhú ar bhonn ghnóthais leantaigh mura bhfuil sé mí-oiriúnach a cheapadh go leanfaidh sé ar aghaidh ag oibriú;
- ▲ dearbhú gur leanadh nó nár leanadh caighdeáin chuntasaíochta infheidhme, faoi réir aon neamhchomhlíonta ábhartha a nochtadh agus a miníodh sna ráitis airgeadais.

Tá an GCC freagrach as taifid chuntasaíochta dhóthanacha a choinneáil a nochtann, le cruinneas réasúnta am ar bith, a staid airgeadais agus a chumasaíonn dó a chinntiú go gcloíonn na ráitis airgeadais le hAlt 50 den Acht. Tá sé de fheagracht ar an Ard-Stiúrthóir agus na Stiúrthóirí an t-eolas corparáideach agus airgeadais ar shuíomh gréasáin GCC a choinneáil suas chun dáta agus a chruinneas a chinntiú.

Tá freagracht ar an mBord Feidhmiúcháin as an bplean bliantúil agus an buiséad a cheadú. Déantar monatóireacht ar bhonn míosúil ar fheidhmíocht an GCC trí thuairiscí ar an dul chun cinn maidir le heochairtháscáirí feidhmíochta an GCC a chur faoi bhráid an Bhoird Feidhmiúcháin. Rinneadh meastóireacht ag deireadh na bliana ar Ghníomhaíochtaí Cláir Oibre an GCC in 2020 agus cuireadh an Tuairisc dheireadh bliana ar Bhainistiú Airgeadais in 2020 faoi bhráid an Bhoird Feidhmiúcháin i bhFeabhra 2021.

Tá an GCC freagrach freisin as a chuid sócmhainní a chosaint agus céimeanna réasúnta a ghlacadh le calaíocht agus mírialtachtaí eile a chosc agus a bhrath.

Is í tuairim an Bhoird Feidhmiúcháin go dtugtar léargas fíor agus cóir ar fheidhmíocht agus staid airgeadais an GCC ar an 31 Nollaig 2020 i ráitis airgeadais an GCC.

Struchtúr an Bhoird Feidhmiúcháin

Tá an Bord Feidhmiúcháin comhdhéanta d'Ard-Stiúrthóir agus cúigear Stiúrthóirí eile, duine amháin díobh a fheidhmíonn mar Leas-Ardstiúrthóir, agus iad go léir ceaptha ag an Rialtas. Ceaptar an tArd-Stiúrthóir ar feadh tréimhse seacht mbliana agus ceaptar na Stiúrthóirí eile ar feadh tréimhse cúig bliana. Féadfar an tArd-Stiúrthóir agus na Stiúrthóirí faoi seach a athcheapadh ag an Rialtas ar feadh dara tréimhse oifige nó tréimhse oifige eile ina dhiaidh sin.

Leis na ceanglais a eascraíonn ón larscríbhinn a ghabhann le Cód Cleachtais um Rialachas Comhlachtaí Stáit 2016, ar Chothromaíocht Inscne, Éagsúlacht agus Cuimsiú, moltar go ndéanfaidh Boird Stáit ionadaíocht 40% idir mná agus fir a bhaint amach ar Bhoird Stáit. Leagtar amach in Ailt 21 agus 24 den Acht GCC faoi seach na nósanna imeachta a bhaineann le Ard-Stiúrthóir agus Stiúrthóirí an GCC a cheapadh. Roghnaíonn coiste, de réir mar atá forordaithe in Acht an GCC, Ard-Stiúrthóir agus Stiúrthóirí an GCC agus ceapann an Rialtas iad trí phróiseas earcaíochta oscailte. Agus na hiarrthóirí á roghnú, cuireann an coiste eolas agus taithí san áireamh, lena n-áirítear taithí ábhartha maidir le hábhair chomhshaoil agus raideolaíochta. An 31 Nollaig 2020, mná ab ea 50% de chomhaltaí an Bhoird.

Tháinig an Bord Feidhmiúcháin le chéile le haghaidh cruinnithe ginearálta Boird trí huairé déag in 2020. Tá eolas maidir leis na dátaí a ceapadh na comhaltaí Boird, amhail an 31 Nollaig 2020, ar an tábla thíos:

Comhalta Boird Fheidhmiúcháin	Ról	Dáta Ceaptha
Laura Burke	Ard-Stiúrthóir	8 Samhain 2011*
Gerard O’Leary	Leas-Ardstiúrthóir	8 Bealtaine 2012*
Matthew Crowe	Stiúrthóir	11 Aibreán 2010*
Micheál Lehané	Stiúrthóir	1 Bealtaine 2016
Eimear Cotter	Stiúrthóir	1 Meán Fómhair 2017
Tom Ryan	Stiúrthóir	25 Lúnasa 2018
Ciara McMahon	Stiúrthóir	15 Meán Fómhair 2020

* dara téarma
Chríochnaigh téarma Matthew Crowe in Aibreán 2020.

An Coiste Iniúchóireachta agus Riosca

Tá Coiste Iniúchóireachta agus Riosca (CIR) bunaithe ag an GCC ar a bhfuil seisear comhaltaí seachtracha agus aon chomhalta amháin ó Lucht Bainistíochta Sinsearaí GCC. Tá ról ag an CIR tacaíocht a thabhairt don Bhord Feidhmiúcháin maidir leis an bhfreagracht atá ag an mbord as saincheisteanna riosca, rialaithe agus rialachais, agus an dearbhú a bhaineann léi. Tá an CIR neamhspleách ó lucht bainistíochta airgeadais na heagraíochta. Ach go háirithe, áiríthíonn an CIR go ndéantar monatóireacht ghníomhach agus neamhspleách ar chórais rialaithe inmheánacha, gníomhaíochtaí iniúchóireachta san áireamh. Buaileann Cathaoirleach an CIR go rialta leis an Ard-Stiúrthóir agus tugtar tuarascáil ar a laghad ar bhonn bliantúil don Bhord ar fheidhmíocht an CIR agus ar an obair a dhéantar chun dearbhú a thabhairt maidir le córais rialaithe inmheánacha an GCC.

Bhí cúig chruinniú ag an CIR in 2020. Ceaptar comhaltaí an CIR ar théarma tosaigh trí bliana. Ba iad seo a leanas comhaltaí an CIR ar an 31 Nollaig 2020:

Ball CIR	Athrú ar Théarma le linn 2020
Tom Barry (Cathaoirleach)	Gan Athrú
Allan Reid	Gan Athrú
Caroline Bocquel	Gan Athrú
Nuala Bannon	Gan Athrú
John Maher	Gan Athrú
Eugene Kennedy	Chríochnaigh an téarma i Nollaig 2020
Áine Ryall	Ceaptha i nDeireadh Fómhair 2020
Ciara McMahon	Chríochnaigh an téarma Ceaptha mar Stiúrthóir i Meán Fómhair 2020
Raymond Smith	Ceaptha i nDeireadh Fómhair 2020

Le linn 2020 chríochnaigh téarma an Chomhalta den Choiste, an Dr Eugene Kennedy; ceapadh an Dr Áine Ryall, Comhstiúrthóir, Ionad Dlí agus Comhshaoil, Coláiste na hOllscoile, Corcaigh ina ionad i nDeireadh Fómhair 2020. Ceapadh Comhalta an Choiste GCC, an Dr Ciara McMahon mar Stiúrthóir laistigh den GCC agus cuireadh deireadh lena téarma mar chomhalta an CIR ina dhiaidh sin. Ceapadh Raymond Smith, Oifigeach Sinsearach Eolaíochta, sa GCC ina hionad i nDeireadh Fómhair 2020.

Fochoistí an Bhoird Fheidhmiúcháin

Tá dhá Fhochoiste Boird Fheidhmiúcháin bunaithe ag an mBord Feidhmiúcháin.

- 1. **Tá Fochoiste an Bhoird TFC:** comhdhéanta de thríur comhaltaí den Bhord Feidhmiúcháin agus tacaíonn Bainisteoirí Cláir sinsearach, an fhoireann shinsearach TFC agus ionadaí ón bhFoireann shinsearach anailísíochta leo. Is iad na comhaltaí den Bhord Feidhmiúcháin atá ar an gcoiste seo ná: an Dr Micheál Lehané (Cathaoirleach), an Dr Eimear Cotter agus an tUas. Gerard O’Leary. Bhí seacht gcrúinniú ag Fochoiste an Bhoird TFC in 2020.
- 2. **Tá Fochoiste an Bhoird Feidhmiúcháin ar Shábháilteacht, Sláinte agus Leas (SSL):** comhdhéanta de bheirt comhaltaí den Bhord Feidhmiúcháin (deireadh 2020). Is iad na comhaltaí den choiste seo ná: an tUas. Gerard O’Leary (Cathaoirleach) agus an Dr Micheál Lehané. Bhí an Dr Matt Crowe ina chomhalta den Fhochoiste freisin go dtí gur éirigh sé as in Aibreán 2020. Bhí ocht gcrúinniú ag Fochoiste an Bhoird SSL in 2020.

Coistí Comhairleacha/Comhairliúcháin Seachtracha

Cuirtear comhairle ar an mBord Feidhmiúcháin ag na coistí seachtracha lárnacha seo a leanas, ar bunaíodh gach ceann díobh faoi reachtaíocht:

- ▲ Coiste Comhairleach GCC*
- ▲ Coiste Comhairleach um Dhumpáil san Fharraige**
- ▲ An Coiste Comhairleach ar Orgánaigh Ghéinmhodhnaithe (OGM)*
- ▲ Coiste Comhairleach um Shláinte**
- ▲ Coiste Comhairleach um Chosaint Raideolaíoch**

*níl raibh aon chruinnithe ag an gcoiste in 2020. Bhí an GCC ag fanacht ar chomhaltaí an Choiste Comhairleach GCC a cheapadh.

**bunaithe faoi Alt 41 den Acht fán nGníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil, 1992, arna leasú.

Sceideal an Fhrestail, na dTáillí agus na Speansas

Tionóladh 13 chruinniú den Bhord Feidhmiúcháin Ginearálta in 2020. Leagtar amach thíos sceideal an fhrestail ar chruinnithe den Bhord Feidhmiúcháin Ginearálta do 2020.

Tionóladh 12 as na 13 chruinniú den Bhord Feidhmiúcháin Ginearálta i gCeannteathrú GCC agus tionóladh an cruinniú eile i gCigireacht an GCC, Baile Átha Cliath:

Líon na gcruinnithe	An Bord	Táillí 2020 €	Costais 2020 €
Laura Burke	13	0	267
Gerard O'Leary	12	0	0
Matthew Crowe	2*	0	0
Micheál Lehane	12	0	0
Eimear Cotter	13	0	0
Tom Ryan	12	0	0
Ciara McMahon	4**	0	0
Iomlán		0	267

* chríochnaigh an téarma in Aibreán 2020

** ceaptha i Meán Fómhair 2020

Leagtar amach thíos sceideal an fhreastail ar chruinnithe an CIR do 2020, agus na táillí agus na speansais a fuair gach comhalta:

Líon na gcruinnithe	An Coiste um Iniúcháireacht & Riosca I láthair/as a d'fhéadfadh bheith i láthair	Táillí 2020 €	Costais 2020 €
Tom Barry (Cathaoirleach)	5/5	4,275	780
Nuala Bannon	5/5	0	102
Caroline Bocquel	5/5	0	0
Eugene Kennedy	5/5	0	310
Ciara McMahon*	4/4	0	0
John Maher	5/5	0	106
Áine Ryall***	0/0	0	0
Raymond Smith***	0/0	0	0
Allan Reid**	5/5	0	506
Iomlán		4,275	1,804

* Ball foirne an GCC a ceapadh ó Eanáir 2019

** Íocadh na speansais go léir go díreach le Buidheann Dìon Àrainneachd na h-Alba (Gníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil na hAlban).

*** Ceaptha i nDeireadh Fómhair 2020 - an chéad chruinniú in Eanáir 2021

COVID-19

Tháinig athrú suntasach ar bhealach oibre GCC go luath in 2020 de thoradh COVID-19. Tháinig athrú bunúsach tapa ar an timpeallacht oibre mar gheall ar chomhairle sláinte poiblí agus bearta sábháilteachta agus thosaigh an

chuid is mó d'fhoireann GCC ag obair go cianda nó go fíorúil. Tá dlúthfhaireachán déanta ag an GCC ar fhorbairtí, agus iarracht á déanamh na rioscaí is féidir cur isteach ar fhostaithe agus ar gheallsealbhóirí na Gníomhaireachta a mhaolú. Bhunaigh an GCC Foireann Freagartha ar an bPaindéim chun freagairt na Gníomhaireachta do COVID-19 a chomhordú. Forbraíodh "Plean Teagmhais do Phaindéim Covid-19," ina leagadh amach roinnt gníomhaíochtaí chun sábháilteacht, sláinte agus leas fhoireann, chonraitheoirí agus gheallsealbhóirí an GCC a chosaint agus iarracht á déanamh an cur isteach ar obair GCC a theorannú. Tá gníomhaíochtaí GCC cuimsithe sa liosta de sheirbhísí riachtanacha i Sceideal 2 de I.R. Uimh. 121/2020 agus lean obair GCC ar aghaidh le linn 2020.

Thug an GCC aird ar threordhoiciméad Oifig an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste dár teideal *Léargas Covid: Tionchar COVID-19 ar do thimpeallacht rialaithe*. Rinne an GCC freagraí ar na ceistanna sa threordhoiciméad a chomhordú, agus ba mhór an chabhair é sin don Choiste um Iniúcháireacht agus Riosca agus é ag iarraidh tuiscint a fháil ar an tionchar a bhí ag COVID-19 ar GCC agus conas a choimeád an GCC rialuithe inmheánacha éifeachtacha.

Lean rialuithe ionsuite laistigh de Chórais Airgeadais GCC ag feidhmiú mar is gnáth le linn phaindéim COVID-19 agus ní raibh gá aon nósanna imeachta ná Príomhrialaithe a shárú chun gach rud a choimeád mar a bhí. Ina n-athbhreithniú ar Rialuithe Airgeadais Inmheánacha 2020 thug Iniúcháirí Inmheánacha GCC an méid seo faoi deara: *'Léiríonn ár dtorthaí iniúcháireachta gur féidir dearbhú suntasach a chur ar dhóthanacht agus éifeachtacht oibriúcháin na rialuithe atá ann chun rioscaí airgeadais ar féidir leo cur isteach ar an GCC a mhaolú agus/nó a bhainistiú. Tá córas maith de chreat ar rialú airgeadais ann agus tá na rialuithe á gcur i bhfeidhm i gcónaí chun a áirithiú go bhfuil na rioscaí á mbainistiú go héifeachtach agus cinnteoidh sé sin go mbainfear amach na cuspóirí go hiomlán.'*

Nochtuithe a éilíonn an Cód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú (2016)

Tá an Bord Feidhmiúcháin freagrach as a chinntiú gur chomhlíon an GCC ceanglais go léir an Chóid, mar atá foilsithe ag an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe i mí Lúnasa 2016. Éilíonn an Cód na nochtuithe seo a leanas:

Mionsonrú ar Shochair na bhFostaithe Gearrthéarmacha

Tá sochair ghearrthéarmacha fostaithe a sháraíonn €60,000 leagtha amach i Nóta 8 (c) leis na ráitis airgeadais.

Costais Sainchomhairliúcháin

Cuimsíonn costais chomhairliúcháin costas na comhairle eachtraí a thugtar don bhainistíocht ach ní chuimsíonn siad feidhmeanna 'gnó mar is gnách', oiliúint foirne agus soláthraithe forbartha.

	2020€	2019€
Comhairle Dlí, Soláthar Airgeadais Gníomhaíochtaí Ceadúnaithe san áireamh.	1,040,088	884,228
Luacháil Achtúireach ar Scéim na bPinsean	4,797	3,690
Comhairleachtaí Acmhainní Daonna	29,066	38,121
Caidreamh poiblí/margaíocht	76,413	50,824
Iníúchadh Inmheánach & Rialachas Corparáideach	73,463	72,293
Comhairleacht um Leanúnachas Gnó	73,200	10,946
Measúnuithe ar Fhoirgnimh & Seirbhísí Iníúcháireachta	14,568	9,139
Comhairleacht agus Comhairle maidir le Soláthar	24,295	43,035
Comhairleacht / Comhairle CBL	0	2,399
Forbairt agus Cur i bhfeidhm Straitéise	45,802	24,243
Comhairleachtaí Chláir Comhshaoil agus Raideolaíochta	93,310	104,336
Athbhreithniú an ECFE ar an GCC	0	100,000
Costais Chomhairliúcháin Iomlána	1,475,002	1,343,254

Costais Dlíthiúla agus Socruithe

Tugann an tábla thíos mionsonrú ar na méideanna a aithnítear mar chaiteachas sa tréimhse thuairiscithe maidir le costais dhlíthiúla, socraíochtaí agus nósanna imeachta idir-réitigh agus eadrána a bhaineann le conarthaí le tríú páirtithe. Ní chuimsíonn sé seo speansais a thabhaítear maidir le comhairle dlíthiúil ghinearálta a fuair an GCC a nochtar sna costais Shainchomhairleoireachta thuas.

	2020 €	2019 €
Táillí dlí – imeachtaí dlí	282,917	653,874
Íocaíochtaí idir-réitigh agus eadrána	0	0
Socraíochtaí	0	0
Iomlán	282,917	653,874

Caiteachas Taistil agus Cothabhála

Déantar caiteachas taistil agus cothabhála a aicmiú mar seo a leanas:

	2020 €	2019 €
Intíre		
- Bord Feidhmiúcháin	22,792	69,899
- Fostaithe	382,185	1,369,678
Idirnáisiúnta		
- Bord Feidhmiúcháin	2,301	14,570
- Fostaithe	36,698	322,491
Iomlán *	443,976	1,776,638

*Ní thugann sé sin aisíocaíocht ar chostais taistil de €2,851 (2019 €22,562) a fuair an GCC san áireamh.

Caiteachas Fáilteachais

Cuimsítear sa Chuntas Ioncaim agus Caiteachais an caiteachas fáilteachais seo a leanas:

	2020 €	2019 €
Fáilteachas foirne*	13,547	13,620
Fáilteachas eile	0	206
Iomlán	13,547	13,826

*Áirítear leis costais an Chláir um Chúnadh d'Fhostaithe de €3,544 in 2020 (2019 €3,605).

Ráiteas Comhlíontachta

Ghlac an Bord leis an gCód Cleachtais um Rialachas Comhlachtaí Stáit (2016) agus chuir sé nósanna imeachta i bhfeidhm chun comhlíonadh an Chóid a áirithiú le linn 2017. Bhí an GCC i gcomhréir leis an gCód Cleachtais um Rialachas Comhlachtaí Stáit in 2020

Sínithe thar ceann an Bhoird Feidhmiúcháin.



Laura Burke

Ard-Stiúrthóir

Dáta: 24 Meitheamh 2021

7.2 RÁITEAS AR RIALÚ INMHEÁNACH 2020

1. Scóip na Freagrachta

Thar ceann Stiúrthóirí na Gníomhaireachta um Chaomhnú Comhshaoil (GCC), aithním an chomhfhreagracht atá ar na Stiúrthóirí as a chinntiú go gcoinnítear agus go bhfeidhmítear go himheánach córas éifeachtach rialaithe inmheánaigh maidir le cuntais GCC a ullmhú agus gach dualgas reachtúil a bhaineann leis an GCC a chomhlíonadh. Cuireann an fhreagracht seo san áireamh riachtanais Chóid Chleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú a chomhlíonadh (2016).

2. Cuspóir an Chórais Rialaithe Inmheánaigh

Tá an córas rialaithe inmheánaigh deartha chun riosca a bhainistiú ag leibhéal inghlactha seachas fáil réidh leis. Mar sin, ní féidir leis an gcóras ach dearbhú réasúnach seachas dearbhú iomlán a thabhairt go bhfuil sócmhainní á gcosaint agus idirbhearta á n-údarú agus á dtaifeadadh i gceart agus go seachnaítear earráidí ábhartha nó neamhrialtachtaí nó go mbraitear iad go tráthúil. Cé gur féidir leis an gcóras rialaithe inmheánaigh athrú le himeacht ama, déanann an GCC athbhreithniú agus uasdátú ar na córais sin mar is gá.

Tá an córas rialaithe inmheánaigh, atá ag teacht le treoirlínte a d'eisigh an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe, i bhfeidhm sa GCC don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2020 agus suas go dtí an dáta a rinneadh na ráitis airgeadais a fhaomhadh.

3. Príomhnósanna Imeachta Rialaithe chun Rialú Inmheánach Éifeachtach a Sholáthar

a) An Cumas Riosca a Láimhseáil

i) Creat Riosca agus Rialaithe

Tá córas bainistíochta riosca curtha i bhfeidhm ag an GCC a aithníonn agus a thugann tuairisc ar phríomhrioscaí agus ar na gníomhaíochtaí bainistíochta atá á ghlacadh chun déileáil leo agus, a oiread agus is féidir, na rioscaí sin a mhaolú.

Tá Beartas Bainistíochta Riosca forbartha ag an GCC freisin a leagann amach an méid riosca a ghlacann sé leis, an próiseas bainistíochta riosca atá i bhfeidhm agus a thugann mionsonraí faoi ról agus freagrachtaí na foirne maidir le riosca. Comhlíonann Beartas agus Struchtúir Bainistíochta Riosca GCC an Cód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú 2016.

Aithnítear sa Chlár Rioscaí Corparáideacha na rioscaí lárnacha atá os comhair GCC agus tugtar sonraí ann faoi na rialuithe agus na gníomhartha atá riachtanach chun rioscaí a mhaolú chomh maith leis an bhfreagracht as oibriú rialuithe a thugtar do chomhaltaí foirne sonracha. Déantar an Clár Rioscaí Corparáideacha a fhorbairt agus a bhainistiú ag an CFR, a athbhreithniú ag an CIR agus tugtar tuairisc air do Bhord GCC le faomhadh. Aithníodh COVID-19 mar riosca sa Chlár Rioscaí Corparáideacha. Chomh maith leis sin, rinneadh measúnú riosca ar sheirbhísí criticiúla mar chuid de Thionscadal um Leanúnachas Gnó.

Cuireann gach Stiúrthóir ráitis dhearbhaithle leathbhliantúil ar fáil don Bhord Feidhmiúcháin go rialta lena nglactar le freagracht as nuashonrú, monatóireacht agus athbhreithniú leanúnach ar an gClár Rioscaí dá nOifig féin agus as a chinntiú go gcuirtear an Beartas Bainistithe Rioscaí i bhfeidhm.

Dearbhaím go bhfuil timpeallacht smacht ag coinneáil na heilimintí seo a leanas i bhfeidhm:

- ▲ tá taifead déanta ar nósanna imeachta um próisis ghnó lárnacha,
- ▲ tá freagrachtaí airgeadais tar éis a bheith ceaptha ag leibhéal na bainistíochta le cuntasacht chomhfhreagrach,
- ▲ tá córas buiséadaithe iomchuí ann le buiséad bliantúil atá coinnithe faoi athbhreithniú ag bainistíocht shinsearach,
- ▲ tá córais ann a bhfuil mar aidhm acu slándáil chórais theicneolaíocht na faisnéise agus na cumarsáide a chinntiú,
- ▲ tá córais i bhfeidhm chun cosaint a thabhairt do na sócmhainní, agus
- ▲ córas don rialú ar chaiteachas na gclár, lena n-áirítear nósanna imeachta maidir le deontais a fhorhmeas agus a íoc agus nósanna imeachta chun monatóireacht a dhéanamh ar an dul chun cinn atá déanta chun na cuspóirí a bhaint amach.

ii) Nósanna imeachta chun aghaidh a thabhairt ar na himpleachtaí airgeadais a bhaineann le rioscaí móra gnó

Rinneadh na himpleachtaí airgeadais a bhaineann le rioscaí gnó a mheas tríd an bpróiseas measúnaithe riosca gnó foirmiúil agus mar ullmhúchán do Phleananna GCC um Iniúchóireacht Inmheánach. Déantar tuilleadh measúnaithe agus meastóireachta orthu trí fheidhmiú céimnithe Phlean GCC um Iniúchóireacht Inmheánach.

b) Monatóireacht agus Athbhreithniú Leanúnach

i) Athbhreithniú Bliantúil ar Éifeachtacht an Rialaithe

Rinne an Bord Feidhmiúcháin athbhreithniú bliantúil ar éifeachtacht na rialuithe inmheánacha le haghaidh 2020 i bhFeabhra 2021. Agus iad ag tabhairt faoin athbhreithniú seo rinne na Stiúrthóirí an méid seo a leanas a phlé:

- ▲ Sonraí maidir leis an gcóras rialaithe inmheánacha in 2020, lena n-áirítear Bainistiú Riosca, Bainistiú Airgeadais, Iniúchóireacht Inmheánach, Eitic, Córais Faisnéise, Pleanáil agus Tuairisciú Gnó,
- ▲ Tuairisc ar an Athbhreithniú ar Éifeachtacht na Rialuithe Inmheánacha Airgeadais 2020,
- ▲ Tuairisc ón Oifigeach um Chomhlíonadh 2020,
- ▲ Tuairisc ar Chomhlíonadh TF 2020,

- ▲ Ráiteas Dearbhaithe um Shláinte, Sábháilteacht agus Leas 2020,
- ▲ Ráitis Dearbhaithe um Bainistiú Riosca 2020,
- ▲ Athruithe ar chleachtais oibre agus ar thimpeallacht rialaithe GCC in 2020 díreach de bharr phaindéim COVID-19.

Síníodh Ráitis Bhliantúla Dearbhaithe maidir le Freagrachtaí Buiséadacha 2020 agus cuireadh faoi bhráid an Ard-Stiúrthóra iad, i gcomhréir le forálacha Lámhleabhar Airgeadais GCC. Tháinig athrú suntasach ar bhealach oibre GCC go luath in 2020 de thoradh COVID-19. Tháinig athrú bunúsach tapa ar an timpeallacht oibre mar gheall ar chomhairle sláinte poiblí agus bearta sábháilteachta agus thosaigh an chuid is mó d'fhoireann GCC ag obair go cianda nó go fíorúil. Tá dlúthfhaireachán déanta ag an GCC ar fhorbairtí, agus iarracht á déanamh na rioscaí is féidir cur isteach ar fhostaithe agus ar gheallsealbhoirí na Gníomhaireachta a mhaolú. Bhunaigh an GCC Foireann Freagartha ar an bPaindéim chun freagairt na Gníomhaireachta do COVID-19 a chomhordú. Forbraíodh "Plean Teagmhais do Phaindéim Covid-19," ina leagadh amach roinnt gníomhaíochtaí chun sábháilteacht, sláinte agus leas fhoireann, chonraitheoirí agus gheallsealbhoirí an GCC a chosaint agus iarracht á déanamh an cur isteach ar obair GCC a theorannú. Tá gníomhaíochtaí GCC cuimsithe sa liosta de sheirbhísí riachtanacha i Sceideal 2 de I.R. Uimh. 121/2020 agus lean obair GCC ar aghaidh le linn 2020.

Thug GCC aird ar threoirchoiméad Oifig an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste dár teideal *Léargais Covid: Tionchar COVID-19 ar do thimpeallacht rialaithe*. Rinne an GCC freagraí ar na ceistanna sa threoirchoiméad a chomhordú, agus ba mhór an chabhair é sin don Choiste um Iniúchóireacht agus Riosca agus é ag iarraidh tuiscint a fháil ar an tionchar a bhí ag COVID-19 ar GCC agus conas a choimeád an GCC rialuithe inmheánacha éifeachtacha.

ii) Sárúithe maidir le Rialú

Níor tuairiscíodh aon sárúithe ar rialú in 2020.

iii) Caillteanais Ábhartha nó Calaois

Níor tuairiscíodh aon chaillteanais ábhartha ná calaois in 2020.

iv) Athbhreithniú ar an Ráiteas ar Rialú Inmheánach

Rinne Iniúcháirí Inmheánacha GCC, an Coiste um Iniúchóireacht agus Riosca (CIR) agus na Stiúrthóirí athbhreithniú ar an Ráiteas ar Rialú Inmheánach 2020 i bhFeabhra 2021 lena háirithiú go dtugtar léargas cruinn ar an gcóras rialaithe le linn 2020 ann.

v) Céimeanna tógtha chun timpeallacht chuí rialaithe a chinntiú

Tá céimeanna tógtha ag Stiúrthóirí GCC chun timpeallacht chuí rialaithe a áirithiú laistigh den GCC trí na nithe seo a leanas:

- ▲ Plean Straitéiseach GCC 2016-2020 – *Ár gComhshaoil, Ár bhFolláine* a fhorbairt agus a fhoilsiú. Sa Straitéis seo leagtar amach Fis, Misean, Luachanna agus Spriocanna an GCC agus trí cinn déag de Spriocanna Straitéiseacha. Is é an Líonra Bainistíochta Sinsearaí, lena n-áirítear Stiúrthóirí agus Clárghainisteoirí, a dhéanann monatóireacht ar chur i bhfeidhm na Straitéise, agus cuirtear tuairiscí chuig Bord Feidhmiúcháin GCC ina leith ó am go chéile. Tosaíodh ag obair ag an gcéad Straitéis GCC eile in 2020 agus plean ann go mbeadh sí críochnaithe sa chuid deiridh den bhliain 2021.
- ▲ Dul i ngleic leis an ECFE chun athbhreithniú a dhéanamh ar leagan amach institiúideach agus eagraíochtúil GCC. Rinneadh scrúdú san athbhreithniú ar struchtúir, cuntasacht, próisis ghnó, tuairiscí agus bainistíocht feidhmíochta GCC agus ar shoiléireacht ról, caidreamh agus dáileadh cumhachtaí agus freagrachtaí le comhlachtaí rialtais agus neamh-rialtas eile. Ba é toradh iomlán an athbhreithnithe ná gur *"bhunaigh an GCC í féin mar ghníomhaireacht iontaoifa a bhfuil ardmheas uirthi maidir le cosaint an chomhshaoil agus cosaint raideolaíoch agus aithnítear í don sláine eolaíochta"*.
- ▲ Clár oibre mionsonraithe a chomhaontú gach bliain agus monatóireacht agus meastóireacht a dhéanamh go míosúil ar dhul chun cinn in aghaidh an chlár oibre sin.
- ▲ Cruinnithe Boird Fheidhmiúcháin a reáchtáil go rialta, lena n-áirítear cruinnithe bainistíochta míosúla ina mbíonn ceistanna straitéiseacha ar nós Rialachas Corparáideach, Bainistíocht Airgeadais, Straitéis Chorporáideach agus gnóthaí foirne san áireamh sa Chlár Oibre.
- ▲ Glacadh le Lámhleabhar Airgeadais don GCC chomh maith le sraith de bheartais agus de nósanna imeachta airgeadais chun na gnéithe airgeadais móra de ghnó GCC a rialú.
- ▲ Glacadh le Lámhleabhar ar Rialachas Corparáideach chun achoimre shoiléir chuimsitheach a thabhairt ar na príomhghnéithe de rialachas corparáideach le haghaidh na Stiúrthóirí agus na mbainisteoirí sinsearaigh.
- ▲ Sceideal cuimsitheach árachas a choimeád chun leasanna na GCC a chosaint.
- ▲ Coiste Iniúchóireachta agus Riosca a bhunú agus a chothabháil. (féach ar Chuid 3(a)(i) Monatóireacht ar Éifeachtacht Chóras an Rialaithe Inmheánaigh)
- ▲ Polasaí agus Creat Bainistíochta Riosca a bhunú agus a fheidhmiú, Coiste Feidhmiúcháin Riosca (CFR) agus Príomhoifigeach Riosca a cheapadh. (féach ar Chuid 3(a)(ii) Creat Riosca agus Rialaithe)

- ▲ Monatóireacht agus measúnú a dhéanamh ar chloí le reachtaíocht chorparáideach i gcomhréir le Beartas GCC.
- ▲ Freagrachtaí bainistíochta a shainmhíniú, feidhmeanna oiriúnacha a tharmligean, agus polasaithe agus nósanna imeachta uile GCC a athbhreithniú agus a fhaomhadh.
- ▲ Cód Iompraíochta Gnó maidir le Stiúrtóirí agus Baill Foirne a ghlacadh de réir na gceanglas sa Chód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú.
- ▲ Déanamh cinnte go gcomhlíontar ceanglais na nAchtanna um Eitic in Oifig Phoiblí agus Ailt 37 agus 38 d'Acht GCC, 1992, a bhaineann le Leasanna a Dhearbhu agus a Nochtadh.
- ▲ Meicníochtaí a bhunú lena háirithiú go bhfuil sláine na gcóras GCC um theicneolaíocht na faisnéise agus na cumarsáide (TFC) leordhóthanach, lena n-áirítear:
 - ▶ bunú beartas cuí agus nósanna imeachta cuí um rialú,
 - ▶ struchtúir eagraíochtúla éifeachtacha lena n-áirítear dealú cúraimí
 - ▶ freagracht as athbhreithnithe agus measúnachtaí sonracha ar chórais TFC a tharmligean chuig an aonad iniúchta inmheánaigh trí phróiseas na bPleananna Bliantúla um Iniúchadh Inmheánach.
- ▲ Foireann Freagartha ar an bPaindéim a bhunú chun freagairt GCC do COVID-19 a chomhordú.

Ó thaobh na reachtaíochta, tá freagracht ar an mBord as bainistíocht GCC, ach tá cumhacht aige freagracht a tharmligean do chomhaltaí foirne eile le haghaidh cuspóirí oibriúcháin. Faoi réir alt 25(6) den Acht GCC féadfaidh an Ghníomhaireacht aon cheann dá feidhmeanna a chomhlíonadh nó a fheidhmiú trí aon stiúrtóir nó trí aon duine eile nó aon chomhlacht a bheidh údaraithe go cuí ag an GCC chun na críche sin. Tarmilgítear freagracht oibriúcháin as obair GCC a dhéanamh ar na Bainisteoirí Cláir atá i gceannas ar fheidhmeanna éagsúla.

Ó bunaíodh an GCC, tá cumhachtaí roghnacha tarmilgthe ag Bord na nGníomhaireachta do leibhéil éagsúla sa GCC. Tá fás leanúnach ag teacht ar tharmligean cumhachtaí de réir is a shanntar tuilleadh freagrachtaí reachtúla don GCC le himeacht ama. Coimeádann an GCC clár cuimsitheach de reachtaíocht chomhshaoil ábhartha, clár de chumhachtaí tarmilgthe ag an mBord agus Feidhmeanna Forchoimeáda an Bhoird. Déanann an Bord athbhreithniú agus formheas ar na cláir seo de réir mar is gá.

vi) Faisnéis Airgeadais agus Bhuiséadach

Tá córas na rialuithe inmheánacha airgeadais bunaithe ar chreat oibre d'fhaisnéis bainistíochta rialta, ar chóras tarmiligin agus cuntasachta, agus ar thacar nósanna imeachta airgeadais agus riaracháin lena n-áirítear deighilt na ndualgas. Áirítear leis go háirithe:

- ▲ Córas buiséadaithe cuimsitheach ina bhfuil buiséad bliantúil, a ndéanann an Bord Feidhmiúcháin athbhreithniú agus faomhadh air. Cuimsítear sa chóras buiséadaithe freisin dhá bhuiséad athbhreithnithe foirmiúla a ullmhú i mí Bhealtaine agus mí Mheán Fómhair, a gcuirtear an dá cheann acu faoi bhráid an Bhoird Fheidhmiúcháin le faomhadh.
- ▲ Buiséid agus údarás buiséadach agus freagracht as feidhmeanna sonracha a shannadh do bhainisteoirí áirithe.
- ▲ Socruithe chun an ceannach ar fad a bheith déanta agus rialaithe trí chóras agus nósanna imeachta bainistíochta airgeadais GCC.
- ▲ Athbhreithnithe míosúla ag an mBord Feidhmiúcháin ar thuarascálacha bainistíochta airgeadais.
- ▲ Glacadh le Plean Soláthair Chorparáidigh bliantúil agus Oifigeach Soláthair a cheapadh.

Lean rialuithe ionsuite laistigh de na Córais Airgeadais ag feidhmiú mar is gnáth le linn phaindéim COVID-19 agus ní raibh gá aon nósanna imeachta ná Príomhrialaithe a sháru chun gach rud a choimeád mar a bhí.

vii) Monatóireacht ar Éifeachtacht Chóras an Rialaithe Inmheánaigh

Bhunaigh agus choimeád an GCC Coiste Iniúcháireachta agus Riosca, atá comhdhéanta de sheisear comhaltaí seachtracha, duine amháin díobh atá ina Chathaoirleach, agus bainisteoir sinsearach GCC amháin, mar chuid den athbhreithniú córasach leanúnach ar an timpeallacht rialaithe agus ar nósanna imeachta rialachais laistigh den GCC. Rinneadh é sin chun formheas a dhéanamh ar fheidhm na hiniúcháireachta inmheánaí agus chun comhairle a thabhairt don Bhord Feidhmiúcháin maidir le feidhmiú agus forbairt na feidhme sin.

Tá feidhm iniúcháireachta inmheánaí bunaithe ag an GCC ag a bhfuil dóthain acmhainní agus a chuireann clár oibre i gcrích a n-aontaítear air leis an CIR. Fostaíonn an GCC saineolaithe seachtracha chun iniúchtaí inmheánacha a dhéanamh.

Cuireadh Plean Iniúcháireachta Inmheánaí GCC 2020-2021 i bhfeidhm i rith na bliana; rinneadh athbhreithniú go tréimhsiúil ar an dul chun cinn maidir le cur i bhfeidhm na ngníomhartha a theastaíonn de thoradh gach iniúchta agus tugadh tuairisc don Choiste Iniúcháireachta agus Riosca agus don Bhord Feidhmiúcháin maidir leis sin.

Forbraíodh Plean Iniúcháireachta Inmheánaí 2021-2022 le linn 2020 agus léirítear ann na rioscaí a aithnítear i gClár Rioscaí Corparáideacha GCC, ceanglais ón Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste, agus forbairtí agus saincheisteanna maidir le Rialú Corparáideach atá tagtha chun cinn san Earnáil Phoiblí go ginearálta. Rinne an Coiste Iniúcháireachta agus Riosca athbhreithniú ar an

bPlean Iniúcháireachta Inmheánaí sin agus rinne Bord Feidhmiúcháin GCC an plean a fhorghnó i nDeireadh Fómhair 2020.

4. Soláthar

Dearbhaím go bhfuil nósanna imeachta curtha i bhfeidhm ag an GCC chun déanamh cinnte go gcloítear le rialacha agus treoirlínte reatha i leith an tsoláthair.

5. Maoiniú Taighde

I gCiorclán 13/2014 ón Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe, Bainistíocht agus Cuntasacht i leith Deontas ó Fhoinsí Státhchiste (an Ciorclán), leagtar amach na prionsabail phoiblí, na nósanna imeachta agus na ceanglais tuairiscithe bhreise um bhainistíocht airgeadais atá le comhlíonadh agus maidir le maoiniú deontais a sholáthraítear ó airgead poiblí á bhainistiú.

Tá nósanna imeachta ag an GCC um fhorghnó agus íocaíocht deontas agus próiseas chun monatóireacht a dhéanamh ar an dul chun cinn maidir le cuspóirí taighde a bhaint amach.

An 21 Eanáir 2020, chuir an Roinn Comhshaoil, Aeráide agus Cumarsáide in iúl don GCC gur féidir leanúint leis na socruithe réamh-mhaoinithe a bhí ann cheana faoi Chlár Taighde GCC, ag brath ar fhorghnó foirmiúil a fháil ón Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe do 2020.

6. Athbhreithniú ar Éifeachtúlacht

Dearbhaím go bhfuil nósanna imeachta curtha i bhfeidhm ag an GCC chun monatóireacht a dhéanamh ar éifeachtúlacht a nósanna imeachta bainistíochta riosca agus rialaithe. Le monatóireacht agus athbhreithniú GCC ar éifeachtúlacht chóras an rialaithe inmheánaigh cuirtear san áireamh obair na n-iniúcháirí inmheánacha agus seachtracha, an Choiste Iniúcháireachta agus Riosca agus na hardbhainistíochta sinsearaí sa GCC atá freagrach as forbairt agus cothabháil chreat an rialaithe inmheánaigh.

Dearbhaím go ndearna na Stiúrthóirí athbhreithniú bliantúil ar éifeachtacht na rialuithe inmheánacha do 2020 i bhFeabhra 2021 agus go bhfuil siad sásta go bhfuil an córas rialaithe inmheánaigh go maith.

Tugadh faoi Iniúchadh Inmheánach ar an Athbhreithniú ar Éifeachtacht na Rialuithe Airgeadais Inmheánacha i Samhain 2020 agus in Eanáir 2021 i gcomhréir leis an bPlean Iniúcháireachta Inmheánaí 2020/2021. Léiríonn torthaí ón Iniúchóireacht Inmheánach gur féidir dearbhú suntasach a chur ar leordhóthanacht agus éifeachtacht oibriúcháin na rialuithe chun rioscaí airgeadais a mhaolú agus/nó a bhainistiú.

7. Saincheisteanna maidir le Rialú Inmheánach

Ní aithníodh aon sárúithe ar rialuithe inmheánacha maidir le 2020 a bhfuil gá iad a nochtadh sna ráitis airgeadais.

Sínithe thar ceann an Bhoird Feidhmiúcháin.



Laura Burke

Ard-Stiúrthóir

Dáta: 24 Meitheamh 2021

7.3 TUARASCÁIL AN ARD-REACHTAIRE CUNTAS AGUS CISTE LENA CUR FAOI BHRÁID THITHE AN OIREACHTAIS

Tuairim maidir leis na ráitis airgeadais

Tá iniúchadh déanta agam ar ráitis airgeadais na Gníomhaireachta um Chaomhnú Comhshaoil don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2020 de réir mar a cheanglaítear faoi fhorálacha alt 50 den Acht fán nGníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil 1992. Cuimsíonn na ráitis airgeadais

- ▲ an ráiteas ar ioncam agus caiteachas agus ar chúlchistí ioncaim coinnithe
- ▲ an ráiteas ar ioncam cuimsitheach
- ▲ an ráiteas faoi staid airgeadais
- ▲ an ráiteas ar shreabhadh airgid agus
- ▲ na nótaí gaolmhara lena n-áirítear achoimre ar bheartais chuntasaíochta thábhachtacha.

I mo thuairimse, tugtar léargas fíor agus cruinn sna ráitis airgeadais ar shócmhainní, ar dhliteanais agus ar staid airgeadais na Gníomhaireachta um Chaomhnú Comhshaoil ar an 31 Nollaig 2020 agus ar a hioncam agus a caiteachas le haghaidh 2020 i gcomhréir leis an gCaighdeán Tuairiscithe Airgeadais (CTA) 102 – *An Caighdeán Tuairiscithe Airgeadais is infheidhme sa RA agus i bPoblacht na hÉireann*.

Bunús na tuairime

Rinne mé m'iniúchadh ar na ráitis airgeadais i gcomhréir leis na Caighdeáin Idirnáisiúnta ar Iniúchadh (CIIIna) mar a chuirtear i bhfeidhm ag an International Organisation of Supreme Audit Institutions. Cuirtear síos san aguisín leis an tuarascáil seo mo chuid freagrachtaí de réir na gcaighdeán sin. Táim neamhspleách ón nGníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil agus tá mo chuid freagrachtaí eitiiciúla eile comhlíonta agam i gcomhréir leis na caighdeáin.

Creidim gur leor agus gur cuí an fhianaise iniúcháireachta atá faighte agam le bheith mar bhonn do mo thuairim.

Tuairisc ar Fhaisnéis eile seachas na ráitis airgeadais, agus ar ábhair eile

Tá faisnéis áirithe eile curtha i láthair ag an nGníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil i dteannta leis na ráitis airgeadais. Cuimsíonn an fhaisnéis sin an tuarascáil bhliantúil, an ráiteas rialachais agus tuarascáil na Stiúrtóirí agus an ráiteas ar rialú inmheánach. Cuirtear síos ar mo chuid freagrachtaí as tuairiscí i leith na faisnéise sin, agus ar ábhair áirithe eile a dtugaim tuairisc orthu trí heisceacht, san aguisín leis an tuarascáil seo.

Níl aon ní le tuairisciú agam chuige sin.



Andrew Harkness

I gcomhair agus thar ceann
An Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste

28 Meitheamh 2021

AGUISÍN A GHABHANN LEIS AN TUARASCÁIL

Freagrachtaí na Stiúrthóirí

Mar a shonraítear sa ráiteas rialachais agus i dtuarascáil na Stiúrthóirí, tá na Stiúrthóirí freagrach as

- ▲ na ráitis airgeadais a ullmhú san fhoirm atá forordaithe faoi alt 50 den Acht fán nGníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil 1992
- ▲ déanamh cinnte go dtugann na ráitis airgeadais léargas fíor agus cóir i gcomhréir le CTA 102
- ▲ rialtacht na n-idirbheart a chinntiú
- ▲ measúnú a dhéanamh ar cibé acu an cuí bonn cuntasaoíochta an ghnóthais leantaigh a úsáid, agus
- ▲ pé rialú inmheánach a mheasann siad gur cuí é le go mbeidh siad in ann ráitis airgeadais a ullmhú atá saor ó mhíráiteas ábhartha, cibé acu de thoradh calaoise nó earráide.

Freagrachtaí an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste

Ceanglaítear orm faoi alt 50 den Acht fán nGníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil 1992 iniúchadh a dhéanamh ar ráitis airgeadais na Gníomhaireachta um Chaomhnú Comhshaoil agus tuairisciú air sin do Thithe an Oireachtais.

Is é an cuspóir atá agam agus an t-iniúchadh á dhéanamh ná dearbhú réasúnta a fháil maidir le cibé acu an bhfuil na ráitis airgeadais ina n-iomlán saor ó mhíráiteas airgeadais de thoradh calaoise nó earráide. Leibhéal ard dearbhaithe atá i gceist le dearbhú réasúnta, ach ní hionann é agus gealltanais go mbraithfear i gcónaí míráiteas ábhartha más ann dó in iniúchadh arna dhéanamh i gcomhréir leis na CIlInna. Féadann míráitis teacht chun cinn de thoradh calaoise nó earráide agus meastar gur míráitis ábhartha iad más féidir a bheith ag súil go réasúnta go mbeadh tionchar acu, ina n-aonar nó le chéile, ar chinntí eacnamaíochta úsáideoirí arna nglacadh ar bhonn na ráiteas airgeadais sin.

Mar chuid d'iniúchadh i gcomhréir le CIlInna, feidhmím breithiúnas gairmiúil agus coimeádaim amhras gairmiúil le linn an iniúchta. Agus é sin á dhéanamh,

- ▲ Aithním agus déanaim measúnú ar rioscaí an mhírítis ábhartha maidir leis na ráitis airgeadais cibé acu de thoradh calaoise nó earráide iad; déanaim nósanna imeachta iniúcháireachta a dhearadh agus a fheidhmiú mar fhreagra ar na rioscaí sin; agus faighim fianaise iniúchta ar leor agus ar cuí í chun bonn a sholáthar do mo thuairim. Is airde an baol nach mbraithfí míráiteas ábhartha de thoradh calaoise seachas míráiteas de thoradh earráide, mar d'fhéadfadh claoipháirteachas, brionnú, easnaimh d'aon turas, mífhaisnéis, nó sárú ar rialú inmheánach a bheith i gceist le calaois.
- ▲ Faighim tuiscint ar rialú inmheánach atá ábhartha don iniúchadh chun nósanna imeachta iniúchta a cheapadh atá cuí sna cúinsí, ach ní dhéantar é chun críocha tuairim a chur in iúl faoi éifeachtacht na rialuithe inmheánacha.
- ▲ Déanaim measúnú ar oiriúnacht na mbeartas cuntasaoíochta arna n-úsáid agus ar réasúntacht na meastachán cuntasaoíochta agus na nochtuithe gaolmhara.
- ▲ Tugaim conclúid faoi oiriúnacht úsáid bhonn cuntasaoíochta an ghnóthais leantaigh agus, bunaithe ar an bhfianaise cuntasaoíochta arna fáil, faoi cibé acu gurb ann d'éiginnteacht ábhartha maidir le himeachtaí nó coinníollacha a d'fhéadfadh amhras suntasach a chaitheamh ar chumas na Gníomhaireachta um Chaomhnú Comhshaoil leanúint ar aghaidh mar ghnóthas leantach. Má thagaim ar an gconclúid gurb ann d'éiginnteacht ábhartha, ceanglaítear orm aird a tharraingt i mo thuarascáil ar na nochtuithe bainteacha sna ráitis airgeadais nó, murar leor na nochtuithe sin, mo thuairim a leasú. Tá mo chuid conclúidí bunaithe ar an bhfianaise iniúchta arna fáil suas go dtí dáta mo thuarascála. D'fhéadfadh, mar gheall ar imeachtaí nó ar choinníollacha sa todhchaí, áfach, go stadfaidh an Gníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil de bheith ina ghnóthas leantach.
- ▲ Déanaim measúnú ar chur i láthair, struchtúr agus ábhar na ráiteas airgeadais, lena n-áirítear na nochtuithe agus cibé acu an léirítear na hidirbhearta agus na himeachtaí bunúsacha sna ráitis airgeadais ar bhealach ina mbaintear amach cur i láthair cóir.

Déanaim cumarsáid leo siúd a bhfuil cúram leagtha orthu as rialachas maidir le, i measc ábhar eile, scóip agus tráthú beartaithe an iniúchta agus fionnachtana tábhachtacha an iniúchta, lena n-áirítear aon easnaimh mhóra sa rialú inmheánach a aithním le linn m'iniúchta.

Faisnéis eile nach na ráitis airgeadais iad

Ní chuimsíonn mo thuairim an fhaisnéis eile arna cur i láthair in éineacht leis sna ráitis sin, agus ní thugaim aon chonclúid dhearbhaithe maidir leis sin.

Maidir le m'iniúchadh ar na ráitis airgeadais, ceanglaítear orm faoi Chaighdeán Idirnáisiúnta Iniúcháireachta an fhaisnéis eile a léamh atá curtha i láthair agus, é sin á dhéanamh agam, a mheas cibé acu an bhfuil neamhréir ábhartha idir an fhaisnéis eile agus na ráitis airgeadais nó le faisnéis a fhaightear le linn iniúchta, nó má tá cuma air ar bhealach eile go bhfuil sí míshonraithe go hábhartha. Má thagaim ar an gconclúid, bunaithe ar an obair a rinne mé, go bhfuil an fhaisnéis eile sin míshonraithe go hábhartha, ceanglaítear orm an fhíric sin a thuairisciú.

Tuairisciú ar ábhair eile

Déantar m'iniúchadh agus aird á tabhairt ar na comaoineacha speisialta a ghabhann le comhlachtaí Stáit maidir lena mbainistiú agus a bhfeidhmiú. Tugaim tuairisc má aithním ábhair ábhartha maidir leis an mbealach ina ndearnadh gnó poiblí.

Féachaim chuig fianaise a fháil faoi rialtacht idirbheart airgeadais le linn an iniúchta. Tugaim tuairisc má aithním aon chás ábhartha, áit nár cuireadh airgead poiblí i bhfeidhm don chuspóir dá raibh sé beartaithe nó áit nár chloígh idirbhearta leis na húdaráis a rialaíonn iad.

Tugaim tuairisc freisin trí heisceacht más amhlaidh, i mo thuairim,

- ▲ nach bhfuair mé an fhaisnéis agus na míniúcháin go léir a theastaigh uaim do m'iniúchadh, nó
- ▲ nár bh leor na taifid chuntasaíochta le go bhféadfaí na ráitis airgeadais a iniúchadh go héasca agus i gceart, nó
- ▲ mura réitíonn na ráitis airgeadais leis na taifid chuntasaíochta.

7.4 RÁITEAS AR IONCAM AGUS CAITEACHAS AGUS AR CHÚLCHISTÍ COINNITHE IONCAIM DON BHLIAIN DAR CHRÍOCH AN 31 NOLLAIG 2020

		2020	2019
Ioncam	Nóta	€'000	€'000
Deontais Oireachtais - DCCAE	2(a)	43,048	38,555
Deontais an Chiste Comhshaoil	2(b)	2,992	9,205
Deontais Oireachtais - DHPLG	2(c)	6,808	7,483
Costais Aisghafa maidir le Trádáil ina Astúcháin	3	1,727	1,486
Ioncam ó Gníomhaíochtaí Raideolaíocha	4	824	994
Gníomhaíochtaí Ceadúnaithe	5	579	870
Gníomhaíochtaí Forfheidhmithe	6	9,884	9,701
Fáltais Ilghnéitheacha	7	342	601
Glan Chistiú Shochair Iarchurtha	24(c)	7,123	8,894
Ioncam Iomlán		73,327	77,789
Caiteachas			
Luach Saothair	8	27,064	25,586
Costais Sochair Scoir	24(a)	10,150	11,326
Speansais Taistil	9	555	1,903
Costais Saotharlainne agus Allamuigh	10	1,701	1,512
Costais Chóiríochta	11	1,913	1,915
Costais Riaracháin	12	8,541	9,289
Sainchomhairleoirí	13	364	628
Deontais, Conraitheoirí agus Soláthraithe Seirbhíse Seachtracha	14	9,107	9,320
Íocaíochtaí maidir leis an gClár Taighde Comhshaoil	15	8,660	8,541
Dímheas	16	5,902	5,562
Caiteachas Iomlán		73,957	75,582
Barrachas/(easnamh) don bhliain roimh leithghabhálacha		(630)	2,207
Aistriú ón/(go dtí) an Cuntas Caipitil	17	449	(165)
Barrachas ar Dhiúscairtí Sócmhainní Seasta		15	49
Barrachas/(easnamh) don bhliain tar éis leithghabhálacha		(166)	2,091
Barrachas amhail an 1 Eanáir		3,662	1,571
Barrachas amhail an 31 Nollaig		3,496	3,662

Baineann an t-ioncam agus an caiteachas ar fad don bhliain le gníomhaíochtaí leanúnacha ag an dáta tuairiscithe.

Is cuid de na ráitis airgeadais seo iad an Ráiteas ar Shreabhadh Airgid agus na nótaí 1 go 29.


Thar ceann Bhord na Gníomhaireachta um Chaomhnú Comhshaoil:



Laura Burke

Ard-Stiúrthóir

Dáta sínithe: 24 Meitheamh 2021



Gerard O'Leary

Leas-Ardstiúrthóir

7.5 RÁITEAS MAIDIR LE HIONCAM CUIMSITHEACH DON BHLIAIN DAR CHRÍOCH AN 31 NOLLAIG 2020

	Nóta	2020 €'000	2019 €'000
Barrachas/(easnamh) tar éis leithghabhálacha		(166)	2,091
Gnóthachain / (caillteanais) ó thaithí ar oibleagáidí sochair scoir	24(d)	3,606	7,264
Athruithe ar an mbonn tuisceana maidir le luach reatha oibleagáidí sochar scoir		(23,428)	(30,277)
(Caillteanas) / Gnóthachan Achtúireach le linn na bliana		(19,822)	(23,013)
Coigeartú ar Mhaoiniú Sochar Scoir larchurtha		19,822	23,013
Ioncam Cuimsitheach Eile don Bhliain		(166)	2,091

Is cuid de na ráitis airgeadais seo iad an Ráiteas ar Shreabhadh Airgid agus na nótaí 1 go 29.


Thar ceann Bhord na Gníomhaireachta um Chaomhnú Comhshaoil:



Laura Burke

Ard-Stiúrthóir

Dáta sínithe: 24 Meitheamh 2021



Gerard O'Leary


Leas-Ardstiúrthóir

7.6 RÁITEAS FAOIN STAID AIRGEADAIS AR AN 31 NOLLAIG 2020

		2020	2019
	Nóta	€'000	€'000
Sócmhainní Seasta – Réadmhaoín, Gléasra agus Trealamh	19	38,027	38,476
Sócmhainní Reatha			
Infháltais	20	3,225	3,168
Airgead tirim agus coibhéisí airgid tirim	21	9,445	8,887
		12,670	12,055
Dlíteanais Reatha (Méideanna dlíte laistigh de bhliain amháin)			
Suimeanna iníoctha	22	(9,180)	(8,399)
Glansócmhainní Reatha		3,490	3,656
Sócmhainní Iomlána lúide Dlíteanais Reatha roimh Shochair Scoir		41,517	42,132
Sochair Scoir			
Oibleagáidí sochar scoir	24(b)	(306,587)	(279,642)
Sócmhainní maoinithe sochar scoir iarchurtha	24(c)	306,587	279,642
		0	0
Glansócmhainní Iomlána		41,517	42,132
Mar ionadaí do			
Cuntas caipitil	17	38,021	38,470
Cúlchistí ioncaim coinnithe		3,496	3,662
		41,517	42,132

Is cuid de na ráitis airgeadais seo iad an Ráiteas ar Shreabhadh Airgid agus na nótaí 1 go 29.


Thar ceann Bhord na Gníomhaireachta um Chaomhnú Comhshaoil:



Laura Burke

Ard-Stiúrthóir

Dáta sínithe: 24 Meitheamh 2021



Gerard O'Leary

Leas-Ardstiúrthóir

7.7 RÁITEAS AR SHREAFÁÍ AIRGID DON BHLIAIN DAR CHRÍOCH AN 31 NOLLAIG 2020

	<u>2020</u>	<u>2019</u>
	<u>€'000</u>	<u>€'000</u>
Glansreabhadh Airgid ó Ghníomhaíochtaí Oibriúcháin		
Barrachas / (Easnamh) Ioncaim thar Chaiteachas	(166)	2,091
Dímheas agus Bearnúchán ar Shócmhainní Seasta	5,902	5,562
(Méadú) ar Infháiltais	(57)	(756)
Méadú ar Shuimeanna Iníoctha	804	110
Ús Íoctha	41	32
(Barrachas) ar Dhiúscairt Sócmhainní Seasta	(15)	(49)
Aistriú chuig Cuntas Caipítíl	(449)	165
Glan-insreabhadh airgid ó Ghníomhaíochtaí Oibriúcháin	6,060	7,155
Sreabhadh Airgid ó Ghníomhaíochtaí Infheistíochta		
Íocaíochtaí chun Réadmhaoin, Gléasra agus Trealamh a fháil	(5,453)	(5,728)
Fáltais ó dhiúscairt sócmhainní seasta	15	50
Glansreabhadh Airgid ó Ghníomhaíochtaí Infheistíochta	(5,438)	(5,678)
Sreabhadh Airgid ó Ghníomhaíochtaí Airgeadais		
Ús Bainc Íoctha	(41)	(32)
Iasacht Sócmhainne Seasta díscríofa	(23)	0
Glansreabhadh Airgid ó Ghníomhaíochtaí Airgeadais	(64)	(32)
Glan ardú / (Laghdú) in Airgead Tirim agus Coibhéisí Airgid Tirim	558	1,445
Airgead tirim agus coibhéisí airgid thirim ar an 1 Eanáir	8,887	7,442
Airgead tirim agus coibhéisí airgid tirim ar 31 Nollaig	9,445	8,887

7.8 NÓTAÍ A GHABHANN LEIS NA RÁITIS AIRGEADAIS DON BHLIAIN DAR CHRÍOCH AN 31 NOLLAIG 2020

1 Beartais Chuntasaíochta

Tá na boinn cuntasafóichta agus na bearta suntasacha cuntasafóichta a ghlacann an Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil chuici féin leagtha amach thíos. Cuireadh i bhfeidhm iad ar fad go seasta i rith na bliana agus don bhliain roimhe seo.

a) Eolas Ginearálta

Bunaíodh an Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil faoin Acht fán nGníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil, 1992, lena cheanncheathrú ag Eastát Chaisleán Bhaile Sheonach, Co. Loch Garman.

Príomhchuspóirí - tá cur síos ar oibríochtaí agus ar phríomhghníomhaíochtaí GCC leagtha amach sa Tuarascáil Bhliantúil atá leis na Ráitis Airgeadais seo.

Is Aonán Sochair Poiblí (ASB) í an Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil.

b) Ráiteas Comhlíontachta

Ullmhaíodh ráitis airgeadais na Gníomhaireachta um Chaomhnú Comhshaoil don bhliain dár críoch an 31 Nollaig 2020 de réir FRS 102, an caighdeán tuairiscithe airgeadais atá infheidhme sa RA agus in Éirinn, arna eisiúint ag an gComhairle Tuairiscithe Airgeadais (FRC).

c) Bunús an Ullmhúcháin

Ullmhaíodh na ráitis airgeadais faoi choinbhinsiún an chostais stairiúil agus ar an mbealach atá ceadaithe ag an Aire Comhshaoil, Aeráide agus Cumarsáide, le comhthoiliú an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe de réir Alt 50 den Acht fán nGníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil, 1992. Cuireadh na polasaithe cuntasafóichta seo a leanas i bhfeidhm go seasta nuair a bhíodhas ag déileáil le míreanna a cheaptar a bheith ábhartha.

d) Ioncam

Deontais Stáit

Aithnítear ioncam go ginearálta ar bhonn fabhráithe; eisceacht amháin air seo is ea Deontais Stáit, a aithnítear ar bhonn fháltais airgid thirim.

Ioncam Gníomhaíochta Ceadúnais

Éilítear ar iarratasóirí ar cheadúnais chomhshaoil táille iomlán an iarratais ar cheadúnas a íoc nuair a dhéantar an t-iarratas. Cionroinntear na suimeanna a fháightear don Chuntas Ioncaim agus Caiteachais agus do Chúlchistí Ioncam Coinnithe nuair a thugtar na céimeanna seo a leanas den phróiseas ceadúnaithe chun críche:

An Treoir maidir le hAstaíochtaí Tionsclaíocha, Ceadúnais um Chosc agus Rialú Comhtháite ar Thruailliú agus Ceadúnas Bainistithe Dramhaíola:

Iarratas	30%
Cinneadh Beartaithe	50%
Eisiúint Ceadúnais	20%

Ceadúnais do Sceitheadh Fuíolluisce:

Iarratas	10%
Admháil an iarratais iomláin	40%
Cinneadh a Eisiúint faoi Cheadúnas	50%

Aithnítear táillí Ceadúnas Cosanta Raideolaíche mar ioncam i gcomhréir le fad an cheadúnais. Tá táillí a fuarthas roimh ré ar taispeáint mar ioncam roimh ré.

Ioncam eile

Aithnítear ioncam eile ar bhonn fabhráithe.

e) An tAonad Trádála in Astúcháin

Bunaíodh Aonad Trádála Astaíochtaí (ATA) laistigh den Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil in 2003. Déanann an Roinn Comhshaoil, Aeráide agus Cumarsáide na costais a bhaineann leis an scéim trádála astaíochtaí a riaradh a aisíoc le GCC, ó fháltais díol lamháltas a íoctar go díreach leis an Roinn.

f) Íocaíochtaí um Dheontais Taighde

Glacann an GCC gealltanais ar láimh maidir le tionscadail taighde dá ndéantar maoiniú a bhronnadh. Gearrtar caiteachas i leith na dtionscadal taighde seo sna ráitis airgeadais ar bhonn na n-íocaíochtaí tosaigh a rinneadh ar shíniú dhámhachtain an deontais, ar bhonn na n-íocaíochtaí eatramhacha a d'fhéadfadh a bheith faoi réir ag feidhmíocht shásúil agus ar bhonn íocaíochtaí breise arna n-eisiúint ar ghlacadh agus ar fhíorú éileamh maidir le hobair a críochnaíodh. Gearrtar costais a thabhaíonn an GCC i bhfeidhmiú na gclár taighde sna ráitis airgeadais de réir mar a thabhaítear iad.

g) Réadmhaoin, Gléasra agus Trealamh

Déantar réadmhaoin, gléasra agus trealamh a shonrú ag costas lúide dímheas carntha, agus é coigeartaithe d'aon fhoráil le haghaidh bearnúcháin. Soláthraítear dímheas ar gach réadmhaoin, gléasra agus trealamh ag rátaí a mheastar go nglanfaidh siad na costais lúide an luach iarmharach measta ar gach sócmhainn ar bhonn líne dhíreach thar a saol úsáideach measta, mar seo a leanas:

Foirgnimh	2% in aghaidh na bliana
Troscán agus Feistis	10% in aghaidh na bliana
Trealamh Saotharlainne agus Allamuigh	15% in aghaidh na bliana
Trealamh	20% in aghaidh na bliana
Trealamh TF agus Ríomhaireachta	25% in aghaidh na bliana
Mótarfheithiclí	20% in aghaidh na bliana

Déantar dímheas ar fheabhsuithe léasacha i rith shaol an léasa.

Is ionann an luach iarmharach agus an méid measta a d'fheadfaí a fháil faoi láthair ó dhiúscairt na sócmhainne, tar éis costais mheasta a bhaint as, á mbeadh an tsócmhainn ar an aois agus sa staid a mbeifí ag súil leis ag deireadh a shaoil úsáideach.

h) Caipitliú Bogearraí arna bhForbairt go hInmheánach

Déantar caipitliú ar chostais sheachtracha na mbogearraí a fhorbraíonn an Ghníomhaireacht, áit ar féidir iad a aithint go leithleach mar bhogearraí ar féidir leis an GCC úsáid a bhaint astu agus áit a bhfuil súil go mbeidh buntáistí gnó ag eascairt astu ar feadh roinnt blianta amach anseo. Déantar costais tuarastail foirne forbairt an bhogearra a chaipitliú freisin.

i) Maoiniú Caipitil

Déantar sócmhainní seasta GCC agus réamhíocaíochtaí chun obair atá ar siúl a mhaoiniú ó mheascán de dheontais chaipitil, iasachtaí ceadaithe agus cionrannta as ioncam reatha. Aistrítear maoiniú a thagann ó dheontais (lena n-áirítear iad sin a úsáidtear le hiasachtaí a aisíoc) chuig cuntas caipitil a amúchtar i gcomhréir le dímheas na sócmhainní gaolmhara.

j) Fardal

Díscriobhtar iomlán na bhfardal, lena n-áirítear stoic inchaite, sa bhliain ina gceannaítear iad.

k) Infháiltais

Déantar infháiltais a thomhas ar phraghas idirbhirt ar dtús agus ansin tugtar anonn iad ag an méid sin, lúide soláthar d'aon fhiachais amhrasacha. Bunaítear soláthar d'fhiachais amhrasacha nuair atá fianaise oibiachtúil ann nach mbeidh an Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil in ann na méideanna go léir atá ag dul di a bhailiú. Aithnítear sa Ráiteas ar Ioncam agus Caiteachas agus ar Chúlchistí Coinnithe Ioncaim na gluaiseachtaí go léir ar sholáthar d'fhiachais amhrasacha.

l) Léasanna Oibríochta

Aithnítear caiteachas cíosa faoi léasanna oibríúcháin sa Ráiteas ar Ioncam agus Caiteachas agus ar Chúlchistí Coinnithe Ioncaim thar shaolré an léasa. Aithnítear caiteachas ar bhonn an mhéid chothroim thar thréimhse an léasa, ach amháin nuair atá méaduithe léasa ceangailte le ráta ionchais boilsicthe; sa chás sin aithnítear na méaduithe nuair a thabhaítear iad. Aithnítear aon dreasacht léasa a fhaightear thar saol an léasa.

m) Sochair Fhostaí

Sochair Gearrthéarma

Aithnítear sochair gearrthéarma ar nós pá saoire tríd an bhliain, agus cuimsítear sochair atá fabhráithe ag deireadh na bliana i bhfigiúr na Suimeanna Iníoctha sa Ráiteas Staid Airgeadais.

Sochair Scoir

Bhunaigh an Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil a cuid scéimeanna pinsin féin le sochar sainithe roimhe seo, scéimeanna a mhaoinítear go bliantúil ar bhonn 'foc mar a thuillir' ó shuimeanna airgid atá ar fáil di, lena n-áirítear airgead arna sholáthar ag an Roinn Comhshaoil, Aeráide agus Cumarsáide, agus ó ranníocaíochtaí a bhaintear de thuarastail foirne agus comhaltáí. Oibríonn an Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil Scéim Pinsin Aonair na Seirbhísí Poiblí (Scéim Aonair) freisin, ar scéim le sochar sainithe é d'fhostaithe inphinsin sa tseirbhís phoiblí a ceapadh ar an 1 Eanáir 2013 nó ina dhiaidh sin. Ioctar ranníocaíochtaí bhail na Scéime Aonair leis an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe (RCPA).

Léiríonn costais phinsin sochair phinsin a bhíonn tuillte ag fostaithe agus taispeántar iad mar ghlanmhéid ranníocaíochtaí pinsin foirne i gcás fostaithe a gcoinníonn an Ghníomhaireacht a ranníocaíochtaí. Glactar le méid a chomhfhreagraíonn don táille pinsin mar ioncam sa mhéid is gur féidir é a aisghabháil, agus go ndéanann deontais a fhaightear i rith na bliana é a fhritháireamh sa chaoi gur féidir íocaíochtaí pinsin a urscaoileadh.

Léirítear gnóthachain nó caillteanais achtúireacha a eascraíonn ó dhliteanais scéime sa Ráiteas ar Ioncam Cuimsitheach, agus aithnítear coigeartú comhfhreagrach sa mhéid in-aisghabhála ón Roinn Comhshaoil, Aeráide agus Cumarsáide.

Léiríonn na ráitis airgeadais, ag luach cóir, na sócmhainní agus na dliteanais is toradh ar oibleagáidí pinsin na Gníomhaireachta um Chaomhnú Comhshaoil agus aon mhaoiniú gaolmhar, agus aithníonn siad na costais a bhaineann le sochair phinsin a chur ar fáil sna tréimhsí cuntasíochta ina saothraíonn na fostaithe iad. Déantar dliteanais na Scéime Pinsean a thomhas ar bhonn achtúireach agus modh na n-aonad réamh-mheasta creidmheasa á úsáid.

Is ionann na dliteanais phinsin agus luach láithreach na n-íocaíochtaí pinsin todhchaí atá tuillte ag baill foirne go dtí seo. Is éard atá i maoiniú pinsin iarchurtha ná an tsócmhainn chomhfhreagrach a dhéanfar a aisghabháil amach anseo ón Roinn Comhshaoil, Aeráide agus Cumarsáide.

n) Iasachtaí

Aithnítear iasachtaí ar dtús ag an bpraghas idirbhiort (luach láithreach ar airgead tirim iníoctha, costais idirbhiort san áireamh). Sonraítear iasachtaí ina dhiaidh sin ag costais amúchta. Aithnítear speansas úis ar bhonn mhodh an úis ghlain agus tá sé curtha san áireamh i gcostais airgeadais.

Grádaítear iasachtaí mar dhliteanais reatha mura bhfuil sé de cheart an iasacht a iarchur dhá mhí dhéag (12) ar a laghad ón dáta tuairiscithe.

o) Breithiúnais agus Meastacháin Chuntasaíochta Chriticiúla

Éilíonn ullmhúchán na ráiteas airgeadais go ndéanadh an lucht bainistíochta breithiúnais, meastacháin agus boinn tuisceana a mbeidh tionchar acu ar na méideanna a tuairiscíodh mar shócmhainní agus dliteanais ar dháta an Ráitis ar an Staid Airgeadais agus na méideanna a tuairiscíodh mar ioncain agus speansas le linn na bliana. Mar sin féin, is é an nádúr atá le meastacháin go bhféadfadh an toradh iarbhir a bheith difriúil ó na meastacháin. Tá an toradh is suntasaí ag na breithiúnais seo a leanas ar na méideanna a aithnítear sna ráitis airgeadais.

Oibleagáid sochair scoir

Déantar nuashonrú go bliantúil ar na boinn tuisceana atá mar bhunús ag na luachanna achtúireacha trína gcinntítear na méideanna a aithnítear sna ráitis airgeadais (ar a n-áirítear rátaí lascaíne, rátaí ardaithe i leibhéil cúitimh amach anseo, rátaí báis agus treocht sa ráta costais chúram sláinte) bunaithe ar thosca eacnamaíocha reatha, agus ar aon athrú cuí ar théarmaí agus ar choinníollacha an phinsin agus ar phleananna iar-scoir.

D'fhéadfadh tionchar a bheith acu seo a leanas ar na boinn tuisceana:

- (i) an ráta lascaíne, athruithe ar an ráta brabúis ar bhannaí ardchaighdeán corparáideacha.
- (ii) leibhéil chúitimh sa todhchaí, tosca mhargadh an lucht oibre sa todhchaí.

		2020	2019
		€'000	€'000
2 Deontais Stáit			
Deontais ón Roinn Comhshaoil, Aeráide agus Cumarsáide:			
(a) Deontas Oireachtais – Deontais ó Vóta na Roinne:			
Reatha	Fo-cheannteideal - F3	28,441	23,966
Caipiteal	Fo-cheannteideal - F3	13,910	13,873
Cláir Eile	Fo-cheannteideal - F3	697	716
Deontais Iomlána Oireachtais ón Roinn Comhshaoil, Aeráide agus Cumarsáide		43,048	38,555

Tá an Deontas reatha léirithe gan ranníocaíochtaí fostaithe sa scéim aonair de €264K (2019: €207K) íoctha leis an RCPA.

(b) Deontais an Chiste Comhshaoil

Neamhphá	0	1,412
Taighde	0	3,588
Cláir Eile	2,992	4,205
Iomlán na nDeontas Chiste Comhshaoil	2,992	9,205

Deontais ón Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreacht:

c) Deontas Oireachtais – Deontais ó Vóta na Roinne:

Reatha	Fo-cheannteideal - B3	5,871	6,452
Caipiteal	Fo-cheannteideal - B3	937	1,031
Deontais Iomlána Oireachtais ón Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreacht		6,808	7,483
Iomlán na nDeontas ón Stát		52,848	55,243

Leithdháiltí sonracha chun freastal ar chostais an taighde chomhshaoil is ea an Maoiniú Taighde de €7.999M (2019 €10.437M) arna sholáthar ag an Roinn Comhshaoil, Aeráide agus Cumarsáide. Caitheadh €11.134M ar na gníomhaíochtaí taighde sin in 2020 (2019 €10.916M). Féach Nóta 15.

	2020	2019
	€'000	€'000
3 Gníomhaíochtaí Ionad Trádála Astaíochtaí		
Costais an Aonaid Trádála in Astaíochtaí a aisghabhadh ó Chistí Ceantála, etc.	1,727	1,486
Maoiniú Iomlán Chostais an ETU	1,727	1,486

	2020	2019
	€'000	€'000
4 Ioncam ó Ghníomhaíochtaí Raideolaíocha		
Seirbhís Chalabhrúcháin	20	29
Seirbhís Mhonatóireachta ar Radaíocht	269	314
Táillí Ceadúnais	535	651
Ioncam Iomlán ó Sheirbhísí Raideolaíocha	824	994

	2020	2019
	€'000	€'000
5 Gníomhaíochtaí Ceadúnaithe - Ceadúnú maidir le hAstaíochtaí Tionsclaíocha, Rialú Comhtháite ar Thruailliú, Dramhaíl agus Sceitheadh Fuíolluisce		
Táillí Ceadúnais réamhíochta amhail an 1 Eanáir	1,427	1,351
Táillí a Fuarthas	570	976
Lúide Aisíocaíochtaí Íochta	(6)	(30)
Táillí Ceadúnais réamhíochta ar an 31 Nollaig (féach Nóta 22)	(1,412)	(1,427)
An tsuim a cuireadh chun sochair don Ráiteas ar Ioncam agus Caiteachas agus do na Cúlchistí Ioncaim Coinnithe	579	870

Ceadúnú: An Treoir maidir le hAstaíochtaí Tionsclaíocha(TAT), Cosc Comhtháite ar Thruailliú (CCT) agus Dramhaíl

Faoi Alt 83 den Acht fán nGníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil, 1992, tá an GCC freagrach as ceadúnú a dhéanamh ar phróisis tionsclaíocha mhóra/chasta nó eile a bhféadfadh truailliú mór tarlú dá mbarr. Faoi Alt 40 den Acht um Bainistiú Dramhaíola, 1996 tá an GCC freagrach as ceadúnú a dhéanamh ar gach mórghníomhaíocht aisghabhála dramhaíola agus diúscartha atá á bhfeidhmiú ag na húdaráis áitiúla agus ag fiontair phríobháideacha.

Ceadúnú: Sceitheadh Fuíolluisce

Déantar foráil sna Rialacháin um Sceitheadh Fuíolluisce (Údarú) 2007 chun sceitheadh fuíolluisce na n-údarás áitiúil a cheadúnú. Ní mór ceadúnas a fháil ón GCC i gcás sceitheadh ó cheantair a fhreastalaíonn ar choibhéis daonra breis is 500. Ní mór do cheantair a fhreastalaíonn ar choibhéis daonra de níos lú ná 500 a bheith deimhnithe ag an GCC. Is as táillí a ghearrtar maidir le próiseáil iarratas ar cheadúnais den sórt sin a bhfaigheann an GCC a ioncam ceadúnaithe.

	2020	2019
	€'000	€'000
6 Gníomhaíochtaí Forfheidhmiúcháin - Astaíochtaí Tionsclaíocha, Rialú Comhtháite ar Thruailliú, Dramhaíl, Sceitheadh Fuíolluisce agus Uisce Óil		
Muirir Fhorfheidhmithe ar gearradh sonrasc orthu	9,711	9,471
Ioncam Forfheidhmithe ó Ionchúisimh	173	230
Ioncam Iomlán mar thoradh ar Ghníomhaíochtaí Forfheidhmithe	9,884	9,701

Faoi Alt 96 d'Acht na Gníomhaireachta um Chaomhnú Comhshaoil, 1992, tá an GCC freagrach as rialú a dhéanamh ar phróisis tionsclaíocha mhóra/chasta nó eile a bhféadfadh mórthruailliú tarlú dá mbarr. Faoi Alt 15 den Acht um Bainistiú Dramhaíola, 1996, tá an GCC freagrach as rialú a dhéanamh ar gach mórghníomhaíocht aisghabhála dramhaíola agus diúscartha a bhíonn ar siúl ag na húdaráis áitiúla agus ag fiontair phríobháideacha. Faoi na Rialacháin um Sceitheadh Fuíolluisce (Údarú) 2007, tá an GCC freagrach as sceitheadh fuíolluisce a rialú. Faoi rialacháin (Uisce Óil) an Aontais Eorpaigh 2014, is féidir leis an GCC táille a ghearradh as monatóireacht a dhéanann sé ar cháilíocht sholáthair uisce óil an phobail. Is as táillí a ghearrtar maidir leis an obair fhorfheidhmithe seo a bhfaigheann an GCC a ioncam forfheidhmithe.

	2020	2019
	2020	2019
7 Fáiltais Ilghnéitheacha		
Ilghnéitheach	342	601
	342	601

8 Luach Saothair	2020	2019
(a) Sochair Chomhiomlána Fostaí	€'000	€'000
Sochair Ghearrthréimhseacha do Bhaill Foirne	24,807	23,501
Sochair foirceanta	0	0
Ranníocaíocht an fhostóra le leas sóisialta ÁSPC	2,323	2,168
Costais Iomlána Tuarastal	27,130	25,669
Costais Tuarastail Fhorbairt TF caipitlithe	(66)	(83)
Gearrtar Costais Tuarastail ar an Ráiteas Ioncaim agus Caiteachais agus ar na Cúlchistí Ioncaim Coinnithe	27,064	25,586

I gcostas iomlán Tuarastail de €27.13M áirítear fabhrú de €980,000 (2019 €736,000) i leith teidliochtaí carntha do shaoire bhliantúil na mball foirne. Rinneadh ranníocaíochtaí pinsin bhaill den Scéim Aonair €264,000 (2019 €207,000) a asbhaint agus a íoc leis an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe. Ba é líon iomlán na mball den Scéim Aonair ag deireadh na bliana ná 141 (2019: 126). Tugadh an Ranníocaíocht Aoisliúntais Bhreise isteach in ionad na hAsbhainte a Bhaineann le Pinsean le héifeacht ón 1 Eanáir 2019. In 2020, rinneadh €916,000 den Ranníocaíocht Aoisliúntais Bhreise (2019 €997,000) a asbhaint de bhaill foirne agus a íoc leis an Roinn Comhshaoil, Aeráide agus Cumarsáide.

	2020	2019
(b) Anailís ar bhaill foirne de réir ionaid:		
Ceanncheathrú	168	168
Cigireacht Réigiúnach Caisleán an Bharraigh	26	27
Cigireacht Réigiúnach Corcaigh	56	57
Cigireacht Réigiúnach Baile Átha Cliath	125	124
Cigireacht Réigiúnach Cill Chainnigh	25	24
Cigireacht Réigiúnach Muineachán	14	15
Oifigí Réigiúnacha	6	5
	420	420

c) Anailís ar chostais tuarastail foirne níos mó ná €60,000:

Is iad seo a leanas líon na bhfostaithe ar thit a gcuid sochar fostaí laistigh de gach banda €10,000 ó €60,000:

	2020	2019
€60,000 go €70,000	81	81
€70,000 go €80,000	48	45
€80,000 go €90,000	29	31
€90,000 go €100,000	6	4
€100,000 go €110,000	7	6
€110,000 go €120,000	1	0
€130,000 go €140,000	3	4
€140,000 go €150,000	0	1
€150,000 go €160,000	1	0
€160,000 go €170,000	0	1
€170,000 go €180,000	1	0

Ba é líon iomlán na mball foirne a bhí fostaithe ag deireadh na bliana ná 409.1 (2019: 407.7).

	2020	2019
(d) Sochair Ghearrthréimhseacha do Bhaill Foirne	€'000	€'000
Pá Bunúsach	24,742	23,438
Ragobair	0	0
Liúntais	65	63
	24,807	23,501

(e) Príomhphearsanra bainistíochta

Is Ard-Stiúrthóir agus cúigear baill den Bhord Stiúrthóirí atá mar phríomhphearsanra bainistíochta ag an nGníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil. Is Stiúrthóirí feidhmiúcháin lánaimseartha iad Stiúrthóirí na Gníomhaireachta um Chaomhnú Comhshaoil. Íoctar tuarastal cuimsitheach leo agus dá bharr sin ní íoctar aon táillí Stiúrthóirí ná Boird leo. Tá luach iomlán na sochar fostaí don phríomhphearsanra bainistíochta leagtha amach thíos:

	2020	2019
	€'000	€'000
Tuarastal	804	849
Liúntais	11	11
	815	860

Ní áirítear leis sin luach na sochar scoir arna dtuilleamh sa tréimhse sin. Tá an príomhphearsanra bainistíochta ina mbaill de scéim pinsin foirne na Gníomhaireachta um Chaomhnú Comhshaoil agus ní shíneann a gcuid teidlíochtaí chuige sin thar théarmaí shamhail scéim na bpinsean seirbhíse poiblí.

(f) Tuarastal agus Sochair an Ard-Stiúrthóra

	2020	2019
	€'000	€'000
Seo a leanas pacáiste luach saothair an Ard-Stiúrthóra don tréimhse airgeadais:		
Tuarastal	172	168

Ní áirítear leis sin luach na sochar scoir arna dtuilleamh sa tréimhse sin. Is ball de scéim pinsean d'fhoireann na Gníomhaireachta um Chaomhnú Comhshaoil (Ard Stiúrthóir agus Stiúrthóir) an tArd-Stiúrthóir agus ina leith sin ní théann a teidlíochtaí thar théarmaí na samhla don scéim pinsean seirbhíse poiblí.

9 Speansais Taistil

	2020	2019
	€'000	€'000
Taisteal agus Cothú	452	1,777
Speansais Mhótarfeithiclí	106	149
Aisíocaíochtaí Taistil	(3)	(23)
	555	1,903

Áirítear leis sin caiteachas taistil de €25,093 (2019 €84,469) ag an mBord Feidhmiúcháin.

10 Costais Saotharlainne agus Allamuigh

	2020	2019
	€'000	€'000
Speansais Saotharlainne agus Allamuigh	992	1,011
Deisiúcháin ar Threalamh agus Cothabháil	655	447
Éadaí Cosanta	54	54
	1,701	1,512

11 Costais Chóiríochta

	2020	2019
	€'000	€'000
Cíos agus Rátaí	758	730
Cumhacht, Solas agus Téamh, Glantóireacht	643	598
Deisiúcháin, Cothabháil, Slándáil	512	587
	1,913	1,915

12 Costais Riaracháin

	2020	2019
	€'000	€'000
Teileafón agus Postas	401	372
Cló Foilseachán agus Soláthairtí Stáiseanóireachta	465	365
Árachas	194	177
Muirir Ríomhairí agus Próiseála Sonraí	3,912	3,934
Táillí Iniúcháireachta	29	29
Costais a bhaineann le Rialú Corparáideach agus Iniúcháireacht Inmheánach	81	91
Táillí dlí, comhairle agus costais a bhaineann leo	1,323	1,486
Speansais Cruinnithe, Coiste Sheachtraigh agus Aoi-chainteoirí	151	413
Ceapachán Foirne agus costais ghaolmhara eile	130	190
Ús agus Muirir Bhainc	57	47
Leabhair, Tréimhseacháin, agus Leabharlann	101	65
Costais Forbartha agus Oiliúna Foirne	408	642
Fógraíocht	153	142
Cumarsáid	958	1,101
Ilnithe	178	235
	8,541	9,289

13 Costais Sainchomhairliúcháin

	2020	2019
	€'000	€'000
Sainchomhairleoirí	364	628
	364	628

Ar na hOifigí GCC a bhain leas as na comhairliúcháin seo, bhí:

	€'000	€'000
An Oifig Cumarsáide agus Seirbhísí Corparáideacha	143	175
An Oifig um Inbhuanaitheacht leith Cúrsaí Comhshaoil	58	0
An Oifig um Fhianaise agus Measúnú	66	222
An Oifig um Chosaint ar Radaíocht agus Monatóireacht Comhshaoil	39	104
Oifig an Ard-Stiúrthóra / Trasoifig	58	127
	364	628

14 Deontais, Conraitheoirí agus Soláthraithe Seirbhíse Seachtracha

	2020	2019
	€'000	€'000
Conraitheoirí agus Soláthraithe Seirbhísí Seachtracha	6,585	7,604
Deontais	2,522	1,716
	9,107	9,320

Seo a leanas na hOifigí GCC inar tabhaíodh costais faoin gceannnteideal seo:

	2020	2019
	€'000	€'000
An Oifig Cumarsáide agus Seirbhísí Corparáideacha	642	671
An Oifig um Inbhuanaitheacht i leith Cúrsaí Comhshaoil	2,451	2,684
An Oifig um Fhianaise agus Measúnú	4,169	4,478
An Oifig Forfheidhmithe i leith Cúrsaí Comhshaoil	762	861
An Oifig um Chosaint ar Radaíocht agus Monatóireacht Comhshaoil	1,083	626
	9,107	9,320

	2020	2019
	€'000	€'000
15 Taighde Comhshaoil		
Íocaíochtaí Deontais do Chlár Taighde GCC	9,361	9,272
Aisíocaíochtaí Deontais do Chlár Taighde GCC	(87)	(69)
Ioncam Taighde Cómhaoinithe	(614)	(662)
Íocaíochtaí maidir leis an gClár Taighde	8,660	8,541

Cuireadh tús leis an gclár taighde comhshaoil GCC atá ann faoi láthair in 2014. Tá sé á chómhaoiniú ag an Státchiste, an Ciste Comhshaoil, agus foinsí comh-mhaoinithe eile nach iad. Tá sé mar aidhm ag an gclár taighde an taighde a mhaoiniú ina ndíreofar ar na príomhcheisteanna bainistíochta comhshaoil, a chosnóidh agus a fheabhsóidh an comhshaoil nádúrtha ar deireadh thiar thall.

Cómhaoiniú Taighde	2020	2019
	€'000	€'000
De bhreis ar an maoiniú a chuir an Roinn Comhshaoil, Aeráide agus Cumarsáide ar fáil, fuarthas an comh-mhaoiniú seo a leanas:		
An Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara	185	122
Met Éireann / An Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreacht	103	15
Agence Nationale de la Recherche	90	0
Foras na Mara	50	58
An Roinn Iompair	50	50
Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte	43	43
Líonraí Gáis Éireann	39	0
Suirbhéireacht Gheolaíochta na hÉireann	26	0
REPAK	20	20
Taighde DWTI-SIST	7	0
Dramhthrealamh Leictreach agus Leictreonach Éireann (WEEE) Éireann	0	83
An tSeirbhís Páirceanna Náisiúnta agus Fiadhúlra	0	61
Údarás Fuinnimh Inmharthana na hÉireann	0	44
WW2015	0	38
AXIS	0	33
Oifig na nOibreacha Poiblí	0	15
Ilghnéitheach / Eile	1	80
Cómhaoiniú Iomlán	614	662

In 2020 caitheadh €10.790M faoi Chlár Taighde GCC, lena n-áirítear íocaíochtaí Deontais de €9.361M mar a luaitear thuas, agus costais feidhmíthe agus ghníomhaíochta de €1,430K atá á dtuairisciú faoi na ceannuideil ar chostais seo: Taisteal, Saotharlann agus Allamuigh, Riarachán agus Conraitheoirí.

In 2019 caitheadh €10.916M faoi Chlár Taighde GCC, lena n-áirítear íocaíochtaí Deontais de €9.272M mar a luaitear thuas, agus costais feidhmíthe agus ghníomhaíochta de €1,644K atá á dtuairisciú faoi na ceannuideil ar chostais seo: Taisteal, Saotharlann agus Allamuigh, Riarachán agus Conraitheoirí.

Tá €343K d'íocaíochtaí deontais breise (2019 €274K) ar chlár taighde curtha san áireamh san fhigiúr a bhaineann le Deontais i Nóta 14.

Amhail an 31 Nollaig 2020, b'ionann na gealltanais a rinneadh ach nár gearradh ar na ráitis airgeadais go fóill i dtaca le tionscadail Taighde agus € 24.391M (2019 €27.551M) agus an miondealú seo a leanas air:

	2020	2019
	€'000	€'000
Gealltanais Deontais le híoc amhail an 1 Eanáir	27,551	28,187
Deontais a Ceadaíodh le linn na bliana	8,015	9,887
Deontais Dídhílsithe le linn na bliana	(1,558)	(1,046)
Íocaíochtaí Deontais a rinneadh sa bhliain	(9,704)	(9,546)
Aisíocaíochtaí íocaíochtaí Deontais a fuarthas sa bhliain	87	69
Gealltanais le híoc amhail an 31 Nollaig	24,391	27,551

Ní chuirtear san áireamh sna figiúirí seo costais GCC maidir le Clár taighde a chur i bhfeidhm.

	2020	2019
	€'000	€'000
16 Dímheas Sócmhainní Seasta		
Dímheas Maoine, Monarchan agus Trealamh (Nóta 19)	5,902	5,562
	5,902	5,562

	€'000	€'000
17 Cuntas Caipitil		
Ar an 1 Eanáir 2020		38,470
Aistriú ón gCuntas Ioncaim agus Caiteachais:		
Ioncam Leithdháilte chun críche Caipitil - Breiseanna Sócmhainní Seasta	5,453	
Lúide:		
Diúscairtí	(1,035)	
Lúide dímheas roimhe sin ar dhiúscairtí	1,035	
	0	
Muirear dímheasa don bhliain	(5,902)	
Aistriú glan ón gCuntas Ioncaim agus Caiteachais		(449)
Ar an 31 Nollaig 2020		38,021

Ar an 31 Nollaig 2020, chuimsigh iarmhéid an Chuntais Chaipitil €15,662 (2019 €15,662) maidir le réamhiocaíochtaí as sócmhainní seasta (féach Nóta 20 - Infháiltais).

18 Cánachas

Tá an GCC díolmhaithe go sonrach faoi fhorálacha Alt 32, agus Sceideal 2, den Acht Airgeadais, 1994. Dá réir sin, níl aon mhuirir chánachais curtha san áireamh sna cuntais.

19 Sócmhainní Seasta – Réadmhaoin, Gléasra agus Trealamh

	<u>Iomlán</u>	<u>Foirgnimh</u>	<u>Troscán & Feistis</u>	<u>Trealamh TF agus CE</u>	<u>Trealamh Saotharlainne agus Allamuigh</u>	<u>Mótarfheithiclí</u>
	€'000	€'000	€'000	€'000	€'000	€'000
Costas						
Ar an 1 Eanáir 2020	87,447	43,404	5,181	25,639	11,921	1,302
Breiseanna	5,453	168	1,050	2,951	1,225	59
Diúscairtí	(1,035)	0	0	(513)	(396)	(126)
Ar an 31 Nollaig 2020	91,865	43,572	6,231	28,077	12,750	1,235
Dímheas						
Ar an 1 Eanáir 2020	48,971	14,383	3,706	21,009	8,840	1,033
Muirear don Bhliain	5,902	840	702	3,190	1,047	123
Ar Dhiúscairtí	(1,035)	0	0	(513)	(396)	(126)
Ar an 31 Nollaig 2020	53,838	15,223	4,408	23,686	9,491	1,030
Glanluach Leabhair						
Ar an 31 Nollaig 2020	38,027	28,349	1,823	4,391	3,259	205
Ar an 31 Nollaig 2019	38,476	29,021	1,475	4,630	3,081	269

Thóg Oifig na nOibreacha Poiblí (OOP) foirgneamh do chigireacht réigiúnach GCC ag Lóiste Seville, Cill Chainnigh, ar láithreán a fuarthas don GCC. Tá aistriú dlíthiúil an láithreáin chuig an GCC á phróiseáil ag an OOP trí Oifig an Phríomh-Aturnae Stáit.

In 2020 rinne an GCC €2.29M (2019 - €2.229M) maidir leis an gcostas seachtrach agus €66K (2019 - 83K) maidir leis an gcostas tuarastail inmheánaigh a chaipitliú d'fhorbairt bogearraí don úsáid inmheánach. Tá sé seo ag teacht lenár bPolasaí Cuntasaíochta maidir le Caipitliú Bogearraí a Forbraíodh go hInmheánach.

	2020	2019
	€'000	€'000
20 Infháiltais		
Féichiúnaithe	1,982	1,888
Réamhíocaíochtaí	1,227	1,264
Réamhíocaíochtaí i leith Sócmhainní Seasta	16	16
	3,225	3,168

	2020	2019
	€'000	€'000
21 Airgead tirim agus coibhéisí airgid tirim		
Airgead Tirim agus larmhéideanna Bainc	9,445	8,887

	2020	2019
	€'000	€'000
22 Suimeanna Iníoctha		
Méideanna dlite laistigh de bhliain amháin:		
Táillí Ceadúnas Réamhíoctha	1,412	1,427
Táillí Réamhíoctha Ceadúnais um Chosaint Raideolaíoch	0	3
Ioncam Iarchurtha Eile	615	109
Trádáil agus Speansais Eile	7,153	6,837
Méideanna atá dlite don OPW maidir le haisíocaíochtaí iasachta (Nóta 23).	0	23
	9,180	8,399

Tá na suimeanna seo a leanas atá dlite do na Coimisinéirí Ioncaim san áireamh i dTrádáil agus Speansais Eile thuas:

Cáin Shiarchoinneálach i leith Seirbhísí Gairmiúla	388	317
ÍMAT/ÁSPC/MSU	764	705
CBL	349	320
Cáin Chonarthaí lomchuí	0	16
	1,501	1,358

23 Iasachtaí

Thóg Oifig na nOibreacha Poiblí (OOP) an foirgneamh ina bhfuil ceanncheathrú GCC i Loch Garman agus mhaoinigh an OOP an obair thógála le hiasacht thráchtála 20 bliain. Maoiníonn an GCC na haisíocaíochtaí bliantúla a dhéanann OOP. Tá tuairisc ar an tsócmhainn agus ar na hiasachtaí a bhaineann léi i leabhair GCC chun substaint na mbun-idirbheart a léiriú. Tá an iasacht urscaoilte go hiomlán trí na híocaíochtaí a rinne an GCC le OOP.

	2020	2019
	€'000	€'000
Inaisíoctha laistigh de bhliain amháin	0	23

24 Costais Sochair Scoir

	2020	2019
(a) Anailís ar chostais iomlán shochair scoir a ghearrtar ar an Ráiteas Ioncaim agus Caiteachais agus ar na Cúlchistí Ioncaim Coinnithe	€'000	€'000
Costas Seirbhíse Reatha	8,237	7,867
Ús ar dhliteanais scéime sochair scoir	3,191	4,670
Ranníocaíochtaí Fostaithe	(1,278)	(1,211)
	10,150	11,326

	2020	2019
(b) Gluaiseacht sna glanoibleagáidí sochair scoir le linn na bliana airgeadais	€'000	€'000
Glanoibleagáid shochair scoir ar 1 Eanáir	279,642	247,735
Costais seirbhíse reatha	8,237	7,867
Costais Úis	3,191	4,670
(Gnóthachan)/Caillteanas Achtúireach	19,822	23,013
Pinsin a íocadh sa bhliain	(4,305)	(3,643)
Glanoibleagáid shochair scoir ar 31 Nollaig	306,587	279,642

(c) Cistiú Iarchurtha do Shochair Scoir

Aithníonn an GCC gur sócmhainní a fhreagraíonn do dhliteanas iarchurtha neamh-mhaoinithe le haghaidh sochair scoir atá sna suimeanna sin ar bhonn na mbonn tuisceana a ndéantar cur síos orthu thíos agus roinnt teagmhas san am atá thart. Ar na himeachtaí seo tá an bonn reachtúil um bunú na scéimeanna aoisliúntais, agus an beartas agus an cleachtas atá i bhfeidhm faoi láthair i ndáil le maoiniú pinsean na seirbhíse poiblí, lena n-áirítear ranníocaíochtaí fostaithe agus an próiseas bliantúil meastacháin. Níl aon fhianaise ag an GCC nach leanfaidh leis an mbeartas maoinithe sin chun suimeanna den chineál sin a chlúdach i gcomhréir le cleachtas reatha.

Ba é seo a leanas an glanmhaoiniú iarchurtha i gcomhair aoisliúntais a aithníodh sna Cuntais Ioncaim agus Caiteachais agus sna Cúlchistí Ioncaim Coinnithe:

	2020	2019
	€'000	€'000
Maoiniú In-aisghabhála maidir le costais aoisliúntais na bliana reatha	11,428	12,537
Acmhainní curtha i bhfeidhm chun sochair scoir a íoc	(4,305)	(3,643)
	7,123	8,894

B'ionann agus €306.6M (2019 €279.6M) an tsócmhainn mhaoiniúcháin iarchurtha le haghaidh sochar scoir ar an 31 Nollaig 2020.

(d) Stair na n-oibleagáidí sochar shainithe

	2020	2019	2018	2017	2016
	€ M	€ M	€ M	€ M	€ M
Oibleagáidí sochair shainithe	307	280	248	247	231
Gnóthachain / (caillteanais) ó thaithí ar dhliteanais shonraithe scéime sochair :					
Méid (€ M)	3.606	7.264	(0.688)	(6.240)	(3.092)
Céatadán na nDlitéanas Scéime	1.2%	2.6%	(0.3%)	(2.5%)	(1.3%)

Is ionann an caillteanas achtúireach carnach a aithnítear sa Ráiteas ar Iomlán na nGnóthachan agus na gCaillteanas Aitheanta agus €138.8M (2019 €119M).

(e) Cur Síos Ginearálta ar na Scéimeanna

Is socrúithe pinsin bunaithe ar an tuarastal deiridh iad na scéimeanna sochair shainithe le sochair agus ranníocaíochtaí arna sainiú trí thagairt do "shamhail" reatha rialacháin scéime na hearnála poiblí. Soláthraíonn na scéimeanna pinsean do bhaill foirne (1/80 in aghaidh na bliana seirbhíse), aisce chnapshuime (3/80 in aghaidh na bliana seirbhíse) agus pinsin céilí agus leanaí. Is é breithlá 65 bliain Gnáthaois Scoir an chomhalta, agus tá comhaltaí a bhí mar chomhaltaí roimh -2004 i dteideal éirí as gan laghdú achtúireach ó aois 60. Soláthraíonn na scéimeanna pinsean do bhaill foirne (1/48 in aghaidh na bliana seirbhíse), aisce chnapshuime (1/32 in aghaidh na bliana seirbhíse) agus pinsin céilí agus leanaí. Tá baill an Bhoird i dteideal dul ar scor nuair a thagann deireadh lena gconradh. De ghnáth, ardaíonn na pinsin á n-íoc (agus á gcur siar) mar aon le boillsíú tuarastail ghinearálta na hearnála poiblí.

Tá an luacháil a úsáidtear le haghaidh nochta faoi FRS 102 bunaithe ar luacháil achtúireach iomlán a rinne achtúire cáilithe neamhspleách ar an 1 Márta 2020, agus cuireadh ceanglais an FRS san áireamh d'fhonn dliteanais na scéime a mheasúnú ar an 31 Nollaig 2020.

Seo a leanas na príomhbhoinn tuisceana achtúireacha:	2020	2019
Arduithe tuarastail amach anseo	2.45%	2.45%
Arduithe sochair scoir amach anseo	1.95%	1.95%
Arduithe sa phinsean stáit amach anseo	1.45%	1.45%
Ráta lascaine	0.80%	1.15%
Boilsciú amach anseo	1.45%	1.45%
Athluacháil iarchuir	1.95%	1.95%

Mortlaíocht

Mortlaíocht Réamhscoir – Fireann: 62% de PNML00, Baineann 70% de PNFL00.

Mortlaíocht larscoir – Fireann: 58% ILT15, Baineann 62% de ILT15.

Leis an mbonn básmaireachta a glacadh, ceadaítear go sainráite forbairtí in ionchas saoil le himeacht ama, a chiallaíonn go mbraithfidh ionchas saoil ar an mbliain ina mbaineann comhalta aois scoir amach. Léirítear sa tábla thíos an t-ionchas saoil a bheidh ag comhaltai a bhainfidh 65 bliain d'aois amach in 2020 agus 2040.

Bliain a bhaintear aois 65 amach	2020	2040
Ionchas saoil - fir	86.7	89.0
Ionchas saoil - mná	89.1	91.1

25 Gealltanais Léasa

Ar an 31 Nollaig 2020, bhí na híocaíochtaí íosléasa seo a leanas, agus iad faoi léasanna oibriúcháin neamhchealaithe, ag an nGníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil le haghaidh gach ceann de na tréimhsí thíos:

	2020	2019
	€'000	€'000
Iníochta laistigh de bhliain amháin	719	722
Iníochta laistigh de dhá go cúig bliana	2,338	2,293
Iníochta tar éis cúig bliana	2,489	2,978

B'ionann luach na n-íocaíochtaí léasa oibriúcháin a aithníodh mar speansais agus €723K (2019 €722K).

26 Nochtuithe Páirtithe Gaolmhara

Tá modhanna oibre maidir le teacht ar chinneadh glactha ag an GCC de réir an Achta fán nGníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil, 1992, agus de réir an Achta um Eitic in Oifigí Poiblí, 1995 agus na rialacháin a ritheadh faoi. Chloígh an GCC leis na nósanna imeachta sin i gcaitheamh na bliana.

Ar phríomhphearsanra bainistíochta GCC tá an tArd-Stiúrthóir agus comhaltai an Bhoird Stiúrthóirí. Íocadh €840K (2019 €944K) san iomlán leis an bpríomhphearsanra bainistíochta, lena n-áirítear tuarastail Stiúrthóirí, speansais dheimhnithe agus luach saothair an Ard-Stiúrthóra.

I ngnáthchúrsaí gnó d'fhéadfadh an Ghníomhaireacht deontais a fhormheas agus dul isteach i socruithe conartha eile le fiontair ina bhfuil leas ag Príomhphearsanra Bainistíochta GCC.

Rinneadh na hidirbhearta seo a leanas le páirtithe gaolmhara:	2020	2019
Ceannach Earraí agus Seirbhísí:	€'000	€'000
Páirtithe Gaolmhara Eile	46	38
	46	38
Iníochta le páirtithe gaolmhara:	€'000	€'000
Páirtithe Gaolmhara Eile	0	5
	0	5

Eascaíonn na hiníochtaigh ó idirbhearta ceannaigh.

I gcás coimhlintí leasa féideartha, ní bhíonn baill an Bhoird i láthair agus ní ghlacann siad páirt i bplé maidir leis na hábhair sin.

27 Imeachtaí tar éis dháta an tuairiscithe

Tháinig athrú suntasach ar bhealach oibre GCC go luath in 2020 de thoradh COVID-19. Tháinig athrú bunúsach tapa ar an timpeallacht oibre mar gheall ar chomhairle sláinte poiblí agus bearta sábháilteachta agus thosaigh an chuid is mó d'fhoireann GCC ag obair go cianda nó go fíorúil. Tá dlúthfhaireachán déanta ag an GCC ar fhorbairtí, agus iarracht á déanamh na rioscaí is féidir cur isteach ar fhostaithe agus ar gheallsealbhóirí na Gníomhaireachta a mhaolú. Bhunaigh an GCC Foireann Freagartha ar an bPaindéim chun freagairt na Gníomhaireachta do COVID-19 a chomhordú. Forbraíodh "Plean Teagmhais do Phaindéim Covid-19," ina leagadh amach roinnt gníomhaíochtaí chun sábháilteacht, sláinte agus leas fhoireann, chonraitheoirí agus gheallsealbhóirí GCC a chosaint agus iarracht á déanamh an cur isteach ar obair GCC a theorannú. Tá gníomhaíochtaí GCC cuimsithe sa liosta de sheirbhísí riachtanacha i Sceideal 2 de I.R. Uimh. 121/2020 agus lean obair GCC ar aghaidh le linn 2020. Ní chreideann an Gníomhaireacht go bhfuil COVID-19 ag cur isteach ar a cumas oibriú mar ghnóthas leantach.

28 Figiúirí Comparáideacha

Rinneadh roinnt athruithe ar chur i láthair míreanna sna ráitis airgeadais agus rinneadh na figiúirí inchomparáide a athaicmiú áit ba ghá, ar bhonn atá ar aon dul le cur i láthair na bliana reatha.

29 Faomhadh na Ráiteas Airgeadais

D'fhaomh Bord na Stiúrthóirí na Ráitis Airgeadais ar an 22 Meitheamh 2021.

ENVIRONMENTAL PROTECTION AGENCY

The EPA is responsible for protecting and improving the environment as a valuable asset for the people of Ireland. We are committed to protecting people and the environment from the harmful effects of radiation and pollution.

The work of the EPA can be divided into three main areas:

Regulation: Implementing regulation and environmental compliance systems to deliver good environmental outcomes and target those who don't comply.

Knowledge: Providing high quality, targeted and timely environmental data, information and assessment to inform decision making.

Advocacy: Working with others to advocate for a clean, productive and well protected environment and for sustainable environmental practices.

Our responsibilities include:

Licensing

- Large-scale industrial, waste and petrol storage activities;
- Urban waste water discharges;
- The contained use and controlled release of Genetically Modified Organisms;
- Sources of ionising radiation;
- Greenhouse gas emissions from industry and aviation through the EU Emissions Trading Scheme.

National Environmental Enforcement

- Audit and inspection of EPA licensed facilities;
- Drive the implementation of best practice in regulated activities and facilities;
- Oversee local authority responsibilities for environmental protection;
- Regulate the quality of public drinking water and enforce urban waste water discharge authorisations;
- Assess and report on public and private drinking water quality;
- Coordinate a network of public service organisations to support action against environmental crime;
- Prosecute those who flout environmental law and damage the environment.

Waste Management and Chemicals in the Environment

- Implement and enforce waste regulations including national enforcement issues;
- Prepare and publish national waste statistics and the National Hazardous Waste Management Plan;
- Develop and implement the National Waste Prevention Programme;
- Implement and report on legislation on the control of chemicals in the environment.

Water Management

- Engage with national and regional governance and operational structures to implement the Water Framework Directive;
- Monitor, assess and report on the quality of rivers, lakes, transitional and coastal waters, bathing waters and groundwaters, and measurement of water levels and river flows.

Climate Science & Climate Change

- Publish Ireland's greenhouse gas emission inventories and projections;
- Provide the Secretariat to the Climate Change Advisory Council and support to the National Dialogue on Climate Action;
- Support National, EU and UN Climate Science and Policy development activities.

Environmental Monitoring & Assessment

- Design and implement national environmental monitoring systems: technology, data management, analysis and forecasting;
- Produce the State of Ireland's Environment and Indicator Reports;
- Monitor air quality and implement the EU Clean Air for Europe Directive, the Convention on Long Range Transboundary Air Pollution, and the National Emissions Ceiling Directive;
- Oversee the implementation of the Environmental Noise Directive;
- Assess the impact of proposed plans and programmes on the Irish environment.
- Environmental Research and Development
- Coordinate and fund national environmental research activity to identify pressures, inform policy and provide solutions;
- Collaborate with national and EU environmental research activity.

Radiological Protection

- Monitoring radiation levels and assess public exposure to ionising radiation and electromagnetic fields;
- Assist in developing national plans for emergencies arising from nuclear accidents;
- Monitor developments abroad relating to nuclear installations and radiological safety;
- Provide, or oversee the provision of, specialist radiation protection services.

Guidance, Awareness Raising, and Accessible Information

- Provide independent evidence-based reporting, advice and guidance to Government, industry and the public on environmental and radiological protection topics;
- Promote the link between health and wellbeing, the economy and a clean environment;
- Promote environmental awareness including supporting behaviours for resource efficiency and climate transition;
- Promote radon testing in homes and workplaces and encourage remediation where necessary.

Partnership and networking

- Work with international and national agencies, regional and local authorities, non-governmental organisations, representative bodies and government departments to deliver environmental and radiological protection, research coordination and science-based decision making.

Management and structure of the EPA

The EPA is managed by a full time Board, consisting of a Director General and five Directors. The work is carried out across five Offices:

- Office of Environmental Sustainability
- Office of Environmental Enforcement
- Office of Evidence and Assessment
- Office of Radiation Protection and Environmental Monitoring
- Office of Communications and Corporate Services

The EPA is assisted by advisory committees who meet regularly to discuss issues of concern and provide advice to the Board.

Ceanncheathrú

Bosca PO 3000,
Eastát Chaisleán Bhaile Sheáin,
Contae Loch Garman, Éire
T: +353 53 916 0600
F: +353 53 916 0699
R: info@epa.ie
G: www.epa.ie
Íosghlao: 1890 33 55 99

Cigireacht Réigiúnach

Teach Mhic Cumascaigh,
Richview, Bóthar Chluain Sceach,
Baile Átha Cliath 14, Éire

T: +353 1 268 0100
F: +353 1 268 0199

Cigireacht Réigiúnach

Inis Cara, Co. Chorcaí,
Éire

T: +353 21 487 5540
F: +353 21 487 5545

Cigireacht Réigiúnach

Lóiste Sevilla, Bóthar Challainn,
Cill Chainnigh, Éire

T: +353 56 779 6700
F: +353 56 779 6798

Cigireacht Réigiúnach

Bóthar Sheáin de Móra, Caisleán an Bharraigh
Co. Mhaigh Eo, Éire

T: +353 94 904 8400
F: +353 94 902 1934

Cigireacht Réigiúnach

An Gleann, Muineachán, Éire

T: +353 47 77600
F: +353 47 84987

Oifigí Réigiúnacha

An t-Ionad Cathartha,
Sráid na hEaglaise, Baile Átha Luain,
Contae na hIarmhí, Éire
T: +353 906 475722

Seomra 3, Ionad Comhdhála an Ráithín,
Teach an Phiarsaigh, Bóthar an Phiarsaigh,
Páirc Ghnó an Ráithín, Luimneach,
Éire
T: +353 61 224764

